# Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais

2020





Part of ervia group

**Seoladh:**

Teach Colvill, 24-26 Sráid Thalbóid,
Baile Átha Cliath 1, Éire.

# Clár Ábhair


Réamhrá 02

Buaicphointí 02

**Tuairisc Straitéiseach 03**

Tuarascáil an Chathaoirligh 04

Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh 06

Tuarascáil Stiúrthóir Bainistíochta Uisce Éireann 08

Creat Straitéiseach 12

Múnla Gnó Uisce Éireann 14

Fachtóirí a mBíonn Tionchar acu ar Chruthú Luacha 16

Rannpháirtíocht Straitéiseach Páirtithe Leasmhara 20

Ár Straitéis a Chomhlíonadh 24

Príomhtháscairí Feidhmíochta 25

Bainistíocht Riosca 28

Athbhreithniú Airgeadais 34

Athbhreithniú Oibriúcháin 40

Inbhuanaitheacht 48

**Tuairiscí Rialachais 57**

Bord Ervia 58

Bord Uisce Éireann 59

Tuarascáil an Bhoird 60

Tuarascáil an Choiste Iniúchta agus Riosca 74

**Ráitis Airgeadais 77**

Tuarascáil an Iniúchóra Neamhspleáigh comhaltaí Bhord Uisce Éireann 78

Ráiteas Ioncaim 81

Ráiteas Ioncaim Chuimsithigh Eile 82

Clár Comhardaithe 83

Ráiteas ar Athruithe ar Ghnáthscaireanna 84

Ráiteas ar Shreabhadh Airgid 85

Nótaí a Ghabhann leis na Ráitis Airgeadais 86

Stiúrthóiri agus Faisnéis Eile 128

# Réamhrá



Tá Uisce Éireann mar chuid de ghrúpa Ervia. Táimid ag cosaint sócmhainní náisiúnta uisce agus fuíolluisce na hÉireann.

Tá muid freagrach as uisce glan agus sábháilte a chur ar fáil do na milliúin duine ar fud na hÉireann. Oibrímid agus déanaimid cothabháil ar bhonneagar uisce agus fuíolluisce, lena n-áirítear na mílte ionad agus sócmhainn cóireála, chomh maith leis na mílte ciliméadar de líonra píobáin.

Cuirimid soláthar uisce óil sábháilte agus iontaofa ar fáil dár gcustaiméirí agus bailímid a bhfuíolluisce go sábháilte, agus cuirtear ar ais sa timpeallacht é. Agus na seirbhísí ríthábhachtacha sin á soláthar, atá mar bhonn don fhás sóisialta agus eacnamaíoch le haghaidh ghlúin an lae inniu agus na glúnta atá le teacht, táimid ag baint úsáid as cumais ar fud Ervia agus ár gcuid comhpháirtithe Údaráis Áitiúil chun líonra uisce aosaithe agus briste na hÉireann a bhunathrú chun feabhais faoi fhóntas náisiúnta aonair atá nua-aimseartha agus éifeachtúil.

## Buaicphointí

Ioncam
**€1,061m**

Caiteachas Caipitiúil
**€846m**

Brabús/Barrachas roimh Cháin Ioncaim*
**€121m**

Meánlíon na bhFostaithe
**791**

* Déantar aon bharrachas a athinfheistiú chun tionscadail ríthábhachtacha bhonneagair a mhaoiniú.

# Tuairisc Straitéiseach





# Tuarascáil an Chathaoirligh



Bhí tionchar ollmhór ag an bpaindéim dhomhanda ar ár ngnó agus thug sé athruithe gan fasach ar ár modhanna oibre. Bhí mé an-sásta leis an bhfreagairt ar an ngéarchéim ina raibh aistriú thar oíche chuig an gcianobair agus, ag an am céanna, leanúnachas na bpróiseas agus na soláthairtí criticiúla a chothabháil.

## COVID-19 agus Seachadadh Caipitil

In ainneoin briseadh gan choinne ar chláir oibre agus ar sheachadadh caipitil sa chéad leath de 2020, b'ionann ár gcaiteachas caipitiúil agus €846m don bhliain iomlán. Rinneadh an infheistíocht i ngach ceann de na téamaí beartais maidir le Cáilíocht (50%), Caomhnú (18%) agus Rudaí a Dhéanamh Seasmhach i leith na Todhchaí (32%). Ba mhór an fheidhmíocht í sin i bhfianaise na ndúshlán a bhí ann agus an toradh dearfach a bhí air sin do chustaiméirí agus do phobail. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don tairbhe a bhaineann leis an maoiniú spreagtha breise. Chuir sé ar chumas Uisce Éireann dul chun cinn a dhéanamh ar oibreacha criticiúla ar an gClár Laghdaithe Sceitheadh agus ar líon mór idirghabhálacha cothabhála caipitil.

## Plean Acmhainní Uisce Náisiúnta

Seoladh an Plean Náisiúnta Acmhainní Uisce le haghaidh comhairliúcháin i mí na Nollag. Leagtar amach ann conas a dhéanfaimid cothromaíocht idir soláthar agus éileamh uisce óil sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma. Straitéis 25 bliain is ea í lena chinntiú go bhfuil soláthar uisce óil sábháilte, inbhuanaithe, slán agus iontaofa againn dár gcustaiméirí go léir, agus an comhshaol nádúrtha a chosaint ag an am céanna. Ligeann an plean náisiúnta seo dúinn athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar ár soláthairtí uisce go léir ar bhealach seasmhach agus cur chuige soiléir a fhorbairt chun saincheisteanna a réiteach. Cuirfidh sé sin ar ár gcumas tús áite a thabhairt d'infheistíocht i seirbhísí uisce.

## Claochlú na hEarnála Uisce

Fáiltím roimh an bpáipéar beartais maidir le Claochlú na hEarnála Uisce a foilsíodh le déanaí ina leagtar amach go soiléir tuairimí agus ionchais an Rialtais maidir leis an gcaoi a bhfeidhmeoidh Uisce Éireann mar fhóntas náisiúnta seirbhísí uisce rialáilte atá faoi úinéireacht phoiblí. Rachaidh Uisce Éireann i gcomhar leis na páirtithe leasmhara go léir, lena n-áirítear Grúpa an Aontais agus na nÚdarás Áitiúil, faoi choimirce an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre, chun teacht ar chomhaontú maidir leis an mbealach is fearr chun é sin a dhéanamh, agus é mar aidhm idirbheartaíocht a thabhairt chun críche faoi mhí Iúil 2021.

## Rialachas

Struchtúr boird aonadaigh atá i mBord Ervia, rud a chiallaíonn gurb ar an mbord a tá an fhreagracht sa deireadh as rialachas Ervia agus a chuid fochomhlachtaí. Tá coistí cuí i bhfeidhm ar leibhéal Ervia a ghníomhaíonn i dtaobh an Ghrúpa go léir. Beidh na socruithe sin i bhfeidhm go mbunófar Uisce Éireann, ar aon dul le cinneadh an Rialtais, mar fhóntas aonair tráchtála rialáilte atá faoi úinéireacht phoiblí i 2023.

Tá Coiste Luach Saothair Ervia freagrach as spriocanna feidhmíochta a shocrú agus a athbhreithniú. D'éirigh go maith le hUisce Éireann i 2020, go háirithe ina fhreagairt ar COVID-19. Rinneadh dul chun cinn i gcoinne gach ceann de na cúig chuspóir straitéiseacha atá sonraithe ar leathanach 12.





**Tony Keohane**
*Cathaoirleach Ghrúpa Ervia*

I rith na bliana, lean Bord Ervia de thosaíocht a thabhairt do rialachas corparáideach i gcomhréir le dea-chleachtas, rialachán agus treochtaí a bhí ag teacht chun cinn. Cloímid leis na forálacha is infheidhme den Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú. Déantar athbhreithniú agus monatóireacht ar rioscaí ar bhonn leanúnach lena chinntiú go bhfuil na maolaithe agus rialuithe cuí i bhfeidhm. Mar Chathaoirleach, táim sásta go bhfuil na rialuithe inmheánacha cuí i bhfeidhm agus go ndéantar bainistiú éifeachtach orthu chun ár riachtanais rialachais a bhaint amach. Le haghaidh níos mó sonraí féach le do thoil ar Thuarascáil an Bhoird ar leathanach 60 -73.

## Inbhuanaitheacht

Tá Bord Ervia tiomanta dá chinntiú go bhfuil spriocanna straitéiseacha agus oibríochtaí Uisce Éireann inbhuanaithe agus freagrach go sóisialta. Tá cosaint na n-éiceachóras ina mairimid agus ina n-oibrímid ríthábhachtach dár gcuid oibríochtaí. I mbliana d'fhorbraíomar Straitéis Inbhuanaitheachta 2020-2040. Iarrann sí ar na gníomhaíochtaí atá le cur chun feidhme chun tomhas, bainistiú agus tuairisciú an dul chun cinn a dhéantar maidir leis na tionscnaimh inbhuanaitheachta a éascú.

## Éagsúlacht agus Ionchuimsiú

Tacaíodh go mór leis an gclár oibre um Éagsúlacht agus Cuimsiú iBelong i rith na bliana agus aontaíodh straitéis 3 bliana leis an gclár a neadú. Is fostóir comhdheiseanna muid agus trínár bpróiseas earcaíochta spreagaimid agus cuirimid fáilte roimh iarratais ó dhaoine atá cáilithe go cuí beag beann ar inscne, aois, bunús ciníoch nó eitneach, ballraíocht an phobail lucht siúil, reiligiún nó creideamh, teaghlach nó stádas sibhialta, gnéaschlaonadh, féiniúlacht inscne nó míchumas.

## Conclúid

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Aire agus oifigigh na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta as a gcuid tacaíochta i rith na bliana. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le hoifigigh NewERA freisin, lena mbímid ag plé ceisteanna rialachais ar bhonn rialta. Freisin is mian liom buíochas a ghabháil le mo chuid comhghleacaithe go léir ar Bhord Ervia agus leis an bhFoireann Fheidhmiúcháin as a ngealltanas leanúnach, a bpaisean agus as rialachas éifeachtach an ghnóthais i 2020.

Ba mhaith liom buíochas ollmhór a ghabháil lenár bhfoireann agus lenár gcomhpháirtithe go léir as an tacaíocht leanúnach a thug siad dúinn agus as a dtiomantas do sholáthar seirbhísí uisce agus fuíolluisce i mbliana, ar bhliain thar a bheith dúshlánach a bhí ann.

**Tony Keohane**
*Cathaoirleach*

# Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh



I Márta 2020, d'uasghrádaigh an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte stádas na ráige COVID-19 ó eipidéim go paindéim agus ba dheacair dúinn a shamhlú an méid a bhí romhainn. Bhunaigh Ervia Foireann Bainistíochta Éigeandála gan mhoill chun ár bhfreagairt ar an ngéarchéim dhomhanda seo a bhainistiú. D'athraíomar ár mbealaí oibre de réir mar is gá chun leanúnachas gnó agus soláthar foirne a choimeád chun seirbhísí an-tábhachtacha a chur ar fáil. Leanamar de bheith ag cur soláthairtí slána sábháilte ar fáil gan mórán cur isteach ar sheirbhísí.

Tá áthas orm, mar Chathaoirleach Bhord Uisce Éireann agus mar POF Ghrúpa Ervia, Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais Uisce Éireann le haghaidh 2020 a chur i láthair. In ainneoin na bliana dúshlánaí, rinneadh cuid mhór dul chun cinn i 2020 agus bhí feidhmíocht láidir againn ó thaobh oibriúcháin agus airgeadais.

Mar fhostóir mór agus mar sholáthraí seirbhísí riachtanacha uisce agus fuíolluisce, tá sábháilteacht ár mball foirne, ár gcomhpháirtithe agus ár bpobail níos tábhachtaí ná aon ní eile. Rinne an Bord maoirsiú ar chlár cuimsitheach freagartha ar COVID-19 a fhorbairt agus a chur ar fáil. Thacaíomar lenár gcomhghleacaithe ar fud na heagraíochta agus iad i mbun iompú ar an gcianobair. Chuireamar trealamh oifige ar fáil, d'fhorbraíomar cláir nua sláinte agus folláine agus d'oibríomar go dian chun an t-aistriú go dtí cianobair a éascú.

Tá ar bPlean Infheistíochta Caipitiúla ag teacht le beartas an Rialtais i gcoitinne maidir le hinfheistíocht i mbonneagar, cosúil leis an bPlean Forbartha Náisiúnta 2018-2027, an Ráiteas Beartais ar Sheirbhísí Uisce 2018-2025 agus an Plean Bainistíochta Abhantraí 2018-2021. I mí Lúnasa, tugadh cead rialála d'Uisce Éireann caiteachas caipitil €5.4 billiún a dhéanamh sna ceithre bliana amach romhainn mar chuid den Phlean Infheistíochta Caipitil RC3. Cuirfidh an Plean Infheistíochta Caipitiúla ar ár gcumas aghaidh a thabhairt ar chomhlíonadh, go háirithe maidir le sláinte phoiblí, dul i ngleic le saincheisteanna comhshaoil, agus tacú le soláthar tithíochta agus cruthú post. Tá sé ríthábhachtach go bhfaighfí maoiniú ilbhliantúil sin chun an bonneagar riachtanach uisce agus fuíolluisce sin a sholáthar.

Is ceann dár bpríomhchuspóirí straitéise gnóthas inbhuanaithe agus éifeachtúil a oibriú chun seirbhísí uisce a sholáthar don phobal ar bhealach a thacaíonn leis an mbeartas náisiúnta agus a chuireann le cosaint an chomhshaoil. Úsáidtear go leor acmhainní, ó thaobh na gcostas airgeadais atá i gceist agus an tionchar a bhíonn aige ar an gcomhshaol, chun uisce óil a tháirgeadh. Táimid ag díriú i gcónaí ar thionscnaimh chun sceitheadh a laghdú. I 2020 d'infheistigh Uisce Éireann go leor i soláthar nach mór 178km de phríomhphíobáin uisce nua agus athchóirithe, le tacaíocht ó mhaoiniú spreagtha. In éineacht lenár gcomhpháirtithe sna húdaráis áitiúla, dheisíomar thart ar 1,922 sceitheadh gach mí. Mar thoradh air sin coimeádamar 51 meigilítear in aghaidh an lae (Ml/d) ó dheireadh Ráithe 3 2020, rud a laghdaigh sceitheadh náisiúnta go 40%.

Mar sin féin, ní leor na tionscnaimh leanúnacha infheistíochta caipitil agus laghdaithe sceite chun an teacht aniar is gá a chur ar fáil chun soláthar slán iontaofa uisce óil a áirithiú i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath, áit nach bhfuil mórán toillte ar fáil inti. Ba é an meánéileamh laethúil i 2020 ná 571 Ml/d le buaicéileamh de 613 Ml/d. Níl san uastáirgeadh inbhuanaithe atá ann faoi láthair ach 564 Ml/d, áfach. De gnáth, i gcás cathrach de mhéid Bhaile Átha Cliath, bheadh spás cloiginn de 15% ar a laghad ar fáil chun dianseasmhacht a sholáthar agus tacú le fás eacnamaíoch. Cuirfidh an Tionscadal Soláthair Uisce - Réigiún an Oirthir agus an Lár Tíre, foinse ríthábhachtach nua uisce ar fáil do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath, ina ghné lárnach den obair chun aghaidh a thabhairt ar fhadhb an ghanntanais soláthair.





**Cathal Marley**
*Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Ghrúpa Ervia*

Ábhar bróid dom é go raibh teist sábháilteachta den scoth againn arís eile i 2020. Den dara bliain as a chéile, ní raibh aon teagmhais maidir le ham caillte fostaí againn i rith 2020, ar éacht mór é sin. Chomh maith leis sin, trí obair a dhéanamh i ndlúthpháirt lenár gconraitheoirí soláthair sócmhainne, laghdaíomar na rátaí minicíochta taismí i 2020. I rith na bliana, leanamar ar aghaidh ag méadú tástáil agus tuairisciú ar gach soláthar poiblí uisce óil ar fud na tíre agus tá na torthaí foilsithe ar láithreán gréasáin Uisce Éireann.

Rinneamar monatoireacht ar an seans go gcuirfí isteach go mór ar ghnó mar gheall ar na tionchair dhiúltacha a d'fhéadfadh teacht as an gcaibidlíocht trádála idir an AE agus an Ríocht Aontaithe maidir leis an mBreatimeacht. Is iad na príomhréimsí a bhféadfadh an tionchar is mó a bheith orthu ná rialacháin, airgeadas, slabhra soláthair, cosaint sonraí agus seachadadh oibriúcháin. Rinne Meitheal Stiúrtha agus Oibre Brexit pleananna teagmhasacha a ullmhú agus a chur chun feidhme, ag plé le raon leathan comhpháirtithe agus páirtithe leasmhara.

Ar aon dul le cinneadh an Rialtais i 2018, tá Ervia ag obair chun Uisce Éireann a bhunú mar fhóntas aonair tráchtála rialáilte atá faoi úinéireacht phoiblí. I Meithimh na bliana seo chuireamar tús leis an gclár oibre chun dhá fhóntas aonair neamhspleácha a bhunú. Bainfimid amach deighilt oibríochtúil i 2022 agus scaradh iomlán dlí i 2023. Ar ndóigh tá sé fíorthábhachtach go mbeidh cobhsaíocht ann le linn thréimhse an scartha ionas go mbeidh Uisce Éireann in ann an bhéim a choimeád ar sholáthar seirbhísí agus leanúint ar aghaidh lena chuid pleananna maidir le hinfheistíocht i mbonneagar ríthábhachtach uisce agus fuíolluisce.

Táimid tiomanta go hiomlán dá chinntiú go gcoimeádfaidh Uisce Éireann béim láidir ar chustaiméirí. Leanfaimid orainn ag obair chun déanamh cinnte de go bhfanfaidh Uisce Éireann cuntasach agus trédhearcach, fad a chuireann sé luach ar airgead ar fáil d'íocóirí cánach. Tá obair shuntasach déanta againn chun tacú, de réir mar is cuí, le prionsabail, le ceanglais agus le treoirlínte ábhartha an Chóid Chaiteachais Phoiblí nuashonraithe a chomhlíonadh. Thugamar isteach cur chuige nua leanúnach i mbliana maidir le Bainistiú Sócmhainní, Seachadadh Sócmhainní, Oibríochtaí Sócmhainní, TF agus Airgeadas chun próisis fheabhsaithe agus bealaí oibre a sholáthar.

Mar Chathaoirleach Bhord Uisce Éireann is mian liom buíochas a ghabháil le comhaltaí an Bhoird as a gcuid seirbhísí. Ar deireadh, agus thar aon ní eile, ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil lenár bhfoireann go léir agus lenár gcomhpháirtithe seachadta as a n-obair chrua agus a dtiomantas. Táim bródúil as an dul chun cinn atá déanta againn i 2020 agus táim ag tnúth le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá romhainn.

**Cathal Marley**
*Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Ghrúpa Ervia*
*Cathaoirleach Bhord Uisce Éireann*

# Tuarascáil Stiúrthóir Bainistíochta Uisce Éireann



D'ainneoin na ndúshlán ar leith a bhaineann le paindéim an choróinvíris agus na héiginnteachtaí a bhaineann leis an gcaibidlíocht maidir le Brexit, ba bhliain eisceachtúil ó thaobh feidhmíochta agus éachtaí a bhí i 2020. Ba é an toradh a bhí ar phleanáil láidir a dhéanamh chun dul i mbun cianoibre i Márta gur éirigh go maith leis an aistriú sin. Rinneadh ár gcórais agus ár bpróisis a choigeartú chun leanúint de sheirbhísí riachtanacha uisce poiblí a chur ar fáil. D'fhan seachadadh an chláir infheistíochta caipitil láidir i rith na bliana, agus tá leithdháileadh maoinithe breise ón Rialtas faoin bPacáiste Spreagtha ina dhearbhú dearfach ar an ról lárnach atá le himirt ag infheistíocht i mbonneagar uisce phoiblí agus fuíolluisce in aon phleanáil téarnaimh eacnamaíochta amach anseo.

## Ag Déileáil le Paindéim Dhomhanda

Ó Eanáir 2020, tháinig foirne fud fad Uisce Éireann le chéile go seachtainiúil chun monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí maidir leis an gcoróinvíreas sa tSín agus chun athbhreithniú a dhéanamh ar phleananna paindéime. I measc na ngníomhaíochtaí ullmhachta bhí ceardlanna agus pleanáil cásanna le haghaidh gníomhaíochtaí a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar idirchaidreamh dlúth agus ar chumarsáid leis na hÚdaráis Áitiúla mar aon le comhpháirtithe sa slabhra soláthair.

Tionóladh Foireann Bhainistíochta Géarchéime Uisce na hÉireann (CMT) go foirmiúil ar an 27 Feabhra, agus tionóladh cruinniú gach lá le linn na chéad toinne (Márta-Bealtaine) agus tionóladh cruinnithe eile dhá uair in aghaidh na seachtaine ar feadh an chuid eile de 2020, agus tionóladh os cionn 100 cruinniú CMT san iomlán. D'fhorbraíomar chomh maith "Maireachtáil le Treoirlínte COVID" ina leagtar amach freagairt agus cur chuige Uisce Éireann dá phríomhghníomhaíochtaí ar gach leibhéal de shrianta. Déantar iad sin a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn leanúnach lena chinntiú go bhfuiltear ag teacht leis na Treoirlínte Sláinte Poiblí agus leis na Pleananna Rialtais go léir. Rinneadh breis agus 300 láithreán tógála a dhíshlógadh go sábháilte i mí an Mhárta agus a athshlogadh i mí Bealtaine agus cuireadh na bearta sábháilteachta COVID-19 go léir i bhfeidhm.

D'éirigh linn bainistiú rathúil a dhéanamh ar dhálaí triomaigh agus ar an tionchar ar sholáthairtí uisce aonair agus ar an méadú foriomlán ar thomhaltas intíre mar thoradh ar COVID-19 i míonna na Bealtaine, Meithimh agus Iúil. Chomh maith leis sin, rinneamar bainistiú ar sholáthairtí uisce ar fud na tíre ó tharla go raibh borradh faoi fhanacht in Éirinn le haghaidh laethanta saoire. D'oibríomar i gcomhar le hÚdarás Áitiúil Mhaigh Eo, le FSS agus le páirtithe leasmhara chun fógra Ná hÍdigh a thógáil ó Oileán Acaill tar éis éileamh ard a fháil toisc gur roghnaíodh é mar cheann scríbe do lucht saoire na hÉireann.

## Éachtaí le linn 2020

Ón 1 Eanáir 2014 go dtí deireadh 2020, tá thart ar €4.5 billiún infheistithe ag Uisce Éireann cheana féin in uisce poiblí agus i seirbhísí fuíolluisce. In ainneoin na ndúshlán uathúil a bhí ann i 2020, rinne Uisce Éireann infheistíocht iomlán de €846m.

Mar chuid den infheistíocht sin bhí €87 milliún breise de mhaoiniú ón bPacáiste Spreagtha a caitheadh ar fud na gcontaetha ar phríomh-uasghráduithe sócmhainní. Díríodh go príomha ar oibreacha laghdaithe sceite agus ar uasghrádú cothabhála caipitil, agus bhain roinnt tionscadal uasghrádaithe gléasra cóireála tairbhe as sin freisin. I measc na n-oibreacha bhí tionscadail athsholáthair



**Niall Gleeson**
*An Stiúrthóir Bainistíochta, Uisce Éireann*

príomhphíopa uisce agus deisiú nó athsholáthar sócmhainní teipthe nó sócmhainní a bhíothas ag teip orthu - rud atá ríthábhachtach do sheachadadh na seirbhísí uisce.

Faoi láthair, bainistíonn Uisce Éireann punann de níos mó ná 300 tionscadal caipitil agus 40 clár náisiúnta. D'ainneoin na tréimhse dianghasála ó Mhárta go Bealtaine 2020, aithnítear go bhfuil na tionscadail seo riachtanach chun seirbhísí atá ríthábhachtach sa chomhrac i gcoinne scaipeadh COVID-19 a fheabhsú agus chun sláinte eacnamaíoch na tíre a chothabháil.

Tá an-dul chun cinn tugtha i gcrích ag Uisce Éireann ó 2014 i leith, rud a chuir deireadh le fógraí um fhiuchphointe fadtéarmach, rud a chuir deireadh le suas le leath de na sceití d'fhuíolluisce neamhchóireáilte ar fad isteach i ndobharlaigh oscailte agus cáilíocht níos airde agus toilleadh nua le haghaidh uisce óil agus cóireáil fuíolluisce á seachadadh san am céanna. Níl Éire ag cloí le treoracha uisce na hEorpa fós agus tá dúshláin mhóra ann go fóill. Tá infheistíocht mhór leanúnach i mbonneagar agus i seirbhísí uisce agus fuíolluisce fós ag teastáil chun tacú le folláine chomhshaoil agus geilleagrach.

*"Ón 1 Eanáir 2014 go dtí deireadh 2020, tá thart ar €4.5 billiún infheistithe ag Uisce Éireann cheana féin in uisce poiblí agus i seirbhísí fuíolluisce. In ainneoin na ndúshlán uathúil a bhí ann i 2020, rinne Uisce Éireann infheistíocht iomlán de €846m in uiscí poiblí agus i seirbhísí fuíolluisce."*

# Tuarascáil Stiúrthóir Bainistíochta Uisce Éireann (ar lean)



## Feidhmíocht i 2020

Buaiceanna na Feidhmíochta i 2020:

- Baineadh 11 soláthar uisce poiblí ó Liosta Gníomhartha Feabhsúcháin an GCC.
- Baineadh 14,568 duine d'fhógraí 'Fiuchta Uisce' a bhí i bhfeidhm ar feadh níos mó ná 30 lá. Cuireadh Gléasra Cóireála Uisce Loch Talta i gcrích, rud a d'fhág go rabhthas in ann an Fógra Uisce Fiuchta a bhí i bhfeidhm do thart ar 13,000 duine a bhaint.
- Rinneadh 5 ionad cóireála uisce a uasghrádú nó a thógáil as an nua.
- Rinneadh 7 n-ionad cóireála fuíolluisce a uasghrádú nó a thógáil as an nua.
- Leanamar de dhul chun cinn a dhéanamh agus feabhas á chur ar athléimneacht an tsoláthair uisce do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath, agus cuireadh tús le hoibreacha ar nasc straitéiseach a thógáil idir gléasraí cóireála uisce an tSrutháin agus an Bhaile Mhóir agus uasghrádú chuig scagairí agus cóireáil ultraivialait ag Gléasra Cóireála Uisce Léim an Bhradáin.
- Baineadh 11 ceirtleán de liosta tosaíochta na limistéar le haghaidh feabhsú fuíolluisce de chuid an GCC.
- Cuireadh seirbhísí nua in ionad 3,025 seirbhís luaidhe.
- Fuarthas amach gurbh é an Gléasra Cóireála Fuíolluisce nua i gCill Ala an 16ú limistéar inar cuireadh deireadh le sceitheadh séarachais amh ó bhí 2014 ann, ar garsprioc shuntasach é laghdú faoi 51% a dhéanamh ar sceitheadh séarachais amh ó bhí 2014 ann.
- Críochnaíodh oibreacha ar 10 gceirtleán atá liostaithe i bPlean Bainistíochta Abhantraí 2018-2021.
- Baineadh Glan-Sábháil Uisce de 51 ML/d amach ó thionscnaimh shonracha chun aghaidh a thabhairt ar sceitheadh uisce náisiúnta as ar eascair laghdú ar sceitheadh go 40% ar bhonn náisiúnta agus go 36.5% i mBaile Átha Cliath.
- Leagadh 178km de phríomhphíobán uisce (nua agus athchóirithe).
- Leagadh 42km de shéaraigh (nua agus athchóirithe).
- Bhaineamar amach éifeachtúlachtaí caipitiúla de €35.5 milliún trí sholáthar, innealtóireacht luacha, nuáil agus caighdeánú deartha.
- Baineadh amach €25 milliún eile d'éifeachtúlachtaí oibriúcháin trí thionscnaimh bharainneacha agus feabhas leanúnach a bhaint amach.

## Dul chun cinn ar Thionscadail Straitéiseacha

- Scéim Soláthair Uisce Fheartraí: Leantar ar aghaidh le hoibreacha ag an taiscumar agus leis an uasghrádú ar an ionad cóireála uisce. Tá an tionscadal ag dul ar aghaidh de réir an sceidil agus an bhuiséid.
- Uasghrádú ar Ionad Cóireála Fuíolluisce na Rinne: Cuireadh tús le tógáil an uasghrádaithe acmhainne i 2019 i rith na bliana agus tá an-dul chun cinn déanta air sin go dtí seo.
- Scéim Dhraenáil Príomhphíobáin i gCuan Íochtair Chorcaí. Leanadh ar aghaidh leis na hoibreacha ar líonra an Chóibh ar cuireadh tús leo i 2019 agus cuireadh an druil ar thrasnán an inbhir i gcrích chomh maith.
- Tionscadal Soláthair Uisce – Réigiún an Oirthir agus Lár Tíre. Tá obair ag leanúint ar aghaidh chun iarratas pleanála don Fhorbairt Bonneagair Straitéisigh a ullmhú.
- Draenáil Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath: Tionscnaíodh imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh i 2020 agus chinn an Ard-Chúirt gur cheart an cead pleanála a chur ar neamhní. Tá an t-ábhar fós os comhair na hArd-Chúirte chun na chéad chéimeanna eile a chinneadh.
- Saoráid Stórála Réigiúnach Bithsholad: Táthar ag súil faoi láthair go dtosófar ar an tógáil i 2022 agus go mbeidh an tsaoráid ag feidhmiú faoi 2024.

## Ionchas do 2021

Is í an infheistíocht i mbonneagar uisce phoiblí atá tuartha ag Uisce Éireann i 2021 ná €895 milliún. Leis an infheistíocht phoiblí luachmhar sin, bainfear amach torthaí ríthábhachtacha do chustaiméirí thar na téamaí beartais Caighdeán, Caomhnú don Todhchaí.

Leanfar de thús áite a thabhairt d'infheistíocht ar chaighdeán an uisce agus an fhuíolluisce a fheabhsú trí thionscadail chaipitil suntasacha agus trínár gcláir náisiúnta a sheachadadh. Tá dul chun cinn déanta ag Uisce Éireann ar mhóroibreacha caipitil chun cóireáil a dhéanamh ar fhuíolluisce i 16 as na 44 limistéar a sainaithníodh i 2014 agus tá sé i gceist aige deireadh a chur le 12 ceirtleán neamhchóireáilte i 2021.

Is gné thábhachtach de Thionscadal Éireann 2040 agus den Phlean Forbartha Náisiúnta (NDP) na tionscadail seo, mar aon leis na tionscadail shuntasacha forbartha bonneagair eile, lena n-áirítear an Tionscadal Soláthair Uisce Thoir agus Lár Tíre. Tá síneadh á chur leis an bPlean go dtí 2030 agus tacóidh Uisce Éireann le hathbhreithniú an Rialtais ar an bplean.

Tuigimid go leanfaidh COVID-19 de thionchar a bheith aige ar an mbealach ina n-oibrímid le linn 2021. Cloífidh Uisce Éireann le gach gné den chomhairle sláinte poiblí agus oibreoidh sé chun tionchar COVID-19 ar ár gcustaiméirí, ár bhfoireann agus ár gcomhpháirtithe seachadta a íoslaghdú.

Rinneadh cur chun feidhme creata nua maidir le taraifí nach taraifí intíre iad agus tabhairt isteach an Mhuirir Chaomhnaithe Uisce Teaghlaigh a chur siar i 2020 mar aitheantas ar na brúnna eacnamaíocha ó na bearta coisctheacha paindéime. Oibreoidh Uisce Éireann leis na rialtóirí agus le príomhpháirtithe leasmhara eile lena chinntiú go mbeidh na córais agus na tacaíochtaí custaiméara uile is gá réidh nuair a dhéanfar an cinneadh leanúint ar aghaidh.

Ina theannta sin, i 2021 glacfaimid leis an gCreatphlean deiridh don Phlean Náisiúnta Acmhainní Uisce agus cuirfimid tús le Céim 2 den Phlean a chuimsíonn ceithre Phlean Acmhainní Uisce Réigiúnacha. Cuirfimid an Straitéis inbhuanaitheachta 2020-2040 chun feidhme freisin agus seolfaimid an Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta.

## Claochlú agus comhpháirtíocht

I mí Iúil 2018 d'fhógair an Rialtas go ndéanfaí Uisce Éireann agus Ervia a scaradh. I rith na bliana d'oibrigh Uisce Éireann le Ervia agus le Grúpa Stiúrtha Idir-Rannach chun dul chun cinn a dhéanamh ar na pleananna maidir le hUisce Éireann a dheighilt mar fhóntas rialáilte neamhspleách, faoi úinéireacht phoiblí. Tiocfaidh an tIdirdhealú Oibríochtúil i gcrích go hiomlán i 2022 agus an tIdirscaradh Dlíthiúil i 2023.

Tá Uisce Éireann tiomanta freisin do leanúint ar aghaidh le pleananna chun an tseirbhís a athrú go Fóntas Aonair Phoiblí. Fáiltímid roimh fhoilsiú an bheartais um Chlaochlú Seirbhísí Uisce agus táimid tiomanta do thacú leis an bpróiseas i 2021.

## Buíochas

Ba mhaith liom aitheantas poiblí a thabhairt do na hiarrachtaí ollmhóra atá déanta ag foireann Uisce Éireann agus ag ár gcomhpháirtithe údaráis áitiúil lena chinntiú go raibh na seirbhísí poiblí uisce á gcothabháil go sábháilte i gcaitheamh na bliana faoi chúinsí an-deacair. Is é an tiomantas agus an teacht aniar seo a thug deis dúinn freagairt sciobtha agus éifeachtach a thabhairt ar na hathruithe a theastaigh i gcleachtais oibre. Táimid cinnte go bhfuil an saineolas ag Uisce Éireann chun dúshláin shainiúla agus fadaithe na géarchéime sláinte a bhainistiú chomh fada is a theastaíonn.

Leanfaimid de bheith ag obair i ndlúthpháirt lenár gcomhpháirtithe, le gníomhaireachtaí rialtais, agus leis na pobail agus na gnólachtaí a bhfreastalaímid orthu chun seirbhísí uisce slán inbhuanaithe a chur ar fáil.

**Niall Gleeson,**

*An Stiúrthóir Bainistíochta, Uisce Éireann*

# Creat Straitéiseach



## Cuspóir

Chun tacú le fás sóisialta agus eacnamaíoch na hÉireann, trí infheistíocht chuí i seirbhísí uisce agus chun an timpeallacht a chosaint inár gcuid gníomhaíochtaí go léir.

## Fís

Uisce óil sábháilte agus iontaofa a sholáthar dár gcustaiméirí go léir, a bhfuíolluisce a bhailiú agus a chóireáil agus é a fhilleadh go sábháilte ar an gcomhshaol.

## Cuspóirí Straitéiseacha

| | |
|---|---|
| Uisce | Uisce óil glan agus folláin a eastóscadh go hinbhuanaithe agus a sholáthar go sábháilte chun freastal ar riachtanais shocheacnamaíocha na hÉireann go dtí 2030. |
| Fuíolluisce | Cóireáil agus bonneagar cóireála fuíolluisce atá dianseasmhach i leith na haeráide a bhunú agus a oibriú go sábháilte chun freastal ar riachtanais shocheacnamaíocha na hÉireann go dtí 2030. |
| Custaiméir | Tairiscintí luacha do chustaiméirí a sholáthar a chuirfidh an gnó i measc na bhfóntas is mó a bhfuil muinín iontu agus a bhfuil meas orthu in Éirinn faoi 2030. |
| Inbhuanaitheacht | Gnóthas inbhuanaithe agus éifeachtúil a sholáthar chun seirbhísí uisce a sholáthar don phobal ar bhealach a thacaíonn leis an mbeartas náisiúnta agus a chuireann le cosaint an chomhshaoil. |
| Daoine agus Cultúr | Tacaíonn le cultúr a mheallann ár ndaoine agus ár gcuid comhpháirtithe gnó, a spreagann iad agus a chumhachtaíonn iad trí thimpeallacht chomhoibritheach foirne a bhfuilimid bródúil aisti agus a sholáthraíonn go sábháilte do shaoránaigh na hÉireann. |

## Luachanna

Is iad na cúig chomhluach sin a shainíonn carachtar ár n-eagraíochta, a thugann treoir dár ngníomhartha agus ár gcinntí, agus a chuireann creat ar fáil don chaoi a ndéanaimid idirghníomhú agus cumarsáid lena chéile, lenár gcustaiméirí agus le páirtithe leasmhara.

### Feidhmíocht

Déanaimid ár ndícheall a bheith inár bhfóntas ardfheidhmíochta, a sholáthraíonn seirbhísí agus bonneagar d'ardchaighdeán an t-am ar fad.

### Ionracas

Bíonn muid oscailte agus macánta inár gcuid oibre go léir. Caithimid go measúil lenár gcustaiméirí, lenár sócmhainní agus leis na hacmhainní nádúrtha ar a mbraithimid i dtaca leis sin.

### Sábháilteacht

Cuireann muid an tsábháilteacht ag croílár ár gcuid oibre.

### Comhar

Oibrímid le chéile chun torthaí a bhaint amach agus muid ag roinnt lena chéile agus ag foghlaim óna chéile.

### Seirbhís do Chustaiméirí

Is é ár gcuspóir ná seirbhísí ardchaighdeáin a sholáthar dár gcuid custaiméirí. Éistimid leo maidir lena gcuid riachtanas agus bímid ag iarraidh a bheith níos fearr ná mar atá siad ag súil leis.



# Múnla Gnó Uisce Éireann



## Ionchuir

### Airgeadas
Faighimid toradh rialáilte ar ár gcuid Sócmhainní.

Is ionann Iomlán na Sócmhainní agus **€4.6bn**

### Líonraí
Clúdaíonn na líonraí uisce agus fuíolluisce fud fad na tíre.

**89,000km** de líonraí uisce agus fuíolluisce

### Daoine agus Comhpháirtithe
Ag obair le chéile agus ár saineolas in éineacht á úsáid againn, is féidir linn ár ngnó a chothú agus a fhás.

**791**fostaí i **11** láthair mar aon le **3,139** ball foirne sna **31** Údaráis Áitiúil ár gcomhpháirtithe soláthair.

### Páirtí Leasmhar
Téimid i gcomhairle leis na pobail ina mbímid ag obair, agus lenár gcustaiméirí, ár rialtóirí agus leis an Rialtas agus bímid gníomhach ag lorg a dtuairimí.

- **€488m** ranníocaíocht chaipitil
- Deontas rialtais de **€815m**

### Acmhainní Nádúrtha
Cosnaímid ár n-aibhneacha, ár lochanna agus ár gcladaí.

**1.8bn** lítear d'uisce glan sábháilte óil a sholáthar in aghaidh an lae agus an fuíolluisce a tháirgtear dá bharr sin a chóireáil freisin.

## Gníomhaíochtaí Gnó

### Pleananna don todhchaí a fhorbairt agus a mhaoiniú
- Plean Maoinithe Straitéiseach
- Rialú Praghsanna Ioncaim
- Tosaíochtaí infheistíochta

### Ár dtairiscint a fheabhsú go leanúnach
- Ceangail nua
- Réitigh nuálacha
- Feabhas a chur ar éifeachtúlacht

### Freastal a dhéanamh ar ár gcustaiméirí
- Tús áite a thabhairt dár gcuid custaiméirí
- Tacú le fás eacnamaíochta

I gcomhar lenár ndaoine agus ár gcuid comhpháirtithe, déanaimid ár gcuid líonraí uisce agus fuíolluisce a thógáil, a chothabháil agus a oibriú chun seirbhísí riachtanacha a sholáthar dár gcuid custaiméirí, do phobail agus don gheilleagar.



**Aschuir**

**Sochair**

**Infheistiú** i sócmhainní nua i 2020

- Cáilíocht Uisce
- Cáilíocht Fuíolluisce
- Caomhnú
- Cúrsaí a Dhéanamh Seasmhach i leith na Todhchaí

Ár mbonn sócmhainní **a chothabháil**

- Laghdú ar sceitheadh
- Athchóiriú líonra

An córas a **oibriú**

- Slándáil soláthair
- Cóireáil uisce
- Cóireáil fuíolluisce

Seirbhísí atá ag éirí níos éifeachtúla, níos cost-éifeachtúla agus a bhfuil an custaiméir lárnach acu.

Bonneagar feabhsaithe chun tacú le fás eacnamaíochta agus riachtanais ár bpobal.

## Custaiméirí

- Freastalaíodh ar **1.8m** custaiméir tí agus gnó.
- Ag oibriú **737** ionad cóireála uisce agus **1,061** ionad cóireála fuíolluisce 24/7 365 lá sa bhliain.

## Fostaithe

- Foghlaim agus forbairt.
- Sláinte agus Folláine.
- Éagsúlacht agus Ionchuimsiú.

## Pobail

- Ag cosaint an chomhshaoil agus ag tacú le bithéagsúlacht.
- Ag tacú le pobail áitiúla.

## Páirtithe Leasmhara agus Rialtóirí

- Ag cur feabhais ar fheidhmíocht de réir caighdeáin rialála.

## Scairshealbhóir

- Ag cumasú fás eacnamaíochta.
- Ag tacú le forbairt.
- Ag infheistiú i mbonneagar uisce agus fuíolluisce.

# Tosca le tionchar ar Chruthú Luacha



## Tacaíocht a Thabhairt do Bheartas an Rialtais agus é a Éascú

### An Treocht

Is é Tionscadal Éireann 2040 tionscnamh uileghabhálach beartais an Rialtais atá déanta suas den *Chreat Náisiúnta Pleanála go dtí 2040* agus den *Phlean Náisiúnta Forbartha 2018–2027*. Is í an aidhm atá aige na héilimh amach anseo ó dhaonra atá ag dul i méid a shásamh trí thús áite a thabhairt d'infheistíocht i mbonneagar de nach mór €116 billiún faoi 2027. Clúdaíonn an infheistíocht sin leathanbhanda, iompar, sláinte agus oideachas, chomh maith le huisce agus fuíolluisce.

Chomh maith leis sin, tá a Ráiteas Beartais ar Sheirbhísí Uisce 2018-2025 foilsithe ag an Rialtas, ráiteas ina a ndéantar soiléiriú ar ionchais an Rialtais maidir le soláthar agus forbairt seirbhísí uisce agus fuíolluisce sna blianta atá romhainn.




### An Tionchar

Beidh gá le hinfheistíocht mhór i mbonneagar poiblí uisce agus fuíolluisce thar go leor thimthriallta infheistíochta mar chuid de Thionscadal Éireann 2040. Beidh gá le seirbhísí uisce agus fuíolluisce a uasghrádú chun freastal ar an daonra atá ag dul i méid.

### Ár bhFreagairt

Tá ár gcuid tosaíochtaí don infheistíocht chaipitiúil aitheanta againn ar aon dul le Ráiteas Beartais an Rialtais ar Sheirbhísí Uisce agus atá ailínithe le Tionscadal Éireann 2040. Tá na pleananna sin faoi réir maoiniú leordhóthanach a bheith ar fáil thar níos mó ná timthriall infheistíochta amháin. I nDeireadh Fómhair 2020 d'fhógair an Rialtas go raibh sé ar intinn aige an Plean Forbartha Náisiúnta a leathnú amach go dtí 2030 agus socrófar maoiniú dá réir sin. Tá Uisce Éireann tiomanta do thacú leis an athbhreithniú ar an NDP atá le cur i gcrích i 2021. Táimid ag leanúint orainn ag forbairt pleananna agus á gcur i gcrích chun riachtanais uisce agus fuíolluisce poiblí na tíre a sholáthar.

## Todhchaí Inbhuanaithe a Fhorbairt



### An Treocht

Bítear ag súil níos mó i gcónaí go n-oibreoidh gnóthais, idir ghnóthais phoiblí agus príobháideacha, ar bhealach a léiríonn bá don chomhshaol, meas ar a gcuid acmhainní agus fostaithe, agus tiomantas do bheith ag freastal ar ionchas méadaitheach custaiméirí. Tá sé réasúnach a mheas gur dócha go mbeidh éilimh inbhuanaitheachta an lae inniu comhionann le rialacháin náisiúnta agus earnálacha agus oibleagáidí dlí na todhchaí.

### An Tionchar

Leis an méadú ar gheilleagar agus ar dhaonra na hÉireann, tá an t-éileamh ar sheirbhísí uisce poiblí ag dul i méid agus mar thoradh air sin tá brú an-mhór ar an mbonneagar. Tá gá le níos mó ionchur fuinnimh agus acmhainní, chun níos mó fotháirgí dramhaíola agus eile a ghiniúint. Ag an am céanna, tá custaiméirí agus an tsochaí ag súil le húsáid níos tíosaí acmhainní, laghdú ar an lorg carbóin agus deireadh a chur le dramhaíl nó í a athchúrsáil.



### Ár bhFreagairt

Tá Uisce Éireann freagrach, mar eagraíocht faoi úinéireacht phoiblí, as seirbhísí a oibriú agus a sholáthar ar bhealach inbhuanaithe. Táimid ag cosaint ár gcomhshaoil trí 1.8bn lítear d'uisce óil ardchaighdeáin a sholáthar gach lá agus billiún lítear d'fhuíolluisce a chóireáil gach lá sula scaoiltear ar ais sa timpeallacht é. Táimid ag baint triail as teicneolaíochtaí nua agus nuálacha agus táimid ag tabhairt faoi thionscnaimh éifeachtúlachta fuinnimh thar ár bpunann sócmhainní. Leanfaimid orainn ag forbairt ár gcuid straitéisí agus beartas comhshaoil, eacnamaíoch agus sóisialta chun go mbeidh siad ar aon dul le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe, is iad sin ná soláthar uisce poiblí iontaofa agus inbhuanaithe a chur ar fáil. Orthu sin tá ár Straitéisí Bithéagsúlachta agus Inbhuanaitheachta.

**Tosca le tionchar ar Chruthú Luacha (ar lean)**



## Comhlíonadh agus Dianseasmhacht Soláthair

### An Treocht

Forbraíonn agus oibríonn Uisce Éireann bonneagar uisce phoiblí agus soláthraíonn sé seirbhísí náisiúnta ar scála mór i gcomhthéacs na hÉireann. D'fhéadfadh go mbeadh tionchar tromchúiseach ar an daonra ag aon chur isteach mór ar oibriú na seirbhísí sin. Tá sé riachtanach leanúint ar aghaidh ag infheistiú i sócmhainní uisce agus fuíolluisce chun caighdeáin cháilíochta agus chomhlíonta a bhaint amach.

### An Tionchar

Tá dúshláin ó thaobh costas agus oibriúchán ag gabháil le comhlíonadh agus ní mór dúinn aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin agus cothromaíocht a bhaint amach idir fás agus éilimh na héifeachtúlachta. Tá dúshláin ó thaobh comhlíonta roimh Uisce Éireann mar thoradh ar athrú ar bheartais agus rialacháin náisiúnta agus AE; athrú ar phatrúin aimsire; agus méadú ar fhás agus ar an éileamh ar sheirbhísí uisce poiblí, fad atá sé riachtanach fós infheistíocht a chur in ord tosaíochta mar gheall ar theorainneacha maoinithe.

### Ár bhFreagairt

Oibreoidh Uisce Éireann chun rialúcháin náisiúnta agus idirnáisiúnta a chomhlíonadh trínár gclár le sceitheadh uisce a laghdú, cáilíocht an uisce a fheabhsú agus áiseanna agus seirbhísí cóireála fuíolluisce a uasghrádú chun go gcomhlíonfaidh siad riachtanais náisiúnta agus riachtanais de chuid an AE. Leanfaimid de bheith i dteagmháil lenár bpáirtithe leasmhara agus ag comhoibriú leo agus leis na rialtóirí ábhartha go léir lena chinntiú go mbeidh Éire in ann athruithe amach anseo a chomhlíonadh mar thoradh ar athruithe ar Threoracha agus ar Rialacháin AE.

Inár ról mar fhóntas poiblí náisiúnta tá seirbhísí riachtanacha uisce poiblí curtha ar fáil againn le linn phaindéim COVID-19 agus leanfaimid orainn de bheith ag pleanáil agus ag freagairt do theagmhais go náisiúnta agus go hoibríochtúil araon. Cinnteoimid go leanfaimid de bheith ag oibriú go héifeachtach, agus na sócmhainní agus na líonraí atá ann cheana á bhforbairt agus á gcothabháil againn chun leasanna tomhaltóirí a chosaint i dtaobh éifeachtúlachtaí agus iontaofacht an tsoláthair araon.

## Dícharbónú

### An Treocht

D'fhaomh an Rialtas téacs deiridh na reachtaíochta i Márta 2021, chun Éire a chur ar an mbealach go glanastaíochta Nialais tráth nach déanaí ná 2050 agus laghdú 51% ar astuithe go ginearálta faoi dheireadh na tréimhse deich mbliana seo. Leagtar amach raon uaillmhianach de ghealltanais dícharbónaithe agus inbhuanaitheachta i bPleananna Fuinnimh agus Aeráide an Rialtais le cur i bhfeidhm thar na blianta atá romhainn chun spriocanna na hÉireann a chomhlíonadh. Dúshlán mór é sin d'Éirinn, agus déanann geilleagar agus daonra atá ag dul i méid níos deacra arís é.

### An Tionchar

Mar úsáideoir mór fuinnimh, cuireann na huaillmhianta sin dúshláin roimh Uisce Éireann. Ar aon dul le beartas an Rialtais do chomhlachtaí stáit, beidh ar Uisce Éireann úsáid fuinnimh a laghdú níos mó agus beidh orainn a bheith níos tíosaí fós ó thaobh fuinnimh chun ár gcuid oibríochtaí a dhícharbónú go hiomlán faoi 2050.

### Ár bhFreagairt

Tá Uisce Éireann tiomanta d'úsáid fuinnimh a laghdú trí raon tionscnamh fuinnimh, lena n-áirítear athsholáthar sócmhainní agus trialacha píolótacha d'fhuinneamh inbhuanaithe a thosú in dá ionad cóireála fuíolluisce chun painéil ghréine a shuiteáil le fuinneamh inathnuaite a ghiniúint. Chomh maith leis sin, táimid ag déanamh athbhreithniú ar an bhféidearthacht níos mó fuinnimh inathnuaite a dhéanamh ó thuirbíní gaoithe ar an láthair.

## Ionchais Custaiméirí sa Ré Dhigiteach

### An Treocht


Tá digitiú mar chuid lárnach dár saol go léir. Ní raibh sé sin níos follasaí riamh ná i 2020 nuair a bhí an chianobair agus an chianfhoghlaim ina ngnáthnósanna don phobal ar fad. Mar thoradh air sin, tháinig méadú ar úsáid bhealaí chun seirbhís a chur ar fáil ar líne agus chun glacadh le teicneolaíochtaí nua amhail ardáin chianchruinnithe agus áiseanna seimineár gréasáin agus comhdhálacha ar líne. Táthar ag súil go forleathan go leanfaidh na bealaí nua rannpháirtíochta sin de bheith mar ghnáthchleachtas seachas mar eisceacht fiú nuair a bheidh an tréimhse phaindéime seo caite. Tá ár gcustaiméirí ag éirí níos soghluaiste ar líne agus bíonn siad ag súil go n-éascófar sin amach anseo. Bíonn siad ag súil go mbeidh siad in ann aistriú go réidh idir cainéil agus gan tionchar a bheith aige sin ar a dtaithí.

### An Tionchar

Cosúil le gach gnó a sholáthraíonn seirbhís, bíonn Uisce Éireann ag éileamh níos mó ó na seirbhísí a fhaightear i bhfoirm cainéal digiteach éasca le húsáid, faisnéis thráthúil agus cruinn, foláirimh réamhghníomhacha, freagraí agus gníomhartha tapa. Freisin bíonn siad ag súil go gcosnófar príobháideacht a gcuid sonraí pearsanta agus go gcomhlíonfar na caighdeáin náisiúnta agus Eorpacha maidir le cosaint sonraí.

### Ár bhFreagairt

Tá Uisce Éireann tiomanta d'eispéireas den scoth a sholáthar do chustaiméirí a sháraíonn caighdeáin rialála agus ionchas custaiméirí araon. Leanfaimid orainn ag infheistiú in ardáin TF agus i gcainéil dhigiteacha chun déanamh cinnte go bhfuilimid ag freastal ar ionchas ár gcustaiméirí agus go bhfuil córais dhaingne againn chun sonraí a chosaint agus ár gcuid córas a chosaint ar chibearionsaí. Cuirfimid réitigh TF ar fáil chun táirgiúlacht a fheabhsú ar fud ár n-oibríochtaí. Tá sé mar mhian againn a bheith inár mbranda iontaofa de réir mar a chomhlíonaimid ár ngealltanais do shaoránaigh na tíre seo.




# Rannpháirtíocht Straitéiseach Páirtithe Leasmhara



Chun ár misean a chomhlíonadh mar atá seirbhísí uisce poiblí agus fuíolluisce a sholáthar de réir na gcaighdeán is airde, tá gá go mbeidh plé luachmhar ag Uisce Éireann le raon leathan páirtithe leasmhara. Tugaimid tosaíocht do ról ríthábhachtach ár bpáirtithe leasmhara agus oibrímid i ndlúthpháirt leo chun aghaidh a thabhairt ar a gcuid riachtanas agus ionchas.

Is éard atá i gceist le rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara an próiseas trína ndéanaimid teagmháil go gníomhach lenár gcustaiméirí agus lenár bpáirtithe leasmhara ar bhealach atá oscailte, trédhearcach agus fiúntach. Tugaimid tosaíocht do ról ríthábhachtach ár bpáirtithe leasmhara agus oibrímid i ndlúthpháirt leo chun aghaidh a thabhairt ar a gcuid riachtanas agus ionchas.




Pléann Uisce Éireann le páirtithe leasmhara trí chomhairliúchán poiblí maidir lenár gcuid tionscadal agus pleananna bonneagair. Geallaimid orainn féin cumarsáid dhá bhealach leanúnacha agus freagrúil a dhéanamh, ag gach céim den phróiseas comhairliúcháin, chun a chinntiú go bhfuil an t-eolas inrochtana, luachmhar, trédhearcach agus freagrúil le haghaidh gach páirtí leasmhar.

Ní bhaineann plé le páirtithe leasmhara le comhairliúchán reachtúil amháin agus is féidir é a chatagóiriú go leathan thar raon catagóirí.

Mar thoradh ar na bearta a forchuireadh chun dul i ngleic le scaipeadh COVID-19, bhí úsáid cianbhealaí agus bealaí ar líne níos tábhachtaí. Bhí ár n-ionad teagmhála ag feidhmiú go hiomlán i rith na bliana agus lean ár bhfoireann ar fad de bheith ag obair go cianda. D'fhan ár láithreán gréasáin agus ár mbealaí ar líne fós ina bhfoinsí tábhachtacha faisnéise agus leathnaíodh amach iad chun faisnéis agus tacaíocht dár gcustaiméirí agus dár bpáirtithe leasmhara a chur san áireamh. Rinneadh cianchainéil amhail ardáin ar líne do chruinnithe agus seimineáir ghréasáin a chomhtháthú mar chuid dár rannpháirtíocht agus dár gcomhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara, agus lean imeachtaí agus gníomhaíochtaí ar aghaidh le linn na bliana ag baint úsáide as na bealaí cuí chun cloí le treoirlínte sláinte.

## Custaiméirí agus Pobail

Is iad ár gcuid custaiméirí agus pobal na páirtithe leasmhara is tábhachtaí atá againn. Tarlaíonn plé gach lá trínár gcuid cainéal custaiméara agus soláthraímid comhairliúchán poiblí, feachtais eolais phoiblí agus bainistímid teagmhais agus cur isteach trí phlé leis na meáin chumarsáide, na meáin dhigiteacha agus sóisialta, imeachtaí oscailte, fógraíocht agus cruinnithe duine le duine nó fíorúla. I 2020, cuireadh béim ar leith ar thacaíocht a thabhairt do sheirbhísí riachtanacha agus do dhaoine leochaileacha agus do dhaoine scothaosta freisin ar tugadh comhairle dóibh leithlisiú a dhéanamh sa bhaile agus scaradh sóisialta a chothabháil.

## Scairshealbhóir & Rialtóirí

Bíonn Uisce Éireann ag plé go leanúnach leis an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus lena Roinn mar phríomhpháirtí leasmhar Uisce Éireann atá freagrach as a chinntiú go gcuirtear i bhfeidhm beartas an Rialtais ar sheirbhísí uisce poiblí.

Tá dhá rialtóir ag Uisce Éireann. Is é an Coimisiún um Rialáil Fóntas (CRF) ár rialtóir eacnamaíoch agus is é an Ghníomhaireacht um Chaomhnú an Chomhshaoil (GCC) ár Rialtóir Comhshaoil. Bímid ag plé go díreach leis an dá rialtóir agus ag tabhairt tuairisc dóibh ar ár bhfeidhmíocht agus ar chomhlíonadh na reachtaíochta ar rialú praghsanna agus ar an gcomhshaol againn. Freisin pléann Uisce Éireann leis an FSS ar bhonn leanúnach chun a chinntiú nach mbíonn tionchar ag ár gcuid próiseas cóireála uisce óil agus fuíolluisce ar an tsláinte phoiblí.

Tá comhlachtaí eile lena n-áirítear An Bord Pleanála, an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta agus Iascaigh Intíre Éireann freagrach as cloí leis an reachtaíocht ábhartha agus pléimid leis na comhlachtaí sin i gcruinnithe, i scríbhinn agus trí phróisis fhoirmiúla reachtúla.

## Comhpháirtithe Soláthair Seirbhíse

Bíonn teagmháil laethúil ag Uisce Éireann le 31 údarás áitiúil a oibríonn ár gcuid sócmhainní faoi Chomhaontú Seirbhíse (CS). Freisin bímid ag plé go leanúnach leis an nGníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil agus lena cuid coistí agus grúpaí stiúrtha chun a chinntiú go gcuirtear an CS i bhfeidhm go héifeachtach agus go ndéantar seirbhísí uisce a sholáthar go héifeachtach ar fud na tíre. Freisin oibrímid i ndlúthpháirt le conraitheoirí agus tríú páirtithe a thacaíonn le seirbhísí lena n-áirítear oibriú ár lárionaid teagmhála.

## Grúpaí Ionadaíocha Foirmiúla na bPáirtithe Leasmhara

### An Fóram Uisce (An Fóram)

Éascaíonn An Fóram Uisce (AFU) plé leis an bpobal faoi shaincheisteanna a bhaineann leis an uisce mar acmhainn comhshaoil, sóisialta agus eacnamaíoch agus le cur i bhfeidhm na Creat-treorach Uisce agus cur i bhfeidhm Phlean Bainistíochta Abhantraí d'Éirinn 2018-2021. Chuir Uisce Éireann fáilte roimh bhunú an Ghrúpa Idirchaidrimh Uisce Éireann mar chuid den Fhóram i 2020 agus tionóladh cruinnithe rialta i rith na bliana. Freastalaíonn Uisce Éireann go rialta ar chruinnithe leis An Fóram Uisce chun tuairisc a thabhairt dá chuid ball faoi ábhair leasa.

### An Comhlacht Comhairleach ar Uisce (CCU)

Tá cúigear ball ag an gComhlacht Comhairleach ar Uisce (CCU) a dhéanann ionadaíocht ar an GCC, CRF, An Fóram Uisce, agus dhá bhall ghairmiúil eile. Tagann Uisce Éireann os comhair an CCU agus tugann sé tuairiscí scríofa don Chomhlacht de réir mar a iarrtar. Tuairiscíonn an CCU don Chomhchoiste um Thithíocht, Rialtas Áitiúil agus Oidhreacht agus foilsíonn sé a thuarascálacha gach trí mhí.

### Foràm Náisiúnta na bPáirtithe Leasmhara Uisce Éireann

Bíonn cruinniú ag Fóram Náisiúnta na bPáirtithe Leasmhara Uisce Éireann ceithre huaire sa bhliain chun tuairisc a thabhairt do phríomhpháirtithe leasmhara náisiúnta faoinár gcuid pleananna, chun bonn eolais a chur faoi chinnteoireacht dhá bhealach chomh mhaith le cultúr trédhearcachta agus idirphlé faoi théamaí sonracha agus chun seisiúin eolais ábhartha ó shaineolaithe a chur ar fáil.

# Rannpháirtíocht Straitéiseach Páirtithe Leasmhara (ar lean)



### Ceardchumainn
Pléann Uisce Éireann go hiomlán leis na ceardchumainn a dhéanann ionadaíocht ar na baill fhoirne atá fostaithe go díreach againn agus orthu siúd atá ag obair in Údaráis Áitiúla agus glacaimid páirt de réir mar a theastaíonn i bpróisis fhoirmiúla caidrimh thionsclaíoch tríd an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre (CCÁO).

### Ionadaithe Tofa
Oibríonn Uisce Éireann Deasc Tacaíochta Ionadaí Áitiúil (LRSD) tiomnaithe do gach Comhairleoir agus Deasc Tacaíochta d'Ionadaithe Tofa do Chomhaltaí uile an Oireachtais agus d'Fheisirí Eorpacha araon. Feidhmítear an tseirbhís tríd an ionad teagmhála atá againn agus tá sí ar fáil do gach ionadaí tofa chun freagra a thabhairt ar a gceisteanna ar an nguthán nó ar an ríomhphost agus chun cumarsáid réamhghníomhach a dhéanamh ar chur isteach ar sheirbhís, ar an gcustaiméir agus ar an nuacht is déanaí faoi thionscadail, faoi phreaseisiúintí agus faoi gach cineál comhairliúcháin phoiblí.

### Na Meáin Chumarsáide
Cainéal tábhachtach cumarsáide le custaiméirí agus páirtithe leasmhara Uisce Éireann atá sna meáin chumarsáide, go háirithe nuair a bhíonn tionchar ar phobal ó chur isteach ar sheirbhís, fadhbanna le caighdeán uisce, tionscadail nó uasghráduithe bonneagair. Oibrímid chun caidrimh láidre agus oscailte a choimeád leis na meáin áitiúla agus náisiúnta.

### Grúpaí Ionadaíochta Gnó agus an Slabhra Soláthair
Bíonn Uisce Éireann ag plé go díreach le grúpaí ionadaíochta gnó ar nós IBEC, Cumann Chomhlachais Tráchtála na hÉireann, ISME agus SFA, agus le grúpaí tionscal ar a n-áirítear GFT agus Fiontraíocht Éireann chun saincheisteanna a phlé atá ábhartha dá gcuid ball. Le hinfheistíocht chaipitiúil de na billiúin euro i mbonneagar poiblí uisce agus fuíolluisce, tá Uisce Éireann ag brath go mór freisin ar an tionscal foirgníochta agus ar ár slabhra soláthair. Bíonn plé gníomhach againn leis na páirtithe leasmhara sin.

Leanann Uisce Éireann le forbairt tithíochta nua a éascú, ag tacú le fostaíocht agus le forbairt eacnamaíoch, trí oibriú le forbróirí chun naisc nua a bhunú leis an ngréasán uisce agus fuíolluisce. Aithnímid an staid dhúshlánach atá i dtionscal na tógála, i bhfianaise shrianta COVID-19, agus táimid tiomanta do bheith chomh sofhreagrach agus chomh solúbtha agus is féidir chun tacú le tógáil tithíochta nuair a athosclófar láithreáin.

### Bainistíocht Abhantraí
Tá Uisce Éireann i measc go leor páirtithe leasmhara ar a bhfuil freagracht as sláinte ár gcuid dobharlach a choimeád. Bímid ag plé go rialta le pobal na bhfeirmeoirí ar leibhéal áitiúil agus trína gcuid comhlachtaí ionadaíochta náisiúnta ar thionscnaimh cosúil le caomhnú uisce agus laghdú eisilteach lotnaidicíde agus fuíolluisce in uisce óil. Freisin bíonn plé rialta againn le comhlachtaí eile cosúil le Cónaidhm Náisiúnta na nGrúpscéimeanna Uisce, Clár Uiscí na nÚdarás Áitiúil (CUÚA), an Grúpa Gníomhaíochta Náisiúnta um Lotnaidicídí, Uiscebhealaí Éireann, Oifig na nOibreacha Poiblí agus BSL.

## Ár bPlé le Páirtithe Leasmhara a Fheabhsú go Leanúnach

Is tosaíocht d'Uisce Éireann atá i rannpháirtíocht éifeachtach na bpáirtithe leasmhara. Mar eagraíocht, bímid i gcónaí ag iarraidh bealaí a aithint chun éifeachtacht na rannpháirtíochta sin a fheabhsú agus chun cur le héifeachtacht na rannpháirtíochta sin ionas gur féidir linn tuiscint níos fearr a fháil ar riachtanais agus ar ionchais na bpáirtithe leasmhara agus é sin a fhorbairt inár bpleananna a thiocfaidh chun cinn amach anseo. Rinneamar suirbhé a choimisiúnú ar ár bpáirtithe leasmhara i 2020, chun aiseolas a fháil ar ár bhfeidhmíocht agus chun réimsí a bhfuil feabhas de dhíth orthu a aithint. Cuirfidh Uisce Éireann na torthaí ón taighde sin chun tairbhe le creat straitéiseach a fhorbairt dá rannpháirtíocht geallsealbhóirí don todhchaí.



# Ár Straitéis a Chomhlíonadh



## An Chreat-treoir Uisce

Comhlacht tráchtála rialaithe Stáit atá in Uisce Éireann atá faoi úinéireacht phoiblí. Tá an comhlacht freagrach as sócmhainní uisce agus fuíolluisce a oibriú agus a choinneáil.

Tá samhail oibriúcháin Uisce Éireann á leagan síos i gcomhthéacs Chreat-Treoir Uisce AE (CTU). Tá an CTU ina Threoir uileghabhálach maidir le polasaí uisce san AE.

**Ráiteas Polasaí Seirbhísí Uisce**

**Plean Straitéiseach do Sheirbhísí Uisce**

**Plean Maoinithe Straitéiseach**

Le linn na bliana, bíonn 791 ball foirne ar an meán, idir bhaill fhoirne gairmiúla, teicniúla agus tacaíochta, mar aon le 3,139 ball foirne ó na húdaráis áitiúla, chomh maith lenár lárionad teagmhála do chustaiméirí agus ár gcomhpháirtithe i soláthar seirbhísí, ag freastal ar na 1.8 milliún custaiméir atá againn. Rinneamar 1,798 ionad uisce agus fuíolluisce a fheidhmiú i 2020, le 1.8 billiún lítear uisce óil a sholáthar gach lá agus le cóireáil a dhéanamh ar an bhfuíolluisce a táirgeadh.

| Aird á díriú ar | I 2020 |
|---|---|
| **Cáilíocht** | ▸ Baineadh 14,568 custaiméir ó fhógraí fiuchta uisce a bhí i bhfeidhm ar feadh ní b'fhaide ná tríocha lá.<br>▸ Rinneadh 3,025 nasc seirbhísí luaidhe a bhaint agus cinn úra a chur ina n-áit.<br>▸ Rinneadh os cionn 175,000 tástáil aonair ar sholáthairtí poiblí uisce óil. |
| **Caomhnú** | ▸ Rinneadh roinnt sceite a dheisiú sa dóigh is go rabhthas in ann sábháil ghlan 51 meigilítear uisce in aghaidh an lae a bhaint amach (go deireadh R3 2020).<br>▸ Rinneadh corradh le 2,295 sceitheadh a bhí ag custaiméirí mar chuid den scéim ina gcuirtear obair dheisiúcháin ar bun saor in aisce an chéad uair. |
| **Cúrsaí a Dhéanamh Seasmhach i leith na Todhchaí** | ▸ 5 ionad cóireála uisce uasghrádaithe nó tógtha as an nua.<br>▸ 7 n-ionad cóireála fuíolluisce uasghrádaithe nó tógtha as an nua.<br>▸ Rinneadh 178 km líonra príomhphíobán uisce a leagan nó a athshlánú.<br>▸ Rinneadh 42 km líonra séarachais a leagan nó a athshlánú. |

# Príomhtháscairí Feidhmíochta




| | | Tomhas | Sainmhíniú | Aonad | 2018 | 2019 | 2020 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Cáilíocht** | | | | | | | |
| Uisce | Uisce Óil | Fógra Fiuchta Uisce (> 30 lá) | Líon na ndaoine go fóill ar FFU faoi dheireadh na bliana atá i bhfeidhm ar feadh > 30 lá | An líon atá fágtha | 423 | 14,117 | 1,042 |
| Uisce | Uisce Óil | Scéimeanna ar LGF an GCC | Líon na scéimeanna ar LGF Beo | An líon atá fágtha | 63 | 52 | 46 |
| Uisce | Luaid-he | Luaidhe | Líon na seirbhísí luaidhe ar cuireadh seirbhísí nua ina n-áit | Uimh. | 12,477 | 15,774 | 3,025 |
| Fuíolluisce | An Treoir um Chóireáil Fuíolluisce Uirbigh (UWWTD) | Ceantair thosaíochta le haghaidh feabhsuithe fuíolluisce | Líon na gceantar tosaíochta le haghaidh feabhsuithe fuíolluisce (Pointe tosaigh: an chéad ráithe 2015) | An líon atá fágtha | 132 | 120 | 113 |
| Fuíolluisce | An Treoir um Chóireáil Fuíolluisce Uirbigh (UWWTD) | Ceartláin Neamhchóireáilte | Líon na gceartlán nach ndearnadh aon chóireáil orthu nó nach ndearnadh ach réamhchóireáil orthu | An líon atá fágtha | 37 | 35 | 34 |
| **Caomhnú** | | | | | | | |
| Coigilteas | | Sceitheadh | Is éard atá in Uisce Gan Tásc Glan (meán na tréimhse) an fhigiúir náisiúnta in aghaidh an lae á chur in iúl i meigilítir | Ml/lá | -27 | 66 | 51 |
| **Cúrsaí a Dhéanamh Seasmhach i leith na Todhchaí** | | | | | | | |
| Acmhainn & Dianseasmhacht | | Ionaid Cóireála Fuíolluisce | Iomlán (Cainníocht) nua agus uasghrádaithe | Uimh. | 11 | 10 | 7 |
| Acmhainn & Dianseasmhacht | | Ionaid Cóireála Uisce Líonra fuíolluisce | Iomlán (Cainníocht) nua agus uasghrádaithe | Uimh. | 10 | 4 | 5 |
| Acmhainn & Dianseasmhacht | | Ionaid Cóireála Uisce Líonra fuíolluisce | Fad séarachais a leagadh (iomlán) | km | 74 | 69 | 42 |
| Acmhainn & Dianseasmhacht | | Líonra uisce | Fad príomhphíobán uisce a leagadh (iomlán) | km | 416 | 393 | 178 |

# Príomhtháscairí Feidhmíochta (ar lean)



## Sábháilteacht

LTIFR Iomlán – Fostaithe (>1 lá) #/100k uair an chloig




**An rud a thomhaiseann muid**


Bainimid úsáid as Rátaí Minicíochta Díobhála Ama Chaillte (LTIFR) chun an uimhir de thimpistí fostaí in aghaidh 100,000 uair an chloig oibrithe a rianú, arb é an toradh a bhíonn orthu ná gur gá do bhaill fhoirne >1 lá a thógáil saor ón obair.

**An fáth go dtomhaiseann muid é**

Tá an tsábháilteacht ina bhunphrionsabal ag Uisce Éireann. Tá clár chultúr na sábháilteachta “Áit Oibre Shábháilte, Baile Sábháilte” i bhfeidhm ó 2015 i leith agus bímid ag obair i rith an ama le go dtiocfar feabhas ar chomhlíonadh ár ndualgas sábháilteachta.

## Uisce a Sábháladh

Uisce Sábháilte trí Sceitheadh a Dheisiú Carnach (Meigilítir in aghaidh an Lae)




**An rud a thomhaiseann muid**


Is éard atá ansin ná tomhas a rinneadh ar an uisce a sábháladh de thoradh ar ár gcuid iarrachtaí príomhlíonraí a athshlánú agus sceitheadh uisce a aimsiú agus a dheisiú. (meastacháin atá i bhfigiúirí 2020)

**An fáth go dtomhaiseann muid é**

Is é is aidhm dúinn méid an uisce a chailltear sa chóras a laghdú ionas go ndéanfaimid éifeachtacht agus dianseasmhacht ár líonra a mhéadú.

## Fógraí Fiuchta Uisce (> 30 lá)

# na gcustaiméirí atá fágtha




**An rud a thomhaiseann muid**

Líon na bhFógraí Fiuchta Uisce atá i bhfeidhm ar feadh níos mó ná tríocha lá.

**An fáth go dtomhaiseann muid é**

Déantar Fógra Fiuchta Uisce a fhorchur áiteanna a bhfuil éilliú ar sholáthar an uisce óil tite amach i ndiaidh dúinn dul i gcomhairle le FSS.

## Seirbhís do Chustaiméirí

Réiteach Céad Theagmhála – Méadrú agus Oibríochtaí %




**An rud a thomhaiseann muid**


Déanaimid athbhreithniú ar shampla dár dteagmháil custaiméara gach mí thar réimse de chineálacha difriúla glao. Déantar suirbhé neamhspleách ar rogha dár nglaonna chun na scóir a bhailíochtú.

**An fáth go dtomhaiseann muid é**

Insíonn an tomhas seo dúinn a mhinice is atá muid in ann iarratas custaiméara a réiteach tar éis a gcéad theagmhála linn gan an gá tuilleadh eolais a fháil, é a chur ar aghaidh chuig an gcúloifig, gearán a chruthú nó fiosrú a dhéanamh.

## Caiteachas Caipitiúil

Caiteachas Caipitúil €m




**An rud a thomhaiseann muid**


Cuid lárnach d'fhorbairt a dhéanamh ar an mbonn sócmhainní atá againn agus é a chaomhnú is ea clár caipitiúil a sholáthar.

**An fáth go dtomhaiseann muid é**

Léiríonn na figiúirí coigiltis incriminteacha agus costais a eascraíonn as tionscnaimh éifeachtúlachta

## Éifeachtúlachtaí Oibriúcháin

Éifeachtúlachtaí carnacha Opex €m




**An rud a thomhaiseann muid**

Tomhaiseann muid éifeachtúlachtaí oibriúcháin trí thionscnaimh bharainneacha agus feabhas leanúnach a bhaint amach.

**An fáth go dtomhaiseann muid é**

Cuirimid chun cinn éifeachtúlachtaí sa chaoi a ndéanaimid ár seirbhísí a chur ar fáil ar bhonn leanúnach. Fuarthas €25 milliún eile d'éifeachtúlachtaí oibríochta i 2020.

# Bainistíocht Riosca



Tá bainistíocht riosca réamhghníomhach ríthábhachtach dár gcumas na cuspóirí straitéiseacha gearrthéarmacha agus fadtéarmacha araon atá againn a shásamh.

Déanann Uisce Éireann bainistíocht, monatóireacht agus tuairisciú ar na príomhrioscaí agus éiginnteachtaí a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar ár gcumas ár n-uaillmhianta straitéiseacha a chur i gcrích. Tá an córas Bainistithe Riosca Fiontair (ERM) agus polasaí bunaithe go maith, comhsheasmhach agus soiléir ar fud na heagraíochta. Is é an príomhchuspóir atá againn ná an timpeallacht riosca a thuiscint, na rioscaí ar leith a ainmniú agus an nochtadh roimh riosca a d'fhéadfadh a bheith ann d'Uisce Éireann a mheas. San am céanna, tá Uisce Éireann in ann a bheith sa tóir ar dheiseanna, agus cuirtear beartais laghdaithe riosca i bhfeidhm sa dóigh is go mbeidh na torthaí is fearr ann ó thaobh gnó de.

Ó thaobh riosca de, ba bhliain dhúshlánach í 2020 d'fhormhór na ngnólachtaí, Uisce Éireann san áireamh. Mar sin féin, d'fhreastail an comhlacht ar an dúshlán sin, mar shampla COVID-19, ag cur a Phleananna Leanúnachais Gnó agus a struchtúir Bhainistíochta Géarchéime chun gnímh sa Mhárta. Bhí tionchar nach beag ag an bpaindéim COVID-19 ar ár bpróifíl riosca agus ba bhreithniú tábhachtach é maidir leis na rioscaí a leagtar amach thíos a bhainistiú. Ina theannta sin, tá beartú éifeachtach déanta ag an gcuideachta ar na rioscaí a bhaineann le fachtóirí/cúiseanna seachtracha eile amhail Brexit.

## Creat Bainistithe Riosca

Tá freagracht fhoriomlán ag an mBord as riosca a bhainistiú agus as córais rialaithe inmheánaigh. Tacaíonn cultúr réamhghníomhach maidir le bainistíocht riosca le cultúr foriomlán agus luachanna na heagraíochta agus leis an iompar a bhfuiltear ag súil leis san eagraíocht. Rinneadh struchtúir rialachais oiriúnacha a fheabhsú agus a chomhtháthú níos mó chun a chinntiú go bhfuil soiléireacht ann maidir le húinéireacht agus freagracht ó thaobh na bainistíochta riosca de. Ar bhonn bliantúil, déanann an Bord inghlacthacht riosca a shocrú. Déantar cineál agus fairsinge na rioscaí atá Uisce Éireann toilteanach glacadh leo a mheas le linn dúinn ár gcuspóirí straitéiseacha a bhaint amach. Tá sé de cheart ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca a bheith ag feidhmiú mar údarás tarmligthe chun tacaíocht a thabhairt don Bhord na dualgais a bhaint amach. Tá fóraim éagsúla rialachais ann le bainistíocht riosca i dtimpeallacht éifeachtúil a choinneáil. Bímid de shíor ag cur leis an gcultúr rialachais. Déanaimid ár ngníomhaíochtaí a chomhtháthú agus a uathoibriú sna córais ar fad atá againn chun riosca a bhainistiú, chomh maith leis na córais inmheánacha rialaithe agus iniúchta.

Ba thosaíocht d'fhoirne ERM i 2020 é a chinntiú go bhfuil tuairisciú ar an bpróifíl riosca agus comhtháthú níos fearr le tuairisciú airgeadais agus feidhmíochta a áirithiú. Mar chuid dár Straitéis Riosca, beidh sé mar chuspóir ag an tionscnamh seo agus ag tionscnaimh eile maidir leis an gcultúr riosca a fheabhsú mar sprioc againn i gcónaí i 2021.

Bíonn ár n-oibríochtaí gnó ag feidhmiú ar bhonn fadtéarmach. Mar sin bíonn leanúnachas ag baint le lear mór de na rioscaí a bhíonn á meas againn. Is féidir leis na rioscaí seo forbairt agus athrú le himeacht ama, de réir mar a athraíonn an tionchar a d'fhéadfadh a bheith acu nó an seans go dtarlóidh na rioscaí sin de bharr imeachtaí inmheánacha agus seachtracha. Ag an am céanna, bíonn rioscaí nua ag teacht chun cinn an t-am ar fad. Mar sin, tá creat éifeachtach comhtháite bainistíochta riosca agus cultúr láidir maidir le riosca ríthábhachtach chun tacú lenár gcuspóirí straitéiseacha agus oibriúcháin a bhaint amach. Má dhéanaimid ár Straitéis agus Creatlach i leith Riosca a fhorbairt i rith an ama, agus má dhéanaimid ár rioscaí a bhainistiú ar bhonn réamhghníomhach, beimid in ann luach breise a chruthú dár scairshealbhóirí, dár gcustaiméirí agus don phobal i gcoitinne.

### Ár nGníomhaíochtaí Bainistíochta Riosca

| Ó Lá go Lá | Comhtháthú le Straitéis agus Próiseas | Rialachas |
|---|---|---|
| **Limistéir Oibriúcháin** | **Creat Riosca** | **Beartas** |
| Rioscaí a aithint, a bhainistiú agus a thuairisciú. | Tá measúnú riosca lárnach do phleanáil straitéise, cinntí caipitil agus meastóireacht tionscadal. | Tacaíonn Coistí Feidhmiúla agus Feidhmiúcháin Riosca leis an gCoiste Iniúchta agus Riosca. |

# Rioscaí agus Éiginnteachtaí Príomha

| | Riosca | Comhthéacs | Laghdú |
|---|---|---|---|
| **Sláinte, Sábháilteacht agus an Comhshaol** | | | |
| 1 | Teagmhas suntasach sábháilteachta a tharlaíonn don phobal, d'fhostaí nó do pháirtí seachadta agus a mbíonn baol de ghortú tromchúiseach/bás mar thoradh air. | Príomhthosca: Cleachtais sábháilteachta agus aibíocht sa chultúr sábháilteachta a athrú ar fud na nÚdarás Áitiúil agus ar bhonn aoise a dteastóidh infheistíocht shuntasach ina leith le linn an mheántéarma agus go fadtéarmach.<br><br>Ní mór cloí leis an reachtaíocht agus na socruithe sláinte agus sábháilteachta ar fad chun an fhoireann, conraitheoirí agus an pobal a chosaint ó ghortú nó bás, chomh maith le hionchúisimh, caillteanas airgeadais agus damáiste do chlú a d'fhéadfadh a bheith ann a sheachaint. | Próiseas faireacháin, lena n-áirítear idirghabhálacha rioscabhunaithe, a bhaineann go sonrach le sócmhainní.<br><br>An Córas Bainistíochta Sábháilteachta a chur chun feidhme, a chur chun cinn agus deimhniú ag leibhéal ISO 45001 a bhaint amach.<br><br>Córas Bearta Ceartaitheacha/Bearta Coisctheacha (CAPA) a úsáid chun saincheisteanna sábháilteachta sistéamacha a rianú agus chun aghaidh a thabhairt orthu. |
| 2 | Baol suntasach roimh shláinte fhostaithe nó go gcuirfear as do ghnó mar gheall ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag paindéim COVID-19. | Tinneas ar mhórscála i measc fostaithe mar gheall ar eipidéim nó paindéim (Covid-19) a bhfuil tionchar aige ar dhaonra na hÉireann, agus a d'fhéadfadh tionchar a bheith aige ar shláinte agus folláine fhostaithe, oibríochtaí, soláthar seirbhísí agus slabhra soláthair. | Plean freagartha ar COVID-19 Uisce Éireann i bhfeidhm, lena n-áirítear Foirne Bainistithe Géarchéime.<br><br>Teagmháil le príomhpháirtithe leasmhara (Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, EPA, CRU, Ranna Rialtais, etc.)<br><br>Leanúnachas gnó, socruithe teagmhais atá i bhfeidhm agus pleanáil cásanna a rinneadh de réir mar a tháinig athrú ar chúrsaí.<br><br>Cur teachtaireachtaí comhordaithe trí chlár Sábháilte san Áit Oibre, Sábháilte sa Bhaile ar fud an fhiontair.<br><br>Measúnuithe riosca COVID-19 ar fud ár n-oifigí/ár suíomhanna uile le haghaidh cuairteanna riachtanacha ar oifigí/ar láithreáin. |
| **Slándáil soláthair agus Seachadadh Seirbhísí** | | | |
| 3 | Gan a bheith in ann an t-éileamh uisce faoi láthair agus san am atá le teacht i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath a chomhlíonadh mar gheall ar easpa spáis, spleáchas ar phríomhfhoinse uisce agus pointí áirithe criticiúla teipe thar bhonneagar uisce atá aosta go maith. | Gan acmhainn bhreise a bheith ann, d'fhéadfadh fadhbanna soláthair uisce a bheith ann, chomh maith le tionchar sóisialta agus geilleagrach, agus nach mbeifí in ann éilimh fháis a shásamh amach anseo. | Déanann comhairliúchán agus foilsiú an Phlean Náisiúnta Acmhainní Uisce measúnú ar acmhainn agus ar cháilíocht uisce náisiúnta, agus díríonn sé ar chothromaíocht soláthair agus éilimh inbhuanaithe sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma.<br><br>Rinneadh an Tionscadal Soláthair Uisce a aithint mar an príomhréiteach straitéiseach fadtéarmach chun éilimh sa réigiún thoir agus lár tíre a chomhlíonadh amach anseo.<br><br>Monatóireacht ar na leibhéil acmhainní go léir i rith an ama (aibhneacha, lochanna, poill tóraíochta, taiscumair ghaibhnithe), agus bearta gearrthéarmacha a bheith ar fáil ionas go bhféadfar an méid uisce atá ar fáil le húsáid a mhéadú.<br><br>Príomhbhearta uasghrádaithe agus infheistíocht i sócmhainní criticiúla DW. |
| 4 | Gan an coigilteas sceite uisce a tuaradh is a bhí de dhíth a sholáthar mar gheall ar ardú sna teagmhais sceite i gcóras bonneagair uisce atá ag éirí aosta agus mar gheall ar an bpobal a chur ar an eolas ar bhealach éifeachtach maidir le príomhdhúshláin nó dul chun cinn agus pleananna. | Mura mbaintear amach na spriocanna le haghaidh coigiltis sceite uisce, d'fhéadfadh sin drochthionchar a imirt ar cháil agus ar chreidiúnacht Uisce Éireann, agus ar chustaiméirí agus seirbhís, agus d'fhéadfadh ardú ar chostais oibríochtaí agus laghdú éifeachtúlachta a bheith mar thoradh air. | Cistiú ar baineadh úsáid éifeachtach as chun tosaíochtaí bainistithe sceite 2020 a chur chun cinn<br><br>Príomhchláir atá i bhfeidhm lena n-áirítear – Clár Aimsithe agus Socraithe, An Chéad Chlár Deisithe, Infheistíocht Spriocdhírithe, Méadrú, Bainistíocht brú/líonra<br><br>Tá Plean Freagartha Bainistíochta Sceite agus Plean Bliantúil Bainistíochta Sceite curtha i bhfeidhm. |
| 5 | Tá iarmhairtí gearrthéarmacha agus fadtéarmacha ann roimh sheirbhísí uisce a sholáthar mar gheall ar eachtraí drochaimsire níos minice agus níos déine a bheith ann (e.g. Stoirmeacha amhail Stoirm Ophelia nó Stoirm Emma agus coinníollacha triomaigh le linn mhíonna an tsamhraidh). | Sheas oibríochtaí agus sócmhainní Uisce Éireann in aghaidh na drochaimsire a tharla le blianta beaga anuas. Is dócha go leanfar ar aghaidh le minicíocht agus déine na n-eachtraí aimsire tromchúiseacha. | Pleananna agus próisis chuimsitheacha athléimneachta i bhfeidhm (e.g. Clár Drochaimsire, Rianaire Uisce Gann, Gnáthnósanna Imeachta Oibríochta).<br><br>Tá sócmhainní á ndearadh ar mhaithe le seasmhacht i taobh na haeráide (tuile, uisce stoirme, leochaileacht aeráide agus caighdeán bainistíochta). |

# Bainistíocht Riosca (ar lean)



| | Riosca | Comhthéacs | Laghdú |
|---|---|---|---|
| **Slándáil Soláthair & Seachadadh Seirbhísí** | | | |
| 6 | Mura ndéanfaí uisce sábháilte glan óil a sholáthar, d'fhéadfadh rioscaí a bheith ann ó thaobh sláinte, clú, comhlíonta agus ionchúisimh a bheith ann dá bharr. | Cé go leantar leis an obair ar fud an bhoinn sócmhainní atá ag dul in aois chun athléimneacht agus cáilíocht sholáthar DW a fheabhsú, tá baol ann go gcuirfí moill ar oibreacha le haghaidh feabhsú criticiúil i ngeall ar thosca seachtracha amhail dúshláin dhlíthiúla agus athbhreithnithe breithiúnacha, chomh maith le saincheisteanna reachtúla agus pleanála ardleibhéil, thar phunann tionscadal. Tá poitéinseal leanúnach ann le hionchúiseamh a dhéanamh le hÉirinn agus le hÚdaráis Fhorfheidhmiúcháin Eorpacha. | Tá Pleananna Sábháilteachta Uisce óil le riosca a bhainistiú ag leibhéal Zón Sholáthar an Uisce i bhfeidhm.<br>Plean Infheistíochta Caipitil a sholáthar le sócmhainní a uasghrádú agus le comhlíonadh a fheabhsú.<br>Straitéis THM a chur i bhfeidhm, agus Ceannaireacht a thabhairt sa Phlean um Maolú Luaidhe in Uisce Óil, straitéis lotnaidicídí a fhorbairt,<br>Grúpa oibre ag pleanáil don Treoir athbhreithnithe maidir le DW. |
| 7 | Sceitheadh fuíolluisce agus/nó teagmhais a bhaineann le heaspa comhlíonta agus a mbíonn damáiste don chomhshaol, ionchúiseamh nó damáiste do chlú dá bharr. | Má bhíonn easpa tuisceana i measc an phobail ar chóireáil fuíolluisce agus próisis sceite, chomh maith le drochbhail a bheith ar shócmhainní, d'fhéadfadh na nithe sin cur go suntasach le dochar do chlú Uisce Éireann. | Tá uasghrádú ar shócmhainní mar chuid de Phlean Infheistíochta Caipitil (e.g. An Rinn [BÁC], Cuan Íochtarach Chorcaí).<br>Plean ilghníomhaireachtaí do shéasúr snámha le tréimhsí dianchoisc a laghdú, aga slánúcháin tástála a fheabhsú, agus comharthaíocht ar thránna poiblí a fheabhsú.<br>Déanann Grúpa Ilréimsiúil Bainistíochta Comhshaoil a chinntiú go ndéantar tuairisciú comhsheasmhach fuíolluisce ar na plandaí tosaíochta chuig an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus páirtithe leasmhara eile.<br>Sampláil agus anailís ar scaoileadh fuíolluisce.<br>Pleananna Limistéar Draenála á bhforbairt in eochaircheirtleáin. |
| **Claochlú Seirbhísí Uisce** | | | |
| 8 | Gan a bheith in ann an Clár Claochlaithe a chur i bhfeidhm, mar gheall ar easpa tacaíochta agus comhaontaithe a d'fhéadfadh a bheith ann a bheadh de dhíth ó na príomhpháirtithe leasmhara. | Tá soláthar i Ráiteas Beartais ar Sheirbhísí Uisce d'aon údarás náisiúnta seirbhísí uisce amháin faoi úinéireacht phoiblí – is é an toradh a bheadh ar mhainneachtain seachadta ná go gcuirfí go mór as do ghealltanais sa phlean gnó a sholáthar chomh maith le éifeachtaí an Phlean Maoinithe Straitéisigh (SFP) agus leis na leibhéil riachtanacha seirbhíse faoin gComhaontú Seirbhíse (SLA). | I bPáipéar Bán a d'fhoilsigh an Rialtas, tugtar an spreagadh is gá chun cuidiú le gníomhaíochtaí uile seirbhísí uisce an Údaráis Áitiúil agus baill fhoirne a chomhtháthú go hiomlán i struchtúir eagrúcháin Uisce Éireann (faoi dheireadh 2022).<br>Bíonn an clár Fóntais Phoiblí Aonair agus Uisce Éireann i dteagmháil go rialta leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.<br>Sainordú chun comhaontú claochlaithe a chur ar bhonn foirmiúil sa Choimisiún um Chaidreamh san Ionad Oibre faoi Iúil 2021. |
| **Athrú Aeráide, an Bhithéagsúlacht** | | | |
| 9 | An poitéinseal atá ann go mbeidh tionchar ag gníomhaíochtaí Uisce Éireann ar an mbithéagsúlacht nó ar an gcomhshaol. | Tá deiseanna suntasacha ag Uisce Éireann dul i ngleic leis an ngéarchéim aeráide agus bhithéagsúlachta, agus tairbhí comhshaoil, clú agus airgeadais a ghnóthú. | Tá Straitéis um Maolú agus Oiriúnú i gcoinne an Athraithe Aeráide i bhfeidhm.<br>Tá Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta á fhorbairt, lena sainaithneofar bearta feabhsaithe bithéagsúlachta a bheidh le cur i bhfeidhm i láithreáin uile Uisce Éireann nuair is cuí.<br>Tá sé geallta ag Uisce Éireann a bheith ina Phríomh-Chomhpháirtí i bPlean nua Pailneoirí Uile-Éireann 2021-2025 agus tuairisceoidh sé gach bliain ar na spriocanna sa phlean nua seo. |

| Riosca | | Comhthéacs | Laghdú |
|---|---|---|---|
| **Infheistíocht Bhonneagair a Chur ar Fáil** | | | |
| 10 | Gan an Plean Infheistíochta Caipitil Uisce Éireann a sheachadadh go hiomlán mar gheall ar fhachtóirí inmheánacha agus seachtracha araon, rud a fhágann nach bhfuil fáil ar sheirbhísí uisce agus go gcuirtear teorainn le freagairt na Cuideachta ar rioscaí sláinte poiblí, sábháilteachta, forbartha eacnamaíche agus comhshaoil. | Príomhspleáchas is ea cistiú iltimthriallach fadtéarmach a bheith ar fáil. Tá tionscadail chaipitil ilbhliantúla nach beag beartaithe nó tá siad faoi lán seoil thar earnáil leathstáit agus phríobháideach na hÉireann. Bhí tionchar ag COVID-19 ar sceideal agus ar chlár a lán díobh sin, rud a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar chumas Uisce Éireann a chlár caipitil ilbhliantúil a chur i gcrích de réir sceidil/mar a bhí beartaithe. | Plean Maoinithe Straitéisí 2020-2024 i bhfeidhm agus liúntas RC3 rialuithe ceadaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar ár bPlean Infheistíochta Caipitil a chaitheamh ar an mbuiséad.<br><br>Seachadadh Soiléire Tionscadail<br><br>Acmhainn bhreisithe le haghaidh meastachán ar chostas.<br><br>Straitéis chonraitheoireachta a chur i bhfeidhm.<br><br>Clár Rannpháirtíochta Luaithe an Chonraitheora - dearadh comhtháite, pleanáil forbartha agus foirgníochta. |
| 11 | Mar gheall ar éileamh mhéadaithe ar cheangail uisce chomh maith le hacmhainn theoranta sócmhainní, d'fhéadfadh sin drochthionchar a imirt ar chumas na cuideachta a bheith in ann éilimh forbartha agus fáis a shásamh ar fud na hÉireann. | Tá ról suntasach ag Uisce Éireann tacaíocht a thabhairt do spriocanna Éireann a bhaint amach san fhás geilleagrach, comhlíonadh agus forbairt. | Iad seo a leanas a chur i gcrích: Tionscnamh Mhéadú na Líonraí, Láithreáin Fhorbraíocht Mhór na Tithíochta Uirbí, agus an CBASTG (Ciste Bonneagair Áitiúil um Sheachadadh Tithíochta a Ghníomhachtú).<br><br>Teagmháil go luath leis na príomhpháirtithe leasmhara go léir, forbróirí ina measc. |
| **Slabhra Soláthair** | | | |
| 12 | Teip ar phríomhsholáthróir a thacaíonn le seachadadh clár agus seirbhísí athraithe do chustaiméirí uisce poiblí. | Ar an ábhar sin, dá dteipfeadh ar cheann de na soláthróirí príomha, bheadh baol ann go mbeadh drochthionchar ar oibríochtaí. | Tá struchtúir rialachais agus straitéis bhainistíochta conraitheoirí i bhfeidhm.<br><br>Tá samhail Bainistíochta ar Chaidreamh i bhfeidhm do na cinn is tábhachtaí.<br><br>Rátálacha Sláinte Airgeadais do na soláthróirí straitéiseacha go léir.<br><br>Rannpháirtíocht Luathchonraitheora. |
| **Custaiméir, Clú & Páirtithe Leasmhara** | | | |
| 13 | Má chliseann orainn feasacht agus tuiscint ar bhranda Ervia agus Uisce Éireann a chruthú, b'fhéidir nach mbeimis in ann muinín na bpáirtithe leasmhara is tábhachtaí a thuilleamh agus cuspóirí tábhachtacha eagraíochtúla a sholáthar. | Caithfear muinín, iontaoibh agus tacaíocht a fháil dár ról seirbhíse ónár gcustaiméirí agus ár bpáirtithe leasmhara. | Tá pleananna cumarsáide ar bun maidir le tionscadail agus cláir, deiseanna teagmhála agus rannpháirtíochta an phobail san áireamh, chomh maith le hEolas Poiblí agus feachtais oideachais le dul i dteagmháil le custaiméirí, pobail agus páirtithe leasmhara, agus iad a chur ar an eolas. |
| **Ár nDaoine** | | | |
| 14 | Mura mbeadh an struchtúr cuí eagraíochta agus na daoine cearta againn agus an cultúr ceart i bhfeidhm, ní bheimis in ann ár gcuspóirí gnó a chur i bhfeidhm. | Is gá claochlú suntasach eagraíochtúil a bhainistiú mar is ceart ionas gur lú seans go mbeidh míshocracht eagraíochtúil ann dá bharr. | Tá Grúpa Stiúrtha Dearaidh Eagraíochta i bhfeidhm agus tá próiseas Pleanála Fórsa Oibre bunaithe.<br><br>Bíonn suirbhéanna Rannpháirtíochta agus Cultúir ar siúl, le próisis leanúnacha feabhsúcháin.<br><br>Tá straitéis Acmhainní Daonna á cur i bhfeidhm, agus mar chuid den straitéis sin tá tionscnaimh thábhachtacha cosúil le Clár Éagsúlachta agus Ionchuimsithe IBelong, clár oibre Agile agus cláir forbartha foirne |

## Bainistíocht Riosca (ar lean)



| | Riosca | Comhthéacs | Laghdú |
|---|---|---|---|
| **Teicneolaíocht, Airgeadas agus Eacnamaíoch** | | | |
| 15 | Má tharlaíonn cailliúint thromchúiseach seirbhíse, sceitheadh sonraí nó srianta ar theicneolaíocht eolais agus/nó oibriúcháin mar thoradh ar chibear-ionsaí, d'fhéadfadh go mbeadh tionchar aige sin ar sholáthar agus ar bhonneagar seirbhíse. | D'fhéadfadh cur isteach ar sholáthar gnó féideartha, ceisteanna sábháilteachta nó sláinte poiblí, dochar do chlú, nó fíneálacha rialála féideartha a bheith ann de thoradh teagmhais. Bheadh an dóchúlacht níos mó i dtimpeallacht oibre cianda. | Tá rialuithe cuimsitheacha réamhghníomhacha coisc i bhfeidhm ar fud na gcóras go léir, agus pleananna teagmhais á bhforbairt, agus cur teachtaireachtaí maidir le slándáil sonraí faoin gclár An Rud Ceart a Dhéanamh.<br>Bíonn measúnachtaí riosca ar siúl i rith an ama, chomh maith le traenáil agus athbhreithnithe seachtracha neamhspleácha ráthaíochta.<br>Lárionad Oibríochtaí Slándála á bhunú. |
| 16 | An seans go gcuirfí isteach go mór ar ghnó mar gheall ar na tionchair dhiúltacha a d'fhéadfadh teacht as an gcaibidlíocht trádála idir an AE agus an Ríocht Aontaithe maidir leis an mBreatimeacht. | Is iad na príomhréimsí a bhféadfadh an tionchar is mó a bheith orthu ná rialachán, airgeadas, slabhra soláthair agus seachadadh oibriúcháin. | Bunaíodh Grúpa Stiúrtha agus Oibre Brexit, tá príomh-neamhchosaintí sainaitheanta agus teagmhais ullmhaithe agus curtha chun feidhme.<br>Idirchaidreamh le príomhpháirtithe leasmhara, Ranna Rialtais san áireamh soláthraithe; fóntais chomhpháirtíochta.<br>Meabhrán tuisceana i bhfeidhm.<br>Comhshocraíochtaí cánach agus Custam a bheith i bhfeidhm. |
| 17 | Neamhchosaint ar roinnt rioscaí maicreacnamaíocha domhanda agus airgeadais dúinn - riosca creidmheasa, riosca a bhaineann le múnla maoinithe agus liúntas oibriúcháin, rioscaí a bhaineann le hairgeadra agus le ráta úis. | Leagtar amach na riachtanais maoinithe agus liúntais do gach gnó sna Pleananna Gnó. | Tá teorainneacha riosca sainithe, tarmligin údaráis agus monatóireacht ar nochtadh i bhfeidhm.<br>Bíonn idirphlé ar siúl againn de shíor agus caidreamh láidir cothaithe againn leis an Rialtas agus le Maoinitheoirí. |



# Athbhreithniú Airgeadais





**Ronan Galwey**
*Príomhoifigeach*
*Airgeadais Ghrúpa Ervia*

Chuir Uisce Éireann feidhmíocht airgeadais shásúil ar fáil i 2020, go háirithe i gcomhthéacs na ndúshlán a thug COVID-19 isteach. Cuireadh bearta srianta costas i bhfeidhm chun an tionchar airgeadais a bheadh ag ioncam níos ísle ó chustaiméirí nach custaiméirí baile iad a mhaolú. Tháinig an laghdú ar ioncam de bharr tosca éilimh mar gheall ar chur chun feidhme na mbeart sláinte agus sábháilteachta ba ghá.

Leis an mbarrachas/brabús a ghineann Uisce Éireann mar aon le ranníocaíochtaí caipitil de €488m de chuid an Rialtais, lenar áiríodh maoiniú ó Phacáiste Spreagtha an Rialtais, bhíothas in ann clár infheistíochta caipitil de €846m a sheachadadh i mbonneagar criticiúil uisce agus fuíolluisce.

B'fhoinse shuntasach spreagtha eacnamaígh iad gníomhaíochtaí Uisce Éireann le linn 2020. Tháinig fostaíocht dhíreach agus indíreach mar aon le sochair eacnamaíocha eile ar fud gheilleagar na hÉireann mar thoradh ar na cláir chaipitil, oibriúcháin agus cothabhála. I rith na bliana, ghlac Uisce Éireann bearta cuí chun a chinntiú go gcoinneofaí íocaíochtaí soláthraithe chun tacú le sreafaí airgid ár gcomhpháirtithe seachadta.

## Príomh-Bhuaicphointí 2020

Ioncam
€1,061m

TRÚCDA
€262m

Barrachas/Brabús Roimh Cháin Ioncaim
€121m


Caiteachas Caipitúil
€846m

Iomlán na Sócmhainní
€4,582m

Glanfhiachas
€191m

Rinneadh barrachas Uisce Éireann a athinfheistiú chun tionscadail ríthábhachtacha bhonneagair a mhaoiniú

## Príomhthreochtaí Airgeadais




## Ráiteas Ioncaim Achomair

| | 2020 €m | 2019 €m |
|---|---|---|
| Ioncam | **1,061** | 1,122 |
| Ioncam tráchtála | **246** | 267 |
| Fóirdheontas rialtais | **815** | 855 |
| Costais oibriúcháin | **(799)** | (741) |
| **TRÚCDA** | **262** | 380 |
| Dímheas agus amúchadh | **(138)** | (112) |
| Costais airgeadais | **(4)** | (7) |
| **Brabús/barrachas roimh Cháin Ioncaim** | **121** | 262 |

## Ioncam

B'ionann an t-ioncam sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2020 agus €1,061m, ar laghdú €60m é sin ar 2019. Bhí ioncam fóirdheontais an rialtais de €815m i ndáil le billeáil uisce tí €40m níos ísle ná bliain roimhe sin mar gheall ar laghdú ar ioncam ceadaithe. B'ionann ioncam tráchtála de €246m agus €20m níos ísle ná an bhliain roimhe sin mar gheall ar bhilleáil neamhthís de €35m a eascraíonn as fachtóirí éilimh COVID-19, arna bhfritháireamh i bpáirt ag ioncam níos airde ó nasc custaiméirí de €15m.

## Costais Oibriúcháin

Tháinig méadú de €58m ar chostais oibriúcháin, i gcomparáid le 2019 go dtí €799m. Is é is cúis leis an méadú sin go príomha ná gur tugadh isteach rátaí i 2020 (€42m) agus go n-aithnítear soláthar níos airde do dhrochfhiacha (€41m) mar gheall ar COVID-19 agus brúnna eile ar chostais bhoilscithe. Rinneadh iad sin a fhritháireamh i bpáirt trí €25m sa bhreis a sheachadadh mar éifeachtúlachtaí costais oibriúcháin.

# Athbhreithniú Airgeadais (ar lean)



## Achoimre ar Chostais Oibriúcháin

| | 2020 €m |
|---|---|
| Costas an tsochair fostaithe | **58** |
| Párolla comhaontaithe seirbhíse na nÚdarás Áitiúil agus forchostais tacaíochta feidhmiúla | **221** |
| Seirbhísí fruilithe & ar conradh | **171** |
| Costais lársheirbhísí idirbhirt & tacaíochta | **52** |
| Ábhair, cothabháil agus gléasra ar cíos | **110** |
| Cíos, rátaí, fóntais agus árachas | **123** |
| Caillteanais lagaithe ar shócmhainní airgeadais | **41** |
| Costais oibriúcháin eile | **23** |
| **Iomlán** | **799** |

## Dímheas

Tá méadú tagtha ar dhímheas agus ar amúchadh €138m i gcomparáid le bliain roimhe sin mar gheall ar leibhéil na hinfheistíochta caipitil.

## Barrachas/brabús roimh cháin


Tháinig laghdú €141m ar bhrabús roimh cháin, go dtí €121m i 2020, mar gheall ar:

- feidhmíocht níos ísle maidir le TRÚCDA, arb ionann é sin agus €119m
- muirir dhímheasa níos airde de €26m
- Cúitíodh é sin i bpáirt ag costais airgeadais níos ísle de €3m.

## Clár Comhardaithe Achomair

| | 2020 €m | 2019 €m |
|---|---|---|
| Sócmhainní bonneagair | **4,260** | 3,552 |
| Sócmhainní eile | **322** | 251 |
| **Sócmhainní iomlána** | **4,582** | 3,803 |
| Iasachtaí agus fiachas eile | **(385)** | (255) |
| Dliteanas pinsin (IAS 19) | **(43)** | (34) |
| Dliteanais eile | **(755)** | (703) |
| **Dliteanais iomlána** | **(1,183)** | (992) |
| **Glansócmhainní** | **3,399** | 2,810 |
| **Glanfhiachas** | **(191)** | (148) |

## Caiteachas Caipitúil (%)




## Sócmhainní Bonneagair agus Caiteachas Caipitiúil

Lean Uisce Éireann de chur i bhfeidhm infheistíochtaí caipitiúla i 2020, agus rinneadh infheistíochtaí sa bhonneagar uisce agus fuíolluisce arbh fhiú €846m iad san iomlán (€863m i 2019).


## Glanfhiachas agus Sreafaí Airgid

Ba é an stádas glanfhiachais amhail ar an 31 Nollaig 2020 ná €191m, i gcomparáid le €148m an bhliain roimhe sin.

I 2020, úsáideadh €488m chun riachtanais chistiúcháin infheistíochta caipitiúla uisce agus fuíolluisce a shásamh i bpáirt, (€848m i dtéarmaí airgead a eisíoc), agus mar sin bhí gá le cistiúchán iarmharach €360m.

Baineadh leas as sreafaí breise €317m d'airgead oibríochta agus an glanmhéadú in iasachtaí, chomh maith le fiachas eile €130m, le riachtanas iarmharach na hinfheistíochta caipitiúla€360m agus leachtacht mhéadaithe airgid €87m faoi dheireadh bliana a shásamh.

## Mar a baineadh úsáid as airgead tirim i 2020 (€m)



# Athbhreithniú Airgeadais (ar lean)



## Acmhainní Caipitiúla

Tá teorainn reachtúil iasachtaithe de €2,000m ag Uisce Éireann, agus socraíonn sé sin an uasteorainn le haghaidh saoráidí tarraingthe. Ar an 31 Nollaig 2020, bhí ann do na rudaí seo a leanas

- iomlán iasachtaí de €372m (táillí iasachtaí caipitlithe san áireamh),
- áiseanna neamhtharraingthe de €350m,
- €193m d'airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim.

Le linn 2020 lean an Chuideachta de chur i bhfeidhm mholtaí an Ghrúpa Oibre Idir-Rannach maidir le maoiniú stáit a chur in ionad iasachtaí tráchtála Uisce Éireann. I mí an Mheithimh 2020 thóg an Chuideachta saoráidí iasachta stáit nua iomlán de €1,022m, a chuir an tAire Airgeadais ar fáil do chaiteachas caipitil sannta don earnáil tráchtála. In Iúil 2020 rinneadh aisíocaíocht de €238m, a fuarthas ón tsaoráid seo ar iasachtaí tráchtála. Cuireadh áiseanna fiachais arbh ionann le €240m ar ceal ina dhiaidh sin.

Rinneadh €134m eile a tharraingt anuas ón tsaoráid i 2020 chun caiteachas caipitiúil a bhaineann leis an earnáil nach earnáil intíre í a mhaoiniú. Cuirfear suimeanna ar fáil ar bhonn bliantúil, idir 2021 agus 2024, ón €650m atá fágtha chun caiteachas neamhchaipitil intíre a éascú.

Ba é an meánráta ualaithe ar phunann na Cuideachta d'iasachtaí amuigh ar an 31 Nollaig 2020 ná 0.53% (0.76 %: an 31 Nollaig 2019) agus ba í meánaibíocht a chuid fiachais ná 9.91 bliain (0.28 bliain: 31 Nollaig 2019).

## Rialachas Ciste

Tá feidhm láraithe ciste ag Ervia, atá i gceannas ar ghníomhaíochtaí ciste uile Ghrúpa Ervia, lena n-áirítear iad siúd thar ceann Uisce Éireann. Is é Bord Ervia atá freagrach as gníomhaíocht chiste agus a feidhmíocht, agus comhlíonann sé a chuid freagrachta trí athbhreithniú rialta. Déanann Coiste Iniúchta agus Riosca Ervia maoirseacht ar an timpeallacht riosca agus rialaithe thar ceann Bhord Ervia.

Comhlíonann Ervia ceanglais an Aire Airgeadais, Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoin Acht um Idirbhearta Airgeadais Cuideachtaí Áirithe agus Comhlachtaí Eile, 1992. Ní oibrítear feidhm Chiste Ervia mar ionad brabúis agus déantar bainistíocht ar sheasamh bhrabúis ar bhealach drogallach roimh rioscaí.

Tá fáth gnó bailí taobh thiar de gach idirbheart cistíochta agus tá dianchosc ar sheasamh amhantrach. Tá tuilleadh sonraí maidir le beartais bainistíochta riosca airgeadais Ervia leagtha amach sna Ráitis Airgeadais i nóta 23.


HUUB

# Athbhreithniú Oibriúcháin





# Athbhreithniú 2019

## Tionchar COVID-19

Cloíodh le gach comhairle sláinte poiblí i rith na bliana maidir le paindéim COVID-19 agus rinneadh dianiarracht chun tionchar na paindéime ar chustaiméirí a íoslaghdú.

### Tionchar ar oibríochtaí

Déantar soláthar uisce phoiblí agus seirbhísí fuíolluisce a aicmiú mar sheirbhís riachtanach. Rinneadh na seirbhísí a sheachadadh i gcomhar leis na comhpháirtithe ó na hÚdaráis Áitiúla faoi na Comhaontuithe Leibhéal Seirbhíse atá ann cheana. Choinnigh baill fhoirne líne tosaigh in Uisce Éireann agus sna hÚdaráis Áitiúla seirbhísí gan aon bhriseadh ar an soláthar.  Agraíodh an Plean Leanúnachais Gnó i mí an Mhárta. D'iompaigh gach ball foirne agus gach comhpháirtí seirbhíse a bhí in ann ar an gcianobair.

### Tionchar ar sheachadadh caipitil

Éilíodh ar an earnáil tógála go scoirfí den tógáil ar fad nuair a cuireadh srianta i bhfeidhm den chéad uair sa Mhárta. Cuireadh stad le hoibríochtaí ag os cionn 300 láithreán oibreacha agus tar éis plé a dhéanamh le heagraíochtaí sábháilteachta agus le conraitheoirí osclaíodh arís iad ó Bhealtaine ar aghaidh. Leanadh den obair ar na tionscadail tógála a aicmíodh mar thionscadail bhunriachtanacha don chuid eile den bhliain.

Fuarthas leithdháileadh de €87 milliún i gcistiú an Phacáiste Spreagtha i 2020. Caitheadh é sin ar phríomh-uasghráduithe sócmhainní ar fud na gcontaetha go léir. Díríodh go príomha ar oibreacha laghdaithe sceite agus ar uasghrádú cothabhála caipitil, agus bhain roinnt tionscadal uasghrádaithe gléasra cóireála tairbhe as sin freisin. Bhí níos mó ná 60km de thionscadail athsholáthair príomhphíopa uisce san áireamh leis sin, rud a dhéanfaidh difríocht mhór ó thaobh sceitheadh a laghdú agus cinnteacht an tsoláthair a fheabhsú do chustaiméirí. Dáileadh an maoiniú cothabhála caipitil ar na hÚdaráis Áitiúla go léir chun sócmhainní teipthe nó sócmhainní atá ag teip orthu a dheisiú nó a athsholáthar, sócmhainní atá ríthábhachtach do sheachadadh seirbhísí uisce. Meastar go raibh thart ar 350 duine fostaithe, nó go raibh fostaíocht coinnithe acu, mar thoradh díreach ar an gcistiú spreagtha. Ina theannta sin, tá tairbhí indíreacha fostaíochta ann do sholáthraithe, do dhearthóirí agus do ghnólachtaí áitiúla na n-ábhar.

Is príomhthosaíocht í an tsábháilteacht i gcónaí agus leantar le hobair shuntasach i gcomhar leis na hÚdaráis Áitiúla agus le slabhra soláthair le linn na héigeandála sláinte poiblí ar fad. Cuireadh Plean Gníomhaíochta Sábháilteachta an Tionscail 2020 i bhfeidhm agus cuireadh nósanna imeachta caighdeánacha nua oibriúcháin COVID-19 leis. Bhí os cionn 600 duine i láthair ag laethanta sábháilteachta fíorúla an tionscail, ag roinnt saineolais le comhlachtaí ionadaíocha lena n-áirítear Cónaidhm Thionscal na Tógála.

## Freastal a dhéanamh ar ár gcustaiméirí

I bhfianaise ár dtiomantas chun tionchar na paindéime ar chustaiméirí a laghdú, bhí fócas leanúnach ar rannpháirtíocht a fheabhsú agus ar thiomantas do chur chuige dea-chleachtais i leith seirbhísí agus oibríochtaí custaiméirí. Baineadh úsáid as na bealaí go léir a bhí ar fáil chun faisnéis a sholáthar dár gcustaiméirí agus go háirithe chun tacú le custaiméirí leochaileacha agus leithlisithe. Rinneadh cianchainéil do chustaiméirí, lena n-áirítear cainéil ghréasáin, dhigiteacha agus ghutháin, a chothabháil nó a fheabhsú chun faisnéis agus seirbhísí a sholáthar do chustaiméirí. Cuireadh faisnéis ar fáil fud fad ár gcainéal chun tacú le custaiméirí leochaileacha agus leithlisithe agus tacaíochtaí breise a chur ar fáil do chustaiméirí nach custaiméirí baile iad maidir le híocaíochtaí agus caomhnú.

Cuireadh tacaíochtaí breise ar fáil do chustaiméirí gnó freisin. Rinneadh dlúthmhonatóireacht ar úsáid uisce. Chonaic roinnt tionscail éileamh méadaithe agus le níos mó daoine ag obair ón mbaile chonacthas athrú ar phatrúin úsáide uisce tí freisin. Mar thoradh ar an athrú sin, in éineacht le tréimhse ardteochta fhada i mí na Bealtaine agus i Meithimh, bhí gá le huisce a chaomhnú agus le hordú náisiúnta caomhnaithe uisce a fhorchur i Meithimh agus in Iúil.

Rinneadh cur chun feidhme creata nua maidir le taraifí nach taraifí intíre iad agus tabhairt isteach an Mhuirir Chaomhnaithe Uisce Teaghlaigh a chur siar i 2020 mar aitheantas ar na brúnna eacnamaíocha ó na bearta coisctheacha paindéime. Leanfaimid de bheith ag obair le rialtóirí agus le príomhpháirtithe leasmhara eile lena chinntiú go mbeidh na córais agus na tacaíochtaí custaiméirí go léir is gá i bhfeidhm go tráthúil.

Oibríonn an t-ionad teagmhála do chustaiméirí 24 uair an chloig in aghaidh an lae, 365 lá den bhliain. Tá foireann na n-ionad teagmhála ag obair go cianda chun an caighdeán céanna seirbhíse a chur ar fáil dár gcustaiméirí go léir. Bronnadh an teagmháil ar sholáthraí seirbhíse nua i 2019, tar éis próiseas tairisceana poiblí. Táimid ag obair anois leis na soláthraithe nua agus leis na seansoláthraithe seirbhísí chun baill fhoirne agus seirbhísí a aistriú faoi lár na bliana 2021, gan aon athrú inaitheanta sa tseirbhís.

## Athbhreithniú Oibriúcháin (ar lean)



Ba mhór an dúshlán iad na srianta COVID-19 maidir le hoibreacha nasctha ar an láthair. Cuireadh teorainn leis na hoibreacha láithreáin go léir, agus gan ach oibreacha riachtanacha á gcur i gcrích. Le linn na srianta, rinneadh naisc a éascú d'áiseanna cúraim sláinte FSS, d'áiseanna táirgthe bia agus naisc tí do thithíocht shóisialta agus d'oibrithe líne tosaigh a bhfuil gaolta ardriosca acu. Cuireadh tionscnaimh bhreise agus feabhsuithe breise ar fáil chun tacú le tionscal na tógála, chun cosaint ár sócmhainní a chinntiú agus chun seirbhís ardchaighdeáin a chur ar fáil do chustaiméirí. Rinneadh tuairim is ceithre mhíle go leith teach nua a cheangal le seirbhísí uisce agus fuíolluisce i mbliana. Tar éis dul i gcomhairle leis an Irish Home Builders Association, d'fhoilsíomar athbhreithniú ar na Sonraí Caighdeánacha agus ar na Cóid Chleachtais maidir le bonneagar uisce agus dramhaíola i bhforbairtí nua, chun tacú le tionscal na forbartha. I rith na bliana seoladh clár píolótach le go mbeadh sé níos éasca é a leagan amach ar bhóthar poiblí, rud a d'fhéadfadh éifeachtúlachtaí a sholáthar do thionscal na forbartha.

### An Breatimeacht

Leanamar de bheith ag cur san áireamh an seans go gcuirfí isteach go mór ar ghnó mar gheall ar na tionchair dhiúltacha a d'fhéadfadh teacht as an gcaibidlíocht trádála idir an AE agus an Ríocht Aontaithe maidir leis an mBreatimeacht. Is iad na príomhréimsí a bhféadfadh an tionchar is mó a bheith orthu ná rialachán, airgeadas, slabhra soláthair agus seachadadh oibriúcháin. Rinne Meitheal Stiúrtha agus Oibre Brexit pleananna teagmhasacha a ullmhú agus a chur chun feidhme, ag plé le raon leathan idirbheartaíochtaí le roinnt ranna Rialtais.

### Conradh Rialála

I 2019, d'iarr an Coimisiún um Rialáil Fóntas go dtabharfaí faisnéis bhreise maidir leis an bPlean Infheistíochta Caipitil 2020-2024. I Lúnasa 2020, nuashonraigh agus d'fhoilsigh sé Rialú Ioncaim 3.5 (CRU/20/085) a cheadaíonn infheistíocht chaipitil de €5.4bn i mbonneagar agus i sócmhainní le linn na tréimhse 2020-2024.

## Dul Chun Cinn in aghaidh Cuspóirí Straitéiseacha

Tá Uisce Éireann ag feidhmiú taobh istigh de chreatlach de bheartais náisiúnta. Sa Ráiteas Beartais ar Sheirbhísí Uisce 2019– 2024, leagtar amach tosaíochtaí an Rialtais maidir le soláthar seirbhísí faoi thrí théama: Cáilíocht, Caomhnú agus Rudaí a Dhéanamh Seasmhach i leith na Todhchaí. Bhaineamar úsáid as an gcreat sin mar bhunús don athbhreithniú oibríochtúil seo.

### CÁILÍOCHT

#### Cáilíocht Uisce

Príomhthosaíocht is ea líon na ndaoine a dtéann Fógraí Uisce Fiuchta i bhfeidhm orthu a laghdú, agus i 2020 baineadh 14,568 duine d'Fhógraí Uisce Fiuchta a bhí i bhfeidhm le níos mó ná 30 lá. Ba é Loch Talt an soláthar is mó a raibh Fógra Uisce Fiuchta i bhfeidhm air, a bhí ag freastal ar bheagnach 13,000 duine. Cuireadh deireadh leis an bhfógra uisce fiuchta tar éis gléasra uasghrádaithe a thabhairt i gcrích chun freastal ar an scéim sin a raibh bac neamhleor ar Chripteaspóiridiam agus leibhéil ardaithe THManna. Faoi dheireadh 2020, bhí líon 1,042 a raibh fógraí fiuchta uisce acu a bhí i bhfeidhm ní b'fhaide ná 30 lá. Tá an dáta réamh-mheasta do gach soláthar maidir leis na fógraí fiuchta uisce a bhaint ag brath ar chomhairliúchán agus comhaontú le FSS.

Coinnímid 737 gléasra cóireála uisce ar siúl, agus tá 20 ceann acu réasúnaithe againn agus tá coimisiúnú déanta againn ar 2 phlanda nua i 2020. Faigheann cuid acu sin uisce ó fhoinsí beaga atá i mbaol éillithe agus tionchar an athraithe aeráide. Sainaithníodh go bhfuil líon beag scéimeanna uisce poiblí "i mbaol" nach ndéanfaidh siad caighdeáin riachtanacha Eorpacha a shásamh i leith uisce óil. Tá na scéimeanna seo curtha le liosta gníomhaíochta feabhais an GCC agus tugtar tús áite d'infheistíocht sna soláthairtí seo. Le linn na bliana 2020, cuireadh obair leasúcháin ar 11 scéim i gcrích, rud a d'fhág gur baineadh iad ó Liosta Gníomhaíochta Feabhsúcháin an GCC. As na soláthairtí sin, bhí leibhéil ardaithe de THManna ag 6 cinn acu agus méadaíonn an obair leasúcháin na leibhéil fhoriomlána comhlíonta THM. Faoi dheireadh na bliana bhí 46 scéim ar an Liosta Gníomhaíochtaí Feabhsúcháin. Tá plean gníomhaíochta á ullmhú nó curtha isteach le haghaidh gach ceann de na scéimeanna sin.

I gcomhar lenár gcomhháirtithe sna hÚdaráis Áitiúla agus i saotharlanna tráchtála, d'éirigh linn an clár monatóireachta rialála a choinneáil le linn 2020 in ainneoin nárbh fhéidir linn dul isteach i dtithe daoine chun samplaí a thógáil ó Mhárta ar aghaidh. Foilsítear torthaí an fhaireacháin ar sholáthairtí poiblí uisce óil ar shuíomh gréasáin Uisce Éireann, le haghaidh



soláthairtí uisce aonair. Tugadh isteach córas faisnéise comhshaoil nua i 2020 freisin, córas atá comhtháite le córas an GCC chun tuairisciú a shruthlíniú. Le bunú na Saotharlainne Náisiúnta rinneadh dul chun cinn suntasach ar fud na bpríomh-chomhpháirteanna ar fad lena n-áirítear an tsaotharlann, an trealamh, an córas bainistíochta faisnéise, agus na moil samplála.

Leanamar de bheith ag cur na gclár oibre náisiúnta i bhfeidhm, lena n-áirítear:

- Glanadh agus athchóiriú taiscumar, faireachán teiliméadrachta ar pharaiméadair oibríochta criticiúla, cláir shábháilteachta agus cláir cháilíochta uisce a sheachadadh. Faoin gClár Náisiúnta Dífhabhtaithe rinneadh uasghrádú ar 53 láithreán.
- Uasghrádú a dhéanamh ar 14 shuíomh tríd an gClár um Bailiú, um Scagrú agus um Shoiléiriú (CFC) agus tríd an gClár Scagaireachta agus Sloda. Áirítear leis sin CFC nua nó uasghrádaithe, saoráidí scagacháin nó cóireála sloda a shuiteáil i ngléasraí cóireála uisce chun an riosca neamhchomhlíonta a íoslaghdú.
- Tá pleananna á gcur chun tosaigh ag Uisce Éireann tús a chur le cóireáil a dhéanamh ar ortafosfáite ag ionaid chóireála uisce a shásaíonn na ceanglais sna meastacháin sláinte agus timpeallachta, faoi mar atá leagtha síos sa Phlean Maolaithe um Luaidhe in Uisce Óil atá ag Uisce Éireann.

Le cuíchóiriú a bhaint amach, déantar gléasra a dhíchoimisiúnú, agus déantar príomhphíobán uisce a leagan chuig ionad cóireála in aice láimhe a dhéanann uisce óil ar dhóigh níos éifeachtúla agus/nó ar chaighdeán níos airde. I rith 2020, bhí 20 gléasra cóireála uisce cuíchóirithe ann.

Cuireadh tús leis an obair i 2020 ar nasc straitéiseach a thógáil idir ionaid chóireála uisce an tSruthláin agus an Bhaile Mhóir, rud a chabhróidh le teacht aniar a chothú sa ghréasán dáileacháin uisce. Ligfidh an tionscadal seo suas le 18 milliún lítear uisce óil a tháirgeadh do phobail i gCill Dara agus i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath in aghaidh an lae.

Tá 6km de phríomhphíopa uisce nasctha le chéile ó Bhaile Iordáin go Baile Brigín, rud a chuireann feabhas ar chinnteacht an tsoláthair do 24,000 custaiméir i mBaile Brigín agus sna ceantair máguaird. Rinneadh na hoibreacha sin in éineacht le hoibreacha i mBinn Éadair, i Mullach Íde agus i Sord ar fiú beagnach €22 milliún iad i scéimeanna soláthair uisce ar fud Fhine Gall.

Rinneadh uasghrádú ar Ghléasra Cóireála Uisce Bhóthar na Laoi i gCathair Chorcaí i 2020. Áirítear leis sin cóireáil ultraivialait a shuiteáil chun an soláthar uisce a dhéanamh níos sláine. Cuireadh soláthar uisce nua i gcrích le haghaidh os cionn 15,000 duine i nDurlas, i mBuiríos Ó Luigheach, i mBaile Caolchoille agus i gceantar Mhainistir na Croise.

## Athbhreithniú Oibriúcháin (ar lean)



Foilsíodh an Dréachtphlean Náisiúnta Acmhainní Uisce (NWRP) i mí na Nollag 2020. Leagtar amach ann, den chéad uair, an chaoi a bhfuil sé i gceist againn an chothromaíocht maidir le héileamh ar sholáthar uisce óil a choinneáil sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma agus an tionchar ar an gcomhshaol a íoslaghdú ag an am céanna. Bhí sé faoi réir comhairliúchán poiblí reachtúil go dtí Márta 2021. Tar éis an chomhairliúcháin phoiblí, cuirfear aighneachtaí agus tuairimí a fuarthas san áireamh, agus nuashonrófar an Creatphlean. Tá ceithre Phlean Acmhainní Uisce Réigiúnacha mar chuid de Chéim 2 agus beidh gach ceann acu faoi réir Measúnachta Straitéise Timpeallachta agus Measúnachta Cuí. Beidh céimeanna comhairliúcháin phoiblí dá gcuid féin ag gach ceann de na ceithre réigiún. Beidh na comhairliúcháin phoiblí sin ar siúl i rith na bliana 2021.

### Scéim Soláthair Uisce Fheartraí

Tá an tionscadal comhdhéanta de thógáil ionaid nua cóireála uisce ag Feartraí - píblíne nua - an nasc ó Fheartrí go Collchoill, a chur in ionad thollán Fheartraí atá ann cheana mar aon le taiscumar stórála nua clúdaithe a thógáil i Stigh Lorgan. Coimisiúnaíodh an phíblíne nua i mí na Nollag 2018.

- Tá an gléasra cóireála uisce nua seo iomlán ó thaobh struchtúir de agus beidh sé lánfheidhmiúil ón dara leath de 2021 ar aghaidh.
- Tá trí thaiscumar uisce oscailte le haghaidh uisce óil cóireáilte a stóráil ar an suíomh atá ann cheana féin i Stigh Lorgan. Tá sin ar cheann de na suíomhanna deireanacha den chineál sin san Eoraip. Cuireadh tús le tógáil an taiscumair chlúdaithe i Samhain 2018, atá críochnaithe anois ó thaobh struchtúir de, agus beidh sé i bhfeidhm ón dara leath de 2021 ar aghaidh.
- Leanfar den obair ar dhíchoimisiúnú an ionaid chóireála uisce i bhFeartraí agus díchoimisiúnú an taiscumair oscailte i Stigh Lorgan isteach i 2022.

**Cáilíocht Fuíolluisce**

Tá Uisce Éireann freagrach as seirbhísí uisce a sholáthar agus a fhorbairt, lena n-áirítear fuíolluisce a bhailiú, a chóireáil agus a sceitheadh. Oibrímid 1,061 ionad cóireála uisce, 2,212 stáisiún caidéalaithe fuíolluisce, 26,000km líonra séarachais salach/comhcheangailte.

Tagann ár n-infheistíocht i gcóireáil agus líonraí fuíolluisce leis na gealltanais a rinneadh i bPlean Bainistíochta Abhantraí na hÉireann (2018-2021) le cáilíocht an uisce a fheabhsú. Liostaítear 255 ceirtleán i bhFoscríbhinn 1 den Phlean Bainistíochta Abhantrach a dteastaíonn aird uathu. Faoi dheireadh 2020, bhí an líon sin laghdaithe síos go 127.



Baineadh 11 cheirtleán de Liosta Tosaíochta na Limistéar le haghaidh Feabhsú Fuíolluisce de chuid an GCC i 2020. Ag deireadh na bliana bhí 113 ceirtleán fágtha ar an liosta agus tá pleananna i bhfeidhm sa chuid is mó de na láithreáin eile sin.

D'oibríomar go dlúth leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus le príomhpháirtithe leasmhara eile chun Plean Bainistíochta Abhantrach an tríú timthriall agus na comhairliúcháin phoiblí ghaolmhara a fhorbairt. Táthar ag súil go leanfar leis an obair seo le linn 2021.

Ar na 44 limistéar a aithníodh sa bhliain 2014 mar áiteanna nach bhfuil aon chóireáil fuíolluisce ar bun iontu, tá dul chun cinn déanta ar mhóroibreacha caipitil ag 16 gléasra. Le seacht mbliana anuas aithníodh 6 réimse breise, rud a d'fhág go raibh 34 ceantar neamhchóireáilte ann ó dheireadh 2020. Tá obair ag dul ar aghaidh i ngach ceann de na réimsí atá fágtha.

I mbreithiúnas a tugadh ar an 28 Márta 2019, chinn Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh nach raibh Éire i gcomhréir le hAirteagail 3, 4, 5 agus 12 de Threoir 91/271, maidir le cóireáil ar fhuíolluisce uirbeach ag 28 ceirtleán arna n-ainmniú ar fud na hÉireann. Mar fhreagairt, thoiligh Éireann cláir mhionsonraithe oibreacha agus beart eile a chur ar bun ionas go mbainfí amach comhlíonadh iomlán an bhreithiúnais. Is éard atá sa chlár go príomha ná tionscadail oibreacha caipitil chun na ceirtleáin ainmnithe a thabhairt i gcomhréir leis an Treoir. Tugadh an obair i gcrích i 2020 ag ceirtleán breise amháin. Tá oibreacha suntasacha beartaithe nó ar bun cheana ag na 12 ceirtleán neamhchomhlíontacha atá fágtha.

Mar chuid de na tograí chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin i líonraí fuíolluisce, tá Pleananna Limistéar Draenála á bhforbairt againn a dhíríonn ar chomhlíonadh comhshaoil, ar sheirbhís do chustaiméirí agus ar fhás. Tá Suirbhéanna Criticiúla na Séarach á gcur chun cinn le Clár Tosaíochta Athshlánúchán na Séarach a mheas.

D'oibríomar leis na páirtithe leasmhara eile i 2020 ar an tionscadail um Fheabhsú Uisce Comhroinnte & Lochanna a chur chun cinn. Bronnadh €35 milliún ar an tionscadal mór trasteorann sin faoi Chlár VA AE INTERREG i 2019. Déanfar oibreacha nua cóireála fuíolluisce a thógáil chomh maith le huasghrádú do na líonraí séarach ar an dá thaobh den teorainn le dul i ngleic le truailliú fuíolluisce i Loch Cairlinn agus Loch Feabhail.

**Tionscadal Draenála Phríomhphíobáin Chuan Íochtair Chorcaí**
Tá cuid mhaith den tionscadal ríthábhachtach seo curtha i gcrích. Críochnaíodh na hoibreacha tógála ar ghné an líonra ó dheas i 2019 agus cuireadh tús leis na hoibreacha ar thrasbhealach ríthábhachtach an inbhir idir An Cóbh agus Bhaile an Mhanaigh i 2020 . Cuireadh tús le tógáil ar líonra an Chóibh i 2019 agus aistreofar camras amh ó bhaile an Chóibh le haghaidh cóireála tríd an inbhear faoi dheireadh 2021 i gcomhréir leis an Treoir maidir le Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh.

**Uasghrádú ar Ionad Cóireála Fuíolluisce na Rinne**
Cuireadh tús le tógáil na chéad ghné de i mí Feabhra 2018, síneadh nua ag an ngléasra le freastal ar dhaonra ar chóibhéis de 400,000. Tá an obair ag dul ar aghaidh go maith agus táthar ag súil le céimeanna tástála agus coimisiúnaithe a thabhairt i gcrích sa dara leath de 2021.

Cuireadh tús leis an obair ar an gcéad cheann de cheithre chonradh chun na humair chóireála thánaisteacha a uasghrádú ag an ionad le Teicneolaíocht an tSloda Ghrálaigh Aeróbaigh (AGS) i Samhain 2020. Tá an dara conradh ag céim an tsoláthair faoi láthair agus táthar ag súil go dtosóidh sé i Ráithe 3, 2021. Déantar na conarthaí seo a chéimniú lena chinntiú gur féidir le Gléasra Cóireála Fuíolluisce na Rinne leanúint ar aghaidh de bheith ag cóireáil fuíolluisce ó thithe, ó ghnólachtaí, ó scoileanna agus ó ospidéil i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath.

Tá sé beartaithe tús a chur le tógáil na saoráide nua téarnaimh fosfaraí ag deireadh R1, 2021 agus tógfaidh sé thart ar dhá bhliain í a chur i gcrích. Cuireadh tús le huasghráduithe ar shaoráidí cóireála sloda i 2020 agus tá sé beartaithe iad a thabhairt chun críche i R2, 2021. Táthar ag súil go dtosóidh uasghrádú breise ar shaoráidí cóireála sloda i dtreo dheireadh 2021 agus go leanfar leis go dtí 2024.

Tá bonneagar á fhorbairt chun comhlíonadh na Treorach maidir le Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh a bhaint amach agus a fhreastalóidh ar 2.1 milliún faoi dheireadh 2023. Nuair a bheidh na hoibreacha go léir atá beartaithe curtha i gcrích i 2025, beidh Gléasra Cóireála Fuíolluisce na Rinne in ann cóireáil a chur ar fhuíolluisce le haghaidh daonra suas le 2.4 milliún agus na caighdeáin riachtanacha á gcomhlíonadh acu.

Táthar ag súil faoi láthair go dtosófar ar an tSaoráid Réigiúnach um Bithsholaid a Stóráil a thógáil i 2022 agus go mbeidh an tsaoráid ag feidhmiú faoi 2024. Stórálfar ann na bithsholaid bhreise a chruthófar i ngléasra na Rinne tar éis coimisiúnú an chonartha uasghrádaithe acmhainne agus iarfheistithe leis na humair phróiseála atá ann cheana féin agus leis na huasghráduithe cóireála bithsholad.

## Athbhreithniú Oibriúcháin (ar lean)





### CAOMHNÚ

Seachadadh an Clár Náisiúnta um Laghdú Sceitheadh i gcomhar le hÚdaráis Áitiúla. Leithdháileadh maoiniú ó Phacáiste Spreagtha an Rialtais don Chlár Laghdaithe Sceite ar fud na tíre mar aitheantas nach bhfuil an ráta sceite inbhuanaithe. Is é an toradh a bhí ar an maoiniú sin ná gníomhaíocht sna 26 contae inar tugadh aghaidh ar sceitheadh, ar ghanntanas uisce agus ar thriomach.

Measadh gur oibreacha riachtanacha iad deisiúcháin sceite ach b'éigean roinnt gníomhaíochtaí eile faoin gClár Laghdaithe Sceitheadh a scálú siar le linn na srianta COVID. In ainneoin sin cuireadh 2,295 deisiúcháin First Fix i gcrích, cuireadh 3,025 nasc in ionad naisc luaidhe agus leagadh 178km de phríomhphíopa uisce athshlánaithe nua i 2020. Mar thoradh air sin bhí glanlaghdú foriomlán 51ML/d ar sceitheadh (Ráithe 3 2020). Thit an ráta sceite náisiúnta ó 46% i Meán Fómhair 2018 go 40% i Meán Fómhair 2020.

Déantar monatóireacht leanúnach ar an soláthar uisce agus ar an éileamh ar uisce i ngach crios soláthair. De bharr bearta glasála a bheith tugtha isteach, cuireadh brú breise ar sholáthairtí uisce áit a raibh éileamh méadaithe ó úsáideoirí tí agus gan laghdú suntasach ar an éileamh ó thionscal agus ó ghnólachtaí. Mar aon le tréimhsí fada teochta arda san Aibreán agus i mí na Bealtaine, tháinig dálaí triomaigh ar ais. Bíonn tionchar diúltach ag triomach agus aimsir dhian ar sceitheadh a spáráil. Déanann srianta uisce an gréasán a dhíchobhsú agus is féidir leo sceitheadh a mhéadú mar go bpléascann píobáin laga. In ainneoin na n-oibreacha leasúcháin forchuireadh ordú náisiúnta caomhnaithe uisce ar an 8 Meitheamh. Cuireadh deireadh leis ina dhiaidh sin go luath in Iúil nuair a tháinig méadú ar an soláthar báistí.

## CÚRSAÍ A DHÉANAMH SEASMHACH I LEITH NA TODHCHAÍ

Ó thús 2014, tá 108 gléasra cóireála fuíolluisce nua tógtha againn, seacht gcinn i 2020 san áireamh. Leagadh 262 km de ghréasán séarachais nua nó athshlánaithe ó 2014 i leith, leagadh 42 km síos i 2020.

Tá feabhas ar ár n-acmhainní agus seasmhacht uisce ó rinneadh 52 ghléasra nua cóireála uisce a thógáil nó a uasghrádú ar an iomlán ó 2014, 5 cinn acu sin curtha i gcrích i 2020. Tá 2,084 km den phríomhphíopa uisce nua nó athshlánaithe leagtha ó 2014, agus leagadh 178 km de i 2020.

Tá fás ag teacht ar thuiscint an phobail ar cé chomh seasmhach, i bhfírinne, is atá an soláthar uisce i mBaile Átha Cliath agus na ceantair máguaird. Cuireadh béim air sin nuair a gearradh na fógraí uisce fiuchta ar na soláthairtí uisce a rinne Gléasra Cóireála Uisce Léim an Bhradáin a sheirbheáil. Lean na hoibreacha leasúcháin is gá mar réiteach ar an bhfadhb sin ar aghaidh le linn 2020 agus cuireadh 15 uasghrádú scagaire i gcrích agus tá cóireáil ultraivialait ar sceideal lena gcur i gcrích.

### Tionscadal Soláthair Uisce, Réigiún an Oirthir agus Lár Tíre

Anuas ar an straitéis náisiúnta maidir le soláthar uisce mar atá leagtha amach sa Phlean Acmhainní Uisce Náisiúnta agus Réigiúnacha, cuirfidh an Tionscadal Soláthair Uisce, Réigiún an Oirthir agus Lár Tíre Foinse mór Nua uisce ar fáil chun freastal ar riachtanais soláthair Réigiún an Oirthir agus Lár Tíre, ar bhealach inbhuanaithe, go dtí 2050 agus ina dhiaidh sin. Tá Uisce Éireann i mbun iarratais pleanála SID ar an mBord Pleanála a thabhairt chun cinn don WSP, lena n-áirítear Tuarascáil ar Mheasúnú Tionchair Timpeallachta agus Ráiteas Tionchair Natura tar éis na reachtaíochta Astarraingte a achtú. Mar chuid den athnuachan ar an bPlean Forbartha Náisiúnta tá athbhreithniú déanta ag Uisce Éireann ar mheastachán an tionscadail agus tá réamhmheastachán athbhreithnithe déanta aige don Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, tar éis athbhreithniú teicniúil agus dearaidh a dhéanamh agus aghaidh a thabhairt ar riachtanais an Chóid Chaiteachais Phoiblí. Tá iarratas ar ghealltanas caipitil á chur chun cinn faoi láthair ag Uisce Éireann leis an Roinn agus le NewERA ar cheadú buiséid chun leanúint ar aghaidh ag tacú leis an tionscadal do na 12 mí amach romhainn. Táimid i dteagmháil freisin leis an gCoimisiún um Rialáil Fóntas chun cur i gcrích a n-athbhreithnithe neamhspleáigh ar an tionscadal a éascú.

### Tionscadal Draenála Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath

Is é atá i nDraenáil Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath (DMB) ná saoráid nua réigiúnach cóireála fuíolluisce a fhorbairt mar aon le bonneagar a bhaineann léi chun freastal ar Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath, go háirithe, daonra Bhaile Átha Cliath thuaidh mar aon le codanna beaga de na contaetha máguaird i gCill Dara agus sa Mhí. Tá gá le gléasra réigiúnach nua chun an acmhainn cóireála bhreise is gá a sholáthar nuair a shroichfidh an tsaoráid cóireála fuíolluisce is mó sa tír sa Rinn a toilleadh uasghrádaithe uasta faoi lár na 2020aidí. Ina theannta sin, tá sé ríthábhachtach go mbeadh cumas leordhóthanach cóireála fuíolluisce ann chun an tsláinte phoiblí a chosaint, chun an comhshaol a chosaint agus chun fás inbhuanaithe sóisialta agus eacnamaíoch a éascú.

Tar éis imscrúduithe mionsonraithe ar an láithreán, measúnuithe fairsinge comhshaoil agus comhairliúcháin leathana phoiblí thar thréimhse seacht mbliana, rinne Uisce Éireann iarratas ar fhorbairt bonneagair straitéisigh chuig an mBord Pleanála don tionscadal DMB ar an 20 Meitheamh 2018. Bhronn an Bord Pleanála cead pleanála ar an tionscadal i Samhain 2019. Tionscnaíodh imeachtaí Athbhreithnithe Breithiúnaigh i gcoinne chinnidh an Bhoird Phleanála cead pleanála a bhronnadh agus chinn an Ard-Chúirt gur cheart an cead pleanála a chur ar neamhní i mí na Samhna 2020. Tá an t-ábhar fós os comhair na hArd-Chúirte chun na chéad chéimeanna eile a chinneadh. Cuirfear moill ar sheachadadh an tionscadail DMB agus d'fhéadfadh tionchar díreach a bheith aige sin ar chlár, ar ghníomhaíochtaí agus ar chostas deiridh réamh-mheasta an tionscadail.

# Inbhuanaitheacht



Ag Uisce Éireann, táimid tiomanta inbhuanaitheacht na seirbhísí uisce a fheabhsú agus dár gcion a dhéanamh chun todhchaí níos inbhuanaithe a thógáil. Tá beartais agus straitéisí á gcur i bhfeidhm againn tríd an bplean straitéiseach gnó atá againn chun tacú leis an inbhuanaitheacht atá ag teacht le spriocanna forbartha inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe, agus tá cur chuige réamhghníomhach á ghlacadh againn i leith na hinbhuanaitheachta fud fad ár sócmhainní uisce agus fuíolluisce. Tá creat uaillmhianach leagtha síos ag Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe (SDGanna), agus tá uisce ar cheann díobh atá ina sprioc aonair iontu siúd, SDG 6 -: "a chinntiú go mbeidh uisce agus sláintíocht ar fáil do chách agus go ndéanfar bainistiú inbhuanaithe orthu".



## Cuspóir Uisce Éireann maidir leis an Inbhuanaitheacht:

Is é ár bpríomhchuspóir straitéiseach maidir leis an Inbhuanaitheacht ná gnóthas inbhuanaithe agus éifeachtúil a sholáthar chun seirbhísí uisce a sholáthar don phobal ar bhealach a thacaíonn leis an mbeartas náisiúnta agus a chuireann le cosaint an chomhshaoil. Chun an lámh in uachtar a fháil ar na dúshláin, leanfaimid den athrú a bhrú chun cinn agus gnó inbhuanaithe á thógáil againn a bheidh oiriúnach don todhchaí."

Is é an misean atá againn ná a chinntiú go bhfaigheann ár gcustaiméirí soláthar sábháilte, iontaofa agus inbhuanaithe d'uisce óil agus go mbaileofar a bhfuíolluisce agus go gcuirfear ar ais é go sábháilte chuig an gcomhshaol. Chun ár gcumas uisce óil a thógáil as an gcóras, agus fuíolluisce cóireáilte a chur ar ais ann, a chinntiú, teastaíonn éiceachóras a fheidhmíonn go sláintiúil agus go hinbhuanaithe, agus go dtacaíonn éagsúlacht i saol na bplandaí agus na n-ainmhithe go bunúsach leis. Tá Uisce Éireann, mar chaomhnóirí ar shócmhainní uisce agus fuíolluisce na hÉireann, le foireann tiomanta inbhuanaitheachta, ag comhtháthú agus ag leabú na hinbhuanaitheachta agus na forbartha inbhuanaithe i ngach réimse lena mbímid ag plé.

I gcomhar leis na páirtithe leasmhara, leanfaidh na SDGanna de bheith ina dtreoirphlean don chaoi a n-iompraímid mar fhóntas uisce atá freagrach agus d'fhonn acmhainní a dhíriú chun na tionchair is suntasaí agus is dearfaí a bhaint amach sna trí cholún straitéiseacha inbhuanaitheachta atá againn: An Comhshaol, an tSochaí agus an Geilleagar.

### Comhshaol

Agus muid inár gcaomhnóirí ar shócmhainní uisce agus fuíolluisce na hÉireann, tá dualgas orainn an comhshaol ina n-oibrímid a chosaint agus a bheith aireach ó thaobh ár gcuid gníomhaíochtaí de. Mar a leagtar amach inár bPlean Straitéiseach maidir le Seirbhísí Uisce, táimid tiomanta do thacú le fás sóisialta agus eacnamaíoch na hÉireann, trí infheistíocht chuí i seirbhísí uisce agus chun an timpeallacht a chosaint inár gcuid gníomhaíochtaí go léir.

### Gníomhú ar son na hAeráide

Ar cheann de na tomhaltóirí is mó fuinnimh san earnáil phoiblí in Éirinn, tá éifeachtúlacht fuinnimh seirbhísí uisce á feabhsú ag Uisce Éireann. Tá cur chuige réamhghníomhach inár straitéis inbhuanaithe, agus sin ag cur leis an obair a dhéanann na hÚdaráis Áitiúla. Tá cur chuige ar fud an ghnó ag teastáil, lena n-áirítear dearadh coincheapa, tionscadail nua, iarfheistiú agus na foirne atá againn. Tá Dearadh Éifeachtúlachta Fuinnimh á chur i bhfeidhm againn dár sócmhainní nua agus reatha go léir agus muid ag comhoibriú le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann. Tá ár gcomhaontú straitéiseach le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann ina chuidiú dúinn a bheith ag dearadh ar mhaithe leis an éifeachtúlacht fuinnimh ón gcoincheap ar aghaidh. Déantar neamhéifeachtúlacht a sheachaint agus déantar an tionscal a bhunathrú ar leibhéal náisiúnta. Tá an cur chuige atá againn ina chuidiú linn éifeachtúlacht fuinnimh a dhaingniú, agus mar sin táimid in ann cultúr éifeachtúlachta fuinnimh a fhorbairt, a chaomhnú agus a chothú.

Is beart tábhachtach maolaithe de chuid ár bpolasaí athrú aeráide é feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh, lena chinntiú go bhfuil seirbhísí uisce agus fuíolluisce dianseasmhach i gcoinne athrú aeráide, chomh maith le seirbhís uisce agus fuíolluisce a fhorbairt ina mbíonn méideanna beaga astaíochtaí gás ceaptha teasa. Tá straitéis um maolú agus oiriúnú á bhforbairt againn don athrú aeráide. Déantar sin i gcomhréir leis an bPlean um Oiriúnú in Earnáil an Uisce faoin gCreat Náisiúnta um Oiriúnú don Athrú Aeráide.

Tá dul chun cinn suntasach bainte amach ag Uisce Éireann ar an aistear chun a bheith ina áirgiúlacht uisce ísealcharbóin, tíosach ar fhuinneamh agus inbhuanaithe. Glacann ár gclár bainistíochta straitéise agus fuinnimh cur chuige gnó ar fad le 36 Plean Gníomhaíochta Fuinnimh agus 255 tionscadal fuinnimh scoite, lena n-áirítear dearadh atá tíosach ar fhuinneamh, nuálaíocht, iarfheistiú fuinnimh, fuinneamh in-athnuaite, soilsiú agus téamh, iniúchtaí agus pleanáil fuinnimh, barrfheabhsú próisis, feasacht foirne agus oiliúint.

# Inbhuanaitheacht (ar lean)





I 2020, bhaineamar barr feabhais amach, arbh fhiú 32% é, ar ár bhfeidhmíocht éifeachtúlachta fuinnimh, rud a shábháil coibhéis 95,000 tona carbóin. Is dócha go mbainfimid ár sprioc feabhais 33% in éifeachtúlacht fuinnimh amach, a fhágann gur dócha go mbainfimid ár sprioc 50% amach faoi 2030.

## An Bhithéagsúlacht

D'fhorbraíomar agus d'fhoilsíomar Plean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht (BAP) i 2020. Cabhróidh sé linn an timpeallacht nádúrtha a chaomhnú, a fheabhsú agus oibriú léi. Mar chuid den chur chuige atá againn, déantar bithéagsúlacht a chosaint agus a fheabhsú, agus san am céanna tá tairbhí breise á soláthar cuir i gcás ceapadh carbóin agus foinsí uisce óil a chosaint. Tá Pleananna Bainistíochta Bithéagsúlachta agus Bearta Feabhsaithe do 85 suíomh curtha i bhfeidhm againn go náisiúnta.

Bíonn gach ceann dár suíomhanna, dár dtionscadail agus dár ngníomhaíochtaí ag idirghníomhú leis na héiceachórais ina bhfuil siad suite. Mar shampla, má chuirtear borradh faoi bhogach nádúrtha nó fásra abhann, d'fhéadfaí an baol go dtarlódh tuilte a laghdú agus, ag an am céanna, má dhéantar speicis ionracha a bhainistiú go héifeachtach, laghdófar an damáiste a d'fhéadfadh a bheith ann don bhonneagar agus laghdófar rioscaí don tsláinte leis.

## Sochaí

Aithníonn Uisce Éireann, a fhostaíonn beagnach 800 duine, chomh maith le breis is 3,000 ball foirne sna hÚdaráis Áitiúla an tábhacht a bhaineann le comhionannas, le héagsúlacht agus le cuimsitheacht i measc ár lucht saothair. Táimid meáite ar leagáid dearfach fiúntach a fhágáil inár ndiaidh sna pobail ina n-oibrímid.

Lean Uisce Éireann de thacaíocht a thabhairt do chomhpháirtíochtaí láidre agus cláir phobail le linn 2020. Cuireann na cláir sin iompar dearfach chun cinn i dtaca le gníomhaíochtaí a bhaineann le huisce agus fuíolluisce i dtithe agus gnóthaí, agus ardaíonn siad feasacht ar cheisteanna a bhaineann le huisce agus na tairbhí a bhaineann le hathruithe simplí dearfacha a dhéanamh.

### An Taisce Cóstaí Glana

Caitear na mílte ceirtíní fliucha, bachlóga cadáis, táirgí sláintíochta agus earraí mí-oiriúnacha eile i leithris in Éirinn gach lá. Cruthaíonn sé sin bacainní costasacha inár dtithe, inár ngnólachtaí agus inár gcórais fuíolluisce, as a n-eascraíonn róshreabhadh séaraigh inár bpobail agus truailliú plaisteach in aibhneacha, ar thránna agus san fharraige. Is feachtas feasachta poiblí é *Déan do Mhachnamh sula Sruthlaíonn Tú* faoi fhadhbanna a chruthaíonn na nithe seo inár muirthimpeallacht agus córais fuíolluisce. Tá an

feachtas á fheidhmiú ag an gClár Cóstaí Glana de chuid An Taisce i gcomhar le hUisce Éireann. Mar chuid den fheachtas náisiúnta sin roghnaítear roinnt pobal gach bliain ina n-oibrímid go dlúth le gnólachtaí, le scoileanna agus leis an bpobal chun ceardlanna oideachasúla a sholáthar agus chun na cónaitheoirí áitiúla a mhealladh isteach san fheachtas.

Tá cúig imeacht náisiúnta ar siúl i rith na bliana agus 30 gníomhaíocht réigiúnacha thar sé phobal. Rinneadh a lán imeachtaí a mhodhnú mar thoradh ar phaindéim sláinte domhanda agus an chuid is mó díobh sin á seachadadh ar líne. Bhí an teachtaireacht ón *Déan do Mhachnamh Sula Sruthlaíonn Tú* níos ábhartha fós toisc gur tugadh faoi deara gur úsáid níos mó daoine níos mó ceirtíní ná riamh, rud a chuir an-bhrú ar an gcóras, agus gur tuairiscíodh méadú ar na ceirtíní a tháinig chomh fada leis na hIonaid Chóireála Fuíolluisce. Rinneadh feachtas náisiúnta ar na meáin ar líne chun aird a tharraingt ar an bhfadhb sin.

Sna sé phobal lenar baineadh an feachtas *Déan do Mhachnamh sula Sruthlaíonn Tú*, forbraíodh agus roinneadh roinnt físeán ar na meáin shóisialta chun teachtaireachtaí lárnacha an fheachtais a sheachadadh leis an aidhm an lucht féachana a shroicheadh. Bhain *Déan do Mhachnamh sula Sruthlaíonn Tú* gradam pobail do dhea-chleachtais amach i mBun Dobhráin, Dún na nGall ón gclár idirnáisiúnta An Brat Gorm do thránna. Ghlac an réalta CLG, Kieran Donoaghy, páirt i bhfíseán feasachta poiblí de chuid *Déan do Mhachnamh sula Sruthlaíonn Tú* i dTrá Lí, Ciarraí, áit a raibh líon ard bac ann mar gheall ar earraí míchuí a bheith á sruthlú sa leithreas.

Is gné eile den fheachtas é Déan do Mhachnamh sula nDoirteann Tú a dhíríonn ar ár n-iompar cistine nuair a iarraimid ar an bpobal gan a ndoirteal cistine a úsáid mar bhosca bruscair. Léirigh ár dtaighde margaidh go ndoirteann 58% dár bpobal FOGanna (saill, olaí agus gréisc) síos sa doirteal cistine . B'éigean d'Uisce Éireann níos mó ná 8,000 bac séarachais a ghlanadh i 2019 agus glanadh na mílte baic bhreise mar chuid de na hoibreacha pleanáilte. Sheol Uisce Éireann feachtas feasachta poiblí le haghaidh Nollaig 2020 a chuir an cócaire mór le rá Nevin Maguire i láthair. Cuireadh an feachtas feasachta poiblí sin chun cinn sna meáin thraidisiúnta, ar an suíomh gréasáin agus ar na meáin shóisialta.

### Clár na Scoileanna Glasa-An Taisce

Comhpháirtíocht thábhachtach is ea Clár na Scoileanna Glasa d'Uisce Éireann. Cuireann an clár ar ár gcumas infheistíocht a dhéanamh i bhforbairt lucht tacaíochta ar son an uisce don todhchaí. Ba í an bhliain acadúil 2019-2020 an seachtú bliain d'Uisce Éireann a bheith ina urraitheoir ar Théama Uisce an Chláir. Leanann baill fhoirne ar fud Uisce Éireann ó fheidhmeanna go leor ag cur le clár na Scoileanna Glasa a osclaíonn bealach díreach dúinn do pháistí, do mhúinteoirí, do thuismitheoirí, d'innealtóirí a bheidh ann amach anseo, d'eolaithe agus do chumarsáidithe.

Nuair a dhún na scoileanna i Márta, chuaigh foireann na Scoileanna Glasa i muinín na nuála agus d'aistrigh siad go clár ar líne darbh ainm 'Fan sa Chóngar', inar cuireadh gníomhaíochtaí nua spreagúla ar fáil do leanaí agus do thuismitheoirí ina dtithe féin. Bhí tionchar ag gníomhaíochtaí ar ábhair thábhachtacha amhail caomhnú le linn an triomaigh i dtús an tsamhraidh. Bhí ról lárnach ag Uisce Éireann trí ghníomhaíochtaí ar líne na Scoileanna Glasa a fhairsingiú trínár n-ardáin shóisialta. Bhí trí seachtaine déag de ghníomhaíochtaí uisce ar líne agus 53 acmhainn gníomhaíochta uisce cruthaithe ag Scoileanna Glasa, agus aistríodh 12 díobh go Gaeilge. Tá torthaí iontacha á mbaint amach i gcónaí ag an gclár d'Uisce Éireann agus do phobail a agus bronnadh 110 Brat Uisce orthu i mbliana.

Reáchtáil foireann na Scoileanna Glasa 30 seimineár oiliúna do mhúinteoirí ar an téama Uisce ar fud na tíre i Meán Fómhair, i nDeireadh Fómhair agus i Samhain 2019, ag a raibh 161 múinteoir i láthair. Chlúdaigh sé sin níos mó ná 5,000 múinteoir agus mac léinn ag cúrsa oiliúna ar líne do mhúinteoirí i Scoileanna Glasa le Lá Uisce le tacaíocht ó Uisce Éireann tríd an 16 múinteoir a bhí i láthair ann. Cuireadh an t-imeacht Walk for Water ar athló mar gheall ar COVID-19 ach rinneadh siúlóid ghearr a eagrú mar ghníomhaíocht de chuid an fheachtais Fan sa Chóngar.

Reáchtáil Scoileanna Glasa 22 ceardlann uisce ar fud na tíre idir mí Dheireadh Fómhair agus mí Feabhra 2019-2020 agus chuir duine d'fhoireann Uisce Éireann ábhar i láthair ag gach ceann acu. Bhí 544 dalta i láthair ann. Is ionann sin agus ardú 78% ón mbliain seo caite ar líon na ndaltaí meánscoile a d'fhreastail air. Bhí an t-aiseolas an-dearfach i mbliana.

D'éirigh go hiontach leis an gcomórtas Póstaer Uisce arís i mbliana le breis is 2,700 iontráil póstaer ar an téama 'Gníomhaímis ar son na hAeráide le haghaidh Uisce'. I mbliana tugadh isteach comórtas físeán le go leor iontrálacha móra.

Meán tábhachtach is ea na meáin shóisialta do chlár na Scoileanna Glasa. Tá scoileanna, seomraí ranga, múinteoirí agus daltaí níos sine ag éirí níos glóraí agus níos díograisí ar chainéil na meán sóisialta. Tá na tionscnaimh éagsúla ar théama an Uisce á gcur chun cinn go mór ar bhonn rialta ar na cuntais éagsúla ar na meáin shóisialta atá ag na Scoileanna Glasa, Twitter, Facebook, Instagram, YouTube agus Flickr

# Inbhuanaitheacht (ar lean)






ina measc agus roineann foireann meáin shoisialta Uisce Éireann iad. Ar an ábhar go n-úsáidtear réimse leathan ardán meán sóisialta, táthar in ann a chinntiú go bhfuil áiseanna ar théama an Uisce agus eolas ar chláir an Uisce, ar fáil agus inrochtana do phobal leathan.

Ghlac 146,474 mac léinn, 16,637 ball foirne, agus 570 scoil páirt i dtéama an Uisce i mbliana. B'ionann agus 592 milliún lítear an tsábháil uisce ag scoileanna le linn na scoilbhliana acadúil 2019/2020, sin beagnach 3 oiread na sábhála a bhí ann an bhliain roimhe sin.

### Clár Maoirseachta Uisce

Tá caomhnú uisce agus maoirseacht uisce le haghaidh gnó ag éirí an-tábhachtach ó thaobh ár n-iarrachtaí chun a bheith inár náisiún níos inbhuanaithe. Tá Uisce Éireann ag obair i gcomhar le gnólachtaí chun ár soláthar uisce a chosaint anois agus amach anseo le 'Clár Maoirsechta Uisce Deimhnithe de chuid Uisce Éireann' a chuireann oiliúint mhaoirseachta uisce ar fáil dá chustaiméirí gnó. Is é an clár nuálach sin an chéad chlár den chineál sin ar bhonn domhanda. Bronnadh teastas deachleachtais idirnáisiúnta ar an gclár agus tá sé creidiúnaithe ag an gCaighdeán Eorpach um Maoirseacht Uisce. Tá an tionscnamh á chur chun feidhme le formhuiniú ó phríomhghrúpaí páirtithe leasmhara gnó amhail IBEC, IDA, Chambers Ireland, Origin Green, BIM agus Fiontraíocht Éireann.

Tugann an oiliúint speisialaithe an t-eolas agus an saineolas d'úinéirí gnó chun tomhaltas uisce a laghdú agus chun costais oibriúcháin a laghdú agus, ag an am céanna, chun an comhshaol a chosaint. Cuidíonn athruithe beaga amhail dramhaíl uisce ar an láithreán a shainaithint, bunlíne a shocrú d'úsáid uisce, feasacht a ardú i measc na foirne agus na gcustaiméirí nó uasghrádú chuig gléasanna éifeachtúla uisce le huisce agus le hairgead a shábháil. Is é an toradh a bhí ar an gclár píolótach i 2019 agus i 2020 amháin ná go raibh 460 tionscadal nua caomhnaithe uisce ag custaiméirí gnó.

### Tionscnamh P-Tech

Lean Uisce Éireann lena chomhpháirtíocht le P-TECH – Pathways in Technology. Tá sé mar aidhm ag an gclár oideachais seo i Lárchathair Thuaidh Thoir Bhaile Átha Cliath deiseanna do mhac léinn sa gheilleagar digiteach a mhéadú. Cuimsíonn an tsamhail oideachais sé bliana seo modúil tríú leibhéal agus taithí áiteanna oibre in éineacht le scolaíocht dhara leibhéal, agus é mar aidhm aici daltaí a chumasú cáilíocht thríú leibhéal agus na scileanna atá riachtanach chun dul isteach sa lucht saothair a bhaint amach.

### Seachtain na nInnealtóirí

Tá Uisce Éireann bródúil as a bheith in ann tacú le Seachtain na nInnealtóirí i mí Feabhra gach bliain. I 2020 chuir ár bhfoireann innealtóireachta obair dheonach ar fáil dá bpróifílí ar líne agus i gcló i dteideal ar fud na tíre a thaispeánann go bhfuil go leor deiseanna sa tionscal uisce d'innealtóirí. Cuireadh béim ar leith ar an iliomad innealtóirí ban atá againn. Chomh maith leis sin, d'óstálamar imeacht mhór don phobal le haghaidh Sheachtain na nInnealtóirí ag an bpictiúrlann Gate i Mala, áit a raibh os cionn 200 mac léinn agus múinteoir ó na trí mheánscoil áitiúia agus ó Choláiste na hOllscoile, Corcaigh i láthair.

## Sa Mhargadh

Cuireann an Cód Caiteachais Phoiblí (PSC) iallach orainn caitheamh go cúramach le cistí poiblí, agus a chinntiú go bhfaightear an luach is fearr is féidir ar airgead nuair a bhíonn airgead poiblí á chaitheamh nó á infheistiú. Rinne Uisce Éireann obair shuntasach ar an PSC athbhreithnithe a chur i bhfeidhm. Chuige sin, ní mór doiciméadacht fheabhsaithe a ghabháil agus a thíolacadh lena bhformheas. Ionchorpraíodh na ceanglais nua sna Beartais atá ann cheana maidir le Caiteachas agus Formheas Conarthaí agus tá leasuithe á ndéanamh, de réir mar is gá, ar thionscadail atá ann cheana agus iad ag dul trí na céimeanna rialachais. Tá foireann tionscadail ag tacú leis an bpróiseas agus le hathruithe córais a bhaineann le riachtanais an PSC, agus é á chinntiú go ndéantar comhlíonadh a phleanáil agus a bhaint amach laistigh de na hamscálaí riachtanacha.

Chuir Uisce Éireann próisis fheabhsaithe ar líne agus féinfhreastail ar fáil dár gcustaiméirí uile.  I gcás custaiméirí gnó sheol sé an chéad cheann dá chineál Clár Deimhnithe Maoirseachta Uisce don Ghnó agus do Mhol Gnó nua ar líne, ar ionad ilfhreastail é le haghaidh comhairle chaomhnaithe uisce saincheaptha agus oiliúint ar líne saor in aisce chun cabhrú le gnólachtaí úsáid uisce a laghdú agus a gcuid costas a laghdú. Forbraíodh suíomh nua don láithreán gréasáin a chuireann faisnéis agus tacaíocht ar fáil do chustaiméirí mar thoradh ar COVID-19.

Leanadh dár láithreán gréasáin tiomanta maidir le Cáilíocht Uisce Óil a nuashonrú agus cuireann sé sin ar chumas úsáideoirí scéimeanna uisce poiblí torthaí a dtástálacha ar cháilíocht uisce agus faisnéis faoi cháilíocht an uisce a fheiceáil agus úsáid á baint as a seoladh baile nó gnó.

Leanaimid de bheith tiomanta do rannpháirtíocht oscailte thrédhearcach lenár gcustaiméirí agus lenár bpobail áitiúla go léir. Mar gheall ar threoirlínte scaradh sóisialta níorbh fholáir roinnt imeachtaí a laghdú chun cloí le treoirlínte sláinte phoiblí. Leanadh lenár gcomhairliúcháin phoiblí agus lenár rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara mar sin féin le bealaí traidisiúnta rannpháirtíochta a feabhsaíodh le cruinnithe fíorúla agus le hardáin seimineár gréasáin.

## San Ionad Oibre

An phríomhaidhm atá againn ná go mothóidh na daoine atá ag obair ar fud ár gcuideachta gur áit den scoth le hoibriú atá ann, agus gur taithí shaibhrithe shásúil é teacht chun na hoibre gach uile lá. Mar eagraíocht, táimid tiomanta do chluas éisteachta a thabhairt dár ndaoine ar bhealaí éagsúla. Áirítear leis sin suirbhéanna rannpháirtíochta trínár bhfóraim fostaithe agus clár cumarsáide ceannaireachta dhá bhealach. Trí leanúint de bheith ag éisteacht agus aghaidh a thabhairt ar réimsí atá tábhachtach dár ndaoine, táimid ábalta bearta an-dearfach a dhéanamh chun dul i bhfeidhm ar ár gcultúr, chun feabhas a chur ar an dóigh a ndéanaimid rudaí agus an dóigh a mbímid ag tacú lenár ndaoine. Tá sé d'aidhm againn timpeallacht a chruthú ina gceapfaidh ár ndaoine go léir go bhfuil a ról sásúil, go pearsanta agus go gairmiúil.

Bliain dhúshlánach ab ea 2020 de réir mar a chuireamar in oiriúint le go mbeimis in ann maireachtáil le COVID-19 agus thugamar aghaidh ar an tionchar a bhí aici ar ár saol agus ar ár ngnó. Trí éisteacht go dlúth lenár bhfostaithe bhíomar in ann ár gcur chucu a chur in oiriúint go héifeachtach don phaindéim chun a chinntiú go bhféadfaimis leanúint de sheirbhísí riachtanacha a sheachadadh agus chun tacú lenár bhfostaithe chun a sábháilteacht a chinntiú agus iad ag obair ar an láthair, san oifig nó sa bhaile.



# Inbhuanaitheacht (ar lean)



### Suirbhéanna Rannpháirtíochta

Thugamar an tríú suirbhé bliantúil rannpháirtíochta chun críche um Nollaig agus chuireamar dhá shuirbhé beaga ar fáil le linn na bliana freisin. Cuireann na suirbhéanna sin ar ár gcumas tuiscint iomlán a bheith againn ar a bhfuil tábhachtach d'fhostaithe ionas gur féidir linn na tionscnaimh chearta a chur ar fáil chun tacú leo. Cuidíonn siad freisin lena chinntiú gur féidir le foirne áitiúla leanúint de dhul chun cinn a dhéanamh i réimsí rannpháirtíochta atá tábhachtach dóibh.

### Rinneamar dul chun cinn suntasach le chéile i 2020 agus leanamar de bheith ag soláthar seirbhísí riachtanacha

Le 12 mí anuas, chuir foirne ar fud an ghnó pleananna gníomhaíochta áitiúla i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar na réimsí rannpháirtíochta is ábhartha agus is tábhachtaí dóibh. Rinneadh na pleananna sin a choigeartú le linn na bliana mar thoradh ar COVID-19 le béim athnuaite ar chumarsáid, ar obair bhuíne, ar chomhoibriú agus ar shábháilteacht.

Chuireamar cláir náisiúnta ar fáil, amhail scagthástáil sláinte; chuireamar ár gclár oibre maidir le héagsúlacht agus comhionannas ibelong chun cinn. Tugadh isteach trí ghrúpa nua fostaithe agus chuireamar gníomhaíochtaí folláine ar fáil lena n-áirítear seisiúin intinne, sraith podchraoltaí folláine, agus ár gclár cúraim droma. Chomh maith leis sin, thacaíomar leis an gcomhar le tacaíochtaí teicneolaíochta ar nós áiseanna glaonna físe agus comhdhála agus meartheachtaireachtaí. Is tosaíocht i gcónaí é cumarsáid a dhéanamh lenár ndaoine ar fud na paindéime – ag cinntiú go bhfuil faisnéis shoiléir, ábhartha agus tráthúil ar fáil dár ndaoine.

Thionólamar ár ndara sraith de Ghradaim don Phobal, ár searmanas bliantúil aitheantais freisin i 2020. Ócáid fhíorúil a bhí inti. Bhí an deis ag baill foirne daoine ar fud na heagraíochta a ainmniú do cheann de na gradaim, gradam don 'laoch ciúin' agus gradam don 'saoránach thar cionn' ina measc.

## Sábháilteacht

Is príomhthosaíocht í an tsábháilteacht i gcónaí agus leantar le hobair shuntasach i gcomhar leis na hÚdaráis Áitiúla agus le slabhra soláthair le linn na héigeandála sláinte phoiblí ar fad. Cuireadh Plean Gníomhaíochta Sábháilteachta an Tionscail 2020 i bhfeidhm dár gconraitheoirí agus dár láithreáin uile agus cuireadh nósanna imeachta caighdeánacha nua oibriúcháin COVID-19 leis.

Bhí os cionn 600 duine i láthair ag laethanta sábháilteachta fíorúla an tionscail, ag roinnt saineolais le comhlachtaí ionadaíocha lena n-áirítear Cónaidhm Thionscal na Tógála.

Leanamar de bheith ag obair go dlúth lenár gConraitheoirí Soláthair Sócmhainní agus ár gcomhpháirtithe seirbhíse sna húdaráis áitiúla agus mar sin tháinig laghdú suntasach ar ár rátaí minicíochta taismí, ó 0.59 go 0.43 i 2020.

I mbliana, insealbhaíodh Gradam Sábháilteachta Ervia le haghaidh Mórthionscnaimh. Ba é O'Connor Utilities Limited, a bhí ag obair thar ceann Uisce Éireann, ar an gconradh maidir le Trasnú ón gCóbh chuig Inbhear Bhaile an Mhanaigh a thabhairt i gcrích an buaiteoir. Ar sna hoibreacha sin bhí dhá dhruil chothrománacha treocha faoi Inbhear na Laoi – an ceann is faide riamh a rinneadh in Éirinn. Aithnítear sa dámhachtain seo iarrachtaí chun aitheantas réamhghníomhach a thabhairt d'iompar dearfach maidir le sláinte agus le sábháilteacht amhail bealaí sábháilte oibre a chur chun cinn agus a bheith inár gcúnamh don phobal.

Bhí feabhas breise le feiceáil i dtaca lenár dtáscairí réamhghníomhacha sábháilteachta i 2020, cosúil leis an líon tuarascálacha guaiseacha agus líon na gcomhráite sábháilteachta a bhí ar siúl i measc na ceannaireachta. De thoradh air sin, bhí 1,449 comhrá ar fud ár n-earnála i 2020. D'oibríomar lenár gcomhpháirtithe ar fud Ervia le próiseas a fhorbairt maidir le teagmhais a raibh baol mór ag baint leo. Is eachtraí nó teagmhais iad sin a d'fhéadfadh torthaí níos tromchúisí a bheith i gceist leo faoi chúinsí difriúla. Bíonn gach teagmhas agus imeacht, a bhfuil leibhéal ard dóchúlachta ag baint leo, faoi réir imscrúdú mionsonraithe chun an bhunchúis a fháil amach agus bearta coisctheacha a chur i bhfeidhm.

## Eacnamaíocht

Chun tacú le fás sóisialta agus eacnamaíoch na hÉireann, trí infheistíocht chuí i seirbhísí uisce táimid tiomanta ar an timpeallacht a chosaint inár gcuid gníomhaíochtaí go léir.

Tá sé mar aidhm ag infheistíochtaí caipitil leanúnacha inár mbonneagar feabhas a chur ar sholáthar uisce óil, ár n-uiscebhealaí a chosaint agus tacú leis an ngeilleagar. Tiomanta do luach comhroinnte a chruthú do mhuintir na hÉireann; leanfaimid orainn de bheith ag tacú leis an bhfás eacnamaíoch agus leis an bhforbairt spásúil, rud a chruthóimid amach anseo sna líonraí uisce agus fuíolluisce agus muid ag cur le caighdeán an tsoláthair, ag caomhnú acmhainní uisce agus ag cur leis an teacht aniar atá ionainn.

Tá Uisce Éireann ag obair go dian ar roinnt clár éifeachtachta agus éifeachtúlachta chun seirbhísí den chéad scoth a chur ar fáil dár gcustaiméirí. Táimid dírithe ar cháilíocht soláthair, ár bhfreagrúlacht dár gcustaiméirí, agus ar an taithí a bhíonn ag custaiméirí nuair a dhéanann siad teagmháil linn, a fheabhsú.






Táimid tiomanta do thrédhearcacht a mhéadú maidir le soláthar seirbhísí uisce poiblí. Leanfaimid ag obair de réir ár riachtanais reachtúla, lena n-áirítear comhairliúcháin phleanála agus poiblí, rialuithe praghsanna rialáilte, riachtanais chistithe agus pleananna agus straitéisí gnó. Anuas air sin, déanfaimid teagmháil rialta réamhghníomhach le réimse leathan grúpaí pobail, comhshaoil, gnó agus leasanna agus lena n-ionadaithe tofa, agus téimid i gcomhairle leo. Leanfaimid orainn cumarsáid dhá bhealach réamhghníomhach a dhéanamh leis na páirtithe leasmhara cuí uile agus muid ag iarraidh a bheith mar cheannaire in Éirinn ó thaobh bonneagair agus seirbhísí a sholáthar.

I measc na mbeart a glacadh i 2020 le hinbhuanaitheacht seirbhísí uisce a fheabhsú bhí na cinn seo a leanas:

- Teagmháil le páirtithe seachtracha leasmhara ar thionscnaimh le hinbhuanaitheacht seirbhísí uisce a fheabhsú.
- Creat straitéise inbhuanaitheachta a fhorbairt.
- Feasacht ar inbhuanaitheacht laistigh d'Uisce Éireann a mhéadú.
- Tionscnaimh straitéiseacha a chur ar bun in éineacht le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann le héifeachtúlacht fuinnimh a dhaingniú inár ngnó agus le go mbeidh scileanna breise ag ár bhfostaithe agus ár gconraitheoirí.
- Ár n-ídiú fuinnimh a dhícharbónú, lena n-áirítear foinsí in-athnuaite fuinnimh gréine a shuiteáil.
- Samhail rialachais fuinnimh a chur chun feidhme, trí úsáid a bhaint as cur chuige bainistíochta sócmhainní atá ailínithe le ISO 5000.
- Tá tionscadail éifeachtúlachta fuinnimh á gcur i bhfeidhm againn ar fud ár n-oibríochtaí, lena n-áirítear caidéalú, aerú, fuinneamh in-athnuaite, soilsiú agus téamh.
- Bearta cosanta agus feabhsaithe bithéagsúlachta a chur i bhfeidhm ar ár sócmhainní.
- Feachtas feasachta faoi uisce a chaomhnú.
- Straitéis um maolú agus oiriúnú i gcoinne an athraithe aeráide a fhorbairt.
- Múnla ciorclach geilleagair a chur chun cinn dár slodaí.
- Páirt a ghlacadh i ngrúpaí acmhainne dramhaíola i gcomhar leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide.
- Straitéis bainistithe dramhaíola a chur ar bun.

Ar na príomhaidhmeanna atá pleanáilte do 2021 tá:

- Straitéis inbhuanaitheachta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm i gcomhréir le Plean Gníomhaithe an Rialtais ar son na hAeráide agus Spriocanna um Fhorbairt Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe.
- Ár Straitéis Fuinnimh Inbhhuanaithe a chur i bhfeidhm i gcónaí.
- Ár straitéis um athrú aeráide a chur chun feidhme agus a chur in iúl.
- Treochlár maidir le neodracht carbóin a fhorbairt.
- Feabhsú in éifeachtúlacht fuinnimh agus fuinneamh in-athnuaite lenár n-ídiú fuinnimh a dhícharbónú i gcónaí.
- Éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú trínár bpróisis agus ionaid atá neamhéifeachtúil a uasghrádú agus a athsholáthar.
- Bithéagsúlacht inár sócmhainní a chosaint agus a fheabhsú i gcónaí.
- Ár nDearadh Éifeachtúlachta Fuinnimh a dhaingniú i gcónaí inár ngníomhaíochtaí i gcomhar le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann.
- Straitéis chun dramhaíl a bhainistiú a chur i bhfeidhm, agus béim á leagan ar gheilleagar ciorclach.



# Tuairiscí Rialachais



# Bord Ervia



## Tony Keohane (Cathaoirleach)

Ceaptha: 5 Iúil 2016
Téarma oifige: 5 bliana



## Chris Banks

Ceaptha: 5 Iúil 2016
Téarma oifige: 5 bliana



## Fred Barry

Ceaptha: 10 Eanáir 2020
(arna cheapadh roimhe sin 5 Iúil 2016).
Téarma oifige: 4 bliana



## Celine Fitzgerald

Ceaptha:  20 Eanáir 2020
(arna cheapadh roimhe seo 20 Eanáir, 2015): 5 bliana



## Keith Harris

Ceaptha: 5 Iúil 2019
(arna cheapadh roimhe sin 5 Iúil 2016).
Téarma oifige: 4 bliana



## Sean Hogan

Ceaptha: 10 Eanáir 2020
(arna cheapadh roimhe seo 20 Eanáir, 2015): 4 bliana



## Mari Hurley

Ceaptha: 12 Meitheamh 2018
(arna cheapadh roimhe seo 11 Meitheamh, 2013): 5 bliana



## Finbarr Kennelly

Ceaptha: 12 Nollaig 2017
(arna cheapadh roimhe seo 11 Nollaig, 2012): 5 bliana



## Joe O'Flynn

Ceaptha: 10 Iúil 2018
arna cheapadh roimhe seo in Eanáir 2015, i Samhain 2013 agus i Nollaig 2008).
Téarma oifige: 3 bliana



## Cathal Marley

Ceaptha: 10 Lúnasa 2020
Téarma oifige: 5 bliana

# Bord Uisce Éireann





## Cathal Marley (Cathaoirleach)

Ceaptha: 1 Nollaig 2016
Téarma oifige: 5 bliana

Gairm: Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Ghrúpa Ervia a raibh ról Phríomhoifigeach Airgeadais Ghrúpa Ervia aige roimhe sin. Tháinig sé isteach in Ervia in 2016 agus tá sé ag obair le 20 bliain san earnáil fuinnimh i réimsí éagsúla, bonneagar, leictreachais, gáis agus uisce san áireamh. Agus é tar éis a bheith ag feidhmiú i roinnt róil shinsearacha in eagraíochtaí móra in Éirinn agus in Oirthear na hEorpa, tugann sé taithí chuimsitheach tráchtála agus tiomsaithe airgid leis chuig Ervia. Ánra de chuid Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn is ea é agus tá MBA aige ó Scoil Ghnó Michael Smurfit UCD. Fónann Cathal ar Údarás Ceannais Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath freisin agus tá sé ina chomhalta de chuid Chomhairle Fhoras Bainistíochta na hÉireann.



## Niall Gleeson

Ceaptha: 6 Lúnasa 2019
Téarma oifige: 5 bliana

Gairm: Tháinig Niall Gleeson, Stiúrthóir Bainistíochta Uisce Éireann, chun na heagraíochta i mí Lúnasa 2019. Roimhe sin, bhí sé ag obair le Shanahan Engineering, mar a raibh sé ina Stiúrthóir Sinsearach, agus bhí sé lonnaithe i Hong Cong. Roimhe sin, bhí Niall ina Stiúrthóir Bainistíochta ar Veolia Ireland. Thóg Veolia Ireland 30 ionad cóireála uisce agus fuíolluisce agus déanann sé iad a oibriú faoi láthair thar ceann Uisce Éireann agus cliaint eile. Chomh maith leis sin, bhí sé ina Stiúrthóir Bainistíochta ar Alstom Teoranta, mar a raibh sé freagrach as cothabháil a dhéanamh ar chóras iarnróid éadrom Luas Bhaile Átha Cliath. Tá taithí innealtóireachta, saineolas gnó, agus taithí ceannasaíochta agus oibre foirne as cuimse ag Niall, agus tugann sé na buanna sin go léir leis chuig Uisce Éireann. Tá céim san innealtóireacht aige ó Institiúid Teicneolaíochta BÁC, Sráid Bolton.



## Eamon Gallen

Athcheaptha: 6 Lúnasa 2019
(arna cheapadh roimhe seo 1 Deireadh Fómhair 2018)
Téarma oifige: 5 bliana

Gairm: Bainisteoir Ginearálta ar Uisce Éireann, i ndiaidh dó a bheith ina Stiúrthóir Gníomhach Bainisteoireachta ar Uisce Éireann ó Dheireadh Fómhair 2018 go dtí Lúnasa 2019 agus ina Cheann ar Oibríochtaí Custaiméirí in Uisce Éireann. Tháinig Eamon chuig Ervia i 2004 agus sular thug sé faoi na róil in Uisce Éireann, bhí sé ina Phríomhoifigeach Faisnéise ar Ervia. Bhí róil shinsearacha bhainistíochta ar chláir aige, an clár chun Uisce Éireann a bhunú ar cheann acu. Tá céim onóracha CIMA agus MBA ó Choláiste na hOllscoile Corcaigh ag Eamon, agus is Stiúrthóir Cairte cáilithe é.



## Brendan Murphy

Athcheaptha: 1 Samhain 2018
Nollaig 2017 (ceaptha roimhe seo i Samhain 2017 agus i Nollaig 2014)
Téarma oifige: 3 bliana

Gairm: Roimhe sin, bhí sé ina Stiúrthóir Theicneolaíocht an Airgeadais agus Riosca le Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, agus roimhe sin arís ina Chisteoir Grúpa le Bord Soláthair an Leictreachais. Cuntasóir Cairte is ea Brendan agus tá sé ina Chomhalta de Chumann na gCisteoirí Corparáideacha sa Ríocht Aontaithe.



## Yvonne Harris

Ceaptha: 26 Meán Fómhair 2019
Téarma oifige: 3 bliana

Gairm: Ceann ar Oibríochtaí Custaiméirí in Uisce Éireann ó Mhárta 2018 i leith. Bhí poist shinsearacha bainistíochta ag Yvonne roimhe sin in Uisce Éireann, agus roimhe sin in Ervia. Tá níos mó ná 30 bliain de thaithí aici in earnáil na bhfóntas agus í freagrach as go leor cláir bhunathraithe ar mhórscála a chur i gcrích in earnáil na teicneolaíochta faisnéise agus earnáil an ghnó, bunú Uisce Éireann ar cheann acu. Tá Baitsiléir sa Staidéar Gnó agus Máistreacht sa Chleachtas Gnó aici.



## Maria O'Dwyer

Ceaptha an 26 Meán Fómhair 2019
Téarma oifige: 3 bliana

Gairm: Bhí róil éagsúla aici sa bhainistíocht shinsearach ag Maria i Líonraí Gáis Éireann agus in uisce Éireann. Tá Maria ina hInnealtóir Cairte de chuid Innealtóirí na hÉireann agus tá breis agus 20 bliain de thaithí aici in earnáil na hinnealtóireachta agus na bhfóntas. Tá Céim Baitsiléara san Innealtóireacht Leictreonach aici agus Máistreacht san Eolaíocht Innealtóireachta ó Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath.

# Tuarascáil an Bhoird



## An Ráiteas Rialachais

Tá Tuarascáil an Bhoird á cur i láthair ag Bord Stiúrthóirí Uisce Éireann (“an Bord”) don bhliain airgeadais dar chríoch an 31 2020 Nollaig. Rinneadh Uisce Éireann (“an Chuideachta”) a chorprú i mí Iúil 2013 mar chuideachta phríobháideach de bhun an Achta um Sheirbhísí Uisce 2013 (agus Acht na gCuideachtaí 2014). Déanann Uisce Éireann seirbhísí uisce agus fuíolluisce na 31 Údarás Áitiúil a chónascadh le chéile faoi aon soláthraí seirbhísí náisiúnta amháin.

Is fochuideachta de chuid Ervia é Uisce Éireann (‘an Grúpa’). Bíodh sin mar atá, mar gheall ar struchtúr úinéireachta na scaireanna atá in Uisce Éireann, ní dhéanann Uisce Éireann an sainmhíniú le haghaidh fochuideachtaí chun críche cuntasaíochta a chomhlíonadh faoi láthair, agus ar an ábhar sin, ní dhéantar Uisce Éireann a chomhdhlúthú i ráitis airgeadais Ervia. Tá Ervia tar éis struchtúr Boird aonadach a ghlacadh chuige féin, agus is é an Bord seo atá iomlán freagrach as rialachas Ervia agus a fhochuideachtaí. Tá coistí cuí i bhfeidhm ag leibhéal an Ghrúpa, a bhíonn ag feidhmiú i ndáil leis an ngrúpa ina iomláine. Ó thaobh an rialachais de, déanann Bord Uisce Éireann agus Bord Ervia araon maoirseacht ar ábhair a bhaineann le Uisce Éireann.

Tá sé de cheanglas ar Uisce Éireann, mar fhochuideachta de chuid Ervia, an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ("An Cód") a chomhlíonadh. Tá an Bord freagrach a dhéanamh cinnte go ndéantar an Cód a chomhlíonadh, agus is deimhin leis an mBord go bhfuil riachtanais infheidhme an Chóid á gcomhlíonadh ag an gCuideachta i rith na bliana ar a bhfuil athbhreithniú á dhéanamh. De réir foráil 1.9 de na Riachtanais um Thuairisciú Gnó agus Airgeadais arna leagan amach sa Chód, cuireann Uisce Éireann tuarascálacha ar fáil d'Ervia agus don Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta ("an tAire") maidir lena ghéilliúlacht don Chód.

Tá Uisce Éireann faoi réir fhorálacha Acht na gCuideachtaí 2014. Chun sonraí a fháil faoin bpríomhreachtaíocht faoina n-oibríonn Ervia agus a chuid fochuideachtaí agus chun féachaint ar na príomhcháipéisí atá mar bhonn do struchtúr corparáideach Ervia, féach ar www.ervia.ie.

## Ráiteas Comhlíontachta na Stiúrthóirí

Déanann an Bord a dhearbhú gurb é an Bord atá freagrach as a dhéanamh cinnte de go bhfuil a cuid oibleagáidí ábhartha de réir Alt 225 in Acht na gCuideachtaí 2014 á gcomhlíonadh ag an gCuideachta.

Tá an Bord den tuairim go bhfuil na beartais, struchtúir agus socruithe atá i bhfeidhm ag an gCuideachta oiriúnach chun cur ar chumas na Cuideachta, a hoibleagáidí bainteacha a chomhlíonadh go hábhartha. Tá “oibleagáidí bainteacha” na Cuideachta sainaitheanta sa Ráiteas Beartais um Chomhlíontacht agus sa Mhaitrís Chomhlíontachta ghaolmhar, ina n-aithnítear na príomhghníomhaíochtaí agus seiceálacha nach mór a bheith i bhfeidhm. Tá an Ráiteas Beartais um Chomhlíontacht seo curtha in iúl do bhainisteoirí sinsearacha uile na Cuideachta chun comhlíonadh leanúnach agus láidir a chinntiú. Rinne an Bord athbhreithniú i lár agus ag deireadh na bliana airgeadais ar na socruithe agus struchtúir a bhí ann don bhliain 2020 chun a chinntiú go raibh an Chuideachta ag comhlíonadh a hoibleagáidí bainteacha go hábhartha.

Próiseas dinimiciúil is ea an comhlíonadh a mbíonn an-chuid beartas agus nósanna imeachta mar chuid de, chomh maith le tiomantas ón mBord agus ón mbainistíocht shinsearach, chomh maith le tacaíocht ó na fostaithe, na conraitheoirí agus na gníomhairí go léir. Is gá na gnéithe sin go léir a bheith ann ionas go mbeidh éifeacht leis an mbeartas. Tá an Bord tiomanta do thimpeallacht a chothú ag leibhéal an Bhoird agus ar fud na Cuideachta, ina n-ardófar feasacht ar aidhmeanna an Ráitis Bheartais um Chomhlíontacht, ina léireofar meas air agus ina chuirfear a aidhmeanna chun cinn.

## Ról agus Freagrachtaí an Bhoird

Is é an ról atá ag an mBord ceannasaíocht agus treorú a thabhairt don Chuideachta laistigh de chreat rialaithe stuama éifeachtúil, a éascaíonn measúnú agus bainistiú riosca, agus a shásaíonn an Bord, le dearbhú réasúnta, gur leor na rialuithe sin le go gcomhlíonfaidh an Chuideachta na hoibleagáidí reachtúla agus rialachais.

Leagtar amach i gCreat Rialachais Ervia an sceideal foirmiúil de na hábhair atá forchoimeádta do Bhord Uisce Éireann.

Sceideal na n-ábhar atá forchoimeádta do Bhord Uisce Éireann

- Faomhadh na Tuarascála Bliantúla agus Ráiteas Airgeadas.
- Plean Gnó Bliantúil.
- Buiséad Bliantúil.
- Polasaí Bainistíochta Riosca Ervia a bhreithniú agus a ghlacadh, sa mhéid go mbaineann sé le hUisce Éireann.
- Séala na cuideachta a ghreamú de dhoiciméid.
- Athbhreithniú agus faomhadh an Pholasaí agus na Nósanna Imeachta Sábháilteachta.
- Doiciméid thábhachtacha beartais a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo a eisiúint le haghaidh comhairliúcháin.
- Aighneachtaí foirmiúla chuig na húdaráis Rialála i ndáil le rialú praghsanna.

Ábhair pléite ag Bord Uisce Éireann le linn 2020

- COVID-19 conarthaí/straitéis éilimh.
- Nuashonruithe míosúla ar phaindéim COVID-19.
- Tionscadail chriticiúla a sheachadadh go sábháilte le linn phaindéim COVID-19.
- Cistiú spreagtha.
- Faomhadh saoráidí creidmheasa imrothlaigh le hinstitiúidí creidmheasa.
- Faomhadh Tuarascála Bliantúla agus Ráiteas Airgeadais 2019 agus na ráiteas airgeadais eatramhach neamhiniúchta.
- Plean Maoinithe Straitéisigh Uisce Éireann 2020-2024.
- Buiséid Bhliantúla a Fhaomhadh.
- Nuashonruithe maidir le héifeachtúlachtaí.
- Faomhadh buiséad le haghaidh cláir chaipitil agus caiteachas caipitiúil.
- Formheas ar thuarascálacha Athbhreithnithe Iarthionscadail.
- Faomhadh an Pholasaí Bainistíochta Riosca Fiontair a bhaineann le hUisce Éireann.
- Athbhreithniú agus plé ar Ráiteas Beartais an Stiúrthóra maidir le Comhlíontacht.
- Athbhreithniú ar an bPlean Straitéiseach do Sheirbhísí Uisce.
- An chéad chéim (creatphlean) den Phlean Náisiúnta Acmhainní Uisce a fhormheas le haghaidh comhairliúcháin.
- Nuashonrú ráithiúil ar an bhfeidhmíocht maidir le sceitheadh uisce a laghdú.

## Tuarascáil an Bhoird (ar lean)



# Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí don Tuarascáil Bhliantúil agus do na Ráitis Airgeadais

Tá an Bord freagrach as Tuarascáil na Stiúrthóirí agus na ráitis airgeadais a ullmhú de réir Acht na gCuideachtaí 2014 agus na rialachán is infheidhme. Tá na Stiúrthóirí freagrach as cothabháil agus sláine na faisnéise corparáidí agus airgeadais atá ar shuíomh gréasáin na Cuideachta www.water.ie. Tá an reachtaíocht in Éirinn maidir le ullmhúchán agus scaipeadh Ráitis Airgeadais éagsúil ón reachtaíocht i ndlínsí eile.

Ceanglaíonn dlí cuideachtaí na hÉireann ar na Stiúrthóirí ráitis airgeadais a ullmhú maidir le gach uile bhliain airgeadais. Tá cinneadh déanta ag na Stiúrthóirí faoin dlí, na ráitis airgeadais a ullmhú de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais, mar atá glactha ag an Aontas Eorpach ("creat ábhartha um thuairisciú airgeadais"). Faoi dhlí na gcuideachtaí, níl cead ag na stiúrthóirí na ráitis airgeadais a fhaomhadh go dtí go bhfuil siad sásta go dtugann siad léargas ceart agus cóir ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais na Cuideachta amhail ar dháta dheireadh na bliana airgeadais, agus ar bhrabús nó caillteanas na Cuideachta sa bhliain airgeadais, agus go gcloíonn siad ar gach bealach eile le Acht na gCuideachtaí 2014.

Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, tá sé de dhualgas ar na Stiúrthóirí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú don Chuideachta agus iad a chur i bhfeidhm go seasta;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá stuama réasúnta;
- - a lua cé acu ar ullmhaíodh nó nár ullmhaíodh na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme, na caighdeáin sin a aithint, agus aird a thabhairt ar chúiseanna imeachta ábhartha ar bith ó na caighdeáin sin agus aon tionchar gaolmhar a bhí aige; agus
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin má tá sé míchuí glacadh leis go leanfaidh an Chuideachta i mbun gnó.

Tá na Stiúrthóirí freagrach as a chinntiú go gcoinníonn an Chuideachta taifid chuntasaíochta leordhóthanacha nó go gcoinnítear ar a son iad, ina mínítear agus ina dtaifeadtar idirbhearta na Cuideachta i gceart, agus a ligeann do shócmhainní, dliteanais, staid airgeadais agus brabús/caillteanas na Cuideachta a bheith deimhnithe go réasúnta cruinn, agus a chuireann ar chumas na Cuideachta a chinntiú go gcloíonn na ráitis airgeadais le hAcht na gCuideachtaí 2014, agus a ligeann do na ráitis airgeadais a bheith iniúchta. Tá siad freagrach chomh maith as sócmhainní na Cuideachta a chosaint agus as bearta réasúnta a dhéanamh dá bharr chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

# An Bord in 2020

Is iad Cathal Marley, Niall Gleeson, Eamon Gallen, Yvonne Harris, Brendan Murphy and Maria O'Dwyer Stiúrthóirí na Cuideachta.

Is é Liam O'Riordan Rúnaí na Cuideachta.

## Comhdhéanamh, Ceapachán agus Atoghadh an Bhoird

De réir Mheabhrán agus Airteagail Chomhlachais Uisce Éireann, is é Ervia atá freagrach as comhdhéanamh an Bhoird, faoi réir fhaomhadh an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

De réir Mheabhrán agus Airteagail Chomhlachais Uisce Éireann, tá de chumhacht ag Ervia Stiúrthóirí na Cuideachta a cheapadh agus a bhaint, faoi réir cheadú ón Aire. Ceaptar Stiúrthóirí i gcomhair téarma nach mó ná cúig bliana. Tá atoghadh Stiúrthóirí forchoimeádta do Ervia agus é sin faoi réir chead an Aire.

Tá meascán scileanna agus taithí ag an mBord, agus tá an inniúlacht chuí aige le gur féidir leis dul i ngleic le dúshláin mhóra sa Chuideachta. Is é Cathaoirleach an Bhoird, Tony Keohane, atá i gceannas ar an mBord, agus is eisean atá freagrach as éifeachtacht an Bhoird a chinntiú i ngach gné dá ról. Tá Rúnaí na Cuideachta freagrach as a chinntiú go gcomhlíontar nósanna imeachta an Bhoird agus as comhairle a chur ar an mBord, tríd an gCathaoirleach, faoi chúrsaí rialachais i gcoitinne.

## Ionduchtú agus Forbairt Stiúrthóirí Nua

Chomh luath is a cheaptar iad, faigheann Stiúrthóirí doiciméid mhionsonraithe faisnéise, chomh maith le heolas rialachais, airgeadais agus oibriúcháin. Tá fáil ag Stiúrthóirí ar chláir oiliúna agus déantar athbhreithniú ar riachtanais leanúnacha forbartha Chomhaltaí Boird.

## Luach Saothair, Speansais agus Tinreamh Stiúrthóirí

Níl na Stiúrthóirí i dteideal táillí a fháil. Tá cur síos ar luach saothair Stiúrthóir Feidhmiúcháin Uisce Éireann le fáil i nóta 4 de na ráitis airgeadais. Tá achoimre ar sceideal tinrimh do na cruinnithe Boird a tharla i 2020 thíos.

| Stiúrthóir | Tinreamh an Chruinnithe (Ar freastalaíodh orthu/ Incháilithe) | Táillí mar Stiúrthóir Uisce Éireann le haghaidh 2020 | Speansais mar Stiúrthóir Uisce Éireann 2020 |
|---|---|---|---|
| Cathal Marley (Cathaoirleach) | 15/16 | Nialas | Nialas |
| Eamon Gallen | 16/16 | Nialas | Nialas |
| Niall Gleeson | 16/16 | Nialas | Nialas |
| Yvonne Harris | 16/16 | Nialas | Nialas |
| Brendan Murphy | 15/16 | Nialas | Nialas |
| Maria O'Dwyer | 16/16 | Nialas | Nialas |

## Coistí Boird

Ó thaobh an rialachais de, is iad Bord Uisce Éireann agus Bord Ervia, mar aon leis na coistí a bunaíodh ag leibhéal an Ghrúpa, a dhéanann cúrsaí Uisce Éireann a mhaoirsiú agus a bhainistiú. Comhlíonann Uisce Éireann sainmhíniú cuideachta ábhartha faoi Alt 167 d'Acht na gCuideachtaí 2014. Bunaíodh Coiste Iniúchta agus Riosca Ervia ag leibhéal Ghrúpa Ervia mar thoradh ar an struchtúr Boird aonadach atá glactha ag Ervia, a bhfuil freagracht iomlán aige as rialachas Ervia agus a chuid fochuideachtaí uile.

Tá coistí cuí i bhfeidhm ag Ervia, a bhíonn ag feidhmiú i ndáil leis an nGrúpa ina iomláine, agus mar sin de, níor bunaíodh aon choistí den chineál sin ag leibhéal na Cuideachta. Don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2020, tugadh cuidiú do Bhord Ervia a chuid oibleagáidí a chomhlíonadh ó go ndearnadh róil agus freagrachtaí áirithe a tharmligean do na coistí seo a leanas: an Coiste Iniúchta agus Riosca, an Coiste Infheistíochta/Bonneagair, an Coiste Luacha Saothair agus an Coiste um Thionscadal 23 (leagtar de chúram ar an gcoiste seo maoirseacht a dhéanamh ar dheighilt agus bhunú Uisce Éireann agus Líonra Gáis Éireann mar dhá aonán neamhspleách).

Cabhraíonn na Coistí le Bord Ervia ach breithniú mionsonraithe a dhéanamh ar shaincheisteanna gnó, oibriúcháin, agus airgeadais do Ghrúpa Ervia ina iomláine, agus tuairiscíonn siad don Bhord maidir le moltaí riachtanacha.

Tá tuairisc ón gCoiste Iniúchta agus Riosca Ervia le fáil ar leathanach 74. Tháinig an Coiste Iniúchta agus Riosca le chéile 5 uaire le linn na bliana. Tháinig Coiste Luacha Saothair Ervia le chéile 7 n-uaire le linn na bliana. Tháinig Coiste Infheistíochta/Bonneagair Ervia le chéile 11 uair le linn na bliana. Tháinig Coiste Luacha Saothair Ervia 23 le chéile 6 huaire le linn na bliana.

## Éifeachtúlacht an Bhoird

Tá cothromaíocht chuí scileanna, taithí agus eolais ag an mBord ar an gCuideachta le gur féidir leis a chuid dualgas agus freagrachtaí a chomhlíonadh go héifeachtach. Tá sé mór go leor le déanamh cinnte gur féidir leas a bhaint mar is cuí as an gcothromaíocht scileanna agus an taithí sin agus gur féidir athruithe ar bhallraíocht an Bhoird a láimhseáil gan cur isteach iomarcach a chruthú.

## Caidreamh le Scairshealbhóirí

Tá scair 'A' amháin ag Ervia sa Chuideachta. Tá 325 scair 'B' i seilbh an Aire Airgeadais agus i seilbh an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta araon.

De bharr struchtúr aonadach an Bhoird atá i bhfeidhm i nGrúpa Ervia, éascaítear comhairliúchán gníomhach leanúnach idir Uisce Éireann agus Ervia. Lena hais sin, bíonn an Chuideachta ag obair i gcomhpháirt lena máthair-roinn, an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus leis an Roinn Airgeadais.

# Aon fhaisnéisiú atá Riachtanach de réir an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú

Tá an Bord freagrach as a chinntiú go bhfuil Uisce Éireann tar éis riachtanais an Chóid a chomhlíonadh. Éilíonn an Cód na nochtuithe seo a leanas:

## Anailís ar Shochair Fhostaí

Tá sonraí ar líon na bhfostaithe a bhfuil a sochair fostaí iomlán (gan costais pinsin fostóra agus sochair scoir a chur san áireamh) don bhliain do gach banna de €25,000 ó €50,000 suas leagtha amach thíos.

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| €50,000-€75,000 | 336 | 319 |
| €75,001-€100,000 | 190 | 175 |
| €100,001-€125,000 | 82 | 79 |
| €125,001-€150,000 | 33 | 28 |
| €150,001-€175,000 | 8 | 10 |
| €175,001 agus os a chionn | 10 | 11 |

Nóta: Tá gach sochar fostaí gearrthéarma maidir le seirbhísí a tugadh le linn na tréimhse tuairiscithe ináirithe sa nochtadh thuas. Féach ar Nóta 5 de na Ráitis Airgeadais i gcomhair anailís bhreise ar na sochair éagsúla atá ináirithe.

## Costais Sainchomhairleoireachta

Áirítear le costais sainchomhairloireachta an costas a thabhaítear go díreach ó chomhairle sheachtrach. Is mar seo a leanas a dhéantar costais sainchomhairleoireachta a shainmhíniú: ceapacháin a sholáthróidh seirbhísí intleachtúla nó seirbhísí atá bunaithe ar shaineolas (e.g. anailís agus comhairle ó shaineolaithe) trí thuarascálacha, staidéir, measúnuithe, moltaí, tograí, srl., a chabhróidh le cinnteoireacht nó ceapadh beartas in údarás conraitheoireachta agus é sin ar feadh tréimhse theoranta ama chun tasc ar leith a chur i gcrích. Ní áirítear leo gnáthfheidhmeanna oibre atá á seachfhoinsiú. I gcásanna ina ndéanann Ervia obair sainchomhairleoireachta a chonrú thar ceann Uisce Éireann, ní áirítear an costas bainteach ach i bhfaisnéisiú Uisce Éireann amháin.

| | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|
| Comhairle Dlí | 256 | 314 |
| Comhairle airgeadais | 276 | 840 |
| Feabhsú gnó | 29 | 65 |
| Innealtóireacht | 220 | 300 |
| Eile | 175 | 364 |
| **Costais chomhairliúcháin iomlána** | **956** | **1,883** |
| | | |
| Caipitlithe | 79 | 62 |
| Ráiteas Ioncaim | 877 | 1,821 |
| **Costais chomhairliúcháin iomlána** | **956** | **1,883** |

## Costais Dhlíthiúla agus Socruithe

Cuireann an tábla thíos miondealú ar fáil ar na méideanna a aithníodh mar chaiteachas sa tréimhse thuairiscithe maidir le costais dlí, socruithe agus imeachtaí réitigh agus eadrána. Ní áirítear sa tábla seo caiteachas a bhain le comhairle ghinearálta dlí toisc go n-áirítear é sna costais sainchomhairleoireachta thuas.

| | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|
| Táillí & costais dhlíthiúla | 1,083 | 1,791 |
| Socraíochtaí | 2,770 | 1,713 |
| **Iomlán** | **3,853** | **3,504** |
| Líon cásanna dlí | 34 | 39 |

Nóta 1: Ní chlúdaíonn an nóta nochta seo íocaíochtaí a rinne ár gcuideachta árachais.

Nóta 2: Baineann an líon cásanna le cásanna ar chuir Uisce Éireann féin tús leo nó le himeachtaí dlí a tógadh ina aghaidh seachas imeachtaí árachais.

Nóta 3: Cuimsíonn socraíochtaí 2020 thuas suim €519,998 i ndáil le hábhar dlíthiúil. Bhí ordú ceannaigh éigeantaigh tailte ó Fháilte Éireann i gceist leis. Cinneadh méid na socraíochta a íocadh ar na tailte trí eadráin.

## Caiteachas Taistil agus Cothaithe

Déantar caiteachas taistil agus cothabhála a aicmiú mar seo a leanas:

| | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|
| *Intíre* | | |
| Bord | - | - |
| Fostaí | 1,908 | 3,048 |
| | | |
| *Idirnáisiúnta* | | |
| Bord | - | - |
| Fostaí | 12 | 28 |
| **Iomlán** | **1,920** | **3,076** |

Ba ionann an caiteachas taistil agus cothaithe a bhí ag Stiúrthóirí Uisce Éireann sa bhliain 2020 agus €nialas (2019: €nialas). Meastar gur tabhaíodh caiteachas taistil agus cothaithe a thabhaíonn Stiúrthóirí Uisce Éireann agus iad ag feidhmiú ina gcáil mar fhostaithe.

## Fáilteachas

Cuimsíonn an ráiteas ioncaim an caiteachas fáilteachais seo a leanas:

| | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|
| Fáilteachas na foirne | 3 | 3 |
| Fáilteachas na gcliant | - | - |
| **Iomlán** | **3** | **3** |

# Trédhearcacht

Is eagraíocht oscailte é Uisce Éireann a bhfuil d'aidhm aige a bheith cuntasach agus trédhearcach don phobal. Tá Uisce Éireann tiomanta do thuiscint an phobail a fheabhsú maidir le conas a fheidhmíonn an eagraíocht agus maidir leis an ról atá againn ó thaobh soláthair bonneagair agus seirbhísí tábhachtacha náisiúnta chun tacú le forbairt shóisialta agus eacnamaíocha na hÉireann.

## Nochtaí Cosanta agus Cúis Imní a Léiriú

Tá meicníocht ann ar féidir le fostaithe agus bainisteoirí Uisce Éireann í a úsáid chun cúiseanna imní a chur in iúl, nó chun nochtadh a dhéanamh ar mhaithe leis an bpobal, de réir an Achta um Nochtadh Cosanta 2014, agus tá an mheicníocht seo sonraithe i mBeartas um Nochtadh Cosanta Ghrúpa Ervia. Tá tuilleadh treorach do bhainisteoirí agus d'fhostaithe á leagan amach i gCód Iompair Gnó Ghrúpa Ervia, Beartas Frithchalaoise Ghrúpa Ervia agus Beartas Frith-Bhreabaireachta agus Frith-Éillithe Ghrúpa Ervia. De réir Alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta 2014, éilítear ar Uisce Éireann Tuarascáil Bhliantúil a fhoilsiú a bhaineann le nochtadh cosanta a rinneadh faoin Acht. I gcomhréir leis an éileamh sin, dearbhaíonn Uisce Éireann nach raibh aon nochtadh cosanta le tuairisciú sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020.

## Brústocaireacht a Rialáil

Tá Uisce Éireann cláraithe ar an gclár brústocaireachta arna gcoimeád ag an gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí. I gcomhréir leis na héilimh atá san Acht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015, tá na tuairisceáin a éilítear á ndéanamh do thréimhsí na dtuairisceán i 2020.

# Tuarascáil an Bhoird (ar lean)



## Íocaíochtaí Prasa

Tá rialuithe inmheánacha cuí airgeadais i bhfeidhm laistigh den Chuideachta chun comhlíonadh le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíochtaí Déanacha in Idirbhearta Tráchtála), 2012-2016, a chinntiú. Shínigh an Chuideachta an Cód um Íocaíocht Phras, arna lainseáil ag an Rialtas i 2015, agus de bhun a fhorálacha, geallann sí soláthraithe a íoc in am, treoir shoiléir a thabhairt do sholáthraithe maidir le nósanna imeachta íocaíochta agus na soláthraithe a spreagadh glacadh leis an gcód laistigh dá slabhraí soláthair féin.

## Saoráil Faisnéise

Tá an Chuideachta faoi réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise 2014 ("an tAcht FOI"). Ullmhaíodh agus foilsíodh Scéim Foilsithe Eiseamláir de réir riachtanais Alt 8 an Achta FOI. Is féidir eolas a fháil faoin scéim ar láithreán gréasáin na Cuideachta www.water.ie.

Faoin scéim, foilsíonn an Chuideachta a oiread faisnéise agus is féidir go rialta ar bhealach oscailte inrochtana lasmuigh de Shaoráil Faisnéise (“FOI”), agus prionsabail na hoscailteachta, na trédhearcachta agus na cuntasachta á gcur san áireamh.

## Cosaint Sonraí

Ionas gur féidir le hUisce Éireann seirbhísí uisce a chur ar fáil do chustaiméirí agus ionas gur féidir leis caidreamh a bhunú agus a bhainistiú leis an gcustaiméir sin, is gá d'Uisce Éireann sonraí a bhaineann leis an gcustaiméir a bhailiú agus a úsáid. Tá Uisce Éireann tiomanta do chearta agus príobháideachas a chustaiméirí a chosaint i gcomhréir leis an Dlí Cosanta Sonraí.

## Comhionnanas Inscne, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú

Lean Clár Éagsúlachta agus Ionchuimsithe ibelong de chuid Ervia ag díriú ar phobal oibre dinimiciúil, éagsúil agus cuimsitheach a chruthú le linn 2020, ina mbraitheann fostaithe go bhfuil muintearas acu, agus ar straitéis éagsúlachta agus chuimsithe a neadú laistigh den eagraíocht. Seoladh an clár ar dtús i 2019 d’fhonn éagsúlacht agus cuimsiú san ionad oibre a mhéadú trí straitéis Éagsúlachta agus Ionchuimsithe a chruthú, plean straitéiseach ibelong a chur i bhfeidhm ó 2019-2023, agus sraith méadrachtaí agus tomhas a thabhairt isteach chun dul chun cinn sa réimse sin a rianú.

Déanann an Chomhairle um Éagsúlacht agus um Chuimsiú maoirseacht ar an gclár oibre Éagsúlachta agus Ionchuimsithe ibelong, lena bhfuil ionadaithe fostaithe ón uile leibhéal den eagraíocht agus den urraíocht feidhmiúcháin páirteach. Tugadh an chéad tosaíocht d’éagsúlacht inscne in Ervia, arna thacú le seoladh Líonra na mBan ibelong, an chéad ghrúpa acmhainní fostaithe de chuid Ervia in 2020. Tugadh an tInnéacs Éagsúlachta agus Ionchuimsithe isteach sa Scórchárta Cothrom i 2020 agus moladh méadracht bhreise maidir le hoiliúint i gClaontachtaí Neamh-chomhfhiosacha agus maidir le deireadh a chur le gearrliostaí iarrthóirí aonghnéis sa phróiseas earcaíochta agus roghnúcháin. I measc na mbuaicphointí eile i 2020 bhí dhá ghrúpa eile fostaithe, an Líonra ibelong Rainbow, agus an Líonra Teaghlaigh ibelong. Mar thoradh ar athbhreithniú ar bhuanna ban ar gach leibhéal den eagraíocht cruthaíodh agus seoladh Clár Forbartha na mBan. Ina theannta sin, rinneadh athbhreithniú ar bheartais Acmhainní Daonna Ervia d’fhonn ár mbeartas a fheabhsú ó thaobh na hÉagsúlachta agus an Ionchuimsithe de i 2021 agus 2022. Fuair an clár ibelong Gradam Cumarsáide Idirnáisiúnta Domhanda 2020 le haghaidh Barr Feabhais i Rannpháirtíocht na bhFostaithe.

# Ráiteas ar an gCóras Rialaithe Inmheánach

## Scóip na Freagrachta

Aithníonn an Bord an fhreagracht atá air a chinntiú go gcoinneofaí agus go ndéanfaí córas éifeachtach rialaithe inmheánach a chur i bhfeidhm.

## Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh deartha le riosca a bhainistiú ionas go mbeidh sé ar leibhéal infhulaingthe seachas fáil réidh leis, agus níl ann ach cinnteacht réasúnta seachas iomlán go gcosnaítear sócmhainní, go bhfuil idirbhearta ceadaithe agus go gcoimeádtar cuntas ceart díobh agus go n-aithnítear nó go stoptar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha i dtréimhse ghairid ama.

Bhí an córas rialaithe inmheánaigh, atá i gcomhréir leis an treoir a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm in Uisce Éireann don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2020 agus bhí sin amhlaidh go dtí an dáta ar faomhadh na ráitis airgeadais.

## Bainistíocht Riosca

Tá dualgas ar fhostaithe uile Uisce Éireann as bainistiú éifeachtach riosca a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear córais rialaithe inmheánacha Uisce Éireann a dhearadh, a oibriú agus monatóireacht a dhéanamh orthu. Is é POF an Ghrúpa an feidhmeannach freagrach a bhfuil an fhreagracht deiridh aige. Tarmligean POF an Ghrúpa róil shoiléire agus freagrachtaí soiléire ar a Fhoireann Feidhmiúcháin agus na daoine faoina stiúir maidir le bainistiú riosca agus le cinntiú go bhfuil córais rialaithe inmheánacha ag feidhmiú go héifeachtúil.

### Timpeallacht Riosca agus Rialaithe

Cinntíonn an Bord go bhfuil córais rialaithe inmheánaigh agus bainistíochta riosca i bhfeidhm ag an gCuideachta trí úsáid a bhaint as na struchtúir agus na córais seo a leanas:

### Coiste Iniúchta agus Riosca

Tá Ervia tar éis struchtúr Boird aonadach a ghlacadh chuige féin, agus is é an Bord seo atá freagrach as rialachas Ervia agus a fhochuideachtaí sa deireadh, lena n-áirítear Uisce Éireann. Tá coistí cuí i bhfeidhm ag leibhéal Ervia Group, a bhíonn ag feidhmiú i ndáil leis an ngrúpa ina iomláine.

Tá Coiste Iniúchta agus Riosca (an "CIR") ag Ervia ar a bhfuil 4 chomhalta neamhfheidhmiúcháin Boird a bhfuil an saineolas riachtanach acu don ról. Ar bhonn "eisceachtaí amháin", cuireann an CIR Bord Uisce Éireann ar an eolas faoi aon cheisteanna a thagann aníos le linn dó a bheith ag athbhreithniú ráiteas airgeadais de chuid Uisce Éireann, i gcás go mbaineann na cúrsaí sin le faomhadh na Ráiteas Airgeadais de chuid Uisce Éireann. Ó thaobh an rialachais de, déanann Bord Uisce Éireann agus Bord Ervia araon maoirseacht ar ábhair a bhaineann le Uisce Éireann.

Déanann an CIR maoirseacht ar an timpeallacht riosca agus rialaithe thar ceann Bhord Ervia agus tá sé freagrach as a bheith ag cuidiú le Bord Ervia a chuid freagrachtaí a chomhlíonadh faoi mar a bhaineann siad leis an réimse seo. Gach ráithe, déanann an CIR athbhreithniú substainteach ar son Bhord Ervia ar Chlár Riosca Ervia arna ullmhú ag na bainisteoirí, a n-áirítear leis rioscaí a bhaineann le hUisce Éireann, agus cinntíonn an t-athbhreithniú seo maoirseacht na bpríomhrioscaí agus breithniú éifeachtúlacht ar fhreagairtí na mbainisteoirí do na cúiseanna neamhchosanta ar riosca is mó a gcaithfidh Grúpa Ervia dul i ngleic leo. Chomh maith leis sin, déanann an CIR athbhreithniú ar shláine iomlán an chórais bainistíochta riosca, lena n-áirítear éifeacht na bhfeidhmeanna riosca agus iniúchta inmheánaigh.

### Fóram Dearbhaithe Comhtháite

Tá sé de dhualgas ar Uisce Éireann, faoin gCód, a chinntiú go ndéantar córais éifeachtacha rialaithe inmheánacha a choimeád agus a oibriú. Tá measúnú ar éifeachtúlacht na rialuithe sin de dhíth gach bliain. Chun aghaidh a thabhairt ar an riachtanas sin, d'fhorbair Grúpa Ervia an Fóram Dearbhaithe Comhtháite ("FDC"), a thuairiscíonn chuig Príomhoifigeach Airgeadais an Ghrúpa.

Tagann an FDC le chéile gach ráithe lena dheimhniú go gcomhordaítear gach gníomhaíocht dearbhaithe agus aontú riachtanach, agus go dtugtar fianaise maidir leo, ar bhealach struchtúrtha. Déanann an FDC a dhearbhú don Bhord cé acu an bhfuil na rialuithe éifeachtach nó nach bhfuil. Bíonn sin ar siúl sa deireadh, ag deireadh na bliana. Tugann próisis an FDC, chomh maith le roinnt mhaith gníomhaíochtaí eile rialachais, riosca agus rialaithe ar fud Ghrúpa Ervia, tacaíocht don Bhord Ráiteas Chóras na Rialuithe Inmheánacha a chomhaontú.

Déanann an creat don Fhóram Dearbhaithe Comhtháite gníomhaíochtaí uile árachais na heagraíochta a chomhdhlúthú agus a chomhordú, ar shlí struchtúrtha, agus an múnla “Trí Líne Cosanta” á leanúint. Déantar cinnte leis sin go ndéanann Uisce Éireann maoirseacht ar riosca agus rialachas agus rialú rioscaí agus rialachais a uasmhéadú, chun acmhainneacht eagraíochtúil a láidriú. Cloítear leis an dea-chleachtas is fearr chun freastal ar a bhfuil ann d'oibleagáidí comhlíontachta agus de cheanglais rialachais. Cuirtear an CIR ar an eolas maidir le torthaí an FDC gach ráithe.

# Tuarascáil an Bhoird (ar lean)



## Iniúchadh Inmheánach

Tá feidhmeannas Iniúchta Inmheánaigh seanbhunaithe in Ervia, a bhfuil acmhainní leordhóthanacha faoina lámh agus a thugann faoi chlár oibre arna chomhaontú leis an CIR don Ghrúpa ar fad, lena n-áirítear Uisce Éireann. Tuairiscíonn Ceann Ghrúpa Iniúchadh Inmheánaigh díreach don ARC agus don Phríomhoifigeach Airgeadais Grúpa.

Déanann feidhmeannas an Iniúchta Inmheánaigh cur chuige córasach righin a chur ar fáil le rialachas, bainistíocht riosca agus rialú inmheánach an Ghrúpa, Uisce Éireann san áireamh, a mheas agus a fheabhsú.

Go háirithe, déanann an fheidhm Iniúchta Inmheánaigh:

- Neamhchosaint a mheas faoi mar a bhaineann sin le cuspóirí straitéiseacha an Ghrúpa, Uisce Éireann san áireamh, a bhaint amach.
- Na córais a mheas a bunaíodh lena chinntiú go ndéanfar beartais, pleananna, nósanna imeachta, dlíthe agus rialacháin a chomhlíonadh.
- Slite le sócmhainní a chosaint a mheas.
- Monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht na bpróiseas bainistíochta riosca agus na próisis sin a mheas.
- Seirbhísí comhairleacha a chur ar fáil faoi mar is cuí a bhaineann le rialachas, bainistíocht riosca agus rialú.

## Feidhm Bainistíochta Riosca

Tá feidhmeannas Bainistíochta Riosca seanbhunaithe in Ervia freisin, a bhfuil na hacmhainní leordhóthanacha faoina lámh agus atá freagrach as dearadh agus cur i bhfeidhm Creat Riosca Fiontair, agus as a chinntiú go bhfuil taithí agus scileanna bainistíochta riosca leordhóthanacha ar fáil ar fud an Ghrúpa, Uisce Éireann san áireamh. Tuairiscíonn an Ceann Ghrúpa Bainistithe Riosca go díreach do Phríomhoifigeach Airgeadais an Ghrúpa agus freastalaíonn sé ar gach cruinniú CIR. Ina theannta sin, bíonn cruinniú ráithiúil ag an gCoiste Bainistíochta Riosca Grúpa, faoi chathaoirleacht Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin an Ghrúpa.

Déanann an feidhmeannas Bainistíochta Riosca na rudaí seo a leanas go háirithe:

- Cinntíonn sé go bhfuil próisis agus maoirseacht leordhóthanach chomhsheasmhach i bhfeidhm chun tomhas, bainistíocht, monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar na príomhrioscaí ar a bhfuil Uisce Éireann nochta.
- Cinntíonn sé go leantar ar aghaidh leis an maoirseacht agus go ndéantar measúnú ar phróifíl riosca Uisce Éireann lena n-áirítear príomhrioscaí, rioscaí atá ag teacht chun cinn agus ag éirí níos coitianta agus rioscaí a mbeadh tionchar mór acu ach féidearthacht bheag go dtarlóidís, lena n-áirítear cur síos ar na rioscaí seo agus ar na bearta nó na straitéisí cuí maolaithe agus an éifeacht a bhíonn leo.
- Déanann sé cultúr oiriúnach bainistíocht riosca a dhaingniú.

## Gnéithe den Timpeallacht Rialaithe

Chomh maith leis na struchtúir is tábhachtaí a luaitear thuas, tá timpeallacht rialaithe ar bun in Uisce Éireann, agus tá na gnéithe seo a leanas ann:

- Freagracht ar bhainistíocht ag gach leibhéal Uisce Éireann agus Ervia as rialú inmheánach agus bainistíocht riosca ar a bhfeidhmeanna gnó faoi seach.
- Creat um Rialachas Corparáideach a chuimsíonn rialú airgeadais agus measúnú riosca. Is iad na bainisteoirí in Ervia agus Uisce Éireann agus feidhmeannais Iniúchta Inmheánacha agus Bainistíochta Riosca Ervia a dhéanann é seo a mhonatóiriú.
- Struchtúr eagraíochtúil atá leagtha amach go soiléir, agus a bhfuil teorainneacha údaraithe agus meicníochtaí tuairiscithe sainaitheanta ann do leibhéil níos airde bainistíochta agus do Bhord Uisce Éireann, agus do bhainisteoirí agus Bord Ervia chomh maith.
- Sraith chuimsitheach beartas agus nósanna imeachta a bhaineann le rialuithe oibriúcháin agus airgeadais, caiteachas caipitiúil san áireamh. Teastaíonn faomhadh an Bhoird Ervia le haghaidh tionscadail mhóra caipitiúla, agus déanann Coiste Infheistíochta/Bonneagair Ervia dlúthmhonatóireacht orthu ar bhonn leanúnach.
- Próisis bhunaithe chun cineál, fairsinge agus impleachtaí airgeadais na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith i ndán d'Uisce Éireann a aithint agus a mheas, lena n-áirítear fairsinge agus catagóirí a cheapann Uisce Éireann a bheith inghlactha. An chosúlacht go dtarlódh na rioscaí a sainaithníodh a mheas ar cheann de na próisis eile atá ann le rioscaí gnó a shainaithint agus a mheas, agus measúnú a dhéanamh ar chumas Uisce Éireann aon riosca a tharlaíonn a bhainistiú agus a mhaolú trí phleananna agus straitéisí bainteacha.
- Leithscaradh cuí na ndualgas agus doiciméadú na nósanna imeachta agus na rialuithe atá dírithe ar chalaois a chosc agus a bhrath.
- Córas cuimsitheach buiséadaithe agus buiséad bliantúil faoi réir fhaomhadh an Bhoird.
- Córas cuimsitheach de thuairisciú airgeadais.
- Déantar sraith chuimsitheach táscairí ar fhaisnéis bhainistíochta agus táscairí feidhmíochta a chur le chéile gach ráithe, agus ar an mbealach sin is féidir monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn i dtaca le cuspóirí fadtéarmacha agus buiséid bhliantúla, treochtaí a mheasúnú agus gníomh a ghlacadh i gcás difríochtaí.

- Beartais inmheánacha lena gceanglaítear ar gach fostaí gníomhú go hionraic agus na caighdeáin eiticiúla is airde a choinneáil. Cuimsíonn na beartais sin an Cód Iompair Gnó, Beartas Frith-Chalaoise, Beartas um Nochtadh Cosanta agus Beartas Frith-Bhreabaireachta agus Frith-Éillitheachta.
- Clár cuimsitheach frithchalaoise a chuimsíonn beartas frithchalaoise, oiliúint agus cumarsáid agus plean um fhreagairt do chalaois.
- Athbhreithniú córasach ar rialúcháin inmheánacha airgeadais agus oibríochta ag an mBainistíocht Iniúchta Inmheánaigh agus Riosca. Sna hathbhreithnithe sin, leagtar béim ar na réimsí is mó ina bhfuil riosca de réir mar a aithnítear le measúnú riosca.
- Measúnú ar an gcreat rialaithe inmheánaigh ina dtugtar faoi mheasúnú leathan riosca, déantar athbhreithniú ar oibriúchán agus éifeachtúlacht na mbeartas agus na bpróiseas is tábhachtaí, déantar tuairisciú féinmheasúnaithe maidir le rialú inmheánach, tuairisciú míosúil ar fheidhmíocht, agus tacaíonn gníomhaíochtaí ráthaíochta agus de chuid Riosca, Iniúchta Inmheánaigh agus Sheachtraigh leis sin.

Níor cuireadh béim ar aon saincheist ábhartha inár dtimpeallacht rialaithe inmheánaigh i rith 2020.

## Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Tá creat láidir ag Ervia d'fhonn athbhreithniú a dhéanamh ar leorgacht na rialuithe inmheánacha agus monatóireacht a dhéanamh ar a éifeachtaí agus atá siad, lena n-áirítear na rialuithe airgeadais, oibriúcháin, comhlíontachta agus bainistíochta riosca. Tá an Bord sásta go bhfuil an córas rialaithe inmheánaigh atá i bhfeidhm oiriúnach don ghnó.

Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe maidir le nósanna imeachta rialaithe a mhonatóiriú. Maidir leis an monatóireacht agus athbhreithniú ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh i ndáil le hUisce Éireann, is é atá mar bhonn agus taca aige ná obair na mbainisteoirí feidhmiúcháin in Uisce Éireann agus Ervia atá freagrach as forbairt agus cothú an chreata rialaithe inmheánaigh. Cuireann an CIR leis an obair seo, agus déanann siadsan maoirseacht ar obair fheidhmeannas Bainistíochta Riosca Ervia, ar obair Iniúchta Inmheánaigh Ervia, agus ar na ráitis a dhéanann na hIniúchóirí Seachtracha ina litreacha do bhainisteoirí agus/nó i dtuairiscí nach iad. Cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh mar is cuí agus do bhainistíocht agus do Bhord Uisce Éireann, nuair is cuí, go pras.

Tá na gnéithe seo a leanas cuimsithe i monatóireacht leanúnach bhainisteoirí Ervia agus Uisce Éireann:

- Athbhreithniú agus breithniú ar an gclár Iniúchta Inmheánaigh agus breithniú ar a thuarascálacha agus a thorthaí. Déanann an CIR athbhreithniú freisin ar an gclár iniúchta inmheánaigh d'Uisce Éireann.
- Athbhreithniú ar thuairisciú rialta ó Iniúchadh Inmheánach maidir le stádas na timpeallachta rialaithe inmheánaigh in Uisce Éireann agus stádas na saincheisteanna a ardaíodh roimhe sin ina dtuarascálacha féin. Déanann an CIR athbhreithniú ar na tuarascálacha seo freisin.
- Rannpháirtíocht san Fhóram Dearbhaithe Chomhtháite.
- Tuarascálacha á n-ullmhú ag Stiúrthóir Feidhmiúcháin Uisce Éireann maidir le héifeachtúlacht oibriú an chórais rialaithe inmheánaigh, idir airgeadas agus oibriúchán.
- Cruinnithe míosúla le Feidhmeannas Ervia chun cúrsaí airgeadais, riosca, iniúchta inmheánaigh agus oibriúcháin i dtaca le hUisce Éireann a phlé.

Áirítear leis an monatóireacht leanúnach a dhéanann an CIR:

- Athbhreithniú ar thuarascálacha an Fhóraim Dearbhaithe Comhtháite maidir leis an gcóras um rialú inmheánach in Uisce Éireann. Cuirtear seo i bhfeidhm go ráithiúil mar chuid d'athbhreithniú thorthaí an Ghrúpa ón bhFóram Dearbhaithe Comhtháite.
- Athbhreithniú ar thuarascálacha ó iniúchóirí seachtracha, ina bhfuil sonraí faoi aon saincheisteanna ábhartha maidir le rialú airgeadais inmheánach.
- Athbhreithniú agus machnamh ar na tuairiscí ó Stiúrthóir Bainistíochta Uisce Éireann ar éifeachtacht fheidhmiú na gcóras um rialú inmheánach, idir córais airgeadais agus oibriúcháin.

Ar an monatóireacht leanúnach a dhéanann Bord Uisce Éireann, tá na gnéithe seo a leanas:

- Athbhreithniú agus machnamh ar na tuairiscí ó Stiúrthóir Bainistíochta Uisce Éireann ar éifeachtacht fheidhmiú na gcóras um rialú inmheánach, idir córais airgeadais agus oibriúcháin.
- Athbhreithniú ar thuarascálacha ó iniúchóirí seachtracha, ina bhfuil sonraí faoi aon saincheist ábhartha maidir le rialú airgeadais.
- Tá creat láidir ag Ervia d'fhonn athbhreithniú a dhéanamh ar leorgacht na rialuithe inmheánacha agus monatóireacht a dhéanamh ar a éifeachtaí agus atá siad, lena n-áirítear na rialuithe airgeadais, oibriúcháin, comhlíontachta agus bainistíochta riosca.

Tá an Bord sásta go n-oireann an córas rialaithe inmheánaigh atá i bhfeidhm don ghnó.

# Tuarascáil an Bhoird (ar lean)



## Infheistíochtaí agus caiteachas caipitil

Tá córais láidre agus éifeachtacha i bhfeidhm chun a chinntiú, de réir mar is cuí, go gcomhlíontar na prionsabail, riachtanais agus treoirlínte ábhartha sa Chód Caiteachais Phoiblí. Ciallaíonn aistriú gníomhaíochta a bhaineann leis an PSC nuashonraithe (2019) le linn 2020 go mbainfear amach comhlíonadh iomlán na gceanglas breise den PSC nuashonraithe (2019) sa bhliain atá le teacht.

Sonraítear i mBeartas Soláthair Ervia (PD02) na nósanna imeachta a leanfaidh an Grúpa chun tacú le riachtanais soláthair san eagraíocht. Mar gheall ar chur i bhfeidhm PD02, déantar cinnte de go bhfaightear luach ar airgead i gcleachtais soláthair, go gcloítear le dlíthe AE agus Éireannacha a bhaineann le soláthar poiblí, go mbainistítear próisis tairisceana go cuí agus go gcaomhnaítear rialachas agus maoirseacht bhainistíochta ar an bpróiseas soláthair ar fud an Ghrúpa.

Leagann Beartas um Chaiteachas agus um Fhormheas Conarthaí (PD03) de chuid Ervia amach an creat maidir le caiteachas airgeadais agus rialachas conartha, lena n-áirítear an próiseas údaraithe agus leibhéil na n-údarás maidir le caiteachas caipitil agus oibríochtúil in Ervia agus a fochuideachtaí. Ní mór do gach údarú caiteachais cloí le riachtanais Chreatlaigh Rialachais Ervia agus PD03.

Le linn 2020 tugadh faoi athbhreithniú ar an gcreat caiteachais airgeadais agus rialachais conartha lena n-áirítear an próiseas údaraithe. Ina dhiaidh sin feabhsaíodh an creat rialachais chun go mbeadh sé ag teacht leis na prionsabail, lena n-áirítear critéir maidir le luach ar airgead, sa Chód Caiteachais Phoiblí nuashonraithe, arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí na Nollag 2019. Áiríodh leis sin teorainneacha freagrachtaí agus tabhairt isteach struchtúir athbhreithnithe Gheata Formheasa agus ceanglais tuairiscithe chaighdeánaithe. D'fhormheas an Bord an beartas PD03 athbhreithnithe i mí na Nollag 2020.

Tá feidhm ag an gcreat a bhunaítear leis an mbeartas seo ón dáta ar cheadaigh Bord Ervia é. Aithnítear, áfach, go mbeidh idirthréimhse ann ina mbeidh sé riachtanach próisis agus nósanna imeachta nua a fhorbairt agus a chur chun feidhme. Ina theannta sin, soláthrófar oiliúint inmheánach foirne maidir le cur chun feidhme an bheartais athbhreithnithe ar fud an Ghrúpa i 2021.

Chomh maith le ceanglais soláthair náisiúnta agus AE, ní foláir aird a thabhairt ar cheanglais ar bith arna leagan amach ag an gCoimisiún um Rialáil Fóntais (CRU) a chomhlíonadh, chomh maith le ceanglais a bhaineann leis an gcomhshaol agus le pleanáil, agus tosaíochtaí bonneagair.

Úsáidtear modhanna cuí breithmheasa infheistíochta i ndáil le tionscadail chaipitil agus cláir chaipitil d'fhonn cinnteoireacht éifeachtach a éascú.

Bíonn próiseas gealltanas caipitil Uisce Éireann ag feidhmiú ar an mbonn seo a leanas: déanann an chuideachta cead a lorg ón Aire cuí roimh ré as imchlúdach foriomlán na dtiomantas caipitil a dhéanfar sa chéad bhliain airgeadais eile.

Cuirtear conarthaí a bhfuil a luach os cionn €3.5 milliún faoi bhráid Choiste Ceadaithe Conarthaí an Ghrúpa lena n-athbhreithniú go sonrach agus a gceadú. Teastaíonn faomhadh Bhord Ervia agus Bhord Uisce Éireann ó gach caiteachas caipitil a bhfuil luach os cionn €10m aige.

Iarrann Uisce Éireann ceadanna ón Aire sula ndéanann sé aon cheangaltas i leith aon tionscadal aonair caipitil a bhfuil costas €20m nó os a chionn ag baint leis. Cuirtear toilithe ón Aire faoi bhráid na máthairchuideachta agus na ranna rialtais ábhartha eile atá bainteach leis an bpróiseas toilithe don iarratas sonrach. Anuas air sin, cuirtear iarratais ar chead ó Aire faoi bhráid NewERA. Soláthraíonn NewERA comhairle airgeadais agus thráchtála ar leith don Mháthair-roinn sula dtugann Aire cead.

Tugtar an t-eolas is déanaí don Bhord maidir le stádas na dtionscadal agus na gclár caipitil de réir mar a théann siad ar aghaidh, lena n-áirítear an t-eolas is déanaí maidir le cur i bhfeidhm i gcomparáid leis an bplean, sceidil agus cáilíocht. Cuirtear tuairiscí buiséid agus difríochta faoi bhráid an Bhoird chomh maith. Tá cuspóirí ar leith ag gach tionscadal a ndéantar iad a thomhas dá réir. Áirítear le tairiscintí agus conarthaí ina dhiaidh sin Eochairtháscairí Feidhmíochta (ETFanna) a úsáidtear chun feidhmíocht a thomhas le linn thréimhse an tionscadail. Cuirtear athbhreithnithe iarthionscadail agus tuairiscí deiridh airgeadais faoi bhráid Bhoird na bhfochuideachtaí, an Choiste Infheistíochta/Bonneagair de chuid Ervia agus Bhord Ervia lena measúnú. Déanann cruinnithe deiridh tionscadal éascaíocht ar chur chuige 'ceachtanna a foghlaimíodh'. Cuirtear na ceachtanna sin i bhfeidhm maidir le tionscadail atá ann, agus a bheidh ann, ar fud na heagraíochta.

### An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS)

Níl aon ábhar suntasach imní léirithe ag Oifigeach um Chosaint Sonraí Ghrúpa Ervia maidir le gan na riachtanais reachtacha faoi RGCS a chomhlíonadh.

### Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht

Tá athbhreithniú déanta ag an mBord ar éifeachtúlacht chóras na rialuithe inmheánacha go dtí dáta faofa na Ráiteas Airgeadais, lena n-áirítear rialuithe airgeadais, oibríochtúla agus comhlíontachta agus córais bhainistíochta riosca do 2020. Déanfar a chinntiú go mbeidh athbhreithniú mar sin ann le linn 2021. Rinne an CIR athbhreithniú mionsonraithe, agus thuairiscigh siad a gcuid torthaí do Bhord Ervia.

### Tuairisciú ar Rialú Inmheánach

Tá bainistiú á dhéanamh i gcónaí ag Uisce Éireann ar líon mór sócmhainní ag a bhfuil an bonneagar ag dul in aois, sócmhainní a bhfuil an-infheistíocht ar fad uathu. Bíonn dúshláin leanúnacha roimhe ar a bhealach chun spriocanna an phlean gnó a sheachadadh. Lean na príomhnósanna imeachta rialaithe, ar a n-áirítear oibríocht phrótacail na nÚdarás Áitiúil faoi Chomhaontuithe Seirbhíse a dhéanann bainistiú ar na próisis idirghníomhaíochta idir Uisce Éireann agus Údaráis Áitiúla, ag athrú de réir a chéile agus ag forbairt i 2020. Le linn na bliana bhí Uisce Éireann agus na comhpháirtithe ó na hÚdaráis Áitiúla ag obair i dteannta a chéile de réir na gComhaontuithe Seirbhíse atá ann faoi láthair le seirbhísí uisce a sholáthar. Chomh maith leis sin, lean sé ar aghaidh le dul chun cinn a dhéanamh ar phleananna chun an tseirbhís a aistriú go fóntas nua-aimseartha poiblí. Le linn 2020, bhíothas i mbun teagmhála i rith an ama tríd an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre agus comhpháirtithe áirithe, lena n-áirítear Uisce Éireann, bainistíocht na nÚdarás Áitiúil, An Roinn Tithíochta,Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus ceardchumainn éagsúla a dhéanann ionadaíocht ar bhaill fhoirne Sheirbhísí Uisce na nÚdarás Áitiúil.

Beidh an Páipéar Bán um Chlaochlú Seirbhísí Uisce, agus cuspóirí claochlaithe seirbhísí uisce an Rialtais á leagan síos aige, ar an bpríomhthiománaí do 2021 is cúis le rannpháirtíocht athnuaite WRC idir ceardchumainn, Údaráis Áitiúla agus Uisce Éireann a bhfuil sé mar aidhm leis teacht ar chomhaontú maidir le claochlú seirbhísí uisce amach anseo agus aistriú iomlán chuig an bhFóntas Aonair Phoiblí.

Sa ghearrthéarma i 2021, díreofar ar chomhaontú buan bunathraithe ar sheirbhísí uisce a chaibidliú lena bhféadfar seirbhís aontaithe uisce a chumasú, seirbhís chustaiméara den scoth a sholáthar agus ár gcuid uisce a chosaint dár gcustaiméirí. Éascóidh comhaontú claochlaithe den sórt sin na cuspóirí fadtéarmacha atá ag Uisce Éireann na gníomhaíochtaí seirbhísí poiblí uisce uile a bhainistiú agus a rialú go hiomlán faoi dheireadh 2022, chomh maith le tuiscint a fháil ar an ngníomhaíocht shuntasach chlaochlaithe a bheidh ag teastáil ina dhiaidh sin.

Mar chuid dá chreat rialaithe i 2020, ní mór a thabhairt faoi deara gur lean Uisce Éireann de bheith ag brath ar rialuithe áirithe arna n-oibriú ag na hÚdaráis Áitiúla thar a cheann. Le linn do na n-iniúchtaí inmheánacha a bheith á gcur i bhfeidhm in 2020, níor sainaithníodh aon laigí ábhartha sa timpeallacht rialaithe inmheánaigh nach bhfuiltear tar éis déileáil leo nó nach bhfuiltear ag déileáil leo faoi láthair, nó nach bhfuil curtha ar a súile do CIR Ervia i gcaitheamh na bliana.

## Conclúid

### Príomhghníomhaíochtaí agus Forléargas Cuideachta

Tá príomhghníomhaíochtaí na Cuideachta agus forléargas ar an gCuideachta ar fáil i dTuarascáil an Stiúrthóra Bainistíochta ar leathanaigh 8-11.

### Torthaí don Bhliain

Tá torthaí na bliana airgeadais leagtha amach san Athbhreithniú Airgeadais ar leathanaigh 34-38. Is é treoir bheartais an scairshealbhóra nár chóir d'Uisce Éireann díbhinn a íoc; ina ionad sin, ba chóir aon bharrachas óna n-oibríochtaí a athinfheistiú i ndeisiúcháin a chur i bhfeidhm ar an mbonneagar uisce.

### Athbhreithniú Gnó agus Forbairtí sa Todhchaí

Tá tráchtaireachtaí maidir le feidhmíocht sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020, lena n-áirítear eolas faoi fhorbairtí amach anseo, le fáil san Athbhreithniú ar Oibríochtaí ar leathanaigh 40-47. Tá obair an Tionscadail Soiléire ar siúl chun na moltaí ón tuarascáil idirnáisiúnta Uisce na hAlban a chur chun feidhme agus chun tacú le seachadadh an Chláir Infheistíochta Caipitil. Ina theannta sin, tá próiseas foirmiúil chun athruithe a rialú, don Chlár Infheistíochta Caipitil, á mholadh agus á phlé leis an CRU.

# Tuarascáil an Bhoird (ar lean)



## Taifid Chuntasaíochta

Creideann na Stiúrthóirí go bhfuil siad tar éis ceanglais Alt 281 go 285 d'Acht na gCuideachtaí 2014 a chomhlíonadh maidir leis an oibleagáid atá orthu, leabhair chuntais leordhóthanacha a choinneáil agus pearsanra cuntasaíochta a fhostú chuige sin a bhfuil an saineolas cuí acu, chomh maith le hacmhainní leordhóthanacha a chur ar fáil don fheidhmeannas airgeadais. Coimeádtar taifid chuntasaíochta na Cuideachta ag Áras Colvill, 24/26 Sráid Thalbóid, Baile Átha Cliath 1.

## Síntiúis Pholaitiúla

Ní dhearna an Chuideachta aon síntiús polaitiúil i gcaitheamh na bliana airgeadais (2019: Nialas).

## Rioscaí agus Éiginnteachtaí Príomha

Tá an Chuideachta neamhchosanta ar roinnt mhaith rioscaí de bharr castacht rialaithe agus oibriúcháin ár ngnó. Má bhíonn tuiscint againn ar na rioscaí agus na deiseanna féideartha, beidh an Chuideachta in ann cinntí níos eolaí a dhéanamh, agus luach breise a bhaint amach dár gcuid páirtithe leasmhara dá bharr. Pléitear achoimre ar na príomhrioscaí atá roimh an gCuideachta sa Tuarascáil ar Bhainistiú Riosca ar leathanach 28. Féach ar nóta 23 le haghaidh anailís iomlán ar spriocanna, beartais agus neamhchosaint na Cuideachta maidir le bainistiú riosca airgeadais.

## Taighde agus Forbairt

Tá baint ag Uisce Éireann faoi láthair le roinnt mhaith tionscadal nuálach chun modheolaíocht measúnaithe a fhorbairt maidir le hoiriúnú i leith athrú aeráide agus teicnící braiteacha nuálacha le monatóireacht a dhéanamh ar eisilteach trádála. Faightear maoiniú le haghaidh na dtionscadal seo ón gCiste um Nuáil i Seirbhísí Uisce, arna riar ag an gCoimisiún um Rialú Fóntas, agus beidh na tionscadail seo chun tairbhe ár gcustaiméirí, an chomhshaoil agus an gheilleagair.

## Príomhtháscairí Feidhmíochta

Déanann na Stiúrthóirí feidhmíocht a mhonatóiriú trí leas a bhaint as sraith príomhtháscairí feidhmíochta. Déantar plé orthu sin go cuimsitheach ar leathanaigh 25 -27.

## Na Stiúrthóirí agus an Rúnaí agus a gcuid Leasanna

Ní raibh leasanna tairbhiúla ag na Stiúrthóirí aon uair le linn na bliana airgeadais ná ar an 31 Nollaig 2020. Maidir le Stiúrthóirí, níl aon chaidrimh ghnó nó eile acu a d'fhéadfadh tionchar ábhartha a bheith acu, nó a d'fhéadfadh gur chosúil go mbeadh tionchar acu, ar chleachtadh a mbreithiúnais neamhspleáigh.

Nochtann Stiúrthóirí aon leas agus, de réir mar a éilíonn an Cód, ní bhíonn siad páirteach in aon phlé ná cinnteoireacht de chuid an Bhoird áit a bhfuil coinbhleacht ann nó áit a bhfuil leas díreach nó indíreach acu. D'fhonn cloí leis na "Treoirlínte maidir le Conarthaí, Luach Saothair agus Coinníollacha Eile de chuid Príomhfheidhmeannach agus Bainisteoirí Sinsearacha Comhlachtaí Tráchtála Stáit" arna n-eisiúint i Márta 2006, níor tugadh aon luach saothair do na Stiúrthóirí ná don Rúnaí agus iad ag feidhmiú sna róil sin. De réir Alt 1.4 de na Riachtanais um Thuairisciú Gnó agus Airgeadais atá i gceangal leis an gCód, tá cur síos ar luach saothair Stiúrthóir Feidhmiúcháin Uisce Éireann le fáil i nóta 4 de na ráitis airgeadais.

## Acht na gCuideachtaí 2014

De bhun Alt 151 d'Acht na gCuideachtaí 2014, tá Uisce Éireann díolmhaithe ón oibleagáid, na focail "Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe" a úsáid chun cur síos ar chineál na cuideachta ina ainm.

## Ráiteas ar Fhaisnéis Iniúchta Ábhartha

De réir Alt 330 d'Acht na gCuideachtaí 2014, dearbhaíonn na Stiúrthóirí nach bhfuil, chomh fada agus is eol dóibh féin, aon fhaisnéis iniúchta ábhartha nach bhfuil iniúchóirí reachtúla na Cuideachta ar an eolas fúithi, agus go bhfuil na Stiúrthóirí tar éis na bearta uile a chur i gcrích a raibh de dhualgas orthu iad a chur i gcrích mar Stiúrthóirí chun iad féin a chur ar an eolas faoi aon fhaisnéis iniúchta ábhartha agus chun a dhearbhú gur cuireadh an fhaisnéis sin ar a súile d'iniúchóirí reachtúla na Cuideachta.

## Gnóthas Leantach

Tá súil réasúnach ag na Stiúrthóirí go leanfaidh an Chuideachta dá dliteanais a chomhlíonadh de réir mar a bhíonn siad dlite, agus go leanfaidh sí i mbun oibriúcháin go ceann tamall fada. Léiríonn réamhaisnéisí agus réamh-mheastacháin na Cuideachta go gcomhlíonfaidh an Chuideachta a dliteanais de réir mar a bhíonn siad dlite mar thoradh ar mheascán maoinithe/tacaíochta Stáit agus/nó taraifí a ghearrann Uisce Éireann agus/nó iasachtaí tríú páirtí. Dá réir sin, tá an Bord fós ag dul i muinín bhonn an ghnóthais leantaigh maidir le hullmhú ráiteas airgeadais an Ghrúpa. Déan tagairt do nóta 2 de na Ráitis Airgeadais le haghaidh nochtadh mionsonraithe gnóthais leantaigh na Cuideachta.

## Iartheagmhais

Níor tharla eachtraí suntasacha a chuir as don Chuideachta ó dheireadh na bliana airgeadais, seachas mar atá luaite i nóta 28 de na ráiteas airgeadais.

## Iniúchóir Neamhspleách

De réir Alt 17(3) den Acht um Sheirbhísí Uisce 2013, tá an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, le ceadú ón Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil agus ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i ndiaidh táillí atá iníoctha le Deloitte a fhaomhadh chun iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais Uisce Éireann don bhliain 2020. Tar éis toiliú na nAirí a fháil, ceapadh Deloitte Ireland LLP mar iniúchóirí ar Ghrúpa Ervia, lena n-áirítear Uisce Éireann, i mí Lúnasa 2014. Tar éis próiseas tairisceana a chur i gcrích, fuarthas Cead ón Aire ar an 25 Márta 2019 chun Deloitte LLP a cheapadh mar iniúchóir seachtrach don Ghrúpa do na blianta 2019, 2020 agus 2021.

Ar son agus thar ceann Uisce Éireann:

**Cathal Marley**
Cathaoirleach

**Niall Gleeson**
Stiúrthóir

# Tuarascáil an Choiste Iniúchta agus Riosca





**Keith Harris**
*Cathaoirleach an Choiste*

Mar chathaoirleach ar Choiste Iniúchta agus Riosca Ervia, tá áthas orm tuarascáil an Choiste Iniúchta agus Riosca don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2020 a chur faoi bhur mbráid.

De réir an struchtúir boird aonadaigh atá i bhfeidhm in Ervia, tá an Coiste Iniúchta agus Riosca bunaithe ag leibhéal Ghrúpa Ervia agus feidhmíonn sé ar son Ervia agus a fhochuideachtaí ('an Grúpa'). Tugann an tuarascáil seo léargas ar obair an Choiste thar an dá mhí dhéag seo caite agus tugann sí mionsonrú ar an mbealach ar chomhlíon an Coiste a fhreagrachtaí faoina Théarmaí Tagartha agus faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ("An Cód").

Chaith an Coiste go leor ama i gcaitheamh na bliana ar a phríomhfhreagrachtaí maoirseachta a chomhlíonadh, agus leanadar a bheith ag teacht le chéile go cianda trí phaindéim COVID-19. Chuaigh sé i dteagmháil le hardbhainistíocht, iniúchadh inmheánach, bainistíocht riosca agus iniúchóir reachtúil an Ghrúpa ar bhonn rialta. Anuas air sin, d'fhonn a fhreagrachtaí a chomhlíonadh go héifeachtach, thug sé faoi chlár iomlán athbhreithnithe le linn a chruinnithe i rith na bliana. D'fhonn a phríomhfhreagrachtaí maoirseachta a chomhlíonadh, buaileann Cathaoirleach an Choiste leis an ardbhainistíocht, iniúchadh inmheánach, bainistíocht riosca agus iniúchóir reachtúil an Ghrúpa as féin ar bhonn rialta.

## Ról agus freagrachtaí an Choiste Iniúchta agus Riosca

Is é ról an Choiste ná tacú le Ervia i ndáil lena fhreagrachtaí maidir leis na nithe seo a leanas:

- Tuairisciú airgeadais
- Bainistíocht riosca
- Rialuithe Inmheánacha
- Iniúchadh inmheánach
- Iniúchadh seachtrach

Gníomhaíochtaí gaolmhara eile, lena n-áirítear beartais agus nósanna imeachta maidir le nochtadh cosanta, frith-chalaois agus frith-bhreabaireacht agus frith-éillitheacht. Tuairiscíonn Cathaoirleach an Choiste do Bhord Ervia maidir le hábhair a phléitear ag gach cruinniú Coiste, agus faigheann an Bord miontuairiscí an Choiste ar fad.

Leagtar amach go mion i dTéarmaí Tagartha an Choiste róil agus freagrachtaí an Choiste agus tá fáil orthu ar shuíomh gréasáin Ervia (www.ervia.ie). Déantar athbhreithniú orthu gach bliain.

## Comhaltaí an Choiste

Tá ceathrar Comhalta neamhspleácha Neamhfheidhmiúcháin de chuid Bhord Ervia ar an gCoiste. Déanann Bord Ervia, i gcomhairle le Cathaoirleach an Choiste, comhaltaí a cheapadh chuig an gCoiste. Chun sonraí a fháil faoi chomhaltaí coiste agus faoin tinreamh ar chruinnithe, féach Tuarascáil Bhliantúil Ervia ar www.ervia.ie . Tá an Coiste neamhspleách ó bhainistíocht an Ghrúpa.

## Tuairisciú Airgeadais

Tá an Coiste freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar iontaofacht phróisis ullmhúcháin Ráiteas Airgeadais an Ghrúpa agus as athbhreithniú a dhéanamh ar na breithiúnais tuairiscithe airgeadais atá iontu, thar ceann Bhord Ervia. Ullmhaíonn foireann airgeadais a bhfuil na cáilíochtaí agus an saineolas cuí acu na Ráitis Airgeadais thar ceann an Bhoird.

Le linn na bliana, rinne an Coiste athbhreithniú ar dhréachtráitis airgeadais an Ghrúpa sular mhol sé go ndéanfadh an Bord iad a fhaomhadh. Chomh maith leis sin, rinne an coiste athbhreithniú ar ráitis airgeadais Uisce Éireann sula ndearna Bord Uisce Éireann iad a fhaomhadh. Scrúdaigh an Coiste oiriúnacht na mbeartas suntasach cuntasaíochta, na meastachán agus na mbreithiúnas a úsáideadh agus na Ráitis Airgeadais á n-ullmhú, mar aon le ceisteanna a bhain le cur i láthair agus le nochtadh, agus phléigh an Coiste na nithe sin leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin, Príomhoifigeach Airgeadais an Ghrúpa agus iniúchóir seachtrach.

## Bainistíocht Riosca

Tá an Coiste freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí bainistíochta riosca an Ghrúpa, forbairtí ó thaobh príomhrioscaí de agus dul chun cinn ó thaobh soláthar na spriocphróifíle riosca, thar ceann Bhord Ervia, rud a ligeann do Bhord Ervia a dheimhniú gach bliain go ndearna sé measúnú ar phríomhrioscaí an Ghrúpa.

Le linn na bliana, rinne an Coiste athbhreithniú, i gcomhpháirt leis an mbainistíocht shinsearach, ar phróifíl riosca an Ghrúpa, a bheartais um bainistiú riosca, a neamhchosaintí ar rioscaí a mbeadh tionchar mór acu ach ar beag an seans go dtarlóidís, agus a inghlacthacht riosca is a spriocphróifíl, agus rinneadh seo chun go bhfaomhfadh Bord Ervia é. Rinne an Coiste athbhreithniú ar chuir i láthair ar shampla de rioscaí príomha, agus rinne plé leis an mbainistíocht shinsearach ar na rialuithe inmheánach ábhartha atá ann cheana leis na rioscaí sin a laghdú.

## Rialuithe Inmheánacha

Tá an Coiste freagrach, thar ceann Bhord Ervia, as athbhreithniú a dhéanamh ar a oiriúnaí agus a iomláine is atá córas rialaithe inmheánaigh an Ghrúpa, agus as athbhreithniú a dhéanamh ar cibé acu ar cuireadh an córas rialaithe inmheánaigh i bhfeidhm go héifeachtach le linn na tréimhse tuairiscithe nó nár cuireadh agus cibé acu an dtugann sé réamhrabhadh cuí maidir le haon chliseadh agus riosca atá ag teacht chun cinn.

Tá freagracht ar Uisce Éireann atá aige faoin gCód maidir lena chinntiú go bhfeidhmítear córas éifeachtúil rialaithe inmheánaigh agus go gcloítear leis. Leanann Uisce Éireann leis an bhfreagracht sin ar fud an ghnó trí ardbhainistíocht agus tríd an bhFóram Dearbhaithe Comhtháite ar fud Ervia, comhlacht bainistithe a bhailíonn fianaise ó na gníomhaíochtaí éagsúla rialaithe a dhéantar sa Ghrúpa, Uisce Éireann san áireamh, ionas go mbeidh íomhá chuimsitheach ann den rialú agus den riosca inmheánach. Tuairiscíonn an Fóram Dearbhaithe Comhtháite do Phríomhoifigeach Airgeadais an Ghrúpa. Cuireann sé tuiscint níos fearr ar fáil ar na gníomhaíochtaí dearbhaithe atá i bhfeidhm agus déanann sé moltaí maidir le feabhas a chur orthu, d'fhonn riosca a mhaolú agus maoirseacht rialachais a uasmhéadú, agus chomh maith leis sin tacaíonn sé le haon bhearna dearbhaithe a aithint agus a réiteach.

Thug an Coiste aird ar leith ar athruithe a d'fhéadfadh teacht ar an timpeallacht rialaithe agus an eagraíocht atá ag aistriú go dtí cianobair mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19. Rinne an fhoireann Iniúchta Inmheánaigh athbhreithnithe fairsinge agus cláir oibre lena chinntiú go raibh an timpeallacht rialaithe láidir atá ann faoi láthair ag feidhmiú go héifeachtach le linn 2020.

## Iniúchadh Inmheánach

Tá an Coiste freagrach, thar ceann Bhord Ervia, as monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht agus scóip na feidhme iniúchta inmheánaigh lena n-áirítear a pleananna, gníomhaíochtaí agus acmhainní chun a chinntiú gur féidir léi athbhreithniú éifeachtach a dhéanamh ar fheidhmiú rialuithe an Ghrúpa ar rioscaí suntasacha laistigh den Ghrúpa.

# Tuarascáil an Choiste Iniúchta agus Riosca (ar lean)



Le linn 2020, rinne an Coiste athbhreithniú ar na pleananna agus ar an obair a rinne Iniúchadh Inmheánach le linn na bliana agus ar an ngníomhú a theastaigh ón mbainistíocht dá bharr. Chuir Ceannasaí an Ghrúpa ar Iniúchadh Inmheánach an Coiste ar an eolas go minic faoi thorthaí na n-athbhreithnithe ar iniúchadh inmheánach. Chomh maith leis sin, chíor an Coiste dul chun cinn na bainistíochta maidir le haghaidh a thabhairt ar cheisteanna ábhartha, lena n-áirítear nádúr, réim agus tráthúlacht a cuid freagraí.

Rinne an Coiste athbhreithniú ar phlean bliantúil bunaithe ar riosca um iniúchadh inmheánach do 2021 agus ghlac sé leis, plean a chuimsíonn na hacmhainní a theastaíonn, agus rinne sé measúnú ar fhócas an iniúchta inmheánaigh a ailíniú leis na réimsí is mó riosca a bhfuil an Grúpa ag tabhairt aghaidhe orthu.

Le linn 2020 lean Grúpa Ervia ar aghaidh leis an luach ionracais a chur chun cinn agus béim a leagan ar an tábhacht a bhaineann le hiompar eiticiúil ar fud na heagraíochta tríd an bhfeachtas 'An rud is fearr a dhéanamh' a chur i bhfeidhm. Is éard atá san fheachtas roinnt tionscnamh, lena n-áirítear nuashonruithe ar shraith beartas corparáideach a bhaineann le heitic, treoirleabhráin a dháileadh ar fhostaithe agus comhráite ráithiúla sláine a dhíríonn ar ábhair a bhaineann le sláine na huaire.

## Iniúchadh Seachtrach

Is é an Coiste atá freagrach, thar ceann Bhord Ervia, as monatóireacht a dhéanamh ar an bpróiseas iniúchta sheachtraigh. Rinne an Coiste monatóireacht ar iomláine ráitis airgeadais an Ghrúpa agus rinne sé athbhreithniú ar oiriúnacht na mbeartas cuntasaíochta agus ar na saincheisteanna tuairiscithe airgeadais iontu, agus aird á tabhairt ar ábhair a chuireann an t-iniúchóir seachtrach in iúl dó. Rinne an Coiste athbhreithniú freisin ar phleananna, tuairiscí agus torthaí an iniúchóra sheachtraigh maidir leis an iniúchadh, agus phléigh sé iad leis an iniúchóir. Rinne an Coiste athbhreithniú ar litir an iniúchóra sheachtraigh chuig an lucht bainistíochta tar éis an iniúchta agus ar na freagraí a thug an lucht bainistíochta. Tá an Coiste freagrach freisin, thar ceann Bhord Ervia, as glacadh isteach na dtairiscintí iniúchta agus as an bpróiseas roghnúcháin don iniúchóir seachtrach agus as monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar neamhspleáchas agus luach saothair an iniúchóra sheachtraigh.

Ghlac an Coiste na céimeanna cuí lena chinntiú go ndéanfaí caidreamh oibiachtúil agus gairmiúil leis an iniúchóir seachtrach a choinneáil. Rinne an Coiste measúnú ar neamhspleáchas agus oibiachtúlacht an iniúchóra le linn na bliana. Mar chuid de sin, rinneadh athbhreithniú ar na nithe seo a leanas:

- Nádúr agus fairsinge na seirbhísí arna soláthar, agus na táillí arna dtuilleamh, as obair iniúchta agus obair neamhiniúchta arna ndéanamh ag an iniúchóir seachtrach.
- Cloí le beartas an Ghrúpa a rialaíonn soláthar sheirbhísí neamhiniúchta don Ghrúpa trína bhfuil rialacha agus teorannacha soiléire i bhfeidhm, a cheadaíonn seirbhísí neamhiniúchta nach bhfuil aon choimhlint leasa ag baint leo.
- Dearbhuithe soláthartha ag an iniúchóir seachtrach maidir leis sin.

Leagtar amach táillí seirbhísí nach seirbhísí iniúchta iad i Nóta 4 de na Ráitis Airgeadais. Níor tharla sé gur fostaíodh an t-iniúchóir chun seirbhísí a chur ar fáil a measadh go dtiocfadh coimhlint leasa dá mbarr i rith na bliana. Rinne an Coiste monatóireacht freisin ar chomhlíonadh an iniúchóra sheachtraigh leis an treoir ábhartha rialála, eitice agus gairmiúil. Tá an Coiste sásta go bhfuil Deloitte Ireland LLP neamhspleách agus oibiachtúil chomh maith.

Déantar éifeachtacht an iniúchóra sheachtraigh a athbhreithniú gach bliain. Díríonn an measúnú ar ábhair cosúil le stóinseacht an phróisis iniúchta, an fhoireann iniúchta, cumarsáid agus rialachas. Bhí an t-athbhreithniú sásúil ar an iomlán. Le linn na bliana, bhuail na hiniúchóirí seachtracha go príobháideach leis an gCoiste, gan aon chomhaltaí bainistíochta a bheith i láthair.

## Éifeachtúlacht an Choiste Iniúchta agus Riosca

Déanann an Coiste athbhreithniú bliantúil ar a chuid éifeachtúlachta féin. Rinneadh an t-athbhreithniú go hinmheánach trí cheistneoirí féinmheasúnaithe do 2020 a chríochnú agus bhí an t-athbhreithniú go hiomlán sásúil.

Thar ceann an Choiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca:



**Keith Harris**
Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca
29 Márta 2021

# Ráitis Airgeadais



# Tuarascáil an iniúchóra neamhspleáigh do chomhaltaí Uisce Éireann

## Tuairisc ar iniúchadh na ráiteas airgeadais



### Tuairim ar ráitis airgeadais Uisce Éireann (an 'chuideachta')

Inár dtuairim tugann na ráitis airgeadais:

- léargas fíor agus cóir ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais na cuideachta amhail ar an 31 Nollaig 2020 agus ar an mbrabús don bhliain airgeadais dar críoch sin; agus
- gur ullmhaíodh iad i gceart i gcomhréir leis an gcreat tuairiscithe airgeadais chuí agus, go háirithe le ceanglais Acht na gCuideachtaí, 2014.

Is éard atá sna ráitis airgeadais ná:

- an Ráiteas Ioncaim;
- Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach Eile;
- an Clár Comhardaithe;
- Ráiteas ar Athruithe sa Chothromas;
- an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid; agus
- na nótaí lena mbaineann 1 go 29, lena n-áirítear achoimre ar bheartais chuntasaíochta suntasacha mar atá leagtha amach i nóta 1 (d).

Is é an creat tuairiscithe airgeadais ábhartha a cuireadh i bhfeidhm agus iad á n-ullmhú ná Acht na gCuideachtaí 2014 agus na Caighdeáin Tuairiscithe Airgeadais Idirnáisiúnta (IFRS) mar atá glactha leo ag an Aontas Eorpach ("an creat tuairiscithe airgeadais ábhartha").

### Bunús le tuairim

Rinneamar ár n-iniúchadh i gcomhréir le Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (Éire) (ISAanna (Éire)) agus an dlí is infheidhme. Tá cur síos déanta ar ár bhfreagrachtaí faoi réir na gcaighdeán sin sa chuid "*Freagrachtaí an Iniúchóra maidir le hiniúchadh ar na ráitis airgeadais*" dár dtuarascáil.

Táimid neamhspleách ar an gcuideachta i gcomhréir leis na ceanglais eitice a bhaineann lenár n-iniúchadh ar na ráitis airgeadais in Éirinn, lena n-áirítear an Caighdeán Eitice eisithe ag Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann, agus tá ár gcuid freagrachtaí eiticiúla eile comhlíonta againn i gcomhréir leis na ceanglais sin. Creidimid go bhfuil an fhianaise iniúchta a fuaireamar leordhóthanach agus cuí chun bonn a chur faoinár dtuairim.

### Conclúidí a bhaineann le gnóthas leantach

Agus iniúchadh á dhéanamh againn ar na ráitis airgeadais, bhaineamar de chonclúid go bhfuil na Stiúrthóirí ag baint úsáid as bunús cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh ar bhealach cuí.

Bunaithe ar an obair atá déanta againn go dtí seo, níor aithníomar aon éiginnteacht ábhartha a bhaineann le teagmhais nó le dálaí a d'fhéadfadh, ina n-aonar nó i dteannta a chéile, amhras suntasach a chaitheamh ar chumas na cuideachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach ar feadh tréimhse dhá mhí dhéag ar a laghad ón uair a údaraítear na ráitis airgeadais lena n-eisiúint.

Déantar cur síos ar ár bhfreagrachtaí agus ar fhreagrachtaí na stiúrthóirí maidir le gnóthas leantach sna ranna áirithe den tuarascáil seo lena mbaineann sé sin.

### Eolas eile

Is éard atá san fhaisnéis eile ná faisnéis a áirítear sa Tuarascáil Bhliantúil agus sna Ráitis Airgeadais, seachas sna ráitis airgeadais agus tuarascáil ár n-iniúchóra ina dtaobh. Tá na Stiúrthóirí freagrach as an fhaisnéis eile atá cuimsithe sa tuarascáil bhliantúil. Ní chumhdaíonn ár dtuairim ar na ráitis airgeadais an t-eolas eile agus, ach amháin sa mhéid a luaitear a mhalairt go soiléir inár dtuarascáil, ní chuirimid in iúl aon chineál conclúide dearbhaithe air.

Is í ár bhfreagracht an t-eolas eile a léamh agus, dá bharr sin, a chinneadh an bhfuil nó nach bhfuil an t-eolas eile ar neamhréir ábhartha leis na ráitis airgeadais nó an bhfuil nó nach bhfuil an chuma air go ndearnadh an t-eolas a fuaireamar san iniúchadh nó ar aon bhealach eile á mhíshonrú go hábhartha. Má aithnímid a leithéid de neamhréireacht ábhartha nó de mhíshonrú ábhartha dealraitheach, tá sé de cheanglas orainn a dheimhniú cibé acu an ndearnadh an t-eolas a mhíshonrú go hábhartha sna ráitis airgeadais nó san fhaisnéis eile, nó nach ndearnadh, agus tá sé de dhualgas orainn é sin a thuairisciú. Más rud é, bunaithe ar an obair atá déanta againn, go gcinneann muid gur tugadh míráiteas ábhartha den fhaisnéis eile seo, caithfimid é sin a thuairisciú.

Níl aon rud le tuairisciú againn maidir leis sin.

## Freagrachtaí na Stiúrthóirí

Mar a mhínítear ar bhealach níos críochnaithí i Ráiteas Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí, tá na stiúrthóirí freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, agus as a bheith cinnte go dtugann siad léargas fíor agus cothrom agus seachas sin go gcloíonn siad le hAcht na gCuideachtaí 2014, agus as cibé rialú inmheánach a mheasann na stiúrthóirí a bheith riachtanach chun ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar thoradh ar chalaois nó earráid.

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, tá na stiúrthóirí freagrach as measúnú a dhéanamh ar chumas na cuideachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach, agus a nochtadh, de réir mar is infheidhme, ábhair a bhaineann le gnóthas leantach agus úsáid a bhaint as bonn an ghnóthais leantaigh don chuntasaíocht ach amháin má tá sé beartaithe ag na stiúrthóirí an chuideachta a leachtú nó mura bhfuil aon rogha réalaíoch eile acu ach é sin a dhéanamh.

## Freagrachtaí an iniúchóra as an iniúchadh ar na ráitis airgeadais

Is iad ár gcuspóirí ná dearbhú réasúnta a fháil faoi cibé acu an bhfuil na ráitis airgeadais ar an iomlán saor ó mhíthuairisc, mar gheall ar chalaois nó ar earráid, agus tuarascáil iniúchóra a eisiúint lenár dtuairim san áireamh. Is ionann ráthaíocht réasúnta agus leibhéal ard ráthaíochta, ach ní hionann í agus ráthaíocht a thabhairt go ndéanfaidh iniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ar Iniúchóireacht (Éire) gach míshonrú dá bhfuil ann a bhrath i gcónaí. Féadann míshonruithe eascairt as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más rud é, ina n-aonar nó le chéile, go bhféadfadh tionchar a bheith acu ar chinntí eacnamaíochta a ghlactar ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir le Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (Éireann), úsáidimid breithiúnas gairmiúil agus cothabháilimid sceipteachas gairmiúil i rith an iniúchta. Agus:

- Na rioscaí a aithint agus a mheas maidir le míráiteas ábhartha ar na ráitis airgeadais, cibé acu mar gheall ar chalaois nó earráid, nósanna imeachta iniúchóireachta a dhearadh agus a chur i bhfeidhm chun dul i ngleic leis na rioscaí sin, agus fianaise iniúchóireachta a fháil ar leor agus ar chuí í chun bonn a chur faoinár dtuairim. Maidir leis an riosca nach mbraithfí míráiteas ábhartha de thoradh calaoise, is airde é ná an riosca i gcás míráiteas ábhartha de thoradh earráide, mar i gcás calaoise d'fhéadfadh go mbeadh claonpháirteachas, brionnú, easnamh d'aon turas, bréagléiriú, nó sárú an rialaithe inmheánaigh i gceist.
- Tuiscint a fháil ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a dhearadh atá cuí de réir na gcúinsí, ach ní chun críocha tuairim a nochtadh maidir le héifeachtacht rialú inmheánach na cuideachta.
- Measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht na mbeartas cuntasaíochta, ar réasúnacht na meastachán cuntasaíochta agus ar na nochtuithe bainteacha a rinne na stiúrthóirí.
- Cinneadh a dhéanamh maidir le hoiriúnacht na húsáide a bhaineann na stiúrthóirí den bhunús cuntasaíochta gnóthais leantaigh agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta a fhaightear, cibé an bhfuil nó nach bhfuil éiginnteacht ábhartha ann a bhaineann leis na himeachtaí nó cúinsí a d'fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar chumas na cuideachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Má chinnimid go bhfuil éiginnteacht ábhartha ann, caithfimid na nochtuithe a bhaineann léi sna ráitis airgeadais a léiriú inár dtuarascáil iniúchta nó, má tá na nochtuithe sin neamhdhóthanach, caithfimid ár dtuairim a athrú. Tá ár gconclúidí bunaithe ar fhianaise iniúchta a fhaightear suas go dtí dáta thuarascáil an iniúchóra. D'fhéadfadh imeachtaí nó imthosca sa todhchaí stop a chur leis an eintiteas (nó i gcás cuí, an Grúpa) leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach, áfach.
- Measúnú a dhéanamh ar léiriú, struchtúr agus ábhar na ráiteas airgeadais ina iomláine, lena n-áirítear na nochtuithe, agus ar cibé an léiríonn nó nach léiríonn na ráitis airgeadais idirbhearta bunúsacha agus imeachtaí ar bhealach a bhaineann amach léiriú cothrom.

Téimid i dteagmháil leis na daoine atá faoi chúram rialachais maidir le, i measc rudaí eile, raon feidhme agus am na hiniúchóireachta agus torthaí suntasacha na hiniúchóireachta, lena n-áirítear easpaí suntasacha i rialú inmheánach a aithníonn an t-iniúchóir le linn na hiniúchóireachta.

## Tuarascáil an iniúchóra neamhspleáigh do chomhaltaí Uisce Éireann (ar lean)



# Tuarascáil ar cheanglais dhlíthiúla agus rialála eile

### Tuairim ar ábhair eile arna bhforordú ag Acht na gCuideachtaí 2014

Bunaithe ar an obair ar tugadh fúithi le linn an iniúchta agus uirthi sin amháin, tugaimid tuairisc:

- Go bhfuil an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte againn a mheasaimid a bheith riachtanach chun críocha an iniúchta againn.
- Dar linn gur leor taifid chuntasaíochta na cuideachta chun iniúchadh réidh agus ceart a dhéanamh ar na ráitis airgeadais.
- Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.
- Dar linne tá an fhaisnéis atá tugtha i dtuarascáil na stiúrthóirí ag teacht leis na ráitis airgeadais agus ullmhaíodh tuarascáil na stiúrthóirí i gcomhréir le hAcht na gCuideachtaí 2014.

### Ábhair a n-éilítear orainn a thuairisciú orthu trí eisceacht

Bunaithe ar eolas agus tuiscint ar an gcuideachta agus a timpeallacht a fuarthas le linn an iniúchta, níl aon mhíráitis ábhartha aitheanta againn i dtuarascáil na stiúrthóirí.

Níl aon rud le tuairisciú againn i dtaobh na bhforálacha in Acht na gCuideachtaí 2014 a éilítear orainn a thuairisciú duit, más amhlaidh, dar linne, nach ndéantar na nochtuithe ar luach saothair agus idirbhearta na stiúrthóirí atá sonraithe sa dlí.

Faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (Lúnasa 2016) (an "Cód Cleachtais"), éilítear orainn a thuairisciú daoibh mura léiríonn an ráiteas maidir le córas an rialaithe inmheánaigh atá riachtanach faoin gCód Cleachtais, mar atá curtha san áireamh sa Ráiteas ar Rialachas Corparáideach i dTuarascáil an Bhoird, go bhfuil an Grúpa ag cloí le mír 1.9(iv) den Chód Cleachtais nó nach bhfuil an ráiteas ag teacht leis an bhfaisnéis atá ar eolas againn mar thoradh ar ár n-obair iniúchta ar na ráitis airgeadais. Níl aon rud le tuairisciú againn maidir leis sin.

### Úsáid ár dtuarascála

Déantar an tuarascáil seo ar mhaithe le comhaltaí na cuideachta mar chomhlacht, i gcomhréir le hAlt 391 d'Acht na gCuideachtaí, 2014. Tá ár gcuid oibre iniúchóireachta déanta againn ionas gur féidir linn na hábhair is gá dúinn a dhearbhú do chomhaltaí na cuideachta a dhearbhú i dtuarascáil iniúchóra agus gan aon chuspóir ar bith eile a bheith i gceist. Chomh fada is atá ceadaithe de réir an dlí, ní ghlacaimid le freagracht do dhuine ar bith seachas an chuideachta agus comhaltaí na cuideachta mar chomhlacht, as ár n-obair iniúchóireachta, as an tuarascáil seo, ná as na tuairimí atá meáite againn.



**Kevin Sheehan**

Ar son agus thar ceann Deloitte Ireland LLP
Cuntasóirí Cairte agus Gnólacht Iniúchóireachta Reachtúla

Deloitte & Touche House, Ardán Phort an Iarla, Baile Átha Cliath 2

Dáta: 30 Márta 2021

Nótaí: Ní thugann iniúchadh ráthaíocht maidir le cothabháil agus ionracas an tsuímh ghréasáin, lena n-áirítear na rialuithe a úsáidtear chun é sin a bhaint amach, agus ach go háirithe, maidir le cibé acu an ndearnadh nó nach ndearnadh athruithe ar na ráitis airgeadais ón am a foilsíodh ar dtús iad. Is faoi fhreagracht na stiúrthóirí atá na hábhair seo ach ní féidir le haon nós imeachta rialaithe ráthaíocht iomlán a thabhairt sa réimse seo.

Tá an reachtaíocht in Éirinn a rialaíonn ullmhúchán agus scaipeadh ráiteas airgeadais éagsúil ón reachtaíocht i ndlínsí eile

# Ráiteas Ioncaim

## don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2020



| | Nótaí | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Oibríochtaí leanúnacha** | | | |
| Ioncam | 3 | **1,061,199** | 1,121,506 |
| Costais oibriúcháin | 4 | **(758,497)** | (723,586) |
| Caillteanais lagaithe ar shócmhainní airgeadais | 4 | **(40,869)** | (17,545) |
| **Brabús oibriúcháin roimh dhímheas agus amúchadh (EBITDA)** | | **261,833** | 380,375 |
| Dímheas agus amúchadh | 6 | **(137,632)** | (111,790) |
| **Brabús oibriúcháin** | | **124,201** | 268,585 |
| Costais airgeadais | 7 | **(3,518)** | (6,886) |
| **Brabús roimh cháin ioncaim** | | **120,683** | 261,699 |
| Costais cánach ioncaim | 8 | **(13,418)** | (33,473) |
| **Brabús don bhliain airgeadais** | | **107,265** | 228,226 |

# Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach Eile

## don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020



| | | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Brabús don bhliain airgeadais** | | **107,265** | 228,226 |
| **Ioncam Cuimsitheach eile** | | | |
| **Earraí a d'fhéadfadh a bheith athaicmithe chuig an gcuntas brabúis nó caillteanais ina dhiaidh sin:** | | | |
| Caillteanais gnóthachain sochair sainithe achtúireacha | 18 | **(7,610)** | (6,090) |
| Creidmheas cánach iarchurtha maidir le hoibleagáidí sochair sainithe | 8 | **951** | 761 |
| **Iomlán an ioncaim chuimsithigh eile don bhliain airgeadais** | | **(6,659)** | (5,329) |
| **Iomlán an ioncaim chuimsithigh don bhliain** | | **100,606** | 222,897 |

# Clár Comhardaithe

## amhail an 31 Nollaig 2020



| | Nótaí | 31-Noll-20 €'000 | 31-Noll-19 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní** | | | |
| **Acmhainní Neamhreatha** | | | |
| Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh | 9 | **4,159,995** | 3,428,619 |
| Sócmhainní doláimhsithe | 11 | **99,988** | 123,207 |
| Infháltais trádála agus eile | 12 | **8,609** | 2,746 |
| **Iomlán na sócmhainní neamhreatha** | | **4,268,592** | 3,554,572 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Infháltais trádála agus eile | 12 | **101,808** | 139,149 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | 13 | **193,374** | 106,371 |
| Taiscí srianta | 14 | **17,925** | 2,822 |
| **Sócmhainní reatha iomlána** | | **313,107** | 248,342 |
| **Sócmhainní iomlána** | | **4,581,699** | 3,802,914 |
| **Gnáthscaireanna agus dliteanais** | | | |
| **Caipiteal gnáthscaireanna** | | | |
| Scairchaipiteal agus scairbhiseach | 25 | **(324,000)** | (324,000) |
| Ranníocaíocht chaipitiúil | 25 | **(2,555,466)** | (2,067,466) |
| Tuilleamh coinnithe | | **(519,628)** | (419,022) |
| **Gnáthscaireanna iomlána** | | **(3,399,094)** | (2,810,488) |
| **Dliteanais** | | | |
| **Dliteanais Neamhreatha** | | | |
| Iasachtaí agus fiachas eile | 16 | **(382,495)** | (13,595) |
| Dliteanais chánach iarchurtha | 8 | **(79,957)** | (67,490) |
| Oibleagáidí leasa scoir | 18 | **(43,313)** | (34,074) |
| Ioncam iarchurtha | 19 | **(95,547)** | (56,133) |
| Deontais rialtais | 20 | **(2,397)** | (1,107) |
| Soláthairtí | 21 | **(64,159)** | (81,477) |
| Iníocthaigh trádála agus eile | 22 | **(21,413)** | (9,824) |
| **Dliteanais neamhreatha iomlána** | | **(689,281)** | (263,700) |
| **Dliteanais reatha** | | | |
| Iasachtaí agus fiachas eile | 16 | **(2,286)** | (241,216) |
| Ioncam iarchurtha | 19 | **(95,810)** | (71,295) |
| Deontais rialtais | 20 | **(34)** | (30) |
| Soláthairtí | 21 | **(33,386)** | (26,820) |
| Iníocthaigh trádála agus eile | 22 | **(361,808)** | (389,229) |
| Dliteanais chánach reatha | | **-** | (136) |
| **Dliteanais reatha iomlána** | | **(493,324)** | (728,726) |
| **Dliteanais iomlána** | | **(1,182,605)** | (992,426) |
| **Cothromas agus dliteanais iomlána** | | **(4,581,699)** | (3,802,914) |

Le haghaidh agus thar ceann an Bhoird:

**Cathal Marley**
Cathaoirleach

**Niall Gleeson**
Stiúrthóir

29 Márta 2021
Dáta Faofa

# Ráiteas ar Athruithe sa Chothromas

## don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020



| | Scairchaipiteal agus Scairbhiseach €'000 | Ranníocaíocht chaipitiúil €'000 | Tuilleamh coinnithe €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|
| **Iarmhéid amhail ar an 1 Eanáir 2019** | (324,000) | (956,466) | (196,125) | (1,476,591) |
| Brabús don bhliain airgeadais | - | - | (228,226) | (228,226) |
| Ioncam cuimsitheach eile don bhliain, glan ó cháin ioncaim | - | - | 5,329 | 5,329 |
| **Iomlán an ioncaim chuimsithigh don bhliain** | - | - | (222,897) | (222,897) |
| Ranníocaíocht chaipitil (nóta 25) | - | (1,111,000) | - | (1,111,000) |
| **Iarmhéid ar an 31 Nollaig 2019** | (324,000) | (2,067,466) | (419,022) | (2,810,488) |
| Brabús don bhliain airgeadais | **-** | **-** | **(107,265)** | **(107,265)** |
| Ioncam cuimsitheach eile don bhliain, glan ó cháin ioncaim | **-** | **-** | **6,659** | **6,659** |
| **Iomlán an ioncaim chuimsithigh don bhliain** | **-** | **-** | **(100,606)** | **(100,606)** |
| Ranníocaíocht chaipitil (nóta 25) | **-** | **(488,000)** | **-** | **(488,000)** |
| **Iarmhéid ar an 31 Nollaig 2020** | **(324,000)** | **(2,555,466)** | **(519,628)** | **(3,399,094)** |

# Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid

## don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020



| | Nótaí | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Glanairgead tirim ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | 15 | **317,398** | 421,380 |
| **Sreabhaidh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | | |
| Íocaíochtaí as réadmhaoin, gléasra agus trealamh | | **(824,111)** | (809,837) |
| Íocaíochtaí as sócmhainní doláimhsithe | | **(26,239)** | (25,984) |
| Fáltais/(Íocaíochtaí) le haghaidh glansócmhainní arna bhfáil ó Údaráis Áitiúla | | **1,000** | (1,278) |
| Deontais faighte | 20 | **1,328** | 542 |
| **Airgead tirim úsáidte i ngníomhaíochtaí infheistíochta** | | **(848,022)** | (836,557) |
| **Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí maoiniúcháin** | | | |
| Fáltais ó iasachtaí | | **860,559** | 528,319 |
| Aisíocaíochtaí ar iasachtaí | | **(727,000)** | (1,177,000) |
| Aisíoc na ndliteanas léasa | 10 | **(3,932)** | (2,365) |
| Ranníocaíochtaí caipitil a fuarthas | 25 | **488,000** | 1,111,000 |
| **Glanairgead tirim ó ghníomhaíochtaí maoinithe** | | **617,627** | 459,954 |
| **Glanmhéadú ar airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim** | 13 | **87,003** | 44,777 |
| Airgead tirim agus coibhéis airgid amhail an 1 Eanáir | 13 | **106,371** | 61,594 |
| **Airgead tirim agus coibhéis airgid thirim ar an 31 Nollaig** | 13 | **193,374** | 106,371 |

# Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais




| | |
|---|---|
| 1 | Ráiteas Faoi na Beartais Chuntasaíochta |
| 2 | Gnóthas Leantach |
| 3 | Ioncam |
| 4 | Costais Oibriúcháin (Gan Dímheas agus Amúchadh San Áireamh) |
| 5 | Sochair Fostaithe |
| 6 | Dímheas agus Amúchadh |
| 7 | Costais Airgeadais |
| 8 | Cáin |
| 9 | Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh |
| 10 | Sócmhainní agus Dliteanais Léasa |
| 11 | Sócmhainní Doláimhsithe |
| 12 | Infháltais Trádála agus Eile |
| 13 | Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim |
| 14 | Taiscí Srianta |
| 15 | Airgead Tirim Faighte ó Oibríochtaí |
| 16 | Iasachtaí agus Fiachas Eile |
| 17 | Athruithe ar Iasachtaí agus Fiachas Eile |
| 18 | Oibleagáidí Leasa Scoir |
| 19 | Ioncam Iarchurtha |
| 20 | Deontais Rialtais |
| 21 | Soláthairtí agus Dliteanais Theagmhasacha |
| 22 | Iníocthaigh Trádála agus Eile |
| 23 | Bainistíocht Riosca Airgeadais agus Sócmhainní/ Dliteanais Airgeadais |
| 24 | Tomhas an Luacha Chóir |
| 25 | Caipiteal gnáthscaireanna |
| 26 | Páirtithe Gaolmhara |
| 27 | Nochtuithe Párolla Faoi Acht na gCuideachtaí |
| 28 | Iartheagmhais |
| 29 | Faomhadh na Ráiteas Airgeadais |

# 1. Ráiteas faoi na Beartais Chuntasaíochta

## (a) Bonn an Ullmhúcháin

Cuideachta ghníomhaíochta sainithe atá in Uisce Éireann ('an Chuideachta') atá faoi theorainn scaireanna, cláraithe agus corpraithe in Éirinn ar an 17 Iúil 2013. Is í uimhir chlárúcháin na cuideachta ná 530363. Tá 100% de scaireanna vótála na cuideachta ag Ervia, ach níl aon chearta eacnamaíocha chun leas a bhaint as gníomhaíochtaí na Cuideachta ag gabháil leis na scaireanna sin (scaireanna 'A'). Tá 100% de na cearta eacnamaíocha chun leas a bhaint as gníomhaíochtaí na cuideachta (scaireanna 'B') ag an Aire Airgeadais agus ag an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. Dá réir sin, ní dhéantar ráitis airgeadais Uisce Éireann a chomhdhlúthú le torthaí Grúpa Ervia.

Cuirtear na ráitis airgeadais i láthair in euro, slánaithe don mhíle is gaire, agus ullmhaítear iad ar bhonn costais stairiúil.

Ullmhaítear na ráitis airgeadais ar bhonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh (féach nóta 2 le haghaidh tuilleadh eolais).

Ullmhaítear ráitis airgeadais an Ghrúpa agus na Máthairchuideachta i gcomhréir leis na Caighdeáin Tuairiscithe Airgeadais Idirnáisiúnta (IFRS) agus le cinntí chlár oibre Choiste Léirmhíniúcháin na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (IFRIC), arna dtacú ag an AE, agus atá i bhfeidhm do na tréimhsí cuntasaíochta dar críoch an 1 Eanáir 2020.

Tá beartais chuntasaíochta suntasacha na Cuideachta leagtha amach thíos. Cuireadh na beartais sin i bhfeidhm go comhsheasmhach ar gach bliain airgeadais atá curtha i láthair sna ráitis airgeadais seo ach amháin glacadh le caighdeáin nua mar atá leagtha amach i nóta 1 (b). Agus na beartais chuntasaíochta seo á gcur i bhfeidhm, ní mór breithiúnais agus meastacháin a úsáid a mbíonn tionchar acu ar na méideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais. Féach ar mhír 1 (e) den nóta seo chun tuilleadh sonraí a fháil maidir leis na breithiúnais agus meastacháin chuntasaíochta is suntasaí a chuirtear i bhfeidhm.

## (b) Caighdeáin nua IFRS is infheidhme don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2020

Tá na leasuithe seo a leanas ar chaighdeáin glactha ag an gCuideachta, nach raibh aon tionchar ábhartha acu ar thorthaí na Cuideachta ná ar nochtuithe sna ráitis airgeadais:

- Leasuithe ar IAS 1 agus ar IAS 8: Sainmhíniú ar Ábhar
- Leasuithe ar IFRS 3: Sainmhíniú ar Ghnólacht
- Leasuithe ar IFRS 9, IFRS 39 agus IAS 7: Athchóiriú ar Thagarmhairc Ráta Úis
- Leasuithe ar Thagairtí don Chreat Coincheapúil i gCaighdeáin IFRS

## (c) Caighdeáin agus léirmhínithe IFRS nua nár glacadh leo fós

Rinneadh na caighdeáin chuntasaíochta nua seo a leanas agus na leasuithe ar chaighdeáin atá ann cheana a eisiúint, ach níl siad in éifeacht go fóill nó níor thacaigh an AE leo go fóill:

- Leasuithe ar Chur i Láthair na Ráiteas Airgeadais IAS 1: Aicmiú a dhéanamh ar Dhliteanais mar dhliteanais Reatha nó Neamhreatha
- Leasuithe ar IFRS 16: Lamháltais Chíosa a Bhaineann le Covid-19
- Leasuithe ar IAS 16: Maoin, Gléasra agus Trealamh- Fáltais roimh a n-úsáidí beartaithe
- Feabhsúcháin Bhliantúla ar Chaighdeáin IFRS Timthriall 2018- 2020
- Leasuithe ar IAS 37: Conarthaí troma – Costais maidir le Conradh a Chomhlíonadh
- Leasuithe ar Comhcheangail Ghnó IFRS 3 : Tagairtí don Chreat Coincheapúil i gCaighdeáin IFRS
- Athchóiriú ar Thagarmhairc Ráta Úis (Leasuithe ar IFRS 9, IAS 39, IFRS 7, IFRS 4 agus IFRS 16 Leasú Tagarmhairc Ráta Úis ) Céim 2
- Leasuithe ar Chonarthaí Árachais IFRS 4 – IFRS 9 a chur siar
- Leasuithe ar Chur i Láthair na Ráiteas Airgeadais IAS 1 agus Ráiteas Cleachtais 2: Nochtadh maidir le Beartais Chuntasaíochta

# Nótaí a Ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 1. Ráiteas faoi na Beartais Chuntasaíochta (ar lean)



- Leasuithe ar Bheartais Chuntasaíochta IAS 8, Athruithe ar Mheastacháin Chuntasaíochta agus ar Earráidí: Sainmhíniú ar Mheastacháin Chuntasaíochta
- Conarthaí Árachais IFRS 17

Meastar maidir le cur i bhfeidhm na leasuithe/na bhfeabhsúchán bliantúil IFRS eile atá fágtha, atá eisithe ach nach bhfuil feidhm acu fós, ní bheidh tionchar suntasach aige ar ráitis airgeadais na Cuideachta.

### (d) Beartais Shuntasacha Chuntasaíochta

*(i) Réadmhaoin, Fearas agus Trealamh*

**i. Aithint**

Déantar réadmhaoin, fearas agus trealamh (RF&T) a thomhas ar chostas lúide dímheas carntha agus caillteanais bhearnúcháin charntha air sin. Áirítear le costas costais dhíreacha (lena n-áirítear costais atá inchurtha go díreach i leith saothair agus forchostas), costais díchoimisiúnaithe agus aisghabhála agus ús tabhaithe agus an tsócmhainn á tógáil nuair a thógann tógáil roinnt mhaith ama le déanamh.

Is ionann sócmhainní arna dtógáil agus an costas as réadmhaoin, gléasra agus trealamh a cheannach, a thógáil agus a shuiteáil sula mbaintear úsáid tháirgiúil astu.

**ii. Caiteachais ina dhiaidh sin**

Aithnítear iarchaiteachas, mar shampla, an costas as cuid de mhír réadmhaoine, fearais agus trealaimh a athsholáthar, i suim ghlanluacha na míre más dóchúil go sreabhfaidh na tairbhí eacnamaíocha a bheidh ag gabháil leis an mír amach anseo chuig an gCuideachta, agus más féidir a chostas a thomhas go hiontaofa. Dí-aithnítear suim ghlanluacha na coda athsholátharta. Aithnítear na costais as seirbhísiú laethúil réadmhaoine, fearais agus trealaimh sa ráiteas ioncaim de réir mar a thabhaítear iad.

**iii. Dímheas**

Déantar dímheas ar mhíreanna réadmhaoine, gléasra agus trealaimh ón uair a bhíonn siad ar fáil le húsáid.

Ríomhtar an muirear as dímheas go príomha chun costas na réadmhaoine, an ghléasra agus an trealaimh a dhíscríobh, lúide costas iarmharach measta, de réir an mhéid chothroim thar a saol úsáideach measta. Déantar dímheas ar shócmhainní léasaithe thar téarma an léasa nó a saol úsáideach, cibé acu is giorra. Is iad na haicmithe móra sócmhainne agus a saol úsáideach measta ná:

| | |
|---|---|
| Sócmhainní bonneagair (lena n-áirítear boscaí teorann, taiscumair, píblínte uisce & fuíolluisce agus ceangail seirbhíse) | 40–100 bliain |
| Sócmhainní oibriúcháin (lena n-áirítear méadair, caidéil, agus córais leictreacha & mheicniúla) | 12–70 bliain |
| Sócmhainní neamh-líonra (lena n-áirítear daingneáin & feistis, feithiclí agus trealamh ríomhaire) | 3–15 bliain |

Ní ghearrtar dímheas ar thalamh ná sócmhainní á dtógáil.

Déantar an modh dímheasa, saolréanna fónta agus luachanna iarmharacha a athbhreithniú ar gach dáta tuairiscithe agus déantar iad a choigeartú más cuí.

**iv. Costais iasachta**

Déantar costais iasachta a chaipitliú mar chostas sócmhainne má tá siad inchurtha go díreach i leith éadáil, tógáil nó táirgeadh sócmhainne cáilithí. Is é atá i sócmhainn cháilitheach ná sócmhainn nach mór cuid mhór ama a chaitheamh ar a hullmhú lena húsáid bheartaithe nó lena díol. Tagann deireadh le caipitliú úis nuair a dhéantar an tsócmhainn a choimisiúnú nó áit ar cuireadh isteach ar fhorbairt ghníomhach ar feadh tréimhse fhada ama.

Aithnítear gach costas iasachta eile sa ráiteas ioncaim sa bhliain airgeadais ina dtabhaítear iad.

## 1. Ráiteas faoi na Beartais Chuntasaíochta (ar lean)



*(ii) Sócmhainní Doláimhsithe*

**i. Bogearraí, bogearraí á bhforbairt agus sócmhainní doláimhsithe eile**
Áirítear le costais bogearraí sócmhainní a fhorbraítear go hinmheánach agus sócmhainní a cheannaítear go seachtrach.

Tagraíonn bogearraí a fhorbraítear go hinmheánach do chostais a bhaineann go díreach le táirgeadh táirgí inaitheanta agus uathúla bogearraí atá rialaithe ag an gCuideachta. Aithnítear na costais sin mar shócmhainní doláimhsithe má mheastar gur dóchúil go mbeidh tairbhí eacnamaíocha ag baint leis na táirgí sin a sháróidh na costais. Ní dhéantar na costais sin a chaipitliú ach má chomhlíontar na critéir atá leagtha amach in IAS 38. Áirítear leis an gcaiteachas a dhéantar a chaipitliú an costas as ábhair, saothar díreach, forchostais atá inchurtha go díreach i leith ullmhú na sócmhainne dá húsáid bheartaithe, agus costais iasachta ar shócmhainní cáilitheacha.

Déantar ceadúnais bogearraí ríomhaire a fuarthas a chaipitliú ar bhonn na gcostas a tabhaíodh chun na sócmhainní sonracha a fháil agus úsáid a bhaint astu, ar chuntar go gcomhlíonann na costais na critéir in IAS 38 i gcomhair caipitlithe.

Áirítear le sócmhainní doláimhsithe eile, Creat Oibriúcháin an Fhóntais Phoiblí Aonair, ar thionscadal casta bunathraithe é chun samhail Fóntais Phoiblí Aonair a sholáthar atá éifeachtach agus éifeachtúil.

**ii. Amúchadh sócmhainní doláimhsithe**
Déantar sócmhainní doláimhsithe a amúchadh ar bhonn líne dírí sa ráiteas ioncaim le linn a saolré úsáidí fónta, ón dáta ar a bhfuil siad ar fáil le húsáid. Ní dhéantar amúchadh a mhuirearú ar shócmhainní forbartha nach bhfuil ar fáil le húsáid fós. Déantar bogearraí agus sócmhainní doláimhsithe eile a amúchadh, ar bhonn líne dírí, le linn a saolré úsáidí measta suas le seacht mbliana.

Athbhreithnítear modhanna amúchta, saolréanna fónta agus luachanna iarmharacha ar gach dáta tuairiscithe agus déantar coigeartú orthu más cuí.

**iii. Costais iasachta**
Féach ar pholasaí cuntasaíochta (i).

*(iii) Bearnú Sócmhainní*

**i. Sócmhainní nach bhfuil faoi réir amúchta**
Déantar sócmhainní doláimhsithe a bhfuil saol fónta éiginnte acu nó nach bhfuil réidh le húsáid fós, a thástáil go bliantúil le haghaidh bearnúcháin.

**ii. Sócmhainní atá faoi réir dímheasa/amúchta**
Déantar athbhreithniú ar shuimeanna glanluacha na sócmhainní sin ar gach dáta tuairiscithe chun socrú cibé acu an bhfuil aon chomhartha bearnúcháin orthu. Más ann do chomhartha bearnúcháin, ansin meastar méid inaisghabhála na sócmhainne.

**iii. Caillteanas bearnúcháin a aithint**
Chun críocha bearnúchán a mheasúnú, cuirtear sócmhainní i ngrúpa ar na leibhéil is ísle dá bhfuil sreafaí airgid ar féidir a aithint astu féin (aonaid ghiniúna airgid nó AGAnna). Aithnítear caillteanas bearnúcháin don mhéid trína sáraíonn suim glanluacha sócmhainne a méid inaisghabhála. Is é atá sa mhéid inaisghabhála ná luach cóir sócmhainne lúide costas diúscartha nó luach úsáide sócmhainne, cibé acu is airde. Aithnítear caillteanais bhearnúcháin sa ráiteas ioncaim. Déantar caillteanais bhearnúcháin atá aitheanta i dtaobh AGAnna a leithdháileadh ar dtús chun suim ghlanluacha aon cháinmheasa arna leithdháileadh don AGA a laghdú, agus ansin chun suimeanna glanluacha na sócmhainní eile san AGA a laghdú ar bhonn pro rata.

**iv. Caillteanas bearnúcháin a aisiompú**
Déantar caillteanais bhearnúcháin arna n-aithint i dtréimhsí roimhe sin a mheasúnú ar gach dáta tuairiscithe le haghaidh aon chomharthaí gur tháinig laghdú ar an gcaillteanas nó nach ann dó a thuilleadh. Ní aisiompaítear caillteanas bearnúcháin ach sa mhéid nach sáraíonn suim ghlanluacha na sócmhainne an tsuim ghlanluacha, glan ó dhímheas nó amúchadh, mura n-aithneofaí aon chaillteanas bearnúcháin.

# Nótaí a Ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 1. Ráiteas faoi na Beartais Chuntasaíochta (ar lean)



Déantar aisiompú caillteanais bearnúcháin le haghaidh AGA a leithdháileadh ar shócmhainní an aonaid, seachas cáilmheas, ar bhonn pro rata le suimeanna glanluacha na sócmhainní sin. Aithnítear an cúlú sin láithreach sa ráiteas ioncaim. Agus úsáid á baint as suim ghlanluacha athbhreithnithe na sócmhainne déantar soláthar do dhímheas/amúchadh de réir méid cothroim thar an saol úsáideach fágtha atá measta don tsócmhainn.

*(iv) Airgeadra Eachtrach*
Tá na ráitis airgeadais sin tuairiscithe in euro, airgeadra feidhmiúil na Cuideachta.

**i. Idirbhearta airgeadra eachtraigh**
Déantar idirbhearta in airgeadraí eachtracha a thaifeadadh ag an ráta a bhí i réim ar dháta na n-idirbheart. Tá sócmhainní agus dliteanais airgid atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha aistrithe chuig an airgeadra feidhmiúil ar rátaí a bhí i réim ar an dáta tuairiscithe. Aithnítear an gnóthachan nó caillteanas airgeadra eachtraigh a eascraíonn as aistriú sa ráiteas ioncaim. Aistrítear sócmhainní agus dliteanais neamhairgeadaíochta in airgeadra eachtrach a dhéantar a thomhas ar chostas stairiúil agus úsáid á baint as an ráta malairte ar dháta an idirbhirt, agus ní aistrítear arís iad ina dhiaidh sin.

*(v) Ioncam*
Déantar ioncam a thomhas ar bhonn na comaoine a bhfuil an Chuideachta ag súil le bheith ina teideal i gconradh le custaiméir agus ní chuirtear méideanna bailithe thar ceann tríú páirtithe san áireamh. Aithníonn an Chuideachta ioncam nuair a chomhlíontar na hoibleagáidí feidhmíochta, de réir mar atá leagtha amach sa chonradh, nó de réir mar a chomhlíontar iad. Má mheastar nach bhfuil na critéir um aithint ioncaim comhlíonta i gcás idirbhirt, cuirtear moill le haithint ioncaim go dtí go meastar gur dóchúil go mbaileofar é.

Tá roinnt foinsí ioncaim de chuid na Cuideachta ag brath ar a bheith faofa ag an rialtóir tionscail, an Coimisiún um Rialáil Fóntas (CRF). In imthosca áirithe, d'fhéadfadh an t-ioncam rialaithe "ceadaithe" a bheith róghnóthaithe nó tearcghnóthaithe sa bhliain airgeadais. Féadfar aon ró-aisghabháil nó tearc-aisghabháil a chur san áireamh, laistigh de pharaiméadair áirithe, agus an t-ioncam rialála le haghaidh na mblianta ina dhiaidh sin á ríomh. Ní dhéantar aon choigeartú le haghaidh ró-aisghabhálacha ná tearc-aisghabhálacha sa bhliain airgeadais ina dtagann siad chun cinn.

Is ionann ioncam go príomha agus na luachanna díolacháin a d'eascair as na gnéithe seo a leanas;

**Seirbhísí soláthair uisce agus fuíolluisce do chustaiméirí tráchtála**
Déantar bille don ioncam bunaithe ar an méid a sholáthraítear. Aithnítear meastachán ar luach na seirbhísí uisce agus fuíolluisce a chuirtear ar fáil do chustaiméirí idir dáta an léimh mhéadair deiridh agus an dáta tuairiscithe in ioncam nuair a bhíonn seirbhísí curtha ar fáil, ach nach mbíonn aon sonrasc tugtha ag an dáta tuairiscithe.

**Seirbhísí soláthair uisce agus fuíolluisce do chustaiméirí baile - Ioncam fóirdheontais ón Rialtas**
Ceannaíonn an Rialtas, agus é ag feidhmiú ina cháil mar Rialtas, méid áirithe uisce ón gCuideachta ag praghas an mhargaidh thar ceann custaiméirí agus ag teacht leis an ioncam ceadaithe a bhí socraithe ag an Rialtóir. Aithníonn an Chuideachta an t-ioncam seo ar bhonn córasach chun an uair ar díoladh na hearraí leis an Rialtas a léiriú. Déantar bille don ioncam fóirdheontais go léir agus bailítear é laistigh den tréimhse tuairiscithe.

**Ioncam ó cheangail nua**
Faigheann an Chuideachta ranníocaíochtaí ó chustaiméirí chun iad a cheangal leis an líonra uisce. I gcás go ndéantar bille do na ranníocaíochtaí roimh ré, aithnítear iad in ioncam iarchurtha agus scaoiltear iad chuig ioncam de réir mar a chomhlíontar an oibleagáid fheidhmíochta.

## 1. Ráiteas faoi na Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

*(vi) Léasanna*

**An Chuideachta mar Léasaí**

Déanann an Chuideachta measúnú maidir le cibé acu an léas atá i gconradh nó an bhfuil léas cuimsithe ann, ag tús an chonartha. Aithníonn an Chuideachta sócmhainn chirt úsáide agus dliteanas léasa comhfhreagrach i ndáil le gach socrú léasa áit gurb í an léasaí, ach amháin léasanna gearrthéarmacha (atá sainithe mar théarma léasa de 12 mí nó níos lú) agus léasanna sócmhainní íseal-luacha. Le haghaidh léasanna gearrthéarmacha agus léasanna íseal-luacha, aithníonn an Chuideachta na híocaíochtaí léasa mar speansas oibriúcháin ar bhonn líne dírí thar théarma an léasa ach amháin má thugann bonn córasach eile léiriú níos fearr ar an bpatrún ama ina mbaintear leas as tairbhe eacnamaíoch na sócmhainní léasaithe.

Déantar an dliteanas léasa a thomhas ar dtús ag luach reatha na n-íocaíochtaí léasa nach n-íoctar ag an dáta tosaigh, a dhéantar a lascainiú ag baint úsáide as an ráta a bhaineann leis an léas. Murar féidir an ráta sin a shocrú go réidh, úsáideann an Chuideachta a ráta incriminteach iasachta. Sainítear an ráta iasachta incriminteach mar an ráta úis a mbeadh ar léasaí a íoc chun iasacht a fháil, thar thréimhse chomhionann agus le hurrús comhionann, d'fhonn an cistiú riachtanach a fháil chun sócmhainn a cheannach a bhfuil an luach céanna aige leis an tsócmhainn a bhfuil ceart úsáide aici i dtimpeallacht eacnamaíoch chosúil.

Cuimsíonn íocaíochtaí léasa a áirítear sa tomhas seo den dliteanas léasa na nithe seo a leanas:

- Íocaíochtaí seasta léasa (agus íocaíochtaí seasta go bunúsach san áireamh) lúide aon dreasachtaí léasa infhála;
- Íocaíochtaí léasa athraitheacha a bhraitheann ar innéacs nó ráta, agus é tomhaiste ar dtús agus úsáid á baint as an innéacs nó an ráta ar an dáta tosaithe;
- An méid ionchais a bheidh le híoc ag an léasaí faoi ráthaíochtaí luacha iarmhartaigh;
- An praghas as roghanna ceannaigh a fheidhmiú, má tá an léasaí réasúnta cinnte go bhfeidhmeoidh sé na roghanna; agus
- Íocaíocht pionós de bharr fhoirceannadh an léasa, más amhlaidh go bhfreagróidh téarma an léasa d'fheidhmiú rogha chun an léas a fhoirceannadh.

Déantar an dliteanas léasa a chur i láthair laistigh de na hiasachtaí agus den fhiachas eile sa chlár comhardaithe.

Déantar an dliteanas léasa a thomhas ina dhiaidh sin tríd an méid anonn a mhéadú ionas go bhfreagróidh sí don mhéid úis a ghearrtar ar an dliteanas léasa (ag úsáid an mhodh glanráta úis) agus tríd an méid anonn a laghdú ionas go bhfreagróidh sí do na híocaíochtaí léasa a rinneadh.

Déanann an Chuideachta an dliteanas léasa a thomhas arís (agus déanann sí coigeartú dá réir sin ar an tsócmhainn chirt úsáide ghaolmhar) pé uair;

- A bhíonn athrú ar an téarma léasa nó ar mheasúnú ar fheidhmiú rogha ceannaigh. Sa chás sin, déantar an dliteanas léasa a atomhas trí na híocaíochtaí léasa leasaithe a lascainiú ag úsáid an ráta lascaine leasaithe.
- A n-athraíonn na híocaíochtaí léasa de bharr athruithe a tharlaíonn ar innéacs nó ráta, nó aon uair a tharlaíonn athrú ar íocaíocht a bhfuiltear ag súil leis faoi ráthaíocht luacha iarmharaigh. Sa chás sin, déantar an dliteanas léasa a atomhas trí lascainiú a dhéanamh ar na híocaíochtaí léasa leasaithe ag úsáid an ráta lascaine thosaigh (seachas más de bharr athrú ar an ráta comhlúthach úis a tharla an t-athrú íocaíochta léasa; sa chás sin baintear úsáid as ráta lascaine leasaithe).
- Ina ndéantar conradh léasa a choigeartú agus nach ndéantar an coigeartú léasa a chur san áireamh mar léas ar leithligh. Sa chás sin, déantar an dliteanas léasa a atomhas trí na híocaíochtaí léasa leasaithe a lascainiú ag úsáid an ráta lascaine leasaithe.

Ní dhearna an Chuideachta aon choigeartuithe dá leithéid le linn na tréimhse atá curtha i láthair.

Cuimsíonn na sócmhainní a bhfuil ceart úsáide acu tomhas tosaigh an dliteanais léasa chomhfhreagraigh, íocaíochtaí léasa a rinneadh ag an dáta tosaigh nó roimhe sin (lúide aon dreasachtaí léasa a fuarthas cheana) agus aon chostais dhíreacha thosaigh.

Pé uair a thabhaíonn an Chuideachta oibleagáid as costas a íoc chun sócmhainn léasaithe a dhíchóimeáil agus a bhaint, an suíomh ar a bhfuil sí suite a athchóiriú, nó an bhunsócmhainn a chur ar ais sa riocht atá éilithe faoi théarmaí agus coinníollacha an léasa, aithnítear agus tomhaistear soláthar faoi IAS 37. Déantar na costais a chuimsiú leis an tsócmhainn bhainteach a bhfuil ceart úsáide aici, ach amháin más rud é gur tabhaíodh na costais d'fhonn fardail a tháirgeadh.

# Nótaí a Ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 1. Ráiteas faoi na Beartais Chuntasaíochta (ar lean)



Déantar sócmhainní cirt úsáide a thomhas ina dhiaidh sin ar chostas lúide dímheas carntha agus caillteanais bhearnúcháin. Baintear dímheas uathu thar théarma an léasa nó thar shaolré fhóinteach na bunsócmhainne, cibé acu is giorra. Má aistrítear úinéireacht na bunsócmhainne le léas nó má léirítear i gcostas na sócmhainne cirt úsáide go bhfuil an Chuideachta ag súil le rogha ceannaigh a fheidhmiú, baintear dímheas den tsócmhainn cirt úsáide lena mbaineann thar shaolré fhóinteach na bunsócmhainne. Tosaíonn an dímheas ag dáta tosaigh an léasa.

Déantar na sócmhainní a bhfuil ceart úsáide acu a chur i láthair laistigh de 'Réadmhaoin, gléasra agus trealamh' sa chlár comhardaithe.

Cuireann an Chuideachta IAS 36 i bhfeidhm chun socrú cibé acu an bhfuil sócmhainn chirt úsáide bearnaithe agus tugann sí cuntas ar aon chaillteanas bearnúcháin aitheanta mar atá cur síos air i mbeartas cuntasaíochta (iii) thuas.

Ní dhéantar cíosanna athraitheacha nach mbraitheann ar innéacs nó ráta a chur san áireamh i dtomhas an dliteanais léasa agus na sócmhainne a bhfuil ceart úsáide aici. Dhéanfaí na híocaíochtaí gaolmhara a aithint mar chostas sa tréimhse ina dtarlaíonn an teagmhas nó an coinníoll a spreagann na híocaíochtaí sin, agus dhéanfaí iad a chur san áireamh sa líne chuí sa chaiteachas oibriúcháin sa ráiteas ioncaim.

Mar sheift phraiticiúil, ceadaíonn IFRS 16 do léasaí gan gnéithe neamh-léasa a scaradh, agus seachas sin cuntas a thabhairt i leith aon léasa agus gnéithe gaolmhara neamh-léasa mar shocrú singil. Níor bhain an Chuideachta úsáid as an tseift phraiticiúil seo.

### *(vii) Deontais*

Aithnítear deontas mar dhliteanas i dtosach ar an gclár comhardaithe má tá dearbhú réasúnta ann go bhfaighfear é agus go gcomhlíonfaidh an Chuideachta na coinníollacha a ghabhann leis. Aithnítear na deontais ioncaim atá mar chúiteamh don Chuideachta as costais arna dtabhú sa ráiteas ioncaim ar bhonn córasach sna blianta céanna ina dtabhaítear na costais. Déantar deontais a chúitíonn an Chuideachta as costas sócmhainne a amúchadh don ráiteas ioncaim ar bhonn córasach thar shaolré fhóinteach na sócmhainne chun an muirear dímheasa a mheaitseáil.

### *(viii) Soláthairtí agus Dliteanais Theagmhasacha*

Déanann an Chuideachta meastóireacht ar a neamhchosaintí ar dhliteanais theagmhasacha a bhaineann le dlíthíocht atá ar feitheamh nó le héilimh eile atá fós gan réiteach faoi réir socraíochta caibidlithe, idirghabhála, eadrána nó rialacháin Rialtais. Aithnítear foráil nuair is dócha go bhfuil oibleagáid ann ar féidir meastachán iontaofa a dhéanamh ina leith tar éis anailís chúramach a dhéanamh ar an ábhar aonair. Áirítear san anailís measúnú a dhéanamh ar an dóchúlacht go n-éireoidh le héileamh ar feitheamh, nó go n-eascróidh dliteanas, agus an pointe aitheantais don dliteanas gaolmhar.

Aithnítear mar dhliteanais theagmhasacha ábhair a d'fhéadfadh a bheith ina n-oibleagáidí féideartha nó nach gcomhlíonann na critéir aitheantais le haghaidh na forála, ach amháin i gcás nach bhfuil ach caol sheans ann gur féidir sochair eacnamaíocha a aistriú.

D'fhéadfadh sé go dtiocfadh athrú ar an soláthar riachtanach sa todhchaí mar gheall ar fhorbairtí nua agus de réir mar a bheidh faisnéis bhreise ar fáil. D'fhéadfadh sé nach ionann na costais iarbhír sa phróiseas meastóireachta agus an soláthar measta rud a léireodh an neamhchinnteacht bhunúsach sa phróiseas meastacháin seo. Nochtar sonraí na bhforálacha i nóta 21.

### *(ix) Oibleagáidí Sochair Scoir*

**i. Scéim pinsin sochair shainithe**

Is scéim sochair iarfhostaíochta í scéim sochair shainithe seachas plean ranníocaíochta sainithe, rud a dtugtar sonraí faoi thíos.

Ní hamháin go n-áirítear le pleananna sochair iarfhostaíochta socruithe foirmiúla ach áirítear leo freisin cleachtais neamhfhoirmiúla as a n-eascraíonn oibleagáidí inchiallaithe. Mar sin, tá an chóireáil chuntasaíochta mar an gcéanna cibé acu an bhfuil oibleagáid dhlíthiúil nó inchiallaithe atá i gceist.

I gcás scéimeanna sochair shainithe, déantar an costas as sochair a chur ar fáil a mheas agus úsáid á baint as Modh na nAonad Réamh-mheasta Creidmheasa agus déantar athbhreithnithe achtúireacha ar gach lá tuairiscithe. Déantar gnóthachain agus caillteanais achtúireacha a aithint ina n-iomlán sa tréimhse ina dtagann siad chun cinn. Aithnítear iad lasmuigh den ráiteas ioncaim agus cuirtear i láthair iad in ioncam cuimsitheach eile.

## 1. Ráiteas faoi na Beartais Chuntasaíochta (ar lean)



Aithnítear an costas iarsheirbhíse láithreach. Déantar an costas seirbhíse reatha agus gnóthachain agus caillteanais ar shocraíochtaí agus ciorrúcháin a mhuirearú ar chostais oibriúcháin, nó ar sholáthairtí sna cásanna ina ndearnadh soláthar ar dtús do na costais ghaolmhara mar chuid den tsoláthar athstruchtúraithe a aithint. Déantar glanchostas úis an phinsin a ríomh tríd an ráta lascaine a chur i bhfeidhm ag tús na tréimhse ar dhliteanas nó sócmhainn an ghlansochair shainithe.

Léiríonn an oibleagáid sochair scoir atá aitheanta sa chlár comhardaithe luach reatha oibleagáid sochair shainithe na scéime glan ó luach reatha na sócmhainní scéime.

**ii. Scéimeanna pinsin ranníocaíochta sainithe**
Is é atá i scéim ranníocaíochta sainithe ná scéim iarfhostaíochta faoina n-íocann eintiteas ranníocaíochtaí seasta isteach in eintiteas ar leithligh nach n-eascraíonn aon oibleagáid dhlíthiúil nó inchiallaithe chun méideanna breise a íoc uaithi. Déantar na ranníocaíochtaí atá iníoctha faoi na scéimeanna ranníocaíochta sainithe a mhuirearú ar an ráiteas ioncaim sna tréimhsí a gcuireann fostaithe seirbhísí ar fáil lena linn.

**iii. Tugtar cuntas i leith na scéime pinsin sochair shainithe mar Phlean Grúpa**
Oibríonn Grúpa Ervia scéim pinsin sochair shainithe. Glacann roinnt fostaithe de chuid na Cuideachta páirt sa scéim sin. Tugtar cuntas i leith na scéime mar Phlean Grúpa i gcomhréir le IAS 19 2011(athbhreithnithe).

***(x) Sócmhainní agus Dliteanais Airgeadais***
**i. Iasachtaí**
Aithnítear iasachtaí ar dtús ag luach cóir lúide costais atá inchurtha i leith idirbhirt. Tar éis iad a aithint i dtosach, sonraítear iasachtaí ar chostas amúchta agus úsáid á baint as an nglanráta úis.

**ii. Sócmhainní agus dliteanais airgeadais neamhdhíorthacha**
*Infháltais trádála agus eile*
Aithnítear infháltais thrádála agus infháltais eile ar dtús ag luach cóir na comaoine atá infhála agus iompraítear iad ag an luach seo ina dhiaidh sin lúide liúntas cuí do chaillteanais ionchais creidmheasa. Déantar foráil maidir le caillteanais bhearnúcháin ag úsáid múnla do chaillteanas creidmheasa a bhfuiltear ag súil leis thar shaolré na sócmhainne, agus aithnítear an bearnúchán a bhfuiltear ag súil leis mar chostas sna costais oibriúcháin. Ríomhtar an méid caillteanais creidmheasa ionchais trí rátaí caillteanais ionchais a chur i bhfeidhm, bunaithe ar an bhfeidhmíocht iarbhír bailiúcháin airgid stairiúil, ar phróifíl an fhiachais de réir téarmaí. Cuirfear tosca maicreacnamaíocha amach anseo agus tosca a bhaineann go sonrach leis na féichiúnaithe san áireamh mar chuid de sin.

*Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim*
Cuimsíonn airgead tirim agus a choibhéisí airgead ar láimh agus taiscí is inaisíoctha ar éileamh, lúide rótharraingtí iníoctha ar éileamh. I gcás inarb ann do na coinníollacha agus don rún maidir le fritháireamh, déantar iarmhéideanna dochair a chomhcheangal le comharduithe creidmheasa agus cuirtear an comh-iarmhéid sin i láthair ar an gclár comhardaithe.

*Iníocthaigh trádála agus eile*
Déantar iníocthaigh trádála agus eile a thaifeadadh ar luach cóir i dtosach, ar gnách gurb é méid tosaigh an tsonraisc móide aon chostais idirbhirt atá inchurtha go díreach ina leith, agus a thugtar anonn ina dhiaidh sin ar chostas amúchta agus úsáid a bhaint as modh an ghlanráta úis.

***(xi) Glanchostais Airgeadais***
Cuimsíonn ioncam airgeadais ioncam úis ar chistí infheistithe. Aithnítear ioncam úis de réir mar a fhabhraítear é sa ráiteas ioncaim, agus modh an ghlanráta úis á úsáid.

Cuimsíonn costais airgeadais ús iníoctha ar iasachtaí, muirear maoinithe ar sholáthairtí (a aithnítear tar éis ábhar a mheas), caillteanais bhearnúcháin aitheanta ar shócmhainní airgeadais (seachas infháltais trádála) agus glanchostais ús pinsin. Aithnítear costais iasachta nach bhfuil inchurtha go díreach i leith éadáil, tógáil nó táirgeadh sócmhainne cáilithí, sa ráiteas ioncaim agus úsáid á baint as modh an ghlanráta úis. Déantar glanchostas úis an phinsin a ríomh tríd an ráta lascaine a chur i bhfeidhm ag tús na tréimhse ar dhliteanas nó sócmhainn an ghlansochair shainithe.

# Nótaí a Ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 1. Ráiteas faoi na Beartais Chuntasaíochta (ar lean)



***(xii) Cáin Ioncaim***
Cuimsíonn speansas cánach ioncaim cáin reatha agus iarchurtha. Aithnítear cáin ioncaim sa ráiteas ioncaim ach amháin sa mhéid a bhaineann sé le míreanna atá aitheanta go díreach i ngnáthscaireanna nó in ioncam cuimsitheach eile.

Is é atá sa cháin reatha ná an cháin iníoctha nó infhála mheasta ar an ioncam nó caillteanas inchánach don bhliain, agus úsáid á baint as rátaí cánach a achtaíodh nó a achtaíodh go substaintiúil ar an dáta tuairiscithe, agus aon choigeartú ar cháin iníoctha i dtaobh na mblianta roimhe sin. Déantar sócmhainní agus dliteanais chánach reatha a chúiteamh nuair atá ceart chun cúitimh ar féidir a chur i bhfeidhm de réir an dlí ann laistigh den údarás cánach céanna agus áit arb é an rún ná socrú ar ghlanbhonn nó an tsócmhainn a inréadú agus an dliteanas a shocrú ag an am céanna.

Déantar cáin iarchurtha a aithint i dtaca le difríochtaí sealadacha idir méideanna anonn sócmhainní agus dliteanas chun críocha tuairiscithe airgeadais agus na méideanna a úsáidtear chun críocha cánach. Tomhaistear cáin iarchurtha ag na rátaí cánach a bhfuiltear ag súil leo sna tréimhsí ina bhfuiltear ag súil le freaschur na ndifríochtaí sealadacha i bhfianaise rátaí cánach agus dlíthe a achtaíodh nó a achtaíodh go substainteach faoin dáta tuairiscithe.

Meastar go bhfuil sócmhainn chánach iarchurtha in-aisghabhála agus mar sin ní aithnítear í go dtí, ar bhonn na fianaise go léir atá ar fáil, gur dóchúil go mbeidh brabaigh inchánach oiriúnacha sna blianta beaga atá amach romhainn, óna mbeifear in ann aisiompú na ndifríochtaí sealadacha bunúsacha a dhéaduchtú.

Déantar sócmhainní agus dliteanais chánach iarchurtha a chúiteamh nuair atá ceart chun cúitimh ar féidir a chur i bhfeidhm de réir an dlí ann laistigh den údarás cánach céanna agus áit arb é an rún ná socrú ar ghlanbhonn nó an tsócmhainn a inréadú agus an dliteanas a shocrú ag an am céanna.

Aithnítear foráil maidir leis na nithe sin a bhfuil cinneadh cánach éiginnte maidir leo ach meastar gur dócha go mbeidh eis-sreabhadh cistí chuig údarás cánach amach anseo. Tomhaistear na soláthairtí ag an meastachán is fearr ar an méid a mheastar a bheidh iníoctha. Tá an measúnú bunaithe ar bhreithiúnas gairmithe cánach laistigh den Chuideachta, arna thacú ag taithí roimhe seo i ndáil le gníomhaíochtaí den sórt sin agus i gcásanna áirithe bunaithe ar shainchomhairle chánach neamhspleách.

***(xiii) Brabús Oibriúcháin***
Sonraítear brabús oibriúcháin roimh ghlanchostais airgeadais agus chánachas.

***(xiv) Bearta Neamh-GAAP***
Sainítear EBITDA mar thuillimh roimh ús, cáin, dímheas agus amúchadh. Sainítear glanfhiachas mar iomlán na n-iasachtaí agus an fhiachais eile lúide airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim. Baineann an Chuideachta úsáid as na bearta neamh-GAAP sin chun eolas úsáideach faoi fheidhmíocht agus mhaoiniú a chur ar fáil don lucht bainistíochta, do stocshealbhóirí agus do pháirtithe leasmhara seachtracha.

### (e) Breithiúnais agus Meastacháin Chuntasaíochta Chriticiúla

Éilítear ar an gCuideachta meastacháin, boinn tuisceana agus breithiúnais ar leith a dhéanamh a chreideann sí a bheith réasúnach bunaithe ar an eolas atá ar fáil, agus í ag cur na mbeartas chuntasaíochta seo i bhfeidhm. Déantar measúnú orthu sin agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú agus tugadh aird chuí ar na tosca ábhartha maicreacnamaíocha, lena n-áirítear tionchair leanúnacha éiginnte phaindéim Covid-19. Tá faisnéis bhreise curtha ar fáil ag an gCuideachta maidir le gach ceann de na breithiúnais agus na meastacháin a bhfuil tionchar ag gabháil leo mar atá leagtha amach thíos.

Bíonn tionchar ag na meastacháin, na boinn tuisceana agus na breithiúnais sin ar na méideanna sócmhainní agus dliteanas ar dháta na ráiteas airgeadais agus na méideanna ioncaim agus costais a aithnítear le linn na dtréimhsí tuairiscithe a chuirtear i láthair. D'fhéadfadh éifeacht ábhartha a bheith ag athruithe ar na meastacháin sin ar na ráitis airgeadais.

Déanann an Chuideachta measúnú ar bhonn leanúnach ar a meastacháin ag baint úsáide as taithí stairiúil, comhairliúchán le saineolaithe agus modhanna eile a cheaptar a bheith réasúnach sna cúinsí ar leith. D'fhéadfadh go mbeadh difríocht idir torthaí iarbhír agus na meastacháin sin. Aithneofar a éifeacht sa tréimhse ina dtagann na fíricí chun solais a n-eascraíonn an t-athbhreithniú astu.

## 1. Ráiteas faoi na Beartais Chuntasaíochta (ar lean)



***(i) Breithiúnais shuntasacha maidir le beartais chuntasaíochta na Cuideachta a chur i bhfeidhm***

Seo a leanas na breithiúnais shuntasacha, seachas iad siúd lena ngabhann meastacháin (a dhéantar cur síos ar leith orthu thíos), atá déanta ag an gCuideachta agus í ag cur i bhfeidhm na mbeartas chuntasaíochta sin agus a mbíonn an éifeacht is mó acu ar na méideanna atá aitheanta sna ráitis airgeadais.

**(a) Rangú ar chostas idir caiteachas oibriúcháin agus caiteachas caipitil**

Teastaíonn breithiúnais shuntasacha le caiteachas a rangú mar chaiteachas caipitil nó oibriúcháin, go háirithe i gcásanna a mbíonn eilimintí de ghníomhaíochtaí feabhsúcháin (caipiteal) agus cothabháil (oibriúchán) araon ann. Tá na polasaithe, na rialúcháin agus na nósanna imeachta chuí i bhfeidhm ag an gCuideachta leis na rioscaí go ndéanfaí caiteachas neamhincháilithe a chaipitliú a mhaolú.

**(b) Aithint ioncaim - cur chuige punainne agus measúnú ar dhóchúlacht**

Tá an tseift phraiticiúil curtha i bhfeidhm ag an gCuideachta a tháirgtear le IFRS 15, an 'cur chuige punainne', trína gcuireann an Chuideachta IFRS 15 i bhfeidhm ar phunann conarthaí le tréithe den chineál céanna. Chuir an Chuideachta a breithiúnas i bhfeidhm chun punanna cuí custaiméirí a shainaithint sa chaoi go bhfuiltear ag súil go réasúnach nach mbeadh tionchar na n-éifeachtaí ar na ráitis airgeadais a bheadh ag cur i bhfeidhm IFRS 15 ar an bpunann an-difriúil le cur i bhfeidhm IFRS 15 ar na conarthaí aonair sa phunann sin.

Sonraítear in IFRS 15 nár cheart ioncam a aithint ach más dóchúil go mbaileoidh an t-eintiteas an chomaoin a mbeidh sí ina teideal mar mhalairt ar na hearraí nó na seirbhísí a aistreofar chuig an gcustaiméir. Tar éis measúnú mionsonraithe a dhéanamh, chinn an Chuideachta nach bhfuil aon ghrúpa inaitheanta custaiméirí ann ag pointe billeála agus bailithe ioncaim a measúnaíodh mar 'neamhdhóchúil'.

***(ii) Neamhchinnteacht sna meastacháin***

Seo a leanas na príomhbhoinn tuisceana maidir leis an todhchaí agus príomhfhoinsí eile de neamhchinnteacht meastacháin ag deireadh na tréimhse tuairiscithe a d'fhéadfadh riosca suntasach a bheith ag gabháil leo sa mhéid is go bhféadfadh go mbeadh athrú ábhartha ar shuimeanna glanluacha sócmhainní agus dliteanas mar thoradh orthu laistigh den chéad bhliain airgeadais eile.

**(a) Sócmhainní bonneagar agus na sócmhainní a úsáidimid inár ngnó**

Amhail ón 31 Nollaig 2020, ba é comhiomlán mhaoin, ghléasra agus threalamh na Cuideachta (PP&E) agus sócmhainní doláimhsithe arbh fhiú le €4,260.0 milliún (2019: (2019: €3,551.8 milliún), arbh ionann é sin agus formhór shócmhainní na Cuideachta. Mar sin, tá na meastacháin agus na boinn tuisceana atá déanta agus an tsuim ghlanluacha á socrú ríthábhachtach do na ráitis airgeadais mar d'fhéadfadh go mbeadh éifeacht shuntasach ag in-aisghabhálacht méideanna, nó a mhalairt, ar thorthaí agus staid airgeadais na Cuideachta amach anseo.

*Bearnúchán*

Oibríonn an Chuideachta faoi chreat rialáilte arna riar ag an gCoimisiún um Rialála Fóntais (CRF). Déanann an Chuideachta costais ar chaiteachas caipitil éifeachtach ar RF&T agus sócmhainní doláimhsithe a aisghabháil trí ioncaim rialáilte bunaithe ar Bhonn Sócmhainne Rialáilte (BSR) ceadaithe. I gcomhréir le ceanglais IAS 36 Bearnú Sócmhainní, agus sa bhreis air, rinne an Chuideachta na hathbhreithnithe seo a leanas i rith na bliana airgeadais:

1) Rinne sí athbhreithniú ar shuimeanna glanluacha RF&T agus sócmhainní doláimhsithe ar dháta an tuairiscithe chun socrú cibé acu an bhfuil aon chomhartha bearnúcháin ann;
2) Rinne sí tástáil ar shócmhainní doláimhsithe atá á bhforbairt (€7.8 milliún) le haghaidh bearnúcháin; agus
3) Déantar comparáid idir an luach BSR agus an comhiomlán de na méideanna a thugtar anonn den RF&T agus sócmhainní doláimhsithe.

Bunaithe ar a bhfuil luaite thuas, tá an Chuideachta den tuairim nach bhfuil gá leis an muirear bearnúcháin. Is é an príomhbhonn tuisceana maidir leis an todhchaí atá á úsáid ag an gCuideachta agus í ag teacht ar an gconclúid sin ná go leanfaidh an Chuideachta ar aghaidh ag giniúint ioncam rialáilte bunaithe ar a BSR reatha.

Tá an Chuideachta tagtha ar an gcinneadh, tar éis na riachtanais chuí de IAS 1 Cur i Láthair na Ráiteas Airgeadais a mheas, nach bhfuil sé praiticiúil an tionchar a bheadh ag athrúchán ar an mbonn tuisceana seo a nochtadh, mar nach féidir an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag srianta féideartha giniúna ioncaim nach bhfuil ar eolas againn a d'fhéadfadh teacht chun cinn amach anseo maidir leis an BSR atá ann cheana a mheas.

# Nótaí a Ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 1. Ráiteas faoi na Beartais Chuntasaíochta (ar lean)



*Dímheas agus saolré fhóinteach*
Aithníonn an Chuideachta muirir dímheasa agus amúchta go bliantúil (2020: €137.6 milliún agus 2019: €111.8 milliún) a ríomhtar go príomha chun costas RF&T agus sócmhainní doláimhsithe a laghdú thar a saolta eacnamaíochta fóinteacha ionchais. I gcás RF&T ach go háirithe, tá gá le breithiúnais shuntasacha chun na saolréanna fóinteacha measta le haghaidh sócmhainní bunaithe ar thaithí, ionchais don todhchaí agus fachtóirí eile a shocrú. Tá na saolréanna fóinteacha measta le haghaidh aicmithe móra sócmhainne leagtha amach i gCuid (d) den nóta seo 'Beartais Chuntasaíochta Suntasacha'. Déanann an Chuideachta athbhreithniú ar shaolta fóinteacha sócmhainní gach bliain agus déantar aon choigeartú a bhfuil gá leis go hionchasach. Mar gheall ar mhéid na hinfheistíochta a dhéanann an Chuideachta i sócmhainní, d'fhéadfadh tionchar ábhartha a bheith ag athrúcháin idir saolta eacnamaíochta iarbhír agus mheasta ar thorthaí sa todhchaí, bíodh sin dearfach nó diúltach. Go dtí seo, níor aithin an Chuideachta aon athrú ar shaolréanna fóinteacha a raibh tionchar ábhartha acu ar thorthaí oibriúcháin.

**(b) Ioncam neamhbhilleáilte**
Ardaíonn an Chuideachta billí agus aithníonn sí ioncam de réir an chirt atá aici chun ioncaim a fháil ag teacht le beartas cuntasaíochta na Cuideachta. I gcás custaiméirí uisce agus fuíolluisce, braitheann an t-ioncam atá aitheanta ar an méid atá dlite le haghaidh na seirbhísí a cuireadh ar fáil idir an dáta is deireanaí ar a léadh an méadar agus deireadh na bliana airgeadais. Léitear méadair ar bhonn timthriallach agus aithníonn an Chuideachta ioncam do luachanna neamhbhilleáilte bunaithe ar mhéideanna measta ón dáta deiridh billeála agus deireadh na bliana airgeadais. Cuirtear san áireamh sa luach measta ón mbille deireanach, an meánráta laethúil rollach nó faisnéis cosúil leis le haghaidh custaiméirí inchomparáide faoin líon laethanta idir an dáta billeála is deireanaí agus deireadh na tréimhse tuairiscithe.

Bhí tionchar ag srianta Covid-19 le linn 2020 ar phatrúin tomhaltais custaiméirí nach teaghlaigh iad agus bhí tionchar acu freisin ar mhinicíocht léamh an mhéadair a rinne an Chuideachta. Dá bhrí sin, ba é a bhí mar thoradh air sin ná neamhchinnteacht bhreise meastacháin, maidir le ríomhanna ioncaim neamhbhille ag deireadh na tréimhse tuairiscithe, mar gheall ar infhaighteacht níos ísle na sonraí iarbhír tomhaltais do chustaiméirí. Tá an Chuideachta sásta go bhfuil na meastacháin ioncaim neamhbhille réasúnta agus stuama.

**(c) Liúntas maidir le caillteanais chreidmheasa ionchais**
Aithnítear liúntas maidir le caillteanais chreidmheasa ionchais i ndáil le trádáil agus infháltais eile de réir bheartas cuntasaíochta na Cuideachta, i.e. meastar é agus úsáid á baint as maitrís soláthair fiachais de réir aoise bunaithe ar líon na laethanta atá an fiachas thar téarma agus ag cur taithí na Cuideachta ar chaillteanais creidmheasa i bhfeidhm.

Beidh tionchair leanúnacha neamhchinnte eacnamaíocha phaindéim dhomhanda Covid-19 ann amach anseo, agus táthar ag súil le go leanfaidh sé de thionchar a imirt ar iompraíocht na gcustaiméirí maidir le híocaíocht. Is gá go méadaíonn sé sin leibhéal na héiginnteachta meastacháin maidir le caillteanais chreidmheasa ionchasacha a thomhas ag dáta seolta an chláir chomhardaithe, go háirithe maidir le meastachán a dhéanamh ar thionchar an oirchill eacnamaígh réamhbhreathnaithigh ar bhailiú thrádáil na Cuideachta agus earraí infhaighte eile ar dháta seolta an chláir chomhardaithe.

Chuir an Chuideachta raon leathan fachtóirí san áireamh agus í i mbun measúnú a dhéanamh ar an riachtanas atá ann rátaí caillteanais chreidmheasa stairiúla a mhéadú chun tionchar an ionchais eacnamaíoch réamhbhreathnaithe a ionchorprú. Áiríodh ar na tosca a ndearnadh meastachán orthu réamhaisnéisí maicreacnamaíocha, anailís ar chúrsaí de bharr Covid-19, measúnú tionchair ar dheighleoga thionscal na gcustaiméirí, agus anailís stairiúil agus réamhbhreathnaitheach ar bhailiú airgid thirim do chustaiméirí.

Bunaithe ar athbhreithniú ar na fachtóirí thuas, tá measúnú déanta ag an gCuideachta go mbeadh raon réasúnta idir €4 milliún agus €15 milliún i gceist le haghaidh caillteanais chreidmheasa ionchasacha bhreise i ngeall ar an ionchas eacnamaíoch sa todhchaí. Tar éis breithniú cuí a dhéanamh, chinn an Chuideachta gurb ionann muirear breise €10 milliún agus an meastachán is fearr bunaithe ar an bhfaisnéis atá ar fáil.

Cuirtear caillteanais lagaithe ar shócmhainní airgeadais i láthair mar mhír líne ar an ráiteas ioncaim, agus léiríodh nochtaidh 2019 chun gnéithe comparáideacha a thaispeáint i gcomhréir le 2020.

## 1. Ráiteas faoi na Beartais Chuntasaíochta (ar lean)



**(d) Oibleagáidí sochair scoir**
Déantar na heis-sreafaí airgid réamh-mheasta don sochar pinsin de chuid na Cuideachta atá mar bhonn dá hoibleagáid sochair shainithe a lascainiú ag ráta a shocraítear trí fhéachaint chuig torthaí margaidh ag deireadh na tréimhse tuairiscithe, ar bhannaí corparáideacha ardchaighdeáin. Teastaíonn breithiúnas suntasach agus na critéir á socrú chun bannaí a chur san áireamh leis an daonra óna ndíorthaítear an cuar toraidh. I measc na gcritéar is suntasaí a mheastar chun bannaí a roghnú, tá méid eisiúna na mbannaí corparáideacha, caighdeán na mbannaí sin agus aithint asluiteach atá eisiata. Teastaíonn breithiúnas suntasach freisin agus an cuar toraidh á dhíorthú ag téarmaí níos faide mar go bhfuil líon na mbannaí corparáideacha ardchaighdeáin fadreathacha le haghaidh tréimhsí níos faide gann.

Bhí na boinn tuisceana airgeadais achtúireacha a glacadh nuair a bhí luach oibleagáid sochar sainithe na Cuideachta á ríomh faoi réir luaineacht shuntasach a eascraíonn as tionchair Covid-19. Sonraítear íogaireachtaí i nóta 18 maidir leis na príomhthoimhdí a úsáidtear chun dliteanais na scéime a thomhas.

**(e) Soláthairtí agus dliteanais eile**
Tá éiginnteacht mheastacháin ag baint leis na measúnuithe ar an toradh airgeadais ar sheasamh gnó agus dlí éiginnte áirithe, agus is gá breithiúnas, meastachán agus boinn tuisceana a úsáid. Is ionann na méideanna atá aitheanta mar sholáthar agus meastachán is fearr na Cuideachta ar an gcaiteachas a theastaíonn chun oibleagáidí reatha a shocrú ar an dáta tuairiscithe. Agus an toradh ar dócha a bheidh ann á mheas, bunaíonn an Chuideachta a measúnú ar fhíricí atá ar fáil, ar thaithí stairiúil, ar chomhairle ó chomhairleoirí dlí agus saineolaithe eile agus ar fhachtóirí eile a mheastar a bheith réasúnta ar na cúinsí. Tagtar ar mheastachán athbhreithnithe ag gach dáta tuairiscithe chun déanamh cinnte go bhfreagraíonn na méideanna a fhabhraítear don mheastachán is fearr ar na costais a iompróidh an Chuideachta sa deireadh.

Baineann an chuid is mó de sholáthairtí na Cuideachta le sócmhainní an bhonneagair uisce agus fuíolluisce a aistríodh chuig an gCuideachta ó na hÚdaráis Áitiúla ar 1 Eanáir 2014. Féach ar nóta 21 chun tuilleadh sonraí a fháil ar phróiseas athmheasúnaithe 2020.

Cuireadh na tionchair a bhí ag Covid-19 san áireamh freisin i bpróiseas athmheasúnaithe 2020. Go háirithe, tá an meastachán ar an sciar de na costais incriminteacha Covid-19, arna n-íoc ag an mbonn conraitheoirí, a bhfuiltear ag súil go socróidh an Chuideachta í i 2021, tar éis leibhéal na héiginnteachta meastacháin sa réimse sin a mhéadú. Bunaithe ar athbhreithniú ar na tosca ábhartha uile, lena n-áirítear éilimh a fuarthas, ar an Treoir maidir le Soláthar Rialtais agus ar thaithí maidir le héileamh roimhe sin, tá an meastachán is fearr déanta ag an gCuideachta bunaithe ar an bhfaisnéis atá ar fáil (mar a chuirtear san áireamh i nóta 22). D'fhéadfadh sé go dtiocfadh athrú ar an soláthar riachtanach sa todhchaí mar gheall ar fhorbairtí nua agus de réir mar a bheidh faisnéis bhreise ar fáil.

I bhfianaise chineál na bhforálacha sin agus na neamhchinnteachta meastachán atá i gceist, meastar nach bhfuil sé indéanta tuilleadh anailíse íogaireachta a dhéanamh ar na méideanna sin.

# Nótaí a Ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)



## 2. Gnóthas Leantach

Creideann na Stiúrthóirí go bhfuil an Chuideachta in ann rioscaí a bhainistiú go rathúil. Ina theannta sin, cuimsíonn nóta 23 leis na ráitis airgeadais cuspóirí, polasaithe agus próisis na Cuideachta lena caipiteal, a cuspóirí bainistíochta riosca airgeadais agus a nochtadh ar riosca creidmheasa agus riosca leachtachta a bhainistiú.

Léiríonn réamh-mheastacháin na Cuideachta go bhfuiltear ag súil go bhfreastalóidh Uisce Éireann ar a dhliteanais mar a thagann siad trí mheascán idir maoiniú agus tacaíocht Stáit, taraifí a ghearrann Uisce Éireann agus iasachtaí tríú páirtí. Tugtar achoimre ar chreat athbhreithnithe do shamhail mhaoinithe fhadtéarmach na Cuideachta san Acht um Sheirbhísí Uisce 2017, tar éis deireadh a chur le muirir uisce teaghlaigh. Aontaíodh agus faomhadh maoiniú stáit d'Uisce Éireann le haghaidh 2021 i R4 2020 mar chuid de phróiseas buiséadach an Rialtais. Dar leis na Stiúrthóirí, tá a ghealltanas chun maoiniú leantach Uisce Éireann, lena n-áirítear tar éis 2021, léirithe ag an Rialtas trí chlár infheistíochta caipitil na Cuideachta a chuimsiú sa Phlean Forbartha Náisiúnta 2040 agus a fhaomhadh leanúnach ar Phlean Uisce Éireann um Maoiniú Straitéiseach.

Le linn 2020, lean an Chuideachta ag cur moltaí an Ghrúpa Oibre Idir-Rannaigh um Athsholáthar Iasachtaí Tráchtála Uisce Éireann le maoiniú Stáit a chur i bhfeidhm agus i Meithimh 2020, rinne an Chuideachta áiseanna nua de luach €1,022 milliún d'iasachtaí Stáit (arbh fhiú €371 milliún a tarraingíodh anuas ag deireadh na bliana), curtha ar fáil ag an Aire Airgeadais le haghaidh caiteachais chaipitil atá curtha i leith na hearnála neamhthíre. Ag baint úsáide as cistí a tarraingíodh ón tsaoráid sin, d'aisíoc an Chuideachta iasachtaí uile an bhainc thráchtála i rith na bliana, agus chuir sé sin le feabhas ar ghlansuíomh dliteanais reatha na Cuideachta, atá cothrom le €180 milliún amhail an 31 Nollaig 2020 (2019: €480 milliún).

Ina theannta sin, tá €350 milliún de shaoráidí bainc thráchtála tiomanta neamhtharraingthe ag an gCuideachta amhail an 31 Nollaig 2020 a leanfar dá n-úsáid mar fhoinse eatramhach maoinithe agus a rollófar ar bhonn gearrthéarmach go dtí go rachaidh an Chuideachta isteach i saoráid nua caipitil oibre Stáit, a bhfuiltear ag súil go gcríochnófar í i 2021.

Tar éis do na fíricí a leagtar amach thuas a mheas, tá sé socruithe ag na Stiúrthóirí go bhfuil ionchas réasúnach ann go leanfaidh an Chuideachta ag freastal ar a cuid dliteanais de réir mar a thiteann siad go ceann i bhfad agus dá réir sin ullmhaítear na ráitis airgeadais ar bhonn an ghnóthais leantaigh. Tá na Stiúrthóirí tagtha ar an tuairim nach bhfuil aon neamhchinnteacht ábhartha ann a bhaineann le himeachtaí nó le staideanna a d'fhágfadh aon amhras suntasach ar chumas na Cuideachta leanúint mar ghnóthas leantach thar thréimhse na measúnachta. Agus an measúnú sin á dhéanamh, chuir na Stiúrthóirí san áireamh an tionchar leanúnach agus féideartha atá ag paindéim Covid-19 ar ghnó na Cuideachta thar thréimhse an mheasúnaithe, lena n-áirítear breithniú ar réamh-mheastacháin airgeadais nuashonraithe. Is í an tréimhse mheasúnachta a úsáideann na Stiúrthóirí ná dhá mhí dhéag ó dháta faofa na ráiteas airgeadais bhliantúil sin.

## 3. Ioncam

| | 2020<br>€'000 | 2019<br>€'000 |
|---|---|---|
| Ioncam fóirdheontas Rialtais | **815,000** | 855,000 |
| Ioncam neamhtheaghlaigh | **173,006** | 208,091 |
| Ceangail nua | **73,193** | 58,415 |
| **Iomlán** | **1,061,199** | 1,121,506 |

# 4. Costais Oibriúcháin

| | | 2020<br>€'000 | 2019<br>€'000 |
|---|---|---|---|
| Costas an tsochair fostaithe | 5 | **(58,123)** | (51,415) |
| Párolla & forchostais tacaíochta feidhmiúil Chomhaontú Seirbhíse Údaráis Áitiúla | 26 | **(220,511)** | (214,183) |
| Seirbhísí fruilithe & ar conradh | | **(171,205)** | (169,830) |
| Costais lársheirbhísí idirbhirt & tacaíochta[1] | 26 | **(52,403)** | (55,979) |
| Ábhair, cothabháil agus gléasra ar cíos | | **(110,441)** | (116,160) |
| Cíos, rátaí, fóntais agus árachas | | **(122,644)** | (82,098) |
| Fuascailt i dtaobh athmheasúnú dliteanas | 21 | **13,620** | 2,944 |
| Costais oibriúcháin eile | | **(36,790)** | (36,865) |
| **Costais oibriúcháin (roimh chaillteanais lagaithe ar shócmhainní airgeadais)** | | **(758,497)** | (723,586) |
| Caillteanais lagaithe ar shócmhainní airgeadais | 12 | **(40,869)** | (17,545) |
| **Iomlán** | | **(799,366)** | (741,131) |

[1]Féach ar nóta 26 le haghaidh níos mó sonraí faoi chostais a tabhaíodh ar sheirbhísí arna soláthar ag an gCuideachta do Ervia.

***Sonraítear costais oibriúcháin tar éis go ngearrtar muirir:***

**(a) Luach saothair an iniúchóra[1]**

| | 2020<br>€'000 | 2019<br>€'000 |
|---|---|---|
| Iniúchadh ar Ráiteas Airgeadais Eintitis na Cuideachta | **(202)** | **(200)** |
| Seirbhísí eile i ndáil le dearbhú iniúchóireachta | **-** | **-** |
| Seirbhísí comhairleacha cánach | **-** | **(8)** |
| Seirbhísí neamhiniúchóireachta eile | **-** | **-** |
| **Iomlán** | **(202)** | **(208)** |

[1] ní chuirtear na méideanna CBL do-aisghabhála san áireamh leis sin

**(b) Luach saothair an stiúrthóra***

| | 2020<br>€'000 | 2019<br>€'000 |
|---|---|---|
| Stiúrthóirí – táillí | **-** | - |
| Stiúrthóirí – luachanna saothair | **(976)** | (753) |
| Stiúrthóirí – ranníocaíochtaí pinsin sochair shainithe | **(111)** | (94) |
| Stiúrthóirí - ranníocaíochtaí pinsin ranníocaíochta sainithe | **(19)** | (8) |
| **Iomlán** | **(1,106)** | (855) |

*I gcomhréir le hAirteagail Chomhlachais na Cuideachta, níl na Stiúrthóirí i dteideal táillí a fháil. Léiríonn luach saothair na Stiúrthóirí mar atá nochta thuas cionroinnt den luach saothair iomlán a tuilleadh mar fhostaithe a fuair tuarastal ó Ervia agus Uisce Éireann, bunaithe ar na seirbhísí a tugadh don Chuideachta. Ba é cúigear stiúrthóir (2019:6) líon na stiúrthóirí ar fabhraíodh ranníocaíochtaí pinsin sochar sainithe chucu agus ba é duine amháin (2019:2) líon na stiúrthóirí ar fabhraíodh ranníocaíochtaí pinsin sochar sainithe chucu.

# Nótaí a Ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)



## 4. Costais Oibriúcháin (ar lean)

**(c) Tuarastal agus sochair an Stiúrthóra Bainistíochta**

*(c) (i) Stiúrthóir Bainistíochta Reatha – a ceapadh 6 Lúnasa 2019*

| | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|
| Buntuarastal | **(200)** | (81) |
| Sochair ghearrthéarmacha eile d'fhostaithe | **(15)** | (6) |
| Sochair iarfhostaíochta - ranníocaíochtaí pinsin | **(24)** | (9) |
| **Iomlán** | **(239)** | (96) |

*(c) (ii) Iar-Stiúrthóir Bainistíochta Gníomhach – a d'éirigh as 6 Lúnasa 2019*

| | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|
| Buntuarastal | **-** | (114) |
| Sochair ghearrthéarmacha eile d'fhostaithe* | **-** | (36) |
| Sochair iarfhostaíochta - ranníocaíochtaí pinsin | **-** | (19) |
| **Iomlán** | **-** | (169) |

* I measc na sochar gearrthéarmach eile tá speansais a bhaineann le costais as póca, cé go bhfuil siad tabhaithe ag an Stiúrthóir Feidhmiúcháin Gníomhach agus a dhualgais á chomhlíonadh aige don Chuideachta, agus tá na speansais seo faoi réir cánach ioncaim le teacht le treoirlínte Ioncaim.

## 5. Sochair Fostaithe

**(a) Sochair chomhiomlána fostaí**

| | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|
| Sochair Ghearrthéarmacha Foirne | **(62,144)** | (57,871) |
| Sochair iarfhostaíochta - costais phinsin | **(9,095)** | (7,640) |
| Costais árachais sóisialta | **(6,618)** | (5,817) |
| | **(77,857)** | (71,328) |
| Párolla caipitlithe | **19,734** | 19,913 |
| **Speansas sochair fostaí muirearaithe ar an ráiteas ioncaim** | **(58,123)** | (51,415) |

**(b) Sochair ghearrthéarmacha foirne**

| | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|
| Pá agus tuarastail | **(59,667)** | (55,561) |
| Ragobair | **(63)** | (85) |
| Liúntais | **(1,104)** | (1,027) |
| Eile | **(1,310)** | (1,198) |
| **Iomlán** | **(62,144)** | (57,871) |

Féach nóta 27 maidir le nochtadh párolla na Cuideachta mar a cheanglaítear le hAcht na gCuideachtaí 2014.

Ba é meánlíon na bhfostaithe de chuid na Cuideachta ná 791 fostaí le haghaidh 2020 (2019: 792).

## 6. Dímheas agus Amúchadh

| | | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|---|
| Dímheas sealúchais, gléasra agus trealaimh | 9 | **(86,284)** | (69,329) |
| Dímheas shócmhainní ceart úsáide | 10 | **(3,056)** | (3,045) |
| Amúchadh sócmhainní doláimhsithe | 11 | **(48,326)** | (39,446) |
| Amúchadh deontas | 20 | **34** | 30 |
| **Iomlán** | | **(137,632)** | (111,790) |

## 7. Costais Airgeadais

| | | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Costais airgeadais** | | | |
| Costais úis agus airgeadais | | **(4,601)** | (13,388) |
| Ús caipitlithe | | **1,807** | 7,400 |
| Muirear airgeadais um dhliteanas léasa | 10 | **(277)** | (328) |
| Glanchostas úis pinsin | 18 | **(447)** | (570) |
| **Iomlán na gcostas airgeadais** | | **(3,518)** | (6,886) |

## 8. Cáin

**Costais cánach ioncaim**

| | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|
| Costas cánach reatha | **-** | (136) |
| Speansas cánach iarchurtha | **(13,418)** | (33,337) |
| **Iomlán chostas na cánach ioncaim** | **(13,418)** | (33,473) |

# Nótaí a Ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)



## 8. Cáin (ar lean)

### An ráta cánach éifeachtach a idir-réiteach

| | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|
| Brabús roimh cháin | **120,683** | 261,699 |
| Cáin gearrtha ag 12.5% (2019: 12.5%) | **(15,086)** | (32,713) |
| Speansais nach bhfuil inasbhainte chun críocha cánach [1] | **(762)** | (811) |
| Ioncam nach bhfuil incháinithe [2] | **1,702** | - |
| Ioncam inchánach ag rátaí níos airde | **(85)** | (76) |
| Coigeartuithe i dtaobh na mblianta airgeadais roimhe [3] | **813** | 127 |
| **Iomlán chostas na cánach ioncaim** | **(13,418)** | (33,473) |

Féach ar ráiteas faoi ioncam cuimsitheach eile ina bhfuil sonraí faoi na tionchair chánach ann.

[1] Baineann sé sin go príomha le dímheas ar chaiteachas caipitiúil nach bhfuil incheadaithe chun críocha cánach.

[2] Baineann sé le scaoileadh leis an ráiteas ioncaim le linn 2020 d'fhorálacha a aithníodh ar dtús maidir le haistriú sócmhainní uisce agus fuíolluisce ó na hÚdaráis Áitiúla i 2014 chuig an gCuideachta (féach ar nótaí 4 agus 21).

[3] Baineann an coigeartú i 2020 go príomha leis an athmheasúnú i 2020 ar chineál inchánach an scaoilte forálacha a ghabhann leis an ráiteas ioncaim i mbliain éigin roimhe sin, mar a thuairiscítear díreach thuas.

### Sócmhainní agus dliteanais chánach iarchurtha

| | Oibleagáidí pinsin €'000 | Caillteanais chánach ar aghaidh €'000 | Dímheas luathaithe cánach[1] €'000 | Eile €'000 | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| **Ar an 1 Eanáir 2019** | 799 | 32,792 | (68,423) | (82) | (34,914) |
| Arna n-aithint sa ráiteas ioncaim | 153 | (2,003) | (31,654) | 167 | (33,337) |
| Arna n-aithint i ngnáthscaireanna | 761 | - | - | - | 761 |
| **Ar an 31 Nollaig 2019** | 1,713 | 30,789 | (100,077) | 85 | (67,490) |
| Arna n-aithint sa ráiteas ioncaim | **229** | **23,279** | **(36,979)** | **53** | **(13,418)** |
| Arna n-aithint i ngnáthscaireanna | **951** | **-** | **-** | **-** | **951** |
| **Ar an 31 Nollaig 2020** | **2,893** | **54,068** | **(137,056)** | **138** | **(79,957)** |

[1] Tagann an dliteanas cánach iarchurtha chun cinn go príomha mar gheall ar dhifríochtaí uainiúcháin sealadacha a eascraíonn as ár sócmhainní a bheith faoi réir liúntas caipitiúil faoin reachtaíocht chánach (dímheas cánach) thar thréimhse níos giorra ná an tréimhse a chuirtear i bhfeidhm maidir le dímheas cuntasaíochta (bunaithe ar shaol eacnamaíoch feidhmeach na sócmhainní).

## 9. Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh

| | | 31-Noll-20 €'000 | 31-Noll-19 €'000 |
|---|---|---|---|
| Réadmhaoin, gléasra agus trealamh - sócmhainní faoi úinéireacht | | **4,147,375** | 3,412,851 |
| Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh - sócmhainní léasaithe | 10 | **12,620** | 15,768 |
| **Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh - arna gcur i láthair sa chlár comhardaithe** | | **4,159,995** | 3,428,619 |

## 9. Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh (ar lean)



*Réadmhaoin, gléasra agus trealamh - sócmhainní faoi úinéireacht*

| | Sócmhainní bonneagair €'000 | Sócmhainní oibriúcháin €'000 | Sócmhainní neamhlíonra €'000 | Sócmhainní atá á dtógáil €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Costas** | | | | | |
| Ar an 1 Eanáir 2019 | 1,144,716 | 886,882 | 84,981 | 715,432 | 2,832,011 |
| Breiseanna | - | - | - | 835,181 | 835,181 |
| Aistrithe | 429,298 | 181,066 | 33,180 | (643,544) | - |
| Diúscairtí | - | - | (93) | - | (93) |
| **Ar an 31 Nollaig 2019** | 1,574,014 | 1,067,948 | 118,068 | 907,069 | 3,667,099 |
| Breiseanna | **-** | **-** | **-** | **820,859** | **820,859** |
| Aistrithe | **274,561** | **222,866** | **22,551** | **(519,978)** | **-** |
| Diúscairtí | **-** | **-** | **(64)** | **-** | **(64)** |
| **Ar an 31 Nollaig 2020** | **1,848,575** | **1,290,814** | **140,555** | **1,207,950** | **4,487,894** |
| **Caillteanais fhabhraithe dímheasa agus bearnúcháin** | | | | | |
| Ar an 1 Eanáir 2019 | (64,337) | (88,974) | (31,631) | - | (184,942) |
| Dímheas le haghaidh na bliana airgeadais | (20,611) | (37,310) | (11,408) | - | (69,329) |
| Dímheas ar dhiúscairtí | - | - | 23 | - | 23 |
| **Ar an 31 Nollaig 2019** | (84,948) | (126,284) | (43,016) | - | (254,248) |
| Dímheas le haghaidh na bliana airgeadais | **(24,374)** | **(46,690)** | **(15,220)** | **-** | **(86,284)** |
| Dímheas ar dhiúscairtí | **-** | **-** | **13** | **-** | **13** |
| **Ar an 31 Nollaig 2020** | **(109,322)** | **(172,974)** | **(58,223)** | **-** | **(340,519)** |
| **Suimeanna glanluacha** | | | | | |
| Ar an 31 Nollaig 2019 | 1,489,066 | 941,664 | 75,052 | 907,069 | 3,412,851 |
| **Ar an 31 Nollaig 2020** | **1,739,253** | **1,117,840** | **82,332** | **1,207,950** | **4,147,375** |

I rith na bliana airgeadais, chaipitligh an Chuideachta ús de €1.8 milliún (2019: €7.4 milliún). Ba é an ráta caipitlithe ná 1.15% (2019: 1.3%). Freisin chaipitligh an Chuideachta costais phárolla de €19.7 milliún i rith na bliana airgeadais (2019: €19.9 milliún).

*Gealltanais chaipitil*

| | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|
| Caiteachas caipitil atá ar conradh ach nach bhfuil soláthar déanta ina leith | 382,114 | 627,205 |

# Nótaí a Ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)



## 10. Sócmhainní agus Dliteanais Léasa

*An Chuideachta mar Léasaí*

Chuaigh an Chuideachta i mbun socruithe léasa éagsúla a bhaineann den chuid is mó le foirgnimh agus talamh a ligean ar cíos. Ní dhéantar aon srianta suntasacha nó neamhghnácha a chur i bhfeidhm de réir théarmaí na léasanna seo. Is ar bhonn neamhthuilleamaí atá na socruithe léasa go léir.

**(a) Méideanna arna n-aithint sa Chlár Comhardaithe**

*Sócmhainní ceart úsáide*

| | Talamh agus Foirgnimh €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|
| **Costas** | | |
| **Ar an 1 Eanáir 2019** | 18,757 | 18,757 |
| Breiseanna | 437 | 437 |
| Diúscairtí | - | - |
| **Ar an 31 Nollaig 2019** | 19,194 | 19,194 |
| Breiseanna | **325** | **325** |
| Diúscairtí | **(210)** | **(210)** |
| **Ar an 31 Nollaig 2020** | **19,309** | **19,309** |
| | | |
| **Caillteanais fhabhraithe dímheasa agus bearnúcháin** | | |
| **Ar an 1 Eanáir 2019** | - | - |
| Iomlán don bhliain | (3,426) | (3,426) |
| **Ar an 31 Nollaig 2019** | (3,426) | (3,426) |
| Iomlán don bhliain | **(3,473)** | **(3,473)** |
| Dímheas ar dhiúscairtí | **210** | **210** |
| **Ar an 31 Nollaig 2020** | **(6,689)** | **(6,689)** |
| | | |
| **Suimeanna glanluacha** | | |
| Ar an 31 Nollaig 2019 | 15,768 | 15,768 |
| **Ar an 31 Nollaig 2020** | **12,620** | **12,620** |

*Dliteanais léasa*

| | |
|---|---|
| **Ar an 1 Eanáir 2019** | (18,757) |
| Breiseanna | (438) |
| Costais úis | (328) |
| Íocaíochtaí léasa[1] | 2,693 |
| **Ar an 31 Nollaig 2019** | (16,830) |
| | |
| Breiseanna | **(324)** |
| Costais úis | **(277)** |
| Íocaíochtaí léasa[1] | **4,209** |
| **Ar an 31 Nollaig 2020** | **(13,222)** |

[1] Áirítear ar íocaíochtaí léasa íocaíochtaí as cion príomha an dliteanais léasa, a thíolactar mar ghníomhaíochtaí maoinithe de luach €3.9 milliún (2019: €2.4 milliún) sa ráiteas ar shreabhadh airgid.

## 10. Sócmhainní agus Dliteanais Léasa (ar lean)

**Anailísithe mar seo a leanas:**

| | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|
| Neamh-Reatha | **(10,936)** | (13,595) |
| Reatha | **(2,286)** | (3,235) |
| **Iomlán** | **(13,222)** | (16,830) |

Déantar anailís ar aibíocht dliteanas léasa a chur i láthair i nóta 23. Níl an Chuideachta ag déileáil le riosca leachtach suntasach maidir lena dhliteanais léasa. Déantar monatóireacht ar dhliteanais léasa laistigh de na feidhmeanna gnó ábhartha. I rith na bliana airgeadais, chaipitligh an Chuideachta dímheas de €0.417 milliún ar shócmhainní ceart úsáide (2019: €0.381 milliún).

**(b) Méideanna eile aitheanta sa ráiteas ioncaim**

| | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|
| Costais a bhaineann le léasanna gearrthéarmacha | **5,822** | 7,042 |
| **Iomlán** | **5,822** | 7,042 |



## 11. Sócmhainní doláimhsithe

| | Bogearraí agus eile €'000 | Bogearraí agus bogearraí eile arna bhforbairt €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|
| **Costas** | | | |
| Ar an 1 Eanáir 2019 | 169,172 | 59,362 | 228,534 |
| Breiseanna | - | 28,275 | 28,275 |
| Aistrithe sa bhliain airgeadais | 70,932 | (70,932) | - |
| **Ar an 31 Nollaig 2019** | 240,104 | 16,705 | 256,809 |
| Breiseanna | **-** | **25,107** | **25,107** |
| Aistrithe sa bhliain airgeadais | **33,963** | **(33,963)** | **-** |
| **Ar an 31 Nollaig 2020** | **274,067** | **7,849** | **281,916** |
| **Caillteanais fhabhraithe amúchta agus bearnúcháin** | | | |
| Ar an 1 Eanáir 2019 | (94,156) | - | (94,156) |
| Amúchadh don bhliain airgeadais | (39,446) | - | (39,446) |
| **Ar an 31 Nollaig 2019** | (133,602) | - | (133,602) |
| Amúchadh don bhliain airgeadais | **(48,326)** | **-** | **(48,326)** |
| **Ar an 31 Nollaig 2020** | **(181,928)** | **-** | **(181,928)** |
| **Suimeanna glanluacha** | | | |
| Ar an 31 Nollaig 2019 | **106,502** | **16,705** | **123,207** |
| **Ar an 31 Nollaig 2020** | **92,139** | **7,849** | **99,988** |

# Nótaí a Ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 11. Sócmhainní doláimhsithe (ar lean)



Le linn na bliana airgeadais, rinne an Chuideachta ús de €nialas a chaipitliú (2019: €0.1 milliún). Rinne an Chuideachta €nialas i gcostais phárolla a chaipitliú i rith na bliana freisin (2019: €0.1 milliún).

## 12. Infháltais trádála agus eile

| | | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|---|
| Infháltais trádála | | **24,998** | 37,799 |
| Ídiú neamhbhileáilte | | **33,065** | 52,033 |
| Réamhíocaíochtaí | | **3,336** | 2,594 |
| Iarmhéid airgid theoranta i seilbh Údaráis Áitiúla | 26 | **2,193** | 2,193 |
| Méideanna dlite ó pháirtithe gaolmhara | 26 | **31,535** | 32,535 |
| Clár Aisíocaíochta Infhála ón Rialtas | 21 | **13,072** | 13,261 |
| Infháltais Eile | | **2,218** | 1,480 |
| **Iomlán** | | **110,417** | 141,895 |
| | | | |
| Neamh-Reatha | | **8,609** | 2,746 |
| Reatha | | **101,808** | 139,149 |
| **Iomlán** | | **110,417** | 141,895 |

Rangaítear trádáil agus infháltais eile sna ráitis airgeadais glan ó chaillteanais creidmheasa ionchais agus aicmítear iad sna ráitis airgeadais mar ráitis reatha nó mar ráitis neamhreatha i gcomhréir lena réadú ionchais. Féach ar nóta 1 (e) le haghaidh sonraí faoi na breithiúnais agus na meastacháin ríthábhachtacha atá curtha i bhfeidhm. Féach ar nóta 26 chun tuilleadh sonraí a fháil maidir le hiarmhéideanna le páirtithe bainteacha agus iarmhéideanna airgid srianta atá i seilbh na nÚdarás Áitiúil.

**Liúntas maidir le caillteanais chreidmheasa ionchais**
Níl aon chomhchruinniú ábhartha riosca creidmheasa i gceist mar go gcuimsíonn infháltais trádála na Cuideachta méideanna atá dlite ó líon mór custaiméirí nach custaiméirí tí iad, agus iad scaipthe thar thionscail éagsúla.

Athraíonn na téarmaí creidmheasa do chustaiméirí trádála de réir réigiúin Údaráis Áitiúil, ag dul suas go 45 lá. Tá srian curtha ar an gCuideachta ó athrú a dhéanamh ar na téarmaí creidmheasa seo, ach beidh siad ag obair chun iad seo a ailíniú mar chuid den phróiseas foriomlán chun taraifí trádála a chomhoiriúnú. Déantar bainistiú ar riosca creidmheasa infháltais trádála trí mhonatóireacht réamhghníomhach agus bainistíocht a dhéanamh ar iarmhéideanna infháltais trádála. Tar éis aistriú na bhféichiúnaithe nach féichiúnaithe tí iad ó 31 Údarás Áitiúil i 2017, tá infheictheacht agus smacht iomlán ag an gCuideachta maidir le gach gné den ghníomhaíocht chreidmheasa agus bhailithe. Déanann foireann bailiúcháin creidmheasa na Cuideachta bainistíocht ghníomhach ar chuntais i riaráiste trí mheasúnú iar-iniúchta custaiméara. Tá an Chuideachta ag déanamh forbairt agus feabhsúchán leanúnach ar a chleachtais bhainistíochta riosca creidmheasa.

Tá roinnt iarmhéideanna infháltais eile ag an gCuideachta atá dlite ó Údaráis Áitiúla agus ó pháirtithe bainteacha eile. Bíonn an Chuideachta i dteagmháil le hÚdaráis Áitiúla ar bhealach gníomhach agus ar bhonn rialta agus creideann an Chuideachta nach bhfuil ach riosca creidmheasa an-íseal ag eascairt as idirbhearta le hÚdaráis Áitiúla.

Díscríobhann an Chuideachta infháltas trádála áit gurb ann d'fhaisnéis a shonraíonn go bhfuil deacracht mhór airgeadais ag an bhféichiúnaí agus nach dócha le réasún go dtarlóidh aisghabháil e.g. nuair atá an féichiúnaí curtha faoi leachtú nó nuair atá siad tar éis dul isteach in imeachtaí féimheachta. Tá an próiseas sin faoi réir rialachas inmheánach láidir mar a luaitear thíos. Níl ceann ar bith de na hinfháltais trádála a díscríobhadh faoi réir gníomhaíochtaí forfheidhmithe.

## 12. Infháltais trádála agus eile (ar lean)

Ba é €107.1 milliún an neamhchosaint uasta a bhí ag trádáil agus infháltais eile ar riosca creidmheasa ag an dáta tuairiscithe (2019: €139.3 milliún). Réamhíocaíochtaí ar fiú €3.3 milliún (2019: €2.6 milliún) a chur san áireamh toisc nach n-eascraíonn aon neamhchosaint chreidmheasa astu.

| | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|
| Infháltais trádála | **24,998** | 37,799 |
| Ídiú neamhbhileáilte | **33,065** | 52,033 |
| Iarmhéid airgid theoranta i seilbh Údaráis Áitiúla | **2,193** | 2,193 |
| Méideanna dlite ó pháirtithe gaolmhara | **31,535** | 32,535 |
| Clár Aisíocaíochta Infhála ón Rialtas | **13,072** | 13,261 |
| Infháltais Eile | **2,218** | 1,480 |
| **Iomlán** | **107,081** | 139,301 |

Tá aosú na n-earraí infhaighte trádála leagtha amach thíos. Ní raibh aon infháltas ag an gCuideachta a bhí thar an am dlite nó bearnaithe.

| | Ollmhéid anonn 2020 €'000 | Liúntas maidir le caillteanais chreidmheasa ionchais 2020 €'000 | Glaninfháltas 2020 €'000 | Ollmhéid anonn 2019 €'000 | Liúntas maidir le caillteanais chreidmheasa ionchais 2019 €'000 | Glaninfháltas 2019 €'000 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Nach bhfuil thar téarma | **93,632** | **(13,641)** | **79,991** | 118,870 | (6,067) | 112,803 |
| 0-365 lá thar téarma | **63,146** | **(37,554)** | **25,592** | 52,259 | (28,507) | 23,752 |
| >1 bhliain | **80,303** | **(78,805)** | **1,498** | 66,334 | (63,588) | 2,746 |
| **Iomlán** | **237,081** | **(130,000)** | **107,081** | 237,463 | (98,162) | 139,301 |

Léirítear sa tábla seo a leanas gluaiseacht an liúntais maidir le caillteanais chreidmheasa ionchasacha i gcás earraí infhaighte trádála:

| | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|
| **Ar an 1 Eanáir** | **(98,162)** | (88,572) |
| Caillteanais lagaithe ar shócmhainní airgeadais | **(40,869)** | (17,545) |
| Liúntas a úsáideadh | **9,031** | 7,955 |
| **Ar an 31 Nollaig** | **(130,000)** | (98,162) |

Roimh 2017, agus ag teacht leis na Comhaontuithe Seirbhíse, bhí na hÚdaráis Áitiúla, agus iad ag obair mar ghníomhairí don Chuideachta, ag cur billí amach agus ag bailiú infháltais trádála thar ceann na Cuideachta. Chríochnaigh an Chuideachta ascnamh na bpróiseas um billeáil tráchtála de chuid na 31 Údarás Áitiúil i 2017, agus leis sin tógadh le chéile gach gné de bhainistíocht seirbhísí uisce le haghaidh billeála agus ioncam faoin gCuideachta. Tá an tréimhse ó ascnamh na bpróiseas um billeáil neamhtheaghlaigh réasúnta gearr, agus mar sin agus mar a sonraíodh roimhe, tá an Chuideachta fós ag forbairt agus ag feabhsú a cuid cleachtas um bainistíocht riosca creidmheasa. Is é polasaí na Cuideachta ná fiacha a dhíscríobh i gcás amháin nuair nach bhfuil an custaiméir ag úsáid ár seirbhíse a thuilleadh agus go bhfuil gníomhaíochtaí forfheidhmithe na Cuideachta ídithe go hiomlán. Tá an próiseas seo faoi réir athbhreithnithe agus faofa Choiste Creidmheasa na Cuideachta agus tá an próiseas ag cloí le nósanna imeachta rialachais inmheánaigh. Bhí candam teoranta d' fhéichiúnaithe trádála díscríofa go dtí seo. De bharr na bhfachtóirí seo, mar thoradh ar chur i bhfeidhm bheartas cuntasaíochta na Cuideachta maidir le haithint caillteanas bearnúcháin ar infháltais trádála, bhí soláthar caillteanas creidmheasa ionchais de 69% dá hinfháltais trádála chomhlána ar fáil amhail ar an 31 Nollaig 2020 ( 2019: 52%). D'aithin an Chuideachta caillteanais chreidmheasa ionchasacha de €40.9 milliún le linn 2020 (2019: €17.5 milliún), arb ionann é agus 24% d'ioncam neamhtheaghlaigh arna aithint i 2020 (2019: 8%). Féach ar nóta 1 (e) chun tuilleadh sonraí a fháil.

# Nótaí a Ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)



## 13. Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim

Coinnítear airgead tirim agus coibhéisí airgid chun críocha ceanglais maidir le cumhdach leachtachta a chomhlíonadh.

| | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|
| Taiscí gearrthéarmacha | **189,696** | 103,652 |
| Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh | **3,678** | 2,719 |
| **Iomlán** | **193,374** | 106,371 |

| | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|
| **Ar an 1 Eanáir** | **106,371** | 61,594 |
| Méadú ar airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim sa ráiteas ar shreafaí airgid | **87,003** | 44,777 |
| **Ar an 31 Nollaig** | **193,374** | 106,371 |

Cuimsíonn airgead tirim agus a choibhéisí ranníocaíochtaí a fhaightear roimh ré ó chustaiméirí do cheangail nua (féach nóta 19). Coinnítear na ranníocaíochtaí sin in airgead tirim agus a choibhéisí chun na gníomhaíochtaí nasctha gaolmhara a mhaoiniú.

## 14. Taiscí Srianta

Is suimeanna iad sin arna sealbhú mar chomhthaobhacht ag an gCuideachta maidir le conarthaí tógála tríú páirtí ar feadh ré an tionscadail tógála agus scaoiltear iad tar éis an tionscadail agus tréimhse dliteanais 12 mí a bheith curtha i gcrích.

| | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|
| Reatha | **17,925** | 2,822 |
| **Iomlán** | **17,925** | 2,822 |

## 15. Airgead Tirim Faighte ó Oibríochtaí

| | | 2020<br>€'000 | 2019<br>€'000 |
|---|---|---|---|
| **Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | | |
| Brabús don bhliain airgeadais | | **107,265** | 228,226 |
| Coigeartuithe le haghaidh: | | | |
| Dímheas agus amúchadh | 6 | **137,632** | 111,790 |
| Costas sochair scoir | | **816** | 87 |
| Glanchostais airgeadais | 7 | **3,518** | 6,886 |
| Costais cánach ioncaim | 8 | **13,418** | 33,473 |
| | | **262,649** | 380,462 |
| Athruithe ar chaipiteal oibre: | | | |
| Athruithe ar infháltais trádála agus eile | | **30,610** | 5,618 |
| Athrú ar infháltais trádála agus eile | | **(24,966)** | (947) |
| Athrú ar ioncam iarchurtha | | **63,929** | 47,112 |
| Athrú ar sholáthairtí | | **(10,751)** | 1,251 |
| **Airgead tirim ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin roimh mhíreanna eisceachtúla** | | **321,471** | 433,496 |
| Míreanna eisceachtúla - Aisíocaíochtaí custaiméara agus costais phróiseála gaolmhara [1] | 21 | **(28)** | 6,722 |
| Míreanna eisceachtúla - Ioncam deontais (aisíoctha)/faighte | 21 | **189** | (6,749) |
| **Airgead tirim ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | **321,632** | 433,469 |
| Cáin a íocadh | | **(136)** | - |
| Ús íoctha | | **(4,098)** | (12,089) |
| **Glanairgead tirim ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | **317,398** | 421,380 |

[1] Bhain insreafaí airgid eisceachtúla de €6.7 milliún le linn 2019 le dí-aithint seiceanna aisíocaíochta nár briseadh a bhí eisithe chuig custaiméirí tí.

## Nótaí a Ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)



# 16. Iasachtaí agus Fiachas Eile

Sa nóta seo tugtar eolas faoi théarmaí conarthacha na n-iasachtaí agus an fhiachais eile de chuid na Cuideachta. Féach nóta 23 i gcomhair tuilleadh eolais ar nochtadh na Cuideachta ar riosca ráta úis agus riosca leachtachta.

**Aibíocht iasachtaí agus fiachais eile de réir cineáil (táillí bainteacha san áireamh)**

| | 31-Noll-20 €'000 | 31-Noll-19 €'000 |
|---|---|---|
| Iasachtaí ó institiúidí airgeadais | **-** | (237,981) |
| Dliteanais léasa | **(13,222)** | (16,830) |
| Saoráidí ó Rialtas | **(371,559)** | - |
| **Iomlán** | **(384,781)** | (254,811) |

**Iasachtaí agus fiachas eile arna n-anailísiú mar seo a leanas:**

| | 31-Noll-20 €'000 | 31-Noll-19 €'000 |
|---|---|---|
| Idir aon bhliain amháin agus cúig bliana | **(10,743)** | (13,595) |
| Níos mó ná cúig bliana | **(371,752)** | - |
| **Neamh-Reatha** | **(382,495)** | (13,595) |
| Níos lú ná aon bhliain amháin | **(2,286)** | (241,216) |
| **Reatha** | **(2,286)** | (241,216) |
| **Iomlán** | **(384,781)** | (254,811) |

Ar an 31 Nollaig 2020, cuimsíonn iasachtaí na Cuideachta áiseanna tarraingthe ón Rialtas, ag rátaí úis seasta (2019: ba shaoráidí tráchtála ag rátaí úis comhlúthacha iad na hiasachtaí go léir).

**Glanfhiachas**

| | | 31-Noll-20 €'000 | 31-Noll-19 €'000 |
|---|---|---|---|
| Iasachtaí iomlána agus fiachas eile | | **(384,781)** | (254,811) |
| Lúide airgead tirim agus coibhéisí airgid | 13 | **193,374** | 106,371 |
| **Glanfhiachas** | | **(191,407)** | (148,440) |

## 17. Athruithe ar Iasachtaí agus Fiachas Eile

| | Amhail ar an 1 Eanáir €'000 | Fáltais €'000 | Aisíoc €'000 | Léasanna (nóta 10) €'000 | Neamhairgead €'000 | Amhail ar an 31 Nollaig €'000 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **2019** | | | | | | |
| Iasachtaí ó institiúidí airgeadais | (584,794) | (283,319) | 632,000 | - | (1,868) | (237,981) |
| Saoráidí ó Rialtas | (300,000) | (245,000) | 545,000 | - | - | - |
| Dliteanais léasa | - | - | - | (16,830) | - | (16,830) |
| **Iomlán** | (884,794) | (528,319) | 1,177,000 | (16,830) | (1,868) | (254,811) |
| **2020** | | | | | | |
| Iasachtaí ó institiúidí airgeadais | **(237,981)** | **(489,000)** | **727,000** | **-** | **(19)** | **-** |
| Saoráidí ó Rialtas | **-** | **(371,559)** | **-** | **-** | **-** | **(371,559)** |
| Dliteanais léasa | **(16,830)** | **-** | **-** | **3,608** | **-** | **(13,222)** |
| **Iomlán** | **(254,811)** | **(860,559)** | **727,000** | **3,608** | **(19)** | **(384,781)** |

## 18. Oibleagáidí leasa scoir

Oibríonn an Chuideachta scéim sochair sainithe agus scéim ranníocaíochta sainithe. Ina theannta sin glacann fostaithe áirithe de chuid na Cuideachta, a bhí ina bhfostaithe de chuid Ervia roimhe sin, páirt sa scéim pinsin sochair sainithe de chuid Ervia.

***(a) Scéim sochair sainithe***

Feidhmíonn an Chuideachta scéim ranníocach sochair sainithe mar a éilítear faoi alt 19 agus 27 den Acht um Sheirbhísí Uisce (Uimh. 2) 2013 maidir le fostaithe na Cuideachta, a bhí fostaithe roimhe sin ag na hÚdaráis Áitiúla nó ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. Bunaíodh scéim sochair shainithe Uisce Éireann ar an 27 Eanáir 2017. Soláthraíonn an scéim sochair scoir ar thuarastal inphinsin deiridh agus tuarastal glan inphinsin i dtaca le seirbhís inphinsin, chomh maith le "gné timfhillteach" a choimeádann, ar an iomlán, an nasc tuarastail deiridh maidir le seirbhís inphinsin a thugtar chun críche i Scéim Aoisliúntais Rialtais Áitiúil nó aon Scéim Aoisliúntais a bhaineann le Státseirbhísigh.

Is é an Bord Iontaobhaithe ar a bhfuil ionadaithe baill agus fostóra a riarann an scéim sochair shainithe. Tá an Bord Iontaobhaithe freagrach as an scéim a bhainistiú agus a rialú, rud a chuimsíonn comhlíonadh na ndlíthe agus na rialachán ábhartha go léir. Coimeádtar sócmhainní na scéime as féin amach ó shócmhainní na Cuideachta i gcistí arna riar ag iontaobhaithe. Rinne achtúire cáilithe an luacháil ba dheireanaí ar an scéim ranníocaíochta sainithe ar an 1 Aibreán 2019. Is é an dáta éifeachtach don chéad luacháil achtúireach eile ná 1 Aibreán 2022.

Mar gheall ar an scéim, tá an Chuideachta nochta ar roinnt rioscaí, seo a leanas na cinn is suntasaí:

*Luaineacht sócmhainne*

Déantar na dliteanais a ríomh ag úsáid ráta lascaine atá socraithe le tagairt do thorthaí bannaí. Mura bhfuil sócmhainní ag déanamh chomh maith agus a léireodh an toradh seo, d'fhéadfadh sé sin easnamh ní ba mhó a chruthú. Tá cuid shuntasach de shócmhainní fáis (gnáthscaireanna) ag an scéim agus cé go bhfuiltear ag súil go bhfeidhmeoidh siad ná bannaí corparáide níos fearr san fhadtéarma, cruthaíonn siad luaineacht agus riosca breise sa ghearrthéarma.

*Athruithe ar thorthaí bannaí*

Má laghdaíonn torthaí bannaí corparáideacha, ardóidh an luach a chuirtear ar dhliteanais chun críocha cuntasaíochta, cé go ndéanfaidh ardú i luach aon ghabháltas bannaí an t-ardú seo a fhritháireamh go páirteach.

# Nótaí a Ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 18. Oibleagáidí leasa scoir (ar lean)



*Boilsciú tuarastail*
Ós rud é gur scéim tuarastail deireanaigh atá i gceist, d'fhéadfaí go mbeadh sochair níos airde ann mar gheall ar mhéaduithe níos mó ná a rabhthas ag súil leis sna boinn tuisceana. Déanann na boinn tuisceana a úsáidtear chun an tuarastal deireadh a fhortheilgean ionchorprú ar bhall a bhaineann le haois chomh maith le bun-ráta bunúsach mar liúntas i gcomhair incrimintí agus arduithe céime.

*Boilsciú*
Tá oibleagáidí sochair shainithe na scéime nasctha le boilsciú (tá na sochair nasctha le harduithe ar thuarastal do chomhaltaí gníomhacha, agus tá na sochair choinnithe nasctha ar bhonn lánroghnach le harduithe a thugtar ar phinsean iarscoir do chomhaltaí iarchurtha). Beidh dliteanais níos airde mar thoradh ar bhoilsciú atá níos airde ná mar atáthar ag súil leis. Tá thart ar cheathrú cuid den chiste infheistithe i mbannaí bhoilsciúnasctha mar chomhoiriúint ar fíor dhliteanais mar sin.

*Riosca ionchais saoil*
Is iad formhór oibleagáidí na scéime ná sochair a chur ar fáil do shaol an chomhalta (agus a chleithiúnaithe), agus beidh ardú ar dhliteanais mar thoradh ar arduithe ar ionchais saoil.

**Anailís ar shócmhainní an phlean agus an glandliteanas pinsin arna aithint ar an gclár comhardaithe**

| | 2020 €'000 | % | 2019 €'000 | % |
|---|---|---|---|---|
| **Infheistíochtaí luaite i margaí gníomhacha:** | | | | |
| Gnáthscaireanna | **12,058** | **66.5%** | 9,070 | 70.0% |
| – margaí forbartha | **12,058** | | 9,070 | |
| Bannaí | **3,997** | **22.1%** | 2,908 | 22.4% |
| – ainmniúil | **-** | | 1,482 | |
| – nasctha le boilsciú | **3,997** | | 1,426 | |
| Airgead | **1,375** | **7.6%** | 403 | 3.1% |
| **Infheistíochtaí neamhluaite:** | | | | |
| Réadmhaoin/foraoiseacht | **693** | **3.8%** | 580 | 4.5% |
| **Luach cóir iomlán shócmhainní an phlean ar an 31 Nollaig** | **18,123** | **100.0%** | 12,961 | 100.0% |
| Oibleagáid sochair sainithe | **(61,436)** | | (47,035) | |
| **Glandliteanas pinsin ar an 31 Nollaig** | **(43,313)** | | (34,074) | |

**Straitéis Infheistíochta**
Tá straitéis infheistíochta tosaithe atá dírithe ar fhás comhaontaithe ag an gCuideachta agus na hIontaobhaithe (75% fás /25% meaitseáil dliteanais).

## 18. Oibleagáidí leasa scoir (ar lean)

### Gluaiseacht i nglandliteanas sochair shainithe

| | Dliteanas sochair shainithe | | Luach cóir sócmhainní plean | | Oibleagáid glanshochair shainithe | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | 2020 €'000 | 2019 €'000 | 2020 €'000 | 2019 €'000 | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
| **Iarmhéid ag tús na bliana airgeadais** | **(47,035)** | (34,538) | **12,961** | 7,176 | **(34,074)** | (27,362) |
| **Ráiteas Ioncaim** | | | | | | |
| Costas seirbhíse reatha | **(4,461)** | (3,496) | **-** | - | **(4,461)** | (3,496) |
| Ús ar dhliteanais agus ar shócmhainní | **(656)** | (776) | **209** | 206 | **(447)** | (570) |
| | **(5,117)** | (4,272) | **209** | 206 | **(4,908)** | (4,066) |
| **Ioncam Cuimsitheach eile** | | | | | | |
| Toradh ar shócmhainní plean gan ioncam úis san áireamh | **-** | - | **1,305** | 1,581 | **1,305** | 1,581 |
| Gnóthachain taithí ar dhliteanais | **(172)** | 1,707 | **-** | - | **(172)** | 1,707 |
| Éifeachtaí na n-athruithe ar bhoinn tuisceana airgeadais | **(9,504)** | (9,378) | **-** | - | **(9,504)** | (9,378) |
| Éifeacht na n-athruithe ar bhoinn tuisceana déimeagrafacha | **761** | - | **-** | - | **761** | - |
| | **(8,915)** | (7,671) | **1,305** | 1,581 | **(7,610)** | (6,090) |
| **Eile** | | | | | | |
| Ranníocaíochtaí na bhfostóirí | **-** | - | **3,279** | 3,444 | **3,279** | 3,444 |
| Ranníocaíochtaí na gcomhaltaí | **(668)** | (674) | **668** | 674 | **-** | - |
| Sochair a íocadh | **299** | 120 | **(299)** | (120) | **-** | - |
| | **(369)** | (554) | **3,648** | 3,998 | **3,279** | 3,444 |
| **Iarmhéid ag deireadh na bliana airgeadais** | **(61,436)** | (47,035) | **18,123** | 12,961 | **(43,313)** | (34,074) |

Ba timpeall 30 bliain meántréimhse ualaithe na hoibleagáide sochair shainithe ar an 31 Nollaig 2020 (2019: 30 bliain). Tá an Chuideachta ag súil go ranníocfaidh sí €3.8 milliún lena plean pinsin i 2021.

Seo a leanas na príomhthoimhdí achtúireacha a úsáideadh:

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| Ráta lascaine | **0.80%** | 1.40% |
| Toimhde maidir le boilsciú | **1.35%** | 1.40% |
| Ráta an mhéadaithe ar thuarastail* | **1.85%** | 1.90% |
| Ráta méadaithe ar íocaíocht pinsin | **1.35%** | 1.40% |

*Móide scála tuarastail le harduithe ardú céime a cheadú

Seo a leanas an meánionchas saoil don todhchaí a tógadh san áireamh sa luacháil, bunaithe ar dhul ar scor ag 65 bliain d'aois, le haghaidh fostaithe atá ar scor faoi láthair agus a rachaidh ar scor amach anseo:

# Nótaí a Ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)



## 18. Oibleagáidí leasa scoir (ar lean)

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| **Ag dul ar scor inniu** | | |
| Fir | **22.8** | 22.5 |
| Mná | **24.6** | 24.9 |
| **Dul ar scor faoi cheann 25 bliain** | | |
| Fir | **25.0** | 25.4 |
| Mná | **26.8** | 27.5 |

**Anailís íogaireachta do phríomhbhoinn tuisceana a úsáideadh chun dliteanais scéime a thomhas**
Tá éiginnteachtaí nádúrtha ag baint leis na boinn tuisceana airgeadais agus déimeagrafacha a glacadh chun luach achtúireach oibleagáid sochair shainithe na Cuideachta a ríomh. Déanann an tábla seo a leanas anailís ar an tionchar measta a bheadh ar dhliteanais scéime ag athruithe ar phríomhbhoinn tuisceana achtúireacha.

| Bonn tuisceana | Athrú ar bhonn tuisceana | Ús ar dhliteanais na scéimeanna |
|---|---|---|
| Ráta lascaine | Méadú/laghdú 0.25% | Laghdú ag 7.2%/méadú ag 7.9% |
| Boilsciú praghsanna | Méadú/laghdú 0.25% | Méadú ag 7.8%/laghdú ag 7.2% |
| Tuarastal | Méadú/laghdú 0.25% | Méadú ag 8.0%/laghdú ag 7.6% |
| Mortlaíocht | Méadú/laghdú aon bhliain amháin | Méadú ag 3.1%/laghdú ag 3.0% |

***(b) Scéim pinsin sochair shainithe ar tugadh cuntas ina leith mar Phlean Grúpa***
Oibríonn Grúpa Ervia scéim pinsin sochair shainithe. Glacann roinnt fostaithe de chuid na Cuideachta páirt sa scéim sin. Tugtar cuntas i leith na scéime mar Phlean Grúpa i gcomhréir le IAS 19. Aithníonn Ervia, mar fhostóir urraithe na scéime, an glanchostas sochair shainithe, agus ní aithníonn an Chuideachta ach an costas as ranníocaíochtaí iníoctha don bhliain i dtaobh fostaithe Cuideachta.

Níl aon chomhaontú conarthach ná beartas sonraithe i bhfeidhm chun costas glansochar sainithe na Cuideachta a mhuirearú. Déanann achtúire na scéime pinsin an ráta ranníocaíochta maoinithe a ríomh gach 3 bliana, do Ghrúpa Ervia ina iomláine. Cinntear méid ranníocaíochta na Cuideachta trí ráta ranníocaíochta Ghrúpa Ervia a chur i bhfeidhm ar thuarastail na bhfostaithe rannpháirteacha in Uisce Éireann. Féach Tuarascáil Bhliantúil Ghrúpa Ervia le haghaidh nochtadh iomlán i leith na scéime.

Ba iad na ranníocaíochtaí a íocadh le Ervia maidir le fostaithe na Cuideachta le linn 2020 ná €1.0 milliún (2019: €1.0 milliún). Tá na costais sin ináirithe i gcostas sochair fostaí na Cuideachta (leagtha amach i nóta 5) agus aithnítear iad in idirbheart a bhaineann le páirtí i nóta 26.

***(c) Scéim pinsin ranníocaíochta sainithe***
I rith na bliana airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2020, ranníoc an Chuideachta €3.7 milliún (2019: €3.3 milliún), do Scéim Ranníocaíochta Sainithe Uisce Éireann, thar ceann a cuid fostaithe, a rinneadh a mhuirearú ar an ráiteas ioncaim.

## 19. Ioncam Iarchurtha

| | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|
| **Ar an 1 Eanáir** | **(127,428)** | (80,925) |
| Aistriú go deontais iarchurtha | **-** | 609 |
| Faighte sa bhliain airgeadais | **(137,122)** | (105,527) |
| Curtha chun sochar an ráiteas ioncaim | **73,193** | 58,415 |
| **Ar an 31 Nollaig** | **(191,357)** | (127,428) |
| | | |
| **Anailísithe mar seo a leanas:** | | |
| Neamh-Reatha | **(95,547)** | (56,133) |
| Reatha | **(95,810)** | (71,295) |
| **Iomlán** | **(191,357)** | (127,428) |

Déantar ranníocaíochtaí ceangail custaiméirí a fhaightear roimh cheangal custaiméirí a thaifead ar dtús mar ioncam iarchurtha. Déantar na ranníocaíochtaí a scaoileadh chuig an ráiteas ioncaim ansin mar ioncam, de réir mar a chuirtear na hoibreacha ceangail (oibleagáid feidhmíochta) i gcrích.

## 20. Deontais Rialtais

| | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|
| **Ar an 1 Eanáir** | **1,137** | - |
| Aistrithe ó ioncam iarchurtha | **-** | 609 |
| Faighte sa bhliain airgeadais | **1,328** | 542 |
| Amúchta sa bhliain airgeadais | **(34)** | (30) |
| Curtha chun sochar an ráiteas ioncaim | **-** | 16 |
| **Ar an 31 Nollaig** | **2,431** | 1,137 |

| | 31-Noll-20 €'000 | 31-Noll-19 €'000 |
|---|---|---|
| Neamh-Reatha | **2,397** | 1,107 |
| Reatha | **34** | 30 |
| **Iomlán** | **2,431** | 1,137 |

Níl aon choinníollacha nár comhlíonadh ag gabháil le deontais a aithnítear sa ráiteas ioncaim. In imthosca áirithe d'fhéadfadh deontais a bheith in-aisíoctha mura gcloífí leis na coinníollacha arna leagan síos sna comhaontuithe deontais. Níl an Chuideachta ag súil go dtiocfaidh imthosca den sórt sin chun cinn agus ní raibh aon aisíocaíochtaí deontas ann sa bhliain airgeadais reatha nó sa bhliain airgeadais roimhe sin.

Baineann na méideanna sin le maoiniú deontais ón mBanc Eorpach Infheistíochta le haghaidh clár éifeachtúlachta fuinnimh agus ón AE chun córas braite bagairtí cibearshlándála a sholáthar agus a chur chun feidhme mar aon leis na tionscadail 'Source-to-Tap' agus 'Swell' Interreg le haghaidh tionscadail trasteorann. Tá roinnt coinníollacha a bhaineann leis an maoiniú deontais seo fós i bhfeidhm ag deireadh na bliana.

# Nótaí a Ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)



## 21. Soláthairtí agus Dliteanais Theagmhasacha

**Soláthairtí**

| | Soláthairtí maidir le haisíocaíochtaí do chustaiméirí 2020 €'000 | Soláthairtí Eile 2020 €'000 | Iomlán 2020 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Ar an 1 Eanáir** | **(13,485)** | **(94,812)** | **(108,297)** |
| Soláthairtí déanta i rith na bliana airgeadais | **-** | **(13,918)** | **(13,918)** |
| Soláthairtí déanta i rith na bliana | **-** | **16,688** | **16,688** |
| Soláthairtí úsáidte sa bhliain airgeadais | **28** | **7,954** | **7,982** |
| **Ar an 31 Nollaig** | **(13,457)** | **(84,088)** | **(97,545)** |

**Anailísithe mar seo a leanas:**

| | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|
| Neamh-Reatha | **(64,159)** | (81,477) |
| Reatha | **(33,386)** | (26,820) |
| **Iomlán** | **(97,545)** | (108,297) |

**Soláthairtí maidir le haisíocaíochtaí do chustaiméirí**
De bhun alt 22 den Acht um Sheirbhísí Uisce 2017, éilíodh ar Uisce Éireann airgead tirim arbh fhiú €171.7m a bailíodh roimhe sin ó chustaiméirí tí a aisíoc. Chuir an Rialtas maoiniú ar fáil don chlár aisíocaíochta custaiméirí seo, trí dheontas rialtais leis an gcoinníoll aonair go n-úsáidfear an maoiniú chun aisíocaíocht a dhéanamh ar chustaiméirí tí agus chun an riarachán gaolmhar a urscaoileadh. Amhail an 31 Nollaig 2020, leanann an Chuideachta d'aitheantas a thabhairt do dhliteanas de €13.5m a bhí inchurtha go príomha i leith aisíocaíochtaí a bhí dlite do chustaiméirí tí, áit nár cuireadh i láthair le briseadh seiceanna a bhí eisithe nó áit nár thug na custaiméirí fógra don Chuideachta faoina gcuid sonraí teagmhála is deireanaí. Tá sócmhainn comhfhreagrach de €13.1m (féach nóta 12) aitheanta freisin arb ionainn í agus na méideanna infhála ón Rialtas chun dliteanais neamh-mhaoinithe na Cuideachta a chlúdach faoin gclár aisíocaíochta. Tá airgead ar láimh de €0.4 milliún i seilbh na Cuideachta i leith an chláir aisíocaíochta do chustaiméirí. Cuirtear sreafaí airgid i ndáil leis an gclár i láthair i nóta 15 mar mhír eisceachtúla i gcomhréir leis na blianta roimhe sin.

**Soláthairtí Eile**
Tá soláthairtí eile déanta suas, den chuid is mó, d'éilimh dhlíthiúla, soláthar in aghaidh cead slí, éilimh ó chonraitheoirí agus féinárachas.

Baineann an chuid is mó de na soláthairtí sin le sócmhainní an bhonneagair uisce agus fuíolluisce a aistríodh chuig an gCuideachta ó na hÚdaráis Áitiúla ar 1 Eanáir 2014. Mar chuid den phróiseas díchill chuí chun teacht ar aontú faoi na sócmhainní agus na dliteanais a bhí le haistriú ó gach Údarás Áitiúil chuig Uisce Éireann, tugadh faoi bheart chun gach dliteanas féideartha a aithint agus iad a ghabháil mar sholáthar, dá mba rud é gur chomhlíon siad critéir aitheantais IAS 37. Rinneadh mionmheasúnú le linn 2020 chun an meastachán ab fhearr a bhí ag an gCuideachta ar an gcaiteachas a raibh gá leis chun na hoibleagáidí sin a shocrú a thabhairt cothrom le dáta. Agus an toradh dóchúil á mheas, bhunaigh an Chuideachta a measúnú ar thaithí ó rinneadh an t-aistriú ó na hÚdaráis Áitiúla agus ar fhachtóirí eile a mheastar a bheith réasúnta sna cúinsí (comhairle dlí san áireamh). Tar éis mionmheasúnú a dhéanamh i 2020, scaoil an Chuideachta €13.6 milliún (2019: €2.9 milliún) maidir leis na dliteanais sin.

Meastar go mbeidh an chuid is mó de na dliteanais sin glanta faoi 2022.

## 21. Soláthairtí agus Dliteanais Theagmhasacha (ar lean)

**Dliteanais theagmhasacha**
Níl an Chuideachta ar an eolas faoi aon dliteanais theagmhasacha ábhartha nach mór a nochtadh. Mar chuid den phróiseas díchill chuíceart le teacht ar aontú maidir leis na sócmhainní agus na dliteanais a bhí le haistriú ó gach Údarás Áitiúil chuig Uisce Éireann, tugadh faoi bheart chun gach dliteanas teagmhasach a aithint agus iad a nochtadh sna ráitis airgeadais, dá mba rud é gur chomhlíon siad critéir nochta IAS 37.



Mar atá cur síos air thuas, tá an Chuideachta faoi réir dlíthíochta, éileamh agus díospóidí conartha éagsúla le linn ghnáthchúrsa na n-oibríochtaí. Cé go bhfuil éiginnteacht áirithe ag baint le imeachtaí den tsórt sin, nílimid ag súil go mbeidh drochéifeacht ábhartha ag réiteach aon imeachtaí den saghas sin ar ár dtorthaí ó thaobh oibríochtaí, sreafaí airgid nó staid airgeadais de.

## 22. Iníocthaigh trádála agus eile

| | | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|---|
| Méideanna iníoctha trádála dlite | | **(19,608)** | (64,671) |
| Fabhruithe | | **(234,737)** | (202,503) |
| Méideanna dlite do pháirtithe gaolmhara | 26 | **(82,149)** | (104,928) |
| Méideanna iníoctha eile | | **(25,438)** | (13,096) |
| Creidiúnaithe cánachais agus árachais sóisialta[1] | | **(21,289)** | (13,855) |
| **Iomlán** | | **(383,221)** | (399,053) |
| **Anailísithe mar seo a leanas:** | | | |
| Neamh-Reatha | | **(21,413)** | (9,824) |
| Reatha | | **(361,808)** | (389,229) |
| **Iomlán** | | **(383,221)** | (399,053) |

| | | |
|---|---|---|
| **[1] Creidiúnaithe cánachais agus árachais sóisialta:** | | |
| ÍMAT/árachas sóisialta | **(2,425)** | (1,687) |
| CBL | **(18,864)** | (12,168) |
| **Iomlán** | **(21,289)** | (13,855) |

## 23. Bainistíocht Riosca Airgeadais agus Sócmhainní/Dliteanais Airgeadais

Tá luachanna anonn shócmhainní agus dhliteanais airgeadais na Cuideachta leagtha amach thíos. Níl luachanna córa ionstraimí airgeadais ar nós infháltas agus iníocthach nochta ag an gCuideachta mar gur neasúchán réasúnta luacha chóir iad a méideanna iompair.

**Ar an 31 Nollaig 2020**

| | Iomlán ar chostas amúchta €'000 |
|---|---|
| **Sócmhainní airgeadais** | |
| Trádáil agus méideanna iníoctha eile[2] | **107,081** |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid[3] | **193,374** |
| Taiscí srianta | **17,925** |
| | **318,380** |
| **Dliteanais airgeadais** | |
| Iasachtaí agus fiachas eile[4] | **(384,781)** |
| Trádáil agus méideanna iníoctha eile [2] | **(127,195)** |
| | **(511,976)** |
| **Glandliteanais airgeadais** | **(193,596)** |

**Ar an 31 Nollaig 2019**

| | Iomlán ar chostas amúchta €'000 |
|---|---|
| **Sócmhainní airgeadais** | |
| Trádáil agus méideanna iníoctha eile[2] | 139,301 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid [3] | 106,371 |
| Taiscí srianta | 2,822 |
| | 248,494 |
| **Dliteanais airgeadais** | |
| Iasachtaí agus fiachas eile[4] | (254,811) |
| Trádáil agus méideanna iníoctha eile [2] | (182,695) |
| | (437,506) |
| **Glandliteanais airgeadais** | (189,012) |

[1]Níor cuireadh costais agus dliteanais chánach carntha san áireamh mar nach ndéantar iad seo a aicmiú mar dhliteanais airgeadais

[2] Níor cuireadh réamhíocaíochtaí san áireamh toisc nach ndéantar iad seo a aicmiú mar shócmhainní airgeadais.

[3] Déantar sócmhainní agus dliteanais airgeadais a fhritháireamh agus léirítear an glanmhéid ar an gclár comhardaithe sa chás, agus sa chás seo amháin, go bhfuil ceart dlíthiúil ag an nGrúpa na méideanna a fhritháireamh agus go bhfuil rún aige na méideanna a shocrú ar bhonn glan nó an tsócmhainn a réadú agus an dliteanas a shocrú ag an am céanna. Amhail an 31 Nollaig 2020, chuir an Grúpa €3.8 milliún (2019: Déantar fritháireamh ar €4.4 milliún i gcoinne €0.1 milliún de rótharraingtí bainc (2019: €1.7 milliún), agus cuirtear glansuíomh €3.7 milliún i láthair in 'airgead tirim sa bhanc agus ar láimh' i nóta 13 (2019: €2.7 milliún). Amhail an 31 Nollaig 2020, ní raibh máistirshocruithe glanluachála ná comhaontuithe eile dá leithéid déanta ag an gCuideachta.

[4]Ba é luach cóir iasachtaí agus fiachais eile amhail 31 Nollaig 2020 ná €384.8 milliún (2019: €254.8 milliún).

## 23. Bainistíocht Riosca Airgeadais agus Sócmhainní/Dliteanais Airgeadais (ar lean)



**Bainistíocht Riosca Airgeadais**
Tá polasaithe bainistíochta riosca airgeadais curtha ar bun chun na rioscaí atá ag bagairt ar an gCuideachta a aithint agus anailís a dhéanamh orthu, chun teorainneacha agus rialuithe cuí riosca a shocrú agus chun monatóireacht a dhéanamh ar rioscaí. Déantar na polasaithe agus na córais bhainistíochta riosca airgeadais sin a athbhreithniú go rialta chun go mbeidh siad ag teacht le hathruithe sna dálaí margaidh agus le gníomhaíochtaí na Cuideachta. Forbraíonn an Chuideachta, trína caighdeáin agus a nósanna imeachta oiliúna, timpeallacht rialaithe eagraithe agus cuiditheach, timpeallacht ina dtuigeann na fostaithe ar fad a ról agus a n-oibleagáidí.

***(i) Riosca creidmheasa***
Sainítear riosca creidmheasa mar an caillteanas iomlán a d'fhulaingeodh an Chuideachta ar a chuid idirbheart gnó agus margaidh dá loicfeadh frithpháirtí agus dá mainneodh sé a chuid oibleagáidí conarthacha a chomhlíonadh. Áirítear leis nochtuithe creidmheasa ag eascairt as gaolta trádála le custaiméirí. Is é cuspóir na bainistíochta riosca creidmheasa ná nochtuithe riosca creidmheasa a bhainistiú agus a rialú laistigh de pharaiméadair inghlactha, agus an toradh á bharrfheabhsú lena linn sin.

Freagraíonn méid anonn na sócmhainní airgeadais don uasmhéid neamhchosanta creidmheasa. Ba é an t-uasmhéid neamhchosanta do riosca creidmheasa ar dháta an tuairiscithe ná:

| | 31-Noll-20 €'000 | 31-Noll-19 €'000 |
|---|---|---|
| Trádáil agus infháltais eile (gan réamhíocaíochtaí san áireamh) | **107,081** | 139,301 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | **193,374** | 106,371 |
| Taiscí srianta | **17,925** | 2,822 |
| **Iomlán** | **318,380** | 248,494 |

**(i) (a) Riosca creidmheasa bainteach le ciste**
Oibríonn Grúpa Ervia feidhm láraithe ciste, a thugann faoi ghníomhaíochtaí ciste uile Ghrúpa Ervia, thar ceann Uisce Éireann san áireamh.

Déanann Ciste Ghrúpa Ervia, thar ceann Uisce Éireann an riosca creidmheasa bainteach le ciste a bhainistiú trí úsáid a bhaint as teorainneacha creidmheasa frithpháirtí, a thógann san áireamh, i measc fachtóirí ábhartha eile, rátálacha creidmheasa foilsithe. Is é polasaí na Cuideachta ná go gcuirtear airgead agus coibhéisí airgid i dtaisce den chuid is mó le hinstitiúidí a choimeádann rátáil creidmheasa de ghrád infheistíochta. Déanann Ciste Ghrúpa Ervia measúnú agus tomhas go rialta ar nochtuithe frithpháirtí a chiste.

**(i) (b) Riosca creidmheasa bainteach le trádáil**
Féach ar nóta 12, le do thoil, le haghaidh anailís faoi nochtadh na Cuideachta do riosca creidmheasa bainteach le trádáil.

***(ii) Riosca maoinithe agus leachtachta***
Is ionann cur chuige an Ghrúpa maidir le riosca maoinithe agus leachtach a bhainistiú ná a chinntiú, a mhéid agus is féidir, go bhfuil acmhainní leordhóthanacha aige chun a chuid dliteanas a chomhlíonadh nuair atá siad dlite, bíodh sé sin i rith ghnáthdhálaí nó i ndálaí anáis.

Forbraíonn agus coimeádann Ciste Ghrúpa Ervia caidreamh le hinstitiúidí airgeadais thar ceann na Cuideachta chun a thuiscint ar an ngnó a fhorbairt agus chun forbairt a dhéanamh ar a thiomantas fadtéarmach don Chuideachta. Déantar gach seirbhís bhaincéireachta agus ciste a fhoinsiú ag praghsanna iomaíocha.

Déanann feidhm chiste Ghrúpa Ervia bainistíocht lárnach ar airgead tirim agus leachtacht. Tá Ciste Ghrúpa Ervia freagrach as a chinntiú go bhfuil rochtain ag an gCuideachta ar dhóthain leachtachta chun déanamh cinnte gur féidir leis an gCuideachta oibleagáidí a chomhlíonadh a thagann chun cinn trína cuid oibríochtaí laethúla, oibleagáidí fiachais atá ag teacht in aibíocht agus eisíocaíochtaí infheistíochta caipitiúla. Déantar comhthiomsú airgid agus déantar iarmhéideanna cuntais a ghlanluacháil áit is féidir chun sileadh airgid thirim agus an speansas úis a íoslaghdú.

# Nótaí a Ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)



## 23. Bainistíocht Riosca Airgeadais agus Sócmhainní/Dliteanais Airgeadais (ar lean)

**(ii) (a) Barrachais airgid thirim**
Is chun críocha laghdú a dhéanamh ar an leibhéal fiachais go príomha a úsáidtear barrachais airgid. Coinnítear barrachais airgid in euro agus infheistítear iad den chuid is mó i gcuntais taisce.

**(ii) (b) Maoiniú**
Ar an 31 Nollaig 2020, ba iad iasachtaí iomlána na Cuideachta gan dliteanais léasa san áireamh ná €371.6 milliún (gan táillí iasachta caipitlithe san áireamh), (2019: €238.0 milliún). Ar an 31 Nollaig 2020, bhí áiseanna bainc trádála neamhtharraingthe tiomanta de €350 milliún ag an gCuideachta (2019: €352 milliún) agus €193.4 milliún (2019: €106.4 milliún) d'airgead tirim agus de choibhéisí airgid thirim. Tá teorainn reachtúil iasachta de €2,000 milliún ag an gCuideachta (2019: €2,000 milliún), a shocraíonn an uasteorainn d'áiseanna tarraingthe.

Le linn 2020 lean an Chuideachta de chur moltaí an Ghrúpa Oibre Idir-Rannach i bhfeidhm maidir le maoiniú stáit a chur in ionad iasachtaí tráchtála Uisce Éireann. I Meithimh 2020, chuaigh an Chuideachta isteach i saoráidí iasachta Stáit nua €1,021.6 milliún, curtha ar fáil ag an Aire Airgeadais do chaiteachas caipitil atá curtha i leith na hearnála neamh-thíre agus ag baint úsáide as cistí a tarraingíodh as an áis seo, agus aisíocadh €238.0 milliún d'iasachtaí tráchtála in Iúil 2020. Cuireadh áiseanna fiachais arbh ionann le €240m ar ceal ina dhiaidh sin. Rinneadh €133.6 milliún eile a tharraingt anuas ón tsaoráid de chuid an Aire Airgeadais i 2020 chun caiteachas caipitiúil a bhaineann leis an earnáil nach earnáil intíre í a mhaoiniú. Tá na saoráidí eile de €650.0 milliún le cur ar fáil thar an tréimhse 2021 go 2024, faoi réir cheadú an Aire Airgeadais, chun caiteachas caipitil nach caiteachas intíre é thar an tréimhse sin a chumhdach. Tar éis chéim 2 den phróiseas athsholáthair a chur i gcrích, tá €360 milliún d'áiseanna bainc tráchtála ag an gCuideachta, lena n-áirítear €350 milliún de shaoráidí tiomanta amhail an 31 Nollaig 2020. Leanfar de na háiseanna a úsáid mar fhoinse maoinithe eatramhach agus déanfar iad a rolladh ar bhonn gearrthéarmach go dtí go mbeidh saoráid nua caipitil oibre Stáit curtha ina n-ionad (meastar go dtabharfar iad sin i gcrích i 2021).

Ar an 31 Nollaig 2020, ba é an meánráta ualaithe ar phunann na Cuideachta d'iasachtaí amuigh ná 0.53% (2019: 0.76%) agus ba é meánaibíocht a chuid fiachais ná 9.91 bliain (2019: 0.28 mbliana).

**(ii) (c) Nochtadh do riosca leachtachta**
Seo a leanas aibíochtaí conarthacha na ndliteanas airgeadais, lena n-áirítear an íocaíocht úis neamhlascainithe a bhaineann le hiasachtaí agus fiachas eile.

| | Méid anonn €'000 | Sreafaí airgid conarthacha €'000 | < 1 bhliain €'000 | 1-2 bhliain €'000 | 2-5 bliana €'000 | <5 bliana €'000 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Ar an 31 Nollaig 2020** | | | | | | |
| Iasachtaí agus fiachas eile | **(384,781)** | **(404,767)** | **(4,282)** | **(4,707)** | **(14,023)** | **(381,755)** |
| Iníocthaigh trádála agus eile | **(127,195)** | **(127,195)** | **(105,782)** | **(21,413)** | **-** | **-** |
| **Iomlán** | **(511,976)** | **(531,962)** | **(110,064)** | **(26,120)** | **(14,023)** | **(381,755)** |
| **Ar an 31 Nollaig 2019** | | | | | | |
| Iasachtaí agus fiachas eile | (254,811) | (255,856) | (238,432) | (4,201) | (10,838) | (2,385) |
| Iníocthaigh trádála agus eile | (182,695) | (182,695) | (172,871) | (9,824) | - | - |
| **Iomlán** | (437,506) | (438,551) | (411,303) | (14,025) | (10,838) | (2,385) |

***(iii) Riosca margaidh***
Is é atá i riosca margaidh ná an fhéidearthacht go mbeadh drochthionchar ag athruithe ar fhachtóirí margaidh ar luach sócmhainní airgeadais, dliteanais nó sreafaí airgid ionchais na Cuideachta don todhchaí. Is é cuspóir na bainistíochta riosca margaidh ná nochtuithe do riosca margaidh a bhainistiú agus a rialú laistigh de pharaiméadair inghlactha agus an toradh a bharrfheabhsú. Laistigh de Ghrúpa Ervia, tá an fheidhm Ciste freagrach don Chuideachta as riosca margaidh a bhainistiú maidir le rátaí úis agus rátaí malairte airgeadra.

## 23. Bainistíocht Riosca Airgeadais agus Sócmhainní/Dliteanais Airgeadais (ar lean)



**(iii) (a) Riosca an ráta malairte**
Tá an Chuideachta nochta do riosca airgeadra eachtraigh áirithe a bhaineann le trádáil agus mar sin is fíorbheag an tionchar ar thorthaí na Cuideachta.

**(iii) (b) Riosca an ráta úis**
Tagann riosca rátaí úis chun cinn ó athruithe ar rátaí úis a mbíonn tionchar acu ar luach margaidh shócmhainní agus dliteanais na Cuideachta agus ar leibhéal na muirear airgeadais. Mar a thuairiscítear sa roinn riosca leachtachta den nóta seo, mar atá ag 31 Nollaig 2020 tá iasachtaí uile na Cuideachta fadtéarmach agus ag rátaí úis seasta, dá bhrí sin níl an Chuideachta neamhchosanta a thuilleadh ar riosca ráta úis sreafa airgid ar a hiasachtaí.

## 24. Tomhas an Luacha Chóir

Tá tomhas luachanna córa le haghaidh sócmhainní agus dliteanais airgeadais ag teastáil do roinnt polasaithe cuntasaíochta agus nochtuithe na Cuideachta. Agus luach cóir sócmhainne nó dliteanais á mheas aige, úsáideann an Grúpa sonraí ó mhargaí inbhraite sa mhéid agus atá na sonraí sin ar fáil.

Déantar luachanna córa a chatagóiriú i leibhéil dhifriúla in ordlathas luacha chóir bunaithe ar na hionchuir a úsáidtear sna teicnící luachála mar seo a leanas;

- Leibhéal 1: praghsanna luaite (neamhchoigeartaithe) i margaí gníomhacha do shócmhainní nó dliteanais chomhionanna.
- Leibhéal 2: ionchuir nach iad na praghsanna a luadh iad, a cuireadh san áireamh laistigh de Leibhéal 1, atá infheicthe le haghaidh na sócmhainne nó an dliteanais, go díreach (is é sin praghsanna) nó go hindíreach (is é sin bunaithe ar phraghsanna).
- Leibhéal 3: ionchuir le haghaidh na sócmhainne nó an dliteanais nach bhfuil bunaithe ar shonraí margaidh inbhraite (ionchuir neamh-inbhraite).

Más féidir na hionchuir a mbaintear úsáid astu le tomhas a dhéanamh ar luach cóir sócmhainne nó dliteanais a chatagóiriú ar leibhéil áirithe d'ordlathas an luacha chóir, ansin déantar an tomhas luacha chóir a chatagóiriú ina iomláine ar an leibhéal céanna den ordlathas luacha cóir mar an t-ionchur den leibhéal is ísle atá suntasach don tomhas iomlán. Aithníonn an Chuideachta aistrithe idir leibhéil d'ordlathas luacha chóir ag deireadh na tréimhse tuairiscithe ar tharla an t-athrú lena linn. Níor tharla aon aistrithe i 2020.

Déantar luach cóir iasachtaí, arna dtomhas ag an gcostas amúchta, a mheas agus na sreafaí airgid don todhchaí a lascainiú chuig na glanluachanna reatha agus úsáid á bhaint as na rátaí margaidh atá i bhfeidhm ar an dáta tuairiscithe - Ordlathas luacha cóir: leibhéal 2. Ní raibh aon ionstraimí airgeadais ann a rinneadh a thomhas ag an gcostas amúchta ach a bhfuil gá le nochtadh luach cóir ina leith agus a aicmíodh mar Leibhéal 3 sa bhliain reatha nó sa bhliain roimhe seo.

# Nótaí a Ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)



## 25. Caipiteal gnáthscaireanna

*(a) Scairchaipiteal*

| | 2020 €'000 | | 2019 €'000 |
|---|---|---|---|
| Údaraithe: | | Údaraithe: | |
| 50,000,000 scair "A" ag €0.01 an ceann | **500** | 50,000,000 scair "A" ag €0.01 an ceann | 500 |
| 50,000,000 scair "B" ag €0.01 an ceann | **500** | 50,000,000 scair "B" ag €0.01 an ceann | 500 |
| **Iomlán** | **1,000** | **Iomlán** | 1,000 |

| | 2020 € | | 2019 € |
|---|---|---|---|
| Eisithe, glaoite agus íoctha go hiomlán: | | Eisithe, glaoite agus íoctha go hiomlán: | |
| Scair "A" amháin ag €0.01 an ceann | **0.01** | Scair "A" amháin ag €0.01 an ceann | 0.01 |
| 650 scair "B" ag €0.01 an ceann | **6.50** | 650 scair "B" ag €0.01 an ceann | 6.50 |
| **Iomlán** | **6.51** | **Iomlán** | 6.51 |

**Scairbhiseach**

| | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|
| Ar an 1 Eanáir | **(324,000)** | (324,000) |
| **Ar an 31 Nollaig** | **(324,000)** | (324,000) |

Ar an 31 Nollaig 2020, bhí scair "A" amháin ag Ervia, bhí 325 scair "B" i seilbh an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, agus bhí 325 scair "B" i seilbh an Aire Airgeadais.

Tugann scair "A" ceart don sealbhóir vóta a chaitheamh ag aon chruinniú ginearálta a bheadh ag an gCuideachta. Mar shealbhóir aonair an 1 scair "A" atá eisithe tá smacht iomlán vótála ag Ervia. Ní thugann scair "A" mar sin aon teideal ar rannpháirtíocht i mbrabúis ná i sócmhainní na Cuideachta do na sealbhóirí seachas luach suibscríbhinne a fháil ar ais i gcás leachtachta.

Níl aon chumhacht smachta ná treorach ag na scaireanna "B" ar an gCuideachta. Tugann siad an ceart do na sealbhóirí iad a bheith ar an eolas faoi aon chruinniú ginearálta a bheadh ag an gCuideachta agus freastal air ach gan vótáil ann. Tugann na scaireanna sin an ceart le haon díbhinn nó dáileachán (más ann dóibh) a chinntíonn an Bord a fháil agus iompraíonn siad 'Toiliú Aire' agus tá cearta cosanta acu. I gcás leachtachta tar éis an luach suibscríbhinne a bheith aisíoctha le scairshealbhóir(í) A, beidh iarmhéid na nglanfhháltas indáilte ar shealbhóirí scaireanna "B" ar bhonn pro rata don líon scaireanna "B" atá i seilbh gach duine.

*(b) Ranníocaíocht chaipitil*

| | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|
| Ar an 1 Eanáir | **(2,067,466)** | (956,466) |
| Ranníocaíocht caipitil airgid | **(488,000)** | (1,111,000) |
| **Ar an 31 Nollaig** | **(2,555,466)** | (2,067,466) |

I rith 2020, fuair an Chuideachta ranníocaíocht caipitil airgid neamh-inaisíoctha de €488 milliún (2019: €1,111 milliún) ón Rialtas.

## 26. Páirtithe Gaolmhara



Cuideachta gníomhaíochta sainithe atá in Uisce Éireann. Amhail ar an 31 Nollaig 2020, bhí 100% de scaireanna vótála (scaireanna "A") ag Ervia sa Chuideachta, ach ní raibh aon chearta eacnamaíochta ag dul leis an ús sin. Bhí 325 scair Cheart Eacnamaíoch Uisce (scaireanna "B") in aghaidh an duine ag an Aire Airgeadais agus an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta nach raibh aon chearta vótála ag gabháil leo ach a raibh na cearta eacnamaíocha go léir ag gabháil leo chun go mbainfí leas as gníomhaíochtaí na Cuideachta.

Luaitear in IFRS 10 go bhfuil "infheisteoir i gceannas ar institiúid infheistiúcháin nuair a nochtar an t-infheisteoir, nó a bhfuil cearta acu chun, torthaí éagsúla óna bplé leis an institiúid infheistiúcháin agus nuair atá sé de chumas acu dul i bhfeidhm ar na torthaí sin trína gcumhacht thar an institiúid infheistiúcháin". Ní shásaíonn úinéireacht Ervia sa Chuideachta coinníollacha rialaithe smachta de réir IFRS 10, agus dá bhrí sin d'fhonn riachtanais IFRS a chomhlíonadh, ní dhéantar ráitis airgeadais Uisce Éireann a chomhdhlúthú le torthaí an Ghrúpa Ervia. Meastar gur páirtí gaolmhar le Grúpa Ervia í an Chuideachta.

I ngnáthchúrsa a cuid gnó, déanann an Chuideachta idirbhearta le bainc Éireannacha áirithe atá rialaithe go hiomlán nó i bpáirt ag Rialtas na hÉireann. Is de réir gnáth-théarmaí tráchtála a dhéantar idirbhearta go léir na Cuideachta leis na bainc sin. Ní raibh aon chomhchruinniú ábhartha iasachtaí ná taiscí ag an gCuideachta le haon bhainc den sórt sin i rith na bliana airgeadais ná ar an 31 Nollaig 2020.

Ní raibh leasanna tairbhiúla ag na Stiúrthóirí aon uair le linn na bliana airgeadais ná ar an 31 Nollaig 2020.

| | | 2020<br>€'000 | 2019<br>€'000 |
|---|---|---|---|
| **Muirir eintitis Ghrúpa Ervia** | (a) | | |
| Costais lársheirbhísí idirbhirt agus tacaíochta | (a)(ii) | **(52,403)** | (55,979) |
| | | **(52,403)** | (55,979) |
| **Muirir Údarás Áitiúil** | (b) | | |
| Comhaontú leibhéal seirbhíse | (b) (i) | | |
| – caiteachas oibriúcháin (forchostais párolla agus tacaíochta feidhmiúcháin) | | **(220,511)** | (214,183) |
| – caiteachas oibriúcháin (forchostais ghinearálta) | | **(2,870)** | (4,735) |
| – caiteachas caipitiúil | | **(48,230)** | (53,106) |
| – athmhuirir soláthar | | **(27,523)** | (31,648) |
| | | **(299,134)** | (303,671) |

Tá sonraí thíos faoi iarmhéideanna infhála/(iníoctha) an pháirtí ghaolmhair:

| | | 31-Noll-20<br>€'000 | 31-Noll-19<br>€'000 |
|---|---|---|---|
| Iníoctha le haonáin Ghrúpa Ervia | (a) (i-iii) | **(24,444)** | (35,475) |
| Iníoctha le hÚdaráis Áitiúla | (b) (i) | **(57,705)** | (69,453) |
| **Méideanna dlite do pháirtithe gaolmhara** | | **(82,149)** | (104,928) |
| Infháltas ó Údaráis Áitiúla | (b) (ii-iii) | **31,535** | 32,535 |
| Iarmhéid airgid theoranta i seilbh Údaráis Áitiúla | (b) (iii) | **2,193** | 2,193 |
| **Méideanna infhála ó pháirtithe gaolmhara** | | **33,728** | 34,728 |

# Nótaí a Ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)



## 26. Páirtithe Gaolmhara (ar lean)

Chomh maith leis sin, bhí na hidirbhearta páirtithe gaolmhara breise ag an gCuideachta le Rialtas mar seo a leanas:

| | | 31-Noll-20 €'000 | 31-Noll-19 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Rialtas** | (c) | | |
| Ioncam fóirdheontas Rialtais | | **815,000** | 855,000 |
| Ranníocaíocht chaipitiúil | | **488,000** | 1,111,000 |
| | | **1,303,000** | 1,966,000 |

*(a) Máthairghnóthas deiridh*

**(a) (i) Lársheirbhísí idirbhirt & tacaíochta**

Soláthraíonn Grúpa Ervia seirbhísí straitéiseacha, rialachais, bainistíochta riosca, bainistíochta soláthair caipitil agus seirbhísí idirbhirt agus tacaíochta don Chuideachta, trí Lárionad an Ghrúpa, an réimse Mórthionscadal agus Seirbhísí Gnó.

Seirbhísí Idirbhirt agus Tacaíochta a Sholáthraíonn Máthairchuideachta Ervia

| Seirbhísí Gnó | Grúpa | Eile |
|---|---|---|
| Seirbhísí idirbhirt airgeadais | Rialachas agus rialú | Mórthionscadail<br>(Mórthionscadail bonneagair chaipitiúil a sholáthar) |
| Seirbhísí soláthair | Pleanáil airgeadais | Slabhra Soláthair |
| Seirbhísí AD | Bainistíocht riosca | |
| Seirbhísí TF | Seirbhísí grúpa | |
| Seirbhísí áiseanna | Gaolta le páirtithe leasmhara | |
| Bainistíocht agus riarachán | | |

**(a) (ii) Costais Oibriúcháin tabhaithe ag Máthairchuideachta Ervia agus athmhuirearaithe ar chuideachtaí Grúpa**

| | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|
| Costas an tsochair fostaithe | **(56,311)** | (51,947) |
| Seirbhísí fruilithe agus ar conradh | **(3,366)** | (6,990) |
| Costais ábhar, cothabhála agus fochonraitheora | **(11,738)** | (11,950) |
| Cíos, rátaí agus saoráidí | **(695)** | (1,186) |
| Speansais oibriúcháin eile | **(13,686)** | (14,265) |
| **Fo-iomlán roimh athmhuirearú** | **(85,796)** | (86,338) |
| Athmhuirir ar ghnóthais neamhrialaithe - Uisce Éireann | **52,403** | 55,979 |
| Athmhuirir ar fhoghnóthais - Líonraí Gáis Éireann | **25,993** | 27,074 |
| **Iomlán tar éis athmhuirearaithe** [1] | **(7,400)** | (3,285) |

[1] Is ionann iomlán na gcostas oibriúcháin tar éis athmhuirearaithe agus costais phinsin neamhairgid go príomha, agus ní dhéantar na costais sin a athmhuirearú ar chuideachtaí Ghrúpa Ervia

## 26. Páirtithe Gaolmhara (ar lean)

***Bonn le cionroinnt Chostais Oibriúcháin Mháthairchuideachta Ervia***

- Aisghabhtar costais oibriúcháin a thabhaíonn Máthairchuideachta Ervia chun seirbhísí a sholáthar d'Uisce Éireann agus Líonraí Gáis Éireann (agus a chuid fochomhlachtaí) ar bhonn aisghabháil costas.
- Déantar costais oibriúcháin a thabhaítear i soláthar na seirbhísí sin a athmhuirearú ar Uisce Éireann agus Líonraí Gáis Éireann ar bhonn cúisíocht costas, a léiríonn an fhachtóir bhunúsach a spreagann costas a ghabhann le gach lárionad costais laistigh de Mháthairchuideachta Ervia. Mar shampla, aithníodh an spreagadh ábhartha costais le haghaidh na Seirbhísí Airgeadais - an lárionad costas Cuntais Iníoctha mar "líon na sonrasc próiseáilte". Dá bhrí sin, déantar costais lárionad costais na gCuntas Iníoctha a athmhuirearú ar Uisce Éireann agus Líonraí Gáis Éireann bunaithe ar an gcuid choibhneasta den líon sonrasc a próiseáladh.
- Déantar athbhreithniú bliantúil ar na fachtóirí aitheanta a spreagann costais do gach lárionad costas aonair chun a chinntiú go ndéantar costais a athmhuirearú ar aon dul leis na bunleibhéil ghníomhaíochta.
- Déantar costais oibriúcháin atá inchurtha go díreach i leith Uisce Éireann a mhuirearú go díreach ar Uisce Éireann, nó déantar iad a athmhuirearú go hiomlán ar Uisce Éireann.
- Is é an cuspóir uileghabhálach atá i gceist le cionroinnt na gcostas oibriúcháin ná déanamh cinnte de go ndéantar costais oibriúcháin a athmhuirearú ar Uisce Éireann agus Líonraí Gáis Éireann bunaithe ar mhodheolaíocht chóir agus trédhearcach a léiríonn na fachtóirí atá taobh thiar de chostais.

**(a) (iii) Costais caiteachais chaipitiúil a thabhaíonn Grúpa Ervia agus a dhéantar a athmhuirearú ar Uisce Éireann**
Déanann an Chuideachta idirbhearta le Grúpa Ervia i dtaobh tionscadail chomhfhóntais, a sholáthraítear go lárnach agus a sholáthraítear ag gnó, lena n-áirítear na costais phárolla a thabhaíonn an réimse Mórthionscadal. Déantar na costais atá inchurtha go díreach i leith Uisce Éireann a athmhuirearú ar bhonn míosúil agus ní chuireann Grúpa Ervia aon fhorchostas ná corrlach i bhfeidhm. B'ionann na costais caiteachais chaipitiúil a rinneadh a athmhuirearú ar Uisce Éireann i 2020 agus €21.7m (2019: €22.2 milliún). Tá na hiarmhéideanna a bhaineann leis na hidirbhearta sin curtha san áireamh sa tábla thuas.

**(a) (iv) Costais phinsin**
Oibríonn Grúpa Ervia scéim pinsin sochair shainithe. Glacann roinnt fostaithe de chuid na Cuideachta páirt sa scéim sin. Tugtar cuntas i leith na scéime mar Phlean Grúpa i gcomhréir le IAS 19. Aithníonn Ervia, mar an fostóir urraithe don phlean, an glanchostas sochair shainithe, agus ní aithníonn an Chuideachta ach an costas as ranníocaíochtaí iníoctha don bhliain i dtaobh fhostaithe na Cuideachta. Ba iad na ranníocaíochtaí a bhí iníoctha le Ervia maidir le fostaithe na Cuideachta le linn 2020 ná €1.0 milliún (2019: €1.0 milliún). Tá na costais sin san áireamh le costas sochair fostaí na Cuideachta, atá leagtha amach i nóta 5.

***(b) Údaráis Áitiúla***
Mar aon le cuid mhaith eintiteas eile, déileálann an Chuideachta i ngnáthchúrsa a gnó le hÚdaráis Áitiúla. I gcomhréir leis an gcaighdeán IFRS, níl sonraí na n-idirbheart sin leagtha amach sa tábla atá luaite thuas. Tá sonraí nochta ag an gCuideachta, áfach, i dtaobh na n-idirbheart suntasach seo a leanas le hÚdaráis Áitiúla.

**(b) (i) Comhaontú seirbhíse**
Rinneadh comhaontú seirbhíse a shíniú idir an Chuideachta agus gach Údarás Áitiúil ar an mbonn go mbeadh seilbh ag an gCuideachta ar na sócmhainní ón 1 Eanáir 2014. Is comhaontú seachfhoinsithe é an comhaontú seirbhíse idir an Chuideachta agus gach Údarás Áitiúil aonair ar feadh tréimhse 12 bliain.

Leanann gach Údarás Áitiúil ar aghaidh ag oibriú agus ag cothabháil na sócmhainní uisce thar ceann na Cuideachta mar mhalairt ar na táillí comhaontaithe sa chomhaontú seirbhíse. Aontaítear spriocanna feidhmíochta agus leibhéil seirbhíse i bPlean Bliantúil Seirbhíse idir gach Údarás Áitiúil agus an Chuideachta i gcomhréir leis an gcomhaontú seirbhíse.

# Nótaí a Ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 26. Páirtithe Gaolmhara (ar lean)



Thug gach Údarás Áitiúil Ceadúnas don Chuideachta chun na hacmhainní uisce a úsáid mar chuid den chomhaontú seirbhíse atá i bhfeidhm idir an Chuideachta agus gach Údarás Áitiúil. Ceadúnas frithpháirteach 12 mí atá sa cheadúnas. Cuireann sé ar chumas na Cuideachta agus na nÚdarás Áitiúil a gcuid feidhmeanna conarthacha agus reachtúla a chomhlíonadh amhail is dá mbeadh aistriú reachtúil na sócmhainní uisce tar éis tarlú mar a rabhthas ag súil leis (an “Ceadúnas”). Mar mhalairt ar an gCeadúnas, thug an Chuideachta slánaíocht do na hÚdaráis Áitiúla ó aon chaillteanais toisc gurb iad úinéirí na sócmhainní iad fós de réir dlí. Baineann an Ceadúnas le sócmhainní fisiceacha (e.g. píblínte, fearas agus trealamh) agus ní bhaineann sé le conarthaí ná teidlíochtaí (is cuma má ghabhann siad leis na sócmhainní sin). Cuireadh síneadh an Ceadúnas le haontú an dá pháirtí go dtí an 31 Nollaig 2021.

**(b) (ii) Socruithe caipitil oibre**
Tá réamhíocaíochtaí caipitil oibre curtha ar fáil ag an gCuideachta do na hÚdaráis Áitiúla chun íocaíochtaí a dhéanann na hÚdaráis Áitiúla gach mí a chlúdach agus déantar iad a athmhuirearú ar an gCuideachta faoin gcomhaontú seirbhíse ag (b) (i) thuas. Baineann na híocaíochtaí sin le tuarastail, lármhuirir bhainistíochta, agus le méid teoranta earraí agus seirbhísí.

**(b) (iii) Sealbhú sócmhainní**
Aistríodh sócmhainní an bhonneagair uisce agus fhuíolluise ó na hÚdaráis Áitiúla go dtí an Chuideachta ar an 1 Eanáir 2014. Níor íoc an Chuideachta aon chomaoin as na sócmhainní sealbhaithe. Rinneadh cúiteamh leis na hÚdaráis Áitiúla ar shócmhainní airgeadais áirithe (infháltais san áireamh) nó gearradh muirir orthu faoi dhliteanais airgeadais áirithe a aistríodh. Tá iarmhéideanna amuigh i dtaobh an idirbhirt sin curtha san áireamh sa tábla thuas.

***(c) Rialtas***
Cosúil le go leor eintiteas eile, déileálann an Chuideachta i ngnáthchúrsa an ghnó leis an Rialtas agus le heintitis a bhaineann leis an Rialtas, go háirithe:

- Mar a thuairiscítear san Athbhreithniú Airgeadais agus i nóta 23, gheofar iasachtaí uile na Cuideachta amhail an 31 Nollaig 2020 ó shaoráid iasachta Stáit nua ar fiú €1,021.6 milliún é, a sheol an tAire Airgeadais ar fáil i Meitheamh 2020.
- I rith 2020, fuair an Chuideachta €0.2 milliún ón Rialtas i ndáil leis an gclár aisíocaíochta custaiméirí uisce tí (2019: €6.7 milliún). Féach ar nóta 21.

***(d) Cúiteamh na bPríomhbhainisteoirí***

| | 2020 €’000 | 2019 €’000 |
|---|---|---|
| Sochair fostaithe gearrthéarmacha | **(1,116)** | (1,150) |
| Sochair iarfhostaíochta | **(103)** | (129) |
| **Iomlán** | **(1,219)** | (1,279) |

Is ionann an phríomhbhainistíocht agus Bord Ervia, POF Ervia agus a chuid tuairiscí díreacha. Cionroinntear cúiteamh na bpríomhbhainisteoirí sa Chuideachta agus in eintitis eile laistigh de ghrúpa Ervia bunaithe ar na seirbhísí atá tugtha.

## 27. Nochtuithe Párolla faoi Acht na gCuideachtaí

I rith 2019, rinneadh fostaithe áirithe de chuid Uisce Éireann a athlonnú chuig Seirbhísí Gnó Ervia (aonad gnó laistigh d'eintiteas reachtúil Ervia). Soláthraíonn Seirbhísí Gnó Ervia seirbhísí tacaíochta láraithe, do Líonraí Gáis Éireann agus Uisce Éireann go príomha.

I gcomhréir le IAS 19, tuairiscítear agus nochtar na costais bhainteacha as párolla agus sochair fostaí eile le haghaidh na ndaoine sin i ráitis airgeadais Mháthairchuideachta & Ghrúpa Ervia agus ní thuairiscítear iad i Ráiteas Ioncaim neamhspleách Uisce Éireann.

## 27. Nochtuithe Párolla faoi Acht na gCuideachtaí (ar lean)

I gcomhréir leis na ceanglais in Alt 317 d'Acht na gCuideachtaí 2014, áfach, tá líon fostaithe agus na costais phárolla lena mbaineann a thabhaíonn Seirbhísí Gnó Ervia, ach áit a bhfanann na conarthaí fostaíochta le hUisce Éireann, san áireamh sa nochtadh thíos. Is é líon na bhfostaithe ath-imlonnaithe ná 49 (2019: 56) agus na costais phárolla ghaolmhara a taifeadadh i ráiteas ioncaim Ervia, ach a nochtar thíos ná €4.5 milliún (2019: €5.3 milliún).

*(i) Sochair Chomhiomlána Fostaí*

| | 31-Noll-20 €'000 | 31-Noll-19 €'000 |
|---|---|---|
| Sochair Ghearrthéarmacha Foirne | **(65,861)** | (62,202) |
| Costais sochair scoir | **(9,481)** | (8,123) |
| Costais árachais sóisialta | **(7,012)** | (6,274) |
| | **(82,354)** | (76,599) |
| Párolla caipitlithe | **20,324** | 21,827 |
| **Speansas sochair fostaí muirearaithe ar an ráiteas ioncaim** | **(62,030)** | (54,772) |

*(ii) Sochair Ghearrthéarmacha Foirne*

| | 31-Noll-20 €'000 | 31-Noll-19 €'000 |
|---|---|---|
| Pá/sochair bhunúsacha | **(63,322)** | (59,816) |
| Ragobair | **(62)** | (85) |
| Liúntais | **(1,104)** | (1,030) |
| Eile[1] | **(1,373)** | (1,271) |
| **Iomlán** | **(65,861)** | (62,202) |

[1] Áirítear go príomha le sochair ghearrthéarmacha fostaí eile sochair bhuana árachais sláinte agus árachais saoil agus liúntais inchánach do thaisteal.

Is ionann le €4.5 milliún na réamhíocaíochtaí (2019: €5.3 milliún) maidir le costais phárolla a chuirtear san áireamh sa nochtadh thuas sa speansas sochair fostaí de €56.3 milliún de chuid Mháthairchuideachta Ervia (2019: €51.9 milliún) mar atá leagtha amach i nóta 26 (a). Déantar na costais sin a athmhuirearú ar Uisce Éireann agus Líonraí Gáis Éireann de réir mar is cuí i gcomhréir leis an mbonn le haghaidh chionroinnt na gcostas oibriúcháin de chuid Mháthairchuideachta Ervia mar atá leagtha amach ar bhealach níos mionsonraithe i nóta 26 (a).

## 28. Iartheagmhais

Níor tharla teagmhais eile ar bith idir dáta an chláir chomhardaithe agus an dáta ar fhaomh na Stiúrthóirí na ráitis airgeadais, rud a d'éileodh go ndéanfaí coigeartú ar na ráitis airgeadais seo nó ar aon nochtadh breise.

## 29. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomh na Stiúrthóirí na ráitis airgeadais ar an 29ú Márta 2021.

# Stiúrthóirí agus Faisnéis Eile



| | | |
|---|---|---|
| **Stiúrthóirí** | Cathal Marley *(Cathaoirleach)* | |
| | Eamon Gallen | |
| | Niall Gleeson | |
| | Yvonne Harris | |
| | Brendan Murphy | |
| | Maria O'Dwyer | |
| **An Rúnaí** | Liam O'Riordan | |
| **Oifig Chláraithe** | Teach Colvill<br>24/26 Sráid Thalbóid<br>Baile Átha Cliath 1 | |
| **Dlíodóirí** | **McCann Fitzgerald**<br>Riverside One<br>Cé Sir John Rogerson<br>Baile Átha Cliath 2 | **A & L Goodbody**<br>IFSC<br>Cé an Phoirt Thuaidh<br>Baile Átha Cliath 1 |
| **Baincéirí** | **Bainc-Aontas Éireann**<br>40–41 Sráid Westmoreland<br>Baile Átha Cliath 2 | |
| **Iniúchóir** | **Deloitte Ireland LLP**<br>Cuntasóirí Cairte & Comhlacht Iniúchóireachta Reachtúla<br>Deloitte & Touche House<br>Ardán Phort an Iarla<br>Baile Átha Cliath 2 | |
| **Uimhir Chuideachta** | 530363 | |



sourcedesign.ie

UISCE
ÉIREANN : IRISH
WATER